Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éireann 2040

# An Plean Forbartha Náisiúnta 2018—2027

gov.ie/2040

**Réamhrá** **2**

**Caibidil 1: Forléargas** **3**

1.1 Comhthéacs 3
1.2 Réamhrá 4
1.3 An Creat Náisiúnta Pleanála agus an Plean Forbartha Náisiúnta 8
1.4 An Plean Forbartha Náisiúnta i gComhthéacs 8
1.5 Trasteorann agus an Breatimeacht 9
1.6 Dúshlán Tithíochta 9
1.7 Ag aistriú chuig Sochaí Ísealcharbóin ina bhfuil Seasamh ó thaobh na hAeráide 10
1.8 An Dúshlán maidir le Fostaíocht Inbhuanaithe 10
1.9 Ag Ullmhú na hÉireann don Gheilleagar Eolasbhunaithe 10
1.10 Ról na hInfheistíochta Poiblí 10
1.11 An Creat Bainistíochta Caiteachais 14
1.12 Tosaíochtaí Infheistiochta agus an Próiseas Pleanála 14

**Caibidil 2: Bunúis** **15**

2.1 Réamhrá 15
2.2 Athbhreithniú ar an bPlean Caipitil atá ann cheana 16
2.3 Anailís ar Éileamh agus Acmhainneacht Bonneagair 16
2.4 Measúnú Bainistíochta Infheistíochta Poiblí an IMF 16
2.5 Creat Bainistíochta Scairshealbhóra 18
2.6 Athbhreithniú ar Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí 18
2.7 Conclúid 18

**Caibidil 3: Athchóiriú maidir le hAcmhainní agus Maoiniú a chur ar fáil** **19**

3.1 Forléargas 19
3.2 Sprioc Infheistíochta Poiblí 20
3.3 Acmhainní Státchiste 2018-27 20
3.4 Acmhainní Iomlána: Infheistíocht le Tacaíocht Státchiste agus Stáit 21
3.5 Maoiniú atá Ceangailte leis na Torthaí Straitéiseacha a Bhain Amach faoin NPF 21
3.6 Athchóiriú na Samhla Maoinithe Caipitil 21
3.7 Cistí Tuaithe, Uirbeacha, Teicneolaíochta agus Gníomhú ar son na hAeráide 25

**Caibidil 4: Oileán atá Nasctha** **27**

4.1 An Breatimeacht – Infheistíocht sa tSíocháin agus sa Rathúnas 27
4.2 Comhpháirtíocht Láidir Uile-Oileánda 30
4.3 Infheistiú i Réigiún na Teorann 31
4.4 Ag cur Comhoibriú Thuaidh-Theas chun cinn 31

**Caibidil 5: Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta agus Tosaíochtaí Infheistíochta Poiblí** **33**
5.1 An Creat Náisiúnta Pleanála: Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta 33
5.2 Ailíniú leis an bPlean Forbartha Náisiúnta 34
Toradh Straitéiseach Náisiúnta 1. Fás Dlúth 35
Toradh Straitéiseach Náisiúnta 2. Inrochtaineacht Réigiúnach Fheabhsaithe 43
Toradh Straitéiseach Náisiúnta 3. Geilleagair agus Pobail Tuaithe Neartaithe 49
Toradh Straitéiseach Náisiúnta 4. Soghluaisteacht Inbhuanaithe 57
Toradh Straitéiseach Náisiúnta 5. Geilleagar Láidir Tacaithe ag Fiontraíocht, Nuálaíocht agus Scileanna 63
Toradh Straitéiseach Náisiúnta 6. Nascacht Idirnáisiúnta Ardcháilíochta 71
Toradh Straitéiseach Náisiúnta 7. Taitneamhacht agus Oidhreacht Feabhsaithe 74
Toradh Straitéiseach Náisiúnta 8. Aistriú chuig Sochaí Ísealcharbóin atá Athléimneach ó thaobh na hAeráide de 80
Toradh Straitéiseach Náisiúnta 9. Bainistíocht Inbhuanaithe Uisce agus Acmhainní Comhshaoil eile 90
Toradh Straitéiseach Náisiúnta 10. Rochtain ar Chúram Leanaí, Oideachas agus Seirbhísí Sláinte d'Ardchaighdeán 93
Earnálacha Infheistíochta Poiblí Eile 101
**Caibidil 6: Maoirsiú agus Cur i bhFeidhm** **107**
6.1 Forléargas 107
6.2 Bonn fianaise don Phlean Forbartha Náisiúnta 108
6.3 Ról na bPleananna Infheistíochta Réigiúnaí 108
6.4 Maoirsiú Airgeadais 108
6.5 Socruithe Treisithe Rialachais 108
6.6 Caighdeán agus Luach Infheistíochta Roimhe Seo a Chosaint 109
6.7 Toradh an Athbhreithnithe ar an gComhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí 109
6.8 Infheistíocht na hEarnála Stáit Tráchtála 110
6.9 Grúpa Oibre na hEarnála Tógála 111
6.10 Comhionannas sa Bhuiséad 111
6.11 Ceanncheathrú Comhlachtaí agus Gníomhaireachtaí Stáit Nua 111
**Iarscríbhinn 1** **112**
**Liosta Giorrúchán** **113**

# Réamhrá

Is cúis áthais dúinn *an Plean Forbartha Náisiúnta 2018 – 2027* a fhoilsiú. Cuirfidh an plean uaillmhianach seo treallús faoi dhul chun cinn geilleagrach, comhshaoil agus sóisialta fadtéarmach na tíre sna deich mbliana atá amach romhainn. Tá an plean comhtháite go hiomlán leis an gcur chuige nua i leith pleanáil spásúlachta in Éirinn mar atá sa Chreat Pleanála Náisiúnta.

Cuireann treoracha spásúlachta pleanála faisnéis ar fáil agus bíonn tionchar acu ar na roghanna atá á ndéanamh againn a mbíonn éifeacht acu ar chreatlach ár saol laethúil. Bíonn tionchar acu ar dháileadh daoine, ar phoist, ar ghnólachtaí, tithe, bóithre, iompar poiblí, ar bhonneagar oideachais agus sláinte agus ar shaoráidí sóisialta, cultúrtha agus spóirt. Ní mór tacú le pleanáil den sórt sin trí thiomantas suntasach i leith acmhainní infheistíochta a chuireann an deis ar fáil freisin do sholúbthacht ó thaobh freagairt do dhúshláin atá amach romhainn.

Faoin mbliain 2040 meastar go dtiocfaidh méadú breis is 1 mhilliún go 5.7 milliún duine ar dhaonra na hÉireann. Tacóidh an cur chuige spásúlachta pleanála atá leagtha amach sa Chreat Náisiúnta Pleanála leis an méadú sin. Beidh a sheachadadh rathúil ríthábhachtach le hinbhuanaitheacht geilleagrach, sóisialta agus comhshaoil na hÉireann a bhaint amach sna fiche bliain atá amach romhainn.

Leagtar leibhéal suntasach infheistíochta de beagnach €116 billiún amach sa Phlean Forbartha seo, a bheidh mar bhonn leis an gCreat Náisiúnta Pleanála agus a chuirfidh treallús faoina fheidhmiú sna deich mbliana atá amach romhainn. Tá maoiniú €91 billiún ón Státchiste leithdháilte agus cuirfidh infheistíocht shuntasach ó Fhiontair thráchtála faoi Úinéireacht an Stáit leis an bhfigiúr sin. Meastar go gcuirfidh an leibhéal méadaithe acmhainní seo Éire níos gaire d'uachtar an tábla sraithe idirnáisiúnta ó thaobh infheistíocht phoiblí.

Tá an acmhainneacht ag an maoiniú seo athrú ó bhonn a chur ar thaithí ár saol laethúil sna blianta atá amach romhainn. Beidh cibé a mbainfimid amach an acmhainneacht seo ag brath ar ár dtiomantas seachadadh a dhéanamh ar na deich dToradh Straitéiseacha Náisiúnta mar atá mionsonraithe sa Chreat Náisiúnta Pleanála. Tugtar breac-chuntas sa doiciméad seo, faoi na Tosaíochtaí Straitéiseacha Infheistíochta comhfhreagracha, maidir le conas a bhainfidh an chumraíocht nua d'infheistíocht caipitil phoiblí, sna deich mbliana atá amach romhainn, amach gach aon cheann de na Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta.

Téann an straitéis comhtháite atá curtha i láthair sa Chreat Náisiúnta Pleanála agus sa Phlean Forbartha Náisiúnta níos faide ná cur chuige gnó mar is gnách, rud a chur le sraoilleáil uirbeach gan srianadh agus le cliseadh pleananna spásúlachta roimhe seo. Chuir an cliseadh sin go mór leis na fadhbanna tromchúiseacha sa mhargadh tithíochta agus leis an mbrú tráchta ollmhór agus leis na hamanna comaitéireachta i bhfad níos faide atá inár gcathracha chomh maith leis an dul chun cinn mall ó thaobh freastal ar a gcuid cuspóirí maidir le hathrú aeráide. Tá na cinntí a dhéanfaimid mar shochaí maidir leis an mbealach a úsáidfimid talamh agus spás geografach ar na cinntí is tábhachtaí a bheidh á ndéanamh againn. Tá tionchar acu ar bheagnach gach gné dár saol agus ar shaol na bpobal ina bhfuilimid inár gcónaí iontu. Tá an Plean Forbartha Náisiúnta mar bhonn taca le teachtaireacht uileghabhálach an Chreata Náisiúnta Pleanála. Tá an deis againn anois samhail nua ó thaobh forbairt fisiciúil na tíre a mhúnlú a mbeidh ar a cumas treallús a chur faoi dhul chun cinn substaintiúil i dtéarmaí geilleagracha, sóisialta agus comhshaoil mar oileán sa chomhthéacs Eorpach agus sa chomhthéacs domhanda.

Tá feidhmíocht gheilleagar na hÉireann agus ár gcumas a lánacmhainneacht fáis a bhaint amach ar bhealach inbhuanaithe nasctha go dlúth lena chéile agus ag brath go mór ar chaighdeán na pleanála spásúlachta. Léirítear an dúshlán fostaíochta sa Chreat Náisiúnta Pleanála i dtéarmaí fiontair, nuálaíochta agus scileanna maidir le breis is 660,000 post a chruthú sa tréimhse go dtí 2040. Braitheann chomh maith agus a éiríonn linn amach anseo ar a chinntiú go mbeimis ullamh do dhomhan atá ag athrú agus d'fhorbairt leanúnach rathúil an gheilleagair eolasbhunaithe. Leagann freagairt a thabhairt air sin agus ar na rioscaí agus deiseanna a chuirfidh an Breatimeacht ar fáil béim ar chomh tábhachtach atá le cur chuige straitéiseach láidir i leith infheistíocht chaipitil phoiblí a ghlacadh sa Phlean Forbartha Náisiúnta.

Tá an Plean Forbartha Náisiúnta seo ailínithe go soiléir d'fhonn cuspóirí an Chreata Náisiúnta Pleanála a sheachadadh. Is ionann na pleananna infheistíochta atá mionsonraithe sa bhfoilseachán seo agus léiriú nach bhfuil aon amhras faoi thiomantas an Rialtais an Creat Náisiúnta Pleanála a thabhairt chun fíre.

**Leo Varadkar TD,**
Taoiseach



**Paschal Donohoe TD**
An tAire Airgeadais
agus Caiteachais Phoiblí
agus Athchóirithe





Mótarbhealach an M17/M18 An Gort go Tuaim. Foinse: TII

# Caibidil 1: Forléargas

## 1.1 Comhthéacs

Tá an *Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027* ar an bplean is déanaí i sraith pleananna den sórt sin a bhfuil glactha leo ón mbliain 1988. Áirítear orthu sin, trí Phlean Forbartha Náisiúnta ilbhliantúla a chlúdaigh an tréimhse go dtí an bhliain 2006. Bhí ról lárnach ag na leibhéil shuntasacha infheistíochta poiblí ar tugadh fúthu faoi na pleananna seo thar an tréimhse sin i dtreallús a chur faoi chóineasú eacnamaíoch gheilleagar na hÉireann agus ó thaobh an dul chun cinn thar na bearta a baineadh amach.

Tar éis na géarchéime eacnamaíochta agus airgeadais, bhí ról tábhachtach ag an mbonneagar poiblí a bhí ann le fiche bliain anuas ó thaobh tacaíocht a thabhairt don teacht aniar agus don téarnamh geilleagrach. Sna blianta tar éis na géarchéime, áfach, bhí infheistíocht phoiblí srianta go mór chun cosaint a thabhairt do sheirbhísí poiblí a bhí ríthábhachtach. Mar a léirítear in athbhreithniú na bliana 2017 ar phlean caipitil 2015, agus mar atá léirithe i líon measúnachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta, tháinig roinnt easnamh tábhachtach chun cinn ó thaobh méid agus caighdeán bonneagar caipitil phoiblí na hÉireann dá bharr sin.




Is ionann an Plean Forbartha Náisiúnta agus freagra fuinniúil i leith na n-easnamh seo agus aithnítear sa phlean na tosaíochtaí straitéiseacha d'infheistíocht chaipitil phoiblí do gach earnáil. Tá sé daingnithe i bhfoghlaim roinnt ceachtanna tábhachtacha freisin ó thaithí roimhe seo maidir le hinfheistíocht phoiblí, lena n-áirítear:


- an gá le réimsí tosaíochta le haghaidh infheistíocht phoiblí a aithint lena mbaineann tábhacht straitéiseach i dtéarmaí fás fadtéarmach an gheilleagair, riachtanais forbartha agus inbhuanaitheachta;
- an gá le fócas géar ar luach ar airgead a bhaint as infheistíocht phoiblí; agus
- an tábhacht a bhaineann le hinacmhainneacht agus inbhuanaitheacht pleananna caiteachais chaipitiúil a chinntiú le híoslaghdú a dhéanamh ar an mbaol ó róbhorradh.

Dá bhrí sin, is é cuspóir bunúsach an Plean Forbartha Náisiúnta ná díriú ar infheistíocht leanúnach a mbeidh bonneagar poiblí mar thoradh air a dhéanfaidh éascú ar thosaíochtaí ar nós leathanbhanda ardluais agus iompar poiblí i gcathracha agus i bpobail a bheidh níos fearr as. Beidh na hearraí poiblí a chruthaítear trí infheistíocht i mbonneagar fisiciúil ríthábhachtach le caipiteal daonna na hÉireann a neartú agus le cnuasaigh forbartha a chothú i gceantair fáis atá tábhachtach ar mhaithe le hinfheistíocht nua a mhealladh.

## 1.2 Réamhrá

Leagtar amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta na tosaíochtaí infheistíochta a bheidh mar bhonn taca le feidhmiú rathúil an Chreata Náisiúnta Pleanála (NPF) nua. Beidh sé seo mar threoir do chinntí pleanála agus infheistíochta náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla in Éirinn sna fiche bliain atá amach romhainn le freastal a dhéanamh ar an ardú ionchasach os cionn 1 mhilliún ar an daonra mar atá mionsonraithe i bhfíor 1.1.

**Fíor 1.1: Daonra na hÉireann, 1996-2041**




Foinse: Daonáireamh 1996-2016, an Phríomh-Oifig Staidrimh, 2021-2041 Réamh-mheastacháin NPF

Léirítear tiomantas an Rialtais sa Phlean Forbartha Náisiúnta ó thaobh freastal ar riachtanais bonneagair agus infheistíochta na hÉireann sna deich mbliana atá amach romhainn, trí infheistíocht iomlán measta de €116 billiún thar an tréimhse seo. Ciallaíonn sé seo tiomantas acmhainní atá thar a bheith suntasach agus táthar ag súil go gcuirfidh sé seo Éire níos gaire d'uachtar an tábla sraithe idirnáisiúnta ó thaobh infheistíocht phoiblí[1].


Cinnteoidh an leibhéal caiteachais chaipitiúil seo cothabháil agus cruthú fostaíochta leanúnach i gcomhar le forbairt réigiúnach cuí. Tabharfaidh sé soiléireacht freisin chun na hearnála tógála, ag tabhairt deis don tionscail an cumas agus an acmhainn a sholáthar atá riachtanach le seachadadh a dhéanamh ar phleananna infheistíochta fadtéarmacha an Rialtais.

Léirítear sa Phlean Forbartha Náisiúnta freisin an tiomantas i leith athchóiriú a dhéanamh ar an mbealach ina mbeartaítear agus a ndéantar seachadadh ar infheistíocht phoiblí. Bainfear é sin amach tríd aistriú deimhneach i dtreo pleananna

[1] Tá breac-chuntas níos mionsonraithe tugtha ina leith seo i gcaibidil 3.

infheistíochta réigiúnacha comhtháite, comhordú níos láidre ar straitéisí earnála agus roghnú agus breithmheas níos déine tionscadail le luach ar airgead a bhaint amach. Tá samhail maoinithe nua d'infheistíocht phoiblí atá maoinithe ón Státchiste á chur i bhfeidhm ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil acmhainní á leithdháileadh ar thionscadail agus ar chlár a fhreastalaíonn ar thosaíochtaí an NPF.

# Nuálaíochtaí Nua sa Phlean Forbartha Náisiúnta




Tá bunú ceithre chiste nua sa Phlean Forbartha Náisiúnta ar mhórthionscnamh nua maidir leis sin, chun cuidiú le treallús a chur faoi thosaíochtaí croíláir sonracha mar atá mionsonraithe san NPF. Déanfar na cheithre chiste seo, le comhleithdháileadh de €4 billiún thar shaolré an Plean Forbartha Náisiúnta, a leithdháileadh ar bhonn próiseas tairisceana iomaíoch, a bheidh leagtha amach le tairiscintí/tograí comhoibríocha a spreagadh, agus a dhéanfaidh iarracht freisin, sa chás gur cuí agus gur praiticiúil, infheistíocht phríobháideach breise a ghiaráil. Déanfar acmhainní a leithdháileadh chun tacú le tograí tionscadail a léiríonn fís straitéiseach atá dírithe ar chuspóirí an NPF a sheachadadh i réimsí athnuachan tuaithe, athghiniúint uirbeach, cuspóirí ar mhaithe le gníomhaíocht ar son na haeráide agus ar úsáid a bhaint as gníomhaíochtaí taighde agus forbartha le teicneolaíochtaí nua a fhorbairt ar bhonn tráchtála a bhféadfadh acmhainneacht a bheith acu 'athrú ó bhonn' a bheith mar thoradh orthu i dtéarmaí deiseanna margaidh atá ann cheana agus deiseanna margaidh nua (nó 'teicneolaíochtaí suaiteacha' mar a deirtear). Tá mionsonraí breise maidir leis na cheithre chiste leagtha amach i gcaibidil 3, agus faoin Toradh Straitéiseach Náisiúnta (NSO) ábhartha i gcaibidil 5.

Tá bunú comhlacht poiblí nua beartaithe, an Ghníomhaireacht Athghiniúna agus Forbartha Náisiúnta, mar thionscnamh tábhachtach nua eile de chuid an Phlean Forbartha Náisiúnta agus an NPF, a bhfuil sé i gceist leis cuidiú le hathnuachan uirbeach agus tuaithe. Beidh an ghníomhaireacht seo ag obair go dlúth le hearnáil an rialtais áitiúil, leis an Rialtas Láir, le raon gníomhaireachtaí agus comhlachtaí poiblí atá ann cheana agus leis an earnáil Leathstáit, le súil le tailte atá faoi úinéireacht phoiblí nó tailte rialaithe a aithint (agus talamh straitéiseach atá faoi úinéireacht phríobháideach, más ábhartha), i bpríomhsuíomhanna a bhfuil an acmhainneacht acu ó thaobh máistirphleanáil agus do chuspóirí eile d'fhorbairt straitéiseach atá ailínithe leis an NPF.

Tá tuilleadh mionsonraí maidir leis an ghníomhaireacht nua seo atá beartaithe leagtha amach i gCaibidil 5, faoi NSO 1: Fás Dlúth.

Ar an mbealach seo, tacóidh an Plean Forbartha Náisiúnta le forbairt atá níos cothroime a bhaint amach:

- Trí réigiún na hÉireann: Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair; Réigiún an Deiscirt; agus Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre;
- Príomhchathracha na hÉireann, Baile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge ar a bhfuil a rathúlacht lárnach do rathúlacht na réigiún seo;
- Lárionaid mhóra uirbeacha eile, lena n-áirítear, Sligeach san Iarthuaisceart agus Baile Átha Luain i Lár na Tíre,

# An Creat Náisiúnta Pleanála agus a Thorthaí Straitéiseacha Náisiúnta agus Tosaíochtaí an Phlean Forbartha Náisiúnta

## Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta

1. Fás Dlúth
2. Inrochtaineacht Réigiúnach Feabhsaithe
3. Geilleagair & Pobail Tuaithe níos láidre
4. Soghluaisteacht Inbhuanaithe
5. Geilleagar láidir, Fiontair, Nuálaíocht & Scileanna ag tacú leis
6. Nascacht Idirnáisiúnta ar Ardchaighdeán
7. Conláistí Feabhsaithe & an Oidhreacht
8. Aistriú chuig Sochaí Ísealcharbóin ina bhfuil teacht aniar ó thaobh Aeráide
9. Bainistíocht Inbhuanaithe Uisce, Dramhuisce & Acmhainní eile Comhshaoil
10. Rochtain ar Sheirbhísí Cúram Leanaí, Oideachais agus Sláinte ar ardchaighdeán

## Tosaíochtaí Infheistíochta Straitéiseacha

- Tithíocht & Forbairt Uirbeach Inbhuanaithe
- An Gréasán Bóithre Náisiúnta
- Forbairt Tuaithe
- Iompar Poiblí Inbhuanaithe ó thaobh an Chomhshaoil de
- Fiontar, Scileanna & Cumas Nuálaíochta
- Aerfoirt agus Poirt
- Cultúr, Oidhreacht & Spóirt
- Gníomhú ar son na hAeráide
- Bonneagar Uisce
- Oideachas, Sláinte agus Cúram Leanaí

atá ag comhlíonadh ról na lárionad réigiúnach agus Leitir Ceanainn i gcomhthéacs Tionscnamh um Gheatabhealach Thuaidh-Thiar agus Droichead Átha-Dún Dealgan i gcomhthéacs conair gheilleagrach Bhaile Átha Cliath-Béal Feirste mar líonraí tábhachtacha trasteorann ó thaobh forbairt réigiúnach;

- Bailte agus sráidbhailte na hÉireann a bhfuil a gcuid fáis agus forbartha ríthábhachtach ó thaobh cothabháil a dhéanamh ar chreatlach na bpobal tuaithe, ina bhfuil 37% den daonra ina gcónaí i láthair na huaire[2]; agus
- Réigiún Thiar Thuaidh na Tíre, le neartú a dhéanamh ar gheilleagar uile-oileánda i gcoinne cúlra baol agus deiseanna araon a eascraíonn as an mBreatimeacht.

## 1.3 An Creat Náisiúnta Pleanála agus an Plean Forbartha Náisiúnta

Tá an Rialtas tiomanta an NPF a sheachadadh mar threoirphlean do phleanáil spásúlachta in Éirinn go dtí an bhliain 2040. Agus creat straitéiseach a leagan amach d'infheistíocht chaipitil phoiblí, tacóidh an Plean Forbartha Náisiúnta lena sheachadadh sna deich mbliana atá amach romhainn.

Tá deich gcinn de NSO'nna leagtha amach san NPF agus taispeántar iad sin sa léaráid ar an leathanach roimhe seo chomh maith leis na Tosaíochtaí Straitéiseacha Infheistíochta comhfhreagracha. Leagtar amach i gcaibidil 5 den Phlean Forbartha Náisiúnta, an chumraíocht nua d'infheistíochta chaipitil phoiblí sna deich mbliana atá romhainn a chuideoidh leis na 10 NSO sin a bhaint amach agus a réadú.

Tá cuspóirí bunúsach an NPF liostaithe thíos:

- Bainistiú cúramach a dhéanamh ar fhás inbhuanaithe cathracha, bailte agus sráidbhailte dlúth le dlús agus comhdhlúthú éifeachtach a bhaint amach trí chur chuige sruthlínithe agus comhordaithe ó thaobh forbairt a dhéanamh orthu.
- Inrochtaineacht idir príomhionaid uirbeacha daonra agus a gcuid réigiún a fheabhsú.
- A chinntiú go neartaítear creatlach ceantair thuaithe agus go mbaintear leas as cion na bpobal tuaithe mar dhlúthchuid d'fhorbairt straitéiseach na hÉireann.
- Leanúint le feabhas a chur ar iompar poiblí na hÉireann agus ar inbhuanaitheacht chomhshaoil na gcóras iompair.
- Fiontraíocht agus nuáil a chothú agus infheistíocht agus tallann a mhealladh trí innill eacnamaíocha réigiúnacha a thógáil agus trí thacú le deiseanna chun geilleagar na tuaithe a neartú agus a éagsúlú.
- Tuilleadh tacaíochta a thabhairt do nascacht idirnáisiúnta na hÉireann atá ar ardchaighdeán agus atá ríthábhachtach ó thaobh iomaíochas idirnáisiúnta foriomlán agus le haghaidh a thabhairt ar dheiseanna agus ar dhúshláin an Bhreatimeachta trí infheistíocht a dhéanamh i bpoirt agus in aerfoirt.
- Cur le taitneamhachtaí agus oidhreacht atá nasctha le agus comhtháite lenár n-oidhreacht thógtha, cultúrtha agus nádúrtha.
- Aistriú chuig geilleagar iomaíoch, ísealcharbóin, atá seasmhach ó thaobh na haeráide agus atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil faoin mbliain 2050.
- Acmhainní nádúrtha agus comhshaoil na hÉireann atá flúirseach a chosaint trí bhainistíocht inbhuanaithe acmhainní uisce, dramhaíola agus acmhainní timpeallachta eile.
- Rochtain a fheabhsú chuig seirbhísí oideachais, sláinte agus cúram leanaí atá ar ardchaighdeán.

Léirítear san NPF an tábhacht a bhaineann le pleanáil i leith agus infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt atá dlúth seachas i bhforbairt atá sraoilleach.

## 1.4 An Plean Forbartha Náisiúnta i gComhthéacs


Déantar achoimre sna míreanna seo a leanas ar na dúshláin ollmhóra a dhéanann suas comhthéacs an NPF agus Torthaí Straitéiseacha Infheistíochta an Plean Forbartha Náisiúnta. Áirítear orthu seo mar shampla:

- athrú déimeagrafach;
- an gá go mbogfaidh Éire i dtreo sochaí ísealcharbóin atá seasmhach ó thaobh na haeráide;
- an Breatimeacht; agus
- ár n-acmhainneacht fáis inbhuanaithe a bhaint amach trí dheiseanna a chruthaíonn fórsa saothair atá i bhfad níos mó atá réamh-mheasta faoin mbliain 2040.

Léirítear i léaráid de chomhthéacs an Phlean Forbartha Náisiúnta comhtháthú straitéisí pleanála agus infheistíochta. Léirítear ann roinnt de na dúshláin ollmhóra comhthéacsúla atá ag dul leis an gcur chuige comhtháite atá á thógáil agus roinnt de na príomhstraitéisí a raibh tionchar acu ar a bhforbairt.

[2] Daonáireamh, an Phríomh-Oifig Staidrimh, 2016

## Comhthéacs an Phlean Forbartha Náisiúnta




## 1.5 Trasteorann agus an Breatimeacht

Cuirtear béim san NPF ar an ghné trasteorann agus uile-oileánda na straitéise spásúlachta. D'fhéadfadh láidriú leanúnach caidreamh geilleagrach idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste treisiú a dhéanamh ar iomaíochas Réigiún an Oirthir agus Lár-Tíre, ag cuidiú ag an am céanna le maolú a dhéanamh ar thionchair díobhálacha an Bhreatimeachta.

Léirítear san NPF na gníomhartha atá riachtanach le Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair a neartú in aghaidh cúlra imeachta na Ríochta Aontaithe as an AE.

Tugtar mionsonraí i gCaibidil 4 maidir leis an mbealach a bheidh fócas ar leith ag infheistíocht spriocdhírithe faoin bPlean Forbartha Náisiúnta ar chur le teacht aniar na haeráide agus le naisc sna réigiúin trasteorann.  D'ainneoin na neamhchinnteachta atá ann faoi láthair maidir leis na socruithe deireanacha ó thaobh imeacht na Ríochta Aontaithe as an AE, tá sé thar a bheith soiléir go gcruthóidh an Breatimeacht dúshláin shuntasacha don tír seo. Cuireann aithint agus admháil láidir, áfach, ár gcomhpháirtithe AE agus an Ríocht Aontaithe araon i ndáil leis na fachtóirí uathúla a eascraíonn don gheilleagar uile-oileánda ón mBreatimeacht, bonn tábhachtach ar fáil le maolú a dhéanamh ar na tionchair dhíobhálacha agus le hiarracht a dhéanamh cur an méid is féidir leis na deiseanna a d'fhéadfadh a theacht chun cinn.

## 1.6 Dúshlán Tithíochta

Tá réiteach a fháil ar na fachtóirí sistéamacha atá mar bhonn leis an ngéarchéim tithíochta reatha i gcroílár an NPF agus lena léiriú, tá tithíocht agus forbairt uirbeach inbhuanaithe mar thosaíocht don Phlean Forbartha Náisiúnta.

Meastar go mbainfidh daonra na hÉireann beagnach 6 mhilliún amach faoin mbliain 2040 agus go mbeidh gá le 550,000 teach breise agus le 660,000 post breise a chruthú le lánfhostaíocht a bhaint amach agus le cothabháil a dhéanamh ar an fhostaíocht sin. Freagraíonn an gá le níos mó ná leath mhilliún teach breise a sholáthar thar an tréimhse go dtí an bhliain 2040 do threocht fadtéarmach de 25,000 teach nua gach aon bhliain. Tá gá le haschur níos airde sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma chun aghaidh a thabhairt ar an easnamh reatha atá mar chúis leis an ngéarchéim tithíochta.

Déanann leanúint leis na patrúin forbartha atá ann cheana, baol tromchúiseach cúrsaí geilleagair, sóisialta agus comhshaoil a bheith neamhinbhuanaithe níos feiceálaí, trí mar shampla, níos mó achair a chur idir an áit ina mbíonn daoine ag obair agus an áit ina mbíonn daoine ag maireachtáil agus cuirtear leis an éileamh ar fhuinneamh.

Cuireann sé fócas faoi leith ar láithreáin athfhorbraíochta, ag díriú ar láithreáin thréigthe agus ar láithreán fholmha a bhféadfadh forbairt a bheith déanta orthu roimhe seo agus atá as úsáid anois.

## 1.7 Ag Aistriú chuig Sochaí Ísealcharbhóin ina bhfuil Seasamh ó thaobh na hAeráide

Tá aistriú chuig sochaí ísealcharbóin atá seasmhach ó thaobh na haeráide agus soghluaisteacht inbhuanaithe ríthábhachtach do na torthaí straitéiseacha a aithnítear san NPF. Léiríonn sé seo *Seasamh Náisiúnta Beartais um Ghníomhú Aeráide agus Forbairt Ísealcharbóin* an Rialtais sa bhliain 2014 a thionscnaíonn an cuspóir bunúsach náisiúnta maidir le haistriú aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin, atá seasmhach ó thaobh na haeráide agus atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de faoin mbliain 2050. Éileoidh baint amach na físe seo ar bhonn fadtéarmach athrú sochaíoch bunúsach agus leithdháileadh acmhainní agus beartas marthanach agus athrú iompair ar an bpointe boise.

Cé go bhfuil sé soiléir go bhfuil tasc suntasach i ndán don tír seo ó thaobh laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, a ndéanann a phróifíl reatha struchtúr áirithe an gheilleagair a léiriú, is féidir gníomh a ghlacadh anois le cur ar chumas na hÉireann leas a bhaint as na buntáistí suntasacha a thagann ó gheilleagar ísealcharbóin a bhaint amach. Áirítear orthu sin, mar shampla, poist ghlasa a chruthú, táirgeadh bia inbhuanaithe, slándáil fuinnimh a dhoimhniú, agus an comhshaol a dhéanamh níos folláine. Cuirfidh gníomh moillitheach na buntáistí seo a d'fhéadfadh a bheith ann i mbaol, bainfear an bonn ó onnmhairí a bhfuil clú orthu i dtaobh a bheith glas, cuirfear ár gcumas infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh i gcontúirt agus beidh baint amach an aistrithe níos costasaí.

Aithnítear gníomh ar son na haeráide leis an réasúnacht shoiléir seo mar Thosaíocht Infheistíochta Straitéiseach. Tugtar mionsonraí i gcaibidil 5 maidir leis an mbealach ina ndéanfar infheistíocht a úsáid chun dul i ngleic leis seo.

## 1.8 An Dúshlán maidir le Fostaíocht Inbhuanaithe

Tá réamh-mheastachán an NPF uaillmhianach, sé sin go mbeidh 660,000 duine breise ag obair in Éirinn faoin mbliain 2040 ach is féidir é a bhaint amach. Beidh inbhuanaitheacht fostaíochta atá ann cheana féin agus tacú le deiseanna fostaíochta d'iontrálaithe nua chuig an mhargadh saothair i gceist lena sheachadadh, áfach. Beidh fócas géar riachtanach freisin maidir lena chinntiú go mbíonn fiontar atá bunaithe in Éirinn, fiontair dhúchasacha nó cuideachtaí ilnáisiúnta níos nuálaí, níos táirgiúla agus níos iomaíche sna margaí idirnáisiúnta. Cinnteoidh sé seo go mbeidh fáil ar fhostaíocht a íocann go maith le caighdeáin mhaireachtála a bhaint amach do theaghlaigh agus ardchaighdeán saoil a bhaint amach do phobail amach anseo.

Tá glacadh agus freagrúlacht leanúnach gan staonadh ó thaobh luas tapa athrú teicneolaíochta agus teicneolaíocht shuaiteach ríthábhachtach ar mhaithe le buntáiste d'fhiontair agus don tsochaí. Ní mór é seo a bhaint amach trí infheistíocht neartaithe i dtaighde agus i bhforbairt, agus trí chomhoibriú níos fearr idir na hearnálacha poiblí agus na hearnálacha príobháideacha, go háirithe maidir le forbairt fiontair réigiúnacha a chuireann treallús faoi iomaíochas agus faoi éagsúlú onnmhairí agus trí thacaíocht a thabhairt do chlár taighde, forbartha agus nuálaíochta.

## 1.9 Ag Ullmhú na hÉireann don Gheilleagar Eolasbhunaithe

Tá sraitheanna infheistíochta agus rathúlachta curtha le geilleagar nua-aimseartha na hÉireann ag pointí difriúla ina cuid staire. Rinne onnmhairiú earraí an bealach a stiúradh ó gheilleagar dúnta. Chuige sin, cuireadh le sármhaitheas i dtrádáil seirbhísí ar fud an iliomad earnálacha difriúla. Ar an tsraith is déanaí tá forbairt an gheilleagar eolasbhunaithe agus an tábhacht leanúnach a ghabhann le trádáil agus le hinfheistíocht i sócmhainní doláimhsithe. Ar mhaithe le leanúint de bheith rathúil sa gheilleagar eolasbhunaithe nua agus chun tógáil ar an rathúlacht sin, tá sé ríthábhachtach go mbeidh an bonneagar ceart sna háiteanna cearta. Mar gheall air sin beidh Éire ina áit níos fearr le maireachtáil agus le hobair a dhéanamh inti, ag mealladh infheistíochta ó thar lear agus ag spreagadh fás cuideachtaí nua Éireannacha.

## 1.10 Ról na hInfheistíochta Poiblí

Cuireann an Plean Forbartha Náisiúnta soiléireacht agus cinnteacht ar fáil maidir le scála na hinfheistíochta bonneagair thar na deich mbliana atá amach romhainn. Tá sé mar bhonn taca leis an NPF trí ailíniú beacht agus comhsheasmhacht shoiléir idir pleananna infheistíochta caipitil thar na deich mbliana atá amach romhainn agus na deich NSO'nna atá mionsonraithe san NPF.

Cuirtear béim san athbhreithniú ar phlean caipitil na bliana 2015, Cur le Téarnamh: Infheistíocht Bhonneagair agus Chaipitil 2016-2021, a foilsíodh i mí Meán Fómhair, ar an bhfianaise láidir gur ionann infheistíocht chaipitil phoiblí éifeachtúil agus 'na rothaí murar é an t-inneall féin atá i gceist' ó thaobh straitéis fáis eacnamaíoch fadtéarmach. Cuireann infheistíocht chaipitil phoiblí

éifeachtúil ar chumas an gheilleagair fás níos tapa ar bhonn inbhuanaithe trí chur le hacmhainn táirgiúlachta agus soláthar. Is ról atá thar a bheith tábhachtach atá anseo ó thaobh maolú a dhéanamh ar shrianta ar acmhainneacht a d'fhéadfadh srian a chur ar fhás eacnamaíoch agus cur leis an riosca ó róbhorradh seachas sin.

Tá ról ollmhór ag infheistíocht phoiblí ó thaobh timpeallacht atá tacúil agus tarraingteach a chruthú d'fhás fiontair agus do chruthú fostaíochta. Tá sé thar a bheith tábhachtach teacht aniar na hÉireann ó thaobh rioscaí ollmhóra a neartú, go háirithe ó thaobh an Bhreatimeachta. Déanann sé feabhsúcháin leanúnacha ar chaighdeáin mhaireachtála agus soláthair shóisialta a chumasú trí iomaíochas idirnáisiúnta a láidriú. Tá treisiú a dhéanamh ar cháilíocht bonneagar poiblí na hÉireann lárnach freisin do sheachadadh éifeachtach agus éifeachtúil seirbhísí poiblí atá ar ardchaighdeán.

Tá infheistíocht phoiblí riachtanach freisin chun dul i ngleic le rioscaí ollmhóra d'inbhuanaitheacht feidhmíochta fáis na hÉireann ó bhrú tráchta agus caolais tráchta ollmhór atá ag éirigh níos measa lenar féidir a bheith ag súil leis ó fhás daonra agus geilleagrach leanúnach i Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre agus go háirithe Mórcheantar Bhaile Átha Cliath (GDA). Cuireann an Plean Forbartha Náisiúnta forbairt réigiúnach chuí, fás inbhuanaithe chathracha na hÉireann, tacaíocht do phobail tuaithe na hÉireann agus baint amach cuspóirí maidir le gníomhú ar son na haeráide i gcroílár pleananna infheistíochta caipitil phoiblí do na deich mbliana atá amach romhainn.

# Mórthionscadail Bonneagair Náisiúnta

Rogha de na Mórthionsadail Bonneagair Náisiúnta atá san áireamh sa Phlean Forbartha Náisiúnta lena mbreithniú agus lena seachadadh

### Soghluaisteacht Inbhuanaithe

- *BusConnects* do Chathracha na hÉireann
- Clár Leathnaithe an Dart
- *Metro Link*

### Nascacht Réigúnach

Cuarbhóthar na Gaillimhe
An M20 Corcaigh go Luimneach
An N4 Cúil Mhuine go Béal Átha na gCarraigíní
An N8 Dún Citil
An N5 Cathair na Mart go dtí an Turlach
An N22 Baile Bhuirne go Maigh Chromtha
Forbairt Bhóthar an A5

### Nascacht Idirnáisiúnta Ardcháilíochta

- Rúidbhealach comhthreomhar nua d'Aerfort Bhaile Átha Cliath
- Clár d'Aerfoirt Réigiúnacha
- Infheistíocht i bPort Bhaile Átha Cliath, Port Chorcaí agus Port na Sionainne-Fhaighne



### Aistriú chuig Sochaí Ísealcharbóin atá seasmhach ó thaobh na hAeráide

- An Ciste um Athrú Aeráide
- An Scéim Tacaíochta um Leictreachas Inathnuaite Nua
- Infheistíochtaí in éifeachtúlacht fuinnimh an tsoláthair d'fhoirgnimh tráchtála agus poiblí atá ann cheana
- Idirnasc feabhsaithe leictreachais, lena n-áirítear an tIdirnascaire Ceilteach chun na Fraince agus tuilleadh idirnasctha leis an Ríocht Aontaithe
- Aistriú mhonarcha giniúna leictreachais Ghob na Muine le deireadh a chur le dó guail
- Scéim um Maolú Tuilte Chathair Chorcaí

### Bainistíocht Inbhuanaithe Uisce agus Acmhainní Comhshaoil

- Tionscadal Soláthar Uisce an Oirthir agus Lár na Tíre
- Tionscadal Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath
- Príomhthionscadal Draenála Bhaile Átha Luain

## Fás Dlúth

- 112,000 teach sóisialta nua faoi 2027
- An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach
- An Ghníomhaireacht Náisiúnta Athnuachana agus Forbartha

## Earnálacha Eile

- Clár ICT an Gharda Síochána
- Athnuachan agus Athsholáthar Leanúnach Árthaí na Seirbhíse Cabhlaigh
- clár: athfheistiú meánaoise an LÉ Roisín agus an LÉ Niamh agus árthach nua ilról a cheannach

## Rochtain ar Chúram Leanaí, Oideachas agus Seirbhísí Sláinte ar Ardchaighdeán

- Cúram leanaí lena chinntiú go mbíonn soláthar leordhóthanach áiteanna cúram leanaí ar ardchaighdeán ar fáil
- Seachadadh le déanamh ar 20,000 áit bhuan scoile ar bhonn bliantúil
- 2,600 leaba bhreise ospidéil ghéarmhíochaine
- Clár d'Ionaid Cúram Sláinte Príomhúil

## Geilleagar Láidir a fhaigheann tacaíocht ó Fhiontraíocht, Nuáil agus Scileanna

- Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha
- Tacaíochtaí Ard-déantúsaíochta
- Infheistíochtaí atá beartaithe do gach Ollscoil in Éirinn
- Ollscoileanna Teicneolaíochta a fhorbairt

## Geilleagair agus Pobail Tuaithe Neartaithe

- An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe
- An Plean Náisiúnta Leathanbhanda
- Infheistíocht i mBóithre Réigiúnacha agus Áitiúla
- Clár Naisc Áitiúil d'Iompar Poiblí i gCeantair Thuaithe
- Infheistíocht Talmhaíochta/Ar an bhFeirm

## Cur le Conláistí agus Oidhreacht

- Infheistíocht in Institiúidí Cultúir Náisiúnta
- Infheistíocht sa Chultúr Náisiúnta
- Ciste do Bonneagair Spóirt ar Mhórscála

Tá ról ollmhór ag infheistíocht chaipitil phoiblí ó thaobh tacaíocht a thabhairt do sheachadadh príomhsheirbhísí poiblí agus do bhaint amach príomhchuspóirí poiblí socheacnamaíocha trí shaoránaigh a nascadh le deiseanna táirgiúlachta agus trí fheidhmiú mar chatalaíoch d'fhás cuimsitheach trí thacaíocht a thabhairt do chomhtháthú níos fearr daoine aonair agus teaghlaigh sa saol sóisialta agus eacnamaíoch.

Tugtar achoimre sa ghrafaic roimhe seo ar roinnt de na tionscadail ollmhóra atá mionsonraithe i gcaibidil 5 den Phlean Forbartha Náisiúnta a bheidh mar bhonn taca le baint amach na gcuspóirí seo.

## 1.11 An Creat Bainistíochta Caiteachais

Is creat airgeadais agus buiseádachta ardleibhéil atá sa Phlean Forbartha Náisiúnta ina leagtar amach creat agus treoir leathan do thosaíochtaí infheistíochta thar an tréimhse 2018 go 2027. Áirítear ann leithdháiltí táscacha Státchiste chun tacú leis na deich NSO a aithnítear san NPF. Laistigh de na cuspóirí seo, tá tiomantais caiteachais sa Phlean Forbartha Náisiúnta freisin le raon leathan Tosaíochtaí Forbartha Straitéiseacha a bhaint amach maidir lena bhfuil cinneadh déanta ag na Ranna ábhartha ina leith go bhfuil siad lárnach do sheachadadh fís an NPF.

Tá leithdháiltí ilbhliantúla Caipitil Státchiste a fógraíodh i mBuiséad na bliana 2018 mar bhonn taca leis an gclár uaillmhianach infheistíochta atá leagtha amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta. Clúdaíonn siad seo an tréimhse cheithre bliana 2018 go 2021 agus cuireann siad maoiniú breise caipitil de €4.3billiún ar fáil, a chuireann méadú 17.3% go €29.2 billiún ar an infheistíocht chaipitil iomlán. Bhí na leithdháiltí seo bunaithe ar anailís mionsonraithe agus ar mheasúnú bonneagair agus ar thosaíochtaí infheistíochta a bhfuil plé déanta orthu san athbhreithniú ar phlean caipitil na bliana 2015. Tá eolas mionsonraithe ar na tionscadail bonneagair agus ar na cláir infheistíochta atá le cur ar fáil ag gach Roinn ar bhonn na leithdháiltí seo le fáil ar láithreán gréasáin Bhuiséad 2018. www.budget.gov.ie.

Mar a leagtar amach i gcaibidil 3, tá síneadh á chur leis na leithdháiltí ilbhliantúla Caipitil Státchiste a comhaontaíodh i mBuiséad na bliana 2018 ar feadh bliana eile faoin bPlean Forbartha Náisiúnta agus beidh siad mar bhonn taca anois le próiseas pleanála caipitil gach Roinn ar feadh tréimhse chúig bliana ó 2018 go 2022. Déanfar athbhreithniú ar na leithdháiltí cúig bliana seo agus cuirfear síneadh leo go bliantúil ar bhonn atrátha leis an gcúigiú bliain a thabhairt san áireamh mar chuid den phróiseas Meastacháin bliantúil. Cuirfidh seo deis ar fáil go bliantúil don Rialtas le hathbhreithniú a dhéanamh ar na leithdháiltí i bhfianaise aon saincheisteanna ó thaobh feidhme a eascraíonn agus/nó aon tosaíochtaí nua a d'fhéadfadh a theacht chun cinn de réir mar atá an Plean Forbartha Náisiúnta á chur i bhfeidhm.

Tabharfar faoi athbhreithniú lár téarma iomlán ar an bPlean Forbartha Náisiúnta sa bhliain 2022 le deis a chur ar fáil don Rialtas le:

- breithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtéarmaí seachadta na dtionscadal agus na gclár beartaithe; agus
- athbhreithniú agus athdhearbhú a dhéanamh ar thosaíochtaí an Rialtais.

Tabharfar faoin athbhreithniú ar mhaithe le plean 10 mbliana d'infheistíocht chaipitil phoiblí atá cothrom le dáta a ullmhú agus a fhoilsiú in 2023 agus a chlúdaíonn an tréimhse 2023 go 2032

## 1.12 Tosaíochtaí Infheistíochta agus an Próiseas Pleanála

Níl an Plean Forbartha Náisiúnta, mar bhuiséad agus plean airgeadas mar chuid den phróiseas pleanála fisiciúil. Beidh tionscadail a fhaigheann maoiniú faoin bPlean Forbartha Náisiúnta faoi réir ag an dlí pleanála agus d'fhéadfadh Measúnacht Straitéiseacha Timpeallachta a bheith riachtanach. Ní eascraíonn na ceangail seo maidir leis an bPlean Forbartha Náisiúnta féin. Tá gach Roinn de chuid an Rialtais freagrach as a chinntiú go bhfreastalaíonn a gcuid tionscadal beartaithe ar na ceanglais rialála cuí lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an dlí pleanála agus le measúnacht tionchair timpeallachta.

Ní mór do Ranna a chinntiú freisin go bhfreastalaíonn gach tionscadal aonair agus gach togra infheistíochta ar na próisis breithmheasa cuí agus ar thástálacha luach ar airgead a cheanglaítear faoin gCód Caiteachais Phoiblí, sula gcaitear acmhainní ar na tionscadail ábhartha. Sa bhreis air sin, faoin gCód Caiteachais Phoiblí, tá gach clár agus tionscadal infheistíochta caipitil a chosnaíonn níos mó ná €100 milliún faoi réir ag leibhéal breise slándála, a éilíonn cead sonrach Roinne sula gcomhaontaítear na conarthaí deiridh.



# Caibidil 2:
# Bunúis

## 2.1 Réamhrá

**Cuireann an Plean Forbartha Náisiúnta leis an anailís atá mionsonraithe i roinnt príomhráitis beartais agus foinsí Rialtais. Léirítear sa léaráid thíos roinnt de na príomhtheachtaireachtaí a tháinig uathu sin agus tá tuilleadh mionsonraí curtha ar fáil sa chuid eile den chaibidil seo.**

### Fianaise agus anailís

*"Cuireann an t-athbhreithniú ar an bPlean Caipitil measúnú fianaise bhunaithe ar fáil maidir le tosaíochtaí bonneagair i gcoinne cúlra timpeallachta geilleagrach agus airgeadais atá athraithe."*

**Athbhreithniú lár téarma ar Phlean Caipitil 2016-2021, an Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe 2017**

*"Tugann na héilimh agus na srianta earnála a aithnítear san anailís seo léiriú breise ar an ngá le fócas comhbheartaithe maidir le roghnú tionscadail a bheith san ord ceart ar mhaithe lena chinntiú go dtugtar aghaidh ar an bhfadhb bhunúsach agus go mbaintear amach luach ar airgead."*

**Éileamh Bonneagair agus Anailís Acmhainneachta, Seirbhís Mheastóireachta agus Eacnamaíochta Rialtas na hÉireann, 2017**

*"De réir cleachtais idirnáisiúnta, tá leibhéil bonneagair agus cleachtais bainistíochta bonneagair na hÉireann forbartha go maith, go ginearálta, ach tá roinnt réimsí ann ina bhféadfaí feabhsúcháin suntasacha a dhéanamh."*

**Measúnú Bainistíochta Infheistíochta Poiblí d'Éire, IMF 2017**

*"Príomhuirlis atá sa Chreat seo ... le seachadadh a dhéanamh ar chuspóirí bonneagair Stáit ó thaobh fuinneamh, uisce agus iompar (m.sh. poirt agus aerfoirt)."*

**Is é an Creat Bainistíochta Scairshealbhóra, an mheicníocht atá á úsáid ag an Rialtas le tionchar a imirt ar Fhiontair in Úinéireacht Stáit**

*"Ba chóir leanúint le measúnú a dhéanamh ar úsáid an PPP a d'fhéadfadh a bheith ann (agus ba chóir é a spreagadh) do thionscadail ar mhórscála... Níor chóir forlíonadh a dhéanamh, áfach ar uaillmhian suntasach plean nua 10 mbliana an Rialtais ar mhórscála le haon chlár comhthreomhar breise d'infheistíochtaí PPP."*

**Athbhreithniú Comhpháirtíochta Phríobháideach Phoiblí, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe 2018**

## 2.2 Athbhreithniú ar an bPlean Caipitil atá ann cheana

Deimhníodh san athbhreithniú le déanaí ar phlean caipitil na bliana 2015, *Building on Recovery: Infrastructure and Capital Investment 2016– 2021*, a foilsíodh i Meán Fómhair 2017:

- an cás an-láidir atá ann méadú ar chur ar infheistíocht chaipitil phoiblí le bonneagar caipitil phoiblí na hÉireann a neartú agus cur le teacht aniar an gheilleagair i dtéarmaí rioscaí suntasacha ar nós an Bhreatimeachta;
- cuireadh béim ar an riachtanas i gcomhthéacs an Phlean Forbartha Náisiúnta a fheidhmiú le monatóireacht ghéar agus bainistíocht a dhéanamh ar na rioscaí ó thaobh róbhorradh a d'fhéadfadh a bheith ann agus leanúint le cur le soláthar acmhainneachta agus le hiomaíochas an gheilleagair;
- léiríodh an gá atá le hardú a chur ar éifeachtúlacht agus ar luach ar airgead infheistíocht chaipitil phoiblí leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint as acmhainní Státchiste atá gann i bhfianaise riachtanais iomaíocha; agus
- cuireadh béim ar an ngá atá le hathrú ó bhonn na sochaí a aistriú chuig cuspóirí athrú aeráide na hÉireann.

Tharraing an t-athbhreithniú aird freisin ar sheachadadh rathúil líon tionscadail chaipitil suntasacha a bhfuil achoimre déanta orthu sa léaráid thíos.

## 2.3 Anailís ar Éileamh agus Acmhainneacht Bonneagair

Aithnítear líon cúiseanna athraithe suntasacha san Anailís ar Éileamh agus Acmhainneacht Bonneagair a thug Seirbhís Mheastóireachta agus Eacnamaíochta Rialtas na hÉireann faoi mar chuid den athbhreithniú ar phlean caipitil 2015 maidir le héileamh bonneagair amach anseo, go sonrach iad siúd atá liostaithe anseo:

- **Déimeagrafaic**: fás daonra agus próifíl déimeagrafach atá ag athrú.
- **Breithnithe Spásúlachta**: dáileadh réigiúnach agus fás fostaíochta agus daonra.
- **Fás Eacnamaíoch**: Éileamh breise ar bhonneagar eacnamaíoch ar aon dul le gníomhaíocht eacnamaíoch atá méadaithe.
- **Athrú Aeráide**: an gá le hinfheistíocht chun tacú le cuspóirí chun gníomh ar son na haeráide a bhaint amach agus gan a bheith báúil le hinfheistíocht i dteicneolaíochtaí ardcharbóin.
- **Teicneolaíocht**: d'fhéadfadh tionchar a bheith ag athruithe sa teicneolaíocht ar an éileamh ar bhonneagar ar nós faisnéis agus cumarsáid ardluais agus ar úsáid fuinneamh.
- **Fachtóirí soch-chultúrtha**: beidh tionchar ag tosaíochtaí agus ag cuspóirí sochaíoch atá ag athrú ar roghanna infheistíochta poiblí.
- **Forbairtí Geopholaitiúla**: infheistíocht leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an mBreatimeacht a mhaolú agus/nó forbairtí sa timpeallacht trádála nó cánach idirnáisiúnta.
- **Cothabháil**: infheistíocht le cothabháil a dhéanamh ar chaighdeán agus ar fheidhmíocht bonneagar atá ann cheana agus cur lena shaolré.

Aithnítear freisin san Anailís ar Éileamh agus Acmhainneacht Bonneagair na réimsí tosaíochta atá liostaithe thíos d'infheistíocht chaipitil phoiblí amach anseo:

- **Iompar**: cothabháil agus uasghrádú a dhéanamh ar an ngréasán bóithre agus ar iompar poiblí le caighdeán agus luach na sócmhainne a chosaint, freastal ar an éileamh atá réamh-mheasta, brú tráchta a éascú agus freastal ar chuspóirí maidir le hathrú aeráide.
- **Oideachas**: ardoideachas agus clár tógála scoileanna.
- **Sláinte**: faoi réir ag anailís bhreise maidir le hiomláine bonneagair agus acmhainneachta sláinte.
- **Tithíocht:** ar bhonn athbhreithnithe ar an bPlean Gníomhaíochta do Thithíocht agus Easpa Dídine.

Léiríodh na tosaíochtaí seo sna leithdháiltí caipitil ilbhliantúla arbh fhiú €4.3 billiún d'infheistíocht phoiblí iad a fógraíodh sna Meastacháin don bhliain 2018 agus tá mionsonraí tugtha ina leith sna *Clúdaigh Caipitil Státchiste 2018-2021: Outcomes of the Midterm Review of the Capital Plan* a foilsíodh ag am an Bhuiséid.

## 2.4 Measúnú Bainistíochta Infheistíochta Poiblí an IMF


Thug an IMF faoin Mheasúnú Bainistíochta Infheistíochta Poiblí an IMF (PIMA) d'Éirinn i mí Iúl 2017 a foilsíodh i nDeireadh Fómhair 2017 ar chuireadh ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus thángthas ar an gconclúid:

- de réir chaighdeáin idirnáisiúnta, tá leibhéil bonneagair agus cleachtais bainistíochta bonneagair in Éirinn forbartha go maith, ach mar sin féin, tá líon réimsí ann ina bhféadfaí feabhas suntasacha a dhéanamh;
- tá an iomarca straitéisí earnála ann, le creat atá lag go minic ó thaobh measúnú a dhéanamh ar thorthaí agus cuireann siad faisnéis atá teoranta ar fáil i leith meastacháin costais;
- tá feabhas curtha ag feidhmiú buiséad ilbhliantúil ar leithdháileadh acmhainní do thionscadail infheistíochta poiblí ach tá pleanáil tionscadail ceangailte go neamhleor le cinntí maidir le maoiniú:
- tá an leibhéal foriomlán infheistíochta caipitil atá beartaithe leordhóthanach, fiú faoin bpróiseas comhdhlúthaithe fioscaigh agus tá cleachtais mhaithe bainistíochta tionscadail i bhfeidhm go ginearálta;

# Mórthionscadail a Seachadadh le Déanaí


**Rinneadh os cionn €8.7 billiún de mhaoiniú Státchiste a infheistiú i mbonneagar caipitil na hÉireann sna blianta 2016 agus 2017. Ar shamplaí de roinnt de na mórthionscadail a rinneadh seachadadh orthu, tá:**

1



Osclaíodh **Mótarbhealach an M17 / M18 An Gort go Tuaim** i Meán Fómhair 2017. Rinneadh infheistíocht foriomlán de **€550 milliún** sa PPP seo. Tagann an mótarbhealach nua seo 57 km ceithre lána atá saor ó dholaí in áit bóithre an N17/N18 agus baineann thart ar 20 nóiméad de thurais.

2




Osclaíodh an **Luas Traschathrach** i mí na Nollag 2017. Cuirfidh an malartú seo idir na línte Glasa agus Dearga, a chosain **€368 milliún**, 10 milliún turas paisinéara breise in aghaidh na bliana ar fáil.

3



Osclaíodh **Tollán Iarnróid Pháirc an Fhionnuisce** i mí na Samhna 2016, d'fheabhsaigh sé seo seirbhísí do lucht úsáidte iarnróid i gCill Dara agus i mBaile Átha Cliath. Le hinfheistíocht de **€13.7 milliún**, cuirfidh an líne nua 692m seo nasc díreach ar fáil idir stáisiúin i mBaile Átha Cliath thiar theas agus i dtuaisceart Chill Dara agus idir Duga na Canálach Móire.

4



Athosclaíodh **Páirc Uí Chaoimh** i mí Iúil 2017 tar éis athfhorbairt na páirce, áirítear san athfhorbairt seo **€30 milliún** de mhaoiniú Státchiste. Chomh maith leis an ionad spóirt, tá athfhorbairt déanta ar an staid, atá in ann 45,000 duine a thógáil, mar ionad comhdhála agus ceolchoirme.

5



Osclaíodh **Rannóg Éigeandála nua in Ospidéal na hOllscoile, Luimneach** i mí na Bealtaine 2017. Chosain an tsaoráid nua **€24 milliún**, agus tá an trealamh diagnóiseach is nua-aimseartha ann i gcomparáid le haon saoráid dá leithéid áit ar bith eile in Éirinn nó fiú sa Ríocht Aontaithe agus tá sé trí huaire níos mó ná an tsean-rannóg agus freastalóidh sé ar os cionn 64,000 duine.

6



Osclaíodh **Láthair Náisiúnta Laistigh Sport Ireland** i mí Eanáir 2017. Áiríodh ar an maoiniú infheistíocht de **€23 milliún** ón Státchiste. Tá an Láthair leagtha amach le freastal ar os cionn 20 cineál spóirt.

7




Fuair **clár comórtha Deich mBliana na gCuimhneachán** os cionn **€40 milliún d'infheistíocht caipitil Státchiste** do naoi gcinn de thionscadail caipitil ceannródaíocha mar mheabhrúchán buan ar Éirí Amach na Cásca 1916, lena n-áirítear Ionad Léirmhínitheach agus Taispeántais an GPO agus athchóiriú Beairic Richmond.

8



Infheistíocht **os cionn €300 milliún i 17 Ionad Taighde ar mhórscála Fhondúireacht Eolaíochta Éireann** i gcomhair leis an Státchiste agus le tionscail phríobháideacha.

9



**Mórthionscadail Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte** tugtha chun críche i Mala, Mainistir Fhear Maí, Cluain Meala, Bré, Port Láirge agus Faing le hinfheistíocht os cionn **€45 milliún** sa bhliain 2017.

- ní mór tuilleadh aird a thabhairt ar bhainistíocht sócmhainní atá ann cheana, lena n-áirítear tosaíocht a thabhairt do chaiteachas cothabhála bonneagar atá againn cheana féin; agus
- níl éifeachtúlacht[3] infheistíocht phoiblí in Éirinn chomh maith le binsemharc sárchleachtais idirnáisiúnta, a léiríonn an gá le roghnú tionscadail a bheith bunaithe ar bhreithmheas láidir tionscadail.

## 2.5 Creat Bainistíochta Scairshealbhóra

Is ionann an Creat Bainistíochta Scairshealbhóra a dhéanann bainistíocht ar an gcaidreamh idir an Rialtas mar scairshealbhóir agus ar Fhiontair Stáit (SOE'nna) agus uirlis ríthábhachtach le cuspóirí bonneagair Stáit in earnálacha ar nós fuinneamh, uisce agus iompar a sheachadadh. Tá na hearnálacha seo thar a bheith tábhachtach do bhaint amach comhchuid de bhonneagar poiblí na hÉireann agus de ghné atá an-tábhachtach le comhordú comhtháite láidir agus cur chuige comhoibríoch láidir a dhaingniú ó thaobh infheistíocht a fhaigheann tacaíocht Státchiste agus Stáit ar bhonn náisiúnta, réigiúnach agus cathrach le cuspóirí an NPF a bhaint amach.

## 2.6 Athbhreithniú ar Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí

Fuair an t-athbhreithniú ar an gComhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí (PPP) le déanaí, atá le foilsiú ag an am céanna leis an bPlean Forbartha Náisiúnta, amach go raibh na PPP'nna thar a bheith úsáideach ó thaobh éascú a dhéanamh ar sheachadadh bonneagar tábhachtach. Is é an cás a bhí i gceist go háirithe nuair a bhí an Státchiste faoi shrianta tromchúiseacha i dtéarmaí a ábaltacht maoiniú a dhéanamh go díreach ar bhonneagar, ag glacadh leis an úsáid a bhaineann siad as maoiniú príobháideach lasmuigh den chlár comhardaithe agus laistigh den chlár comhardaithe. Chuir sé sin an cumas ar fáil le tionscadail a chur chun cinn nach mbeadh inseachadta seachas sin ar bhonn maoiniú Státchiste as féin.

Ag féachaint chun cinn agus ag glacadh leis an méadú suntasach ar infheistíocht chaipitil Státchiste atá beartaithe sna blianta atá romhainn, ina mbeidh infheistíocht phoiblí in Éirinn mar sciar den ioncam náisiúnta ar aon dul leis an gcuid is airde san AE, tháinig athbhreithniú an PPP ar an gconclúid go bhfuil ar chumas PPP'nna ról an-tábhachtach a bheith acu ó thaobh tionscadail infheistíochta caipitil phoiblí atá sa Phlean Forbartha Náisiúnta a sheachadadh. Moladh san athbhreithniú, agus na buntáistí atá ar chumas PPP'nna a sheachadadh á thabhairt ar aird, gur chóir go bhfanfadh PPP'nna mar rogha éifeachtach soláthair do thionscadail infheistíochta caipitil phoiblí cuí laistigh den tsraith meicníochtaí infheistíochta caipitil atá ar fáil do Ranna. Léirítear san athbhreithniú go raibh sé tábhachtach go ndéanfaí measúnú ar PPP'nna ar bhonn cothroime iomaíochta i gcomparáid le soláthar traidisiúnta.

Dá bhrí sin, ba chóir go leanfadh an PPP le measúnú a dhéanamh ar na tionscadail go léir ar mhórscála atá san áireamh sa Phlean Forbartha nua, i dtéarmaí oiriúnacht soláthair agus/nó maoiniú malartach, go háirithe maidir le tionscadail lena bhfuil muirir úsáideora i gceist nó a bhfuil acmhainneacht ann le hioncam suntasach tríú páirtí a chruthú. Tá tuilleadh mionsonraí maidir le torthaí agus moltaí an athbhreithnithe ar an PPP leagtha amach i gCaibidil 6.

## 2.7 Conclúid

Is ionann an Plean Forbartha Náisiúnta agus treoirphlean ina leagtar amach creat straitéiseach d'infheistíocht chaipitil phoiblí do na deich mbliana atá amach romhainn, le fócas faoi leith, in éineacht lena bheith mar bhonn taca leis an NPF, ar na cuspóirí uileghabhálacha seo a leanas a bhaint amach.

- **Freastal ar riachtanais bonneagair agus infheistíochta na hÉireann** thar na deich mbliana atá amach romhainn mar a aithnítear san athbhreithniú le gairid ar phlean caipitil 2015, *Athbhreithniú ar Phlean Caipitil 2016-2021: Cur le Téarnamh*, trí infheistíocht iomlán (lena n-áirítear Státchiste agus SOE'nna) arbh ionann é agus meastachán de €116 billiún thar na deich mbliana atá amach romhainn.

  Meastar go gcuirfidh an leibhéal acmhainní seo Éire níos gaire d'uachtar an tábla sraithe idirnáisiúnta ó thaobh infheistíocht phoiblí, ag cinntiú, ar an mbealach sin, cothabháil agus cruthú fostaíochta ar bhonn leanúnach i gcomhar le forbairt réigiúnach chuí. Tabharfaidh sé soiléireacht chun na hearnála tógála freisin, ag tabhairt na deise don tionscal sin plean a chur le chéile chun an acmhainn agus an cumas atá riachtanach a sholáthar le pleananna infheistíochta fadtéarmacha an Rialtais a sheachadadh.

- **Athchóiriú a dhéanamh ar an mbealach ina mbeartaítear agus a gcuirtear infheistíocht phoiblí ar fáil** trí athrú deimhneach chuig pleananna infheistíochta réigiúnacha comhtháite, comhordú straitéisí earnála le torthaí treisithe comhleasmhara agus roghnú agus breithmheas níos déine a dhéanamh ar thionscadail le luach ar airgead a bhaint amach trí leas a bhaint as moltaí staidéar PIMA le déanaí a rinneadh faoi stiúir an IMF. Mar atá pléite sa chéad chaibidil eile, tá samhail nua maoinithe d'infheistíocht phoiblí atá maoinithe ag an Státchiste, á cur i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil acmhainní á leithdháileadh ar thionscadail agus ar chláir atá spriocdhírithe ó thaobh freastal ar thosaíochtaí an NPF.

[3] Tháinig an IMF ar an gconclúid go bhfuil cainníocht agus cáilíocht stoc caipitil na hÉireann níos ísle ná roinnt tíortha eile a chaitheann an méid céanna ar bhonn per capita.



# Caibidil 3:

# Athchóiriú maidir le hAcmhainní agus Maoiniú a chur ar fáil

## 3.1 Forléargas

Tá an infheistíocht iomlán de beagnach €116 billiún faoin bPlean Forbartha Náisiúnta ceaptha le freastal ar riachtanais infheistíochta bonneagair na hÉireann sna deich mbliana atá amach romhainn.  Is ionann maoiniú Státchiste agus 79% den infheistíocht iomlán agus tá an chuid eile ag teacht ó fhiontair agus ó chomhlachtaí gan tacaíocht Státchiste nó Stáit. Meastar go gcuirfidh infheistíocht thar shaolré an Phlean Forbartha Náisiúnta Éire níos gaire d'uachtar an tábla sraithe ó thaobh infheistíocht phoiblí.

Tugtar breac-chuntas sa chaibidil seo maidir leis an mbealach a rachaidh sprioc infheistíochta poiblí na hÉireann chun cinn le bheith ar cheann de na spriocanna is airde i measc an AE. Cuireann sé briseadh síos ar fáil den infheistíocht iomlán de beagnach €116 billiún thar na deich mbliana atá amach romhainn agus mar a bheidh an maoiniú seo ceangailte le torthaí tosaíochta a bhaint amach faoin gCreat Náisiúnta Pleanála (NPF). Leagtar amach briseadh síos de na leithdháiltí táscacha a bhaineann leis na tosaíochtaí seo. Déantar cur síos freisin i mbriseadh síos ar an gcaibidil ar an mbealach ina ndearnadh athchóiriú ar an tsamhail mhaoinithe caipitil chun tacú le pleanáil fadtéarmach níos láidre Ranna atá dírithe ar thosaíochtaí beartais spásúlachta a bhaint amach.


## 3.2 Sprioc Infheistíochta Poiblí

Tá fás mór beartaithe in infheistíocht caipitil phoiblí sna blianta atá romhainn. Breithniú ríthábhachtach is ea an méid a fhreastalóidh an t-ardú beartaithe ar riachtanais an gheilleagair, i gcomhréir le riachtanais bhunúsach inbhuanaitheachta geilleagrach agus airgeadais foriomlána. Thug an *tAthbhreithniú ar an bPlean Caipitil 2016-2021: Cur le Téarnamh*, ar aird gurbh é an cur chuige seanbhunaithe ná iarracht a dhéanamh spriocleibhéal cuí infheistíochta chaipitil phoiblí a aithint ó pheirspictíocht 'ón mbarr anuas' nó ó pheirspictíocht maicreacnamaíoch. De ghnáth, freagraíonn sé seo do mheánleibhéal fadtéarmach infheistíochta poiblí maidir le haschur náisiúnta nó ioncam náisiúnta; i gcomparáid le treochtaí stairiúla náisiúnta nó tíortha AE inchomparáide.

Thar thréimhse 1995 go 2015, bhí ollfhoirmiú caipitil sheasta (GFCF)[4] mar sciar d'Olltháirgeacht Intíre (GDP) in Éirinn timpeall ar 3% arbh ionann é agus an meán don AE15 thar an tréimhse céanna. Ciallaíonn sé seo gur féidir luach 3% de bheart iomchuí ioncam náisiúnta a bhreithniú mar sprioc cuí do mheánleibhéal fadtéarmach caiteachas caipitil phoiblí in Éirinn.

Mar tá leagtha amach i bhfíor 3.1 agus i dtábla 3.1, faoin bPlean Forbartha Náisiúnta, tá sé réamh-mheasta go mbainfidh infheistíocht[5] chaipitil phoiblí 3.8% den Ollioncam Náisiúnta (GNI*)[6] amach sa bhliain 2021 agus 4% faoin mbliain 2024, le hioncam inbhuanaithe ar an meán de 4% ar bhonn bliantúil thar an tréimhse 2022 go 2027. Dá bhrí sin, rachaidh infheistíocht chaipitil in Éirinn ó leibhéil réasúnta íseal tar éis na géarchéime eacnamaíochta le gairid go dtí roinnte de na leibhéil is airde i measc tíortha an AE. Léiríonn sé seo éileamh 'ón mbun aníos' ar infheistíocht chaipitil poiblí méadaithe san athbhreithniú ar phlean caipitil 2015, agus déanfar cinnte ag an am céanna go mbíonn infheistíocht phoiblí mar bhonn taca le hinbhuanaitheacht fás eacnamaíoch agus go seachnaítear cur le héagobhsaíocht eacnamaíoch agus rioscaí fáis neamhchothroma agus rioscaí ó thaobh boilsciú. Tá sé tábhachtach cur chuige stuama agus intomhaiste a ghlacadh i leith caiteachas chaipitil phoiblí méadaithe mar a léirítear sa Phlean Forbartha Náisiúnta, go háirithe in imthosca ina bhfuil ardchéim neamhchinnteachta ann maidir le staid timthriallach an gheilleagair agus maidir leis an riosca atá ann ó thaobh róbhorradh.

**Fíor 3. Infheistíocht Caipitil Phoiblí Beartaithe na hÉireann**




Foinse: Eurostat, An Roinn Airgeadais agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

## 3.3 Acmhainní Státchiste 2018-27

Tá tiomantas tugtha ag an Rialtas cur le hinfheistíocht caipitil phoiblí de thart ar 4% de GNI* agus cothabháil a dhéanamh ar infheistíocht ag an leibhéal sin thar an tréimhse atá fanta den Phlean Forbartha Náisiúnta. Agus úsáid á bhaint as meastacháin reatha cuirfidh sé seo acmhainní caipitil Státchiste de €91 billiún ar fáil.

Déantar measúnú air seo i dtéarmaí taithí náisiúnta agus fianaise idirnáisiúnta le hinfheistíocht chaipitil phoiblí a shocrú ag leibhéal atá cuí agus inbhuanaithe maidir le fás geilleagrach agus riachtanais bonneagair aitheanta. Déanfaidh sé cothromú freisin ar chaiteachas ar thionscadail infheistíochta thar thimthriallta geilleagracha agus fioscacha amach anseo agus cuideoidh sé le filleadh ar chur chuige comhthimthriallach i leith infheistíocht phoiblí a sheachaint a bhí coitianta in Éirinn roimhe seo.

Cumasóidh an leibhéal substaintiúil infheistíochta seo le Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta (NSO'nna) an NPF a bhaint amach chomh maith:

4 Féachtar ar an meán fadtéarmach Ollfhoirmiú Caipitil Sheasta (GFCF) poiblí, ar an ardú ar shócmhainní fisiceacha poiblí sa tréimhse tomhais mar sheachvótálaí maith don leibhéal cothromaíochta infheistíochta poiblí de réir mar a chuireann sé deireadh leis an tionchar ó fhorbairtí timthriallacha a bhí ag cur le luaineacht shuntasach.

5 Arna thomhas ag Ollchaiteachas Caipitil Vótáilte.

6 Mhol an Grúpa Athbhreithnithe Staitisticí Eacnamaíocha úsáid a bhaint as an GNI* le méid geilleagar na hÉireann a thomhas

- Acmhainneacht fáis an gheilleagair agus fostaíocht iomlán inbhuanaithe a bhaint amach ar bhonn réigiúnach cothromaithe;
- deis a thabhairt d'earnáil na tógála an acmhainneacht agus an ábaltacht atá riachtanas a chur ar fáil le tionscadail bonneagair a sheachadadh sna blianta atá romhainn;
- cur le láidreacht agus le teacht aniar fiontair dhúchasacha agus an lorg onnmhairithe domhanda a leathnú;
- cur le hacmhainneacht an gheilleagair le brú boilscitheach a mhaolú;
- seirbhís phoiblí ar ardchaighdeán atá ag brath ar cháilíocht bonneagar poiblí a sholáthar;
- freagairt go deimhneach do rioscaí ar nós an Breatimeacht; agus
- Measúnú a dhéanamh air agus leas a bhaint as an infheistíocht dhíreach eachtrach domhanda agus as an timpeallacht infheistíochta dhíreach amach atá ag teacht chun cinn

## 3.4 Acmhainní Iomlána: Infheistíocht le Tacaíocht Státchiste agus Stáit

Taispeántar sa tábla thíos an briseadh síos ar an infheistíocht iomlán i gcaiteachas chaipitil phoiblí sna deich mbliana atá romhainn. Is €91 billiún an maoiniú Státchiste atá leithdháilte d'infheistíocht chaipitil phoiblí thar an tréimhse 2018 go 2027. Déanfar forlíonadh ar an infheistíocht Státchiste tacaithe ag infheistíocht Rialtais trí SOE'nna tráchtála le clár infheistíochta 10 mbliana atá measta ag €116 billiún a chruthú.

Tá acmhainní Státchiste atá leithdháilte d'infheistíocht faoin bPlean Forbartha Náisiúnta bunaithe ar fhás ainmniúil réamh-mheasta san ioncam náisiúnta (GNI*) ag meán 4% thar an tréimhse 2022-2027 (2% i ndáiríre agus 2% boilsciú). Tá sé seo comhsheasmhach le réamhaisnéis fáis fadtéarmach do Gheilleagar na hÉireann atá curtha ar fáil ag eagraíochtaí idirnáisiúnta.

## 3.5 Maoiniú atá ceangailte leis na Torthaí Straitéiseacha a bhaint amach faoin NPF

Ar cheann de chuspóirí bunúsach an Phlean Forbartha Náisiúnta tá cinntiú go bhfuil infheistíocht chaipitil phoiblí ailínithe go soiléir le seachadadh na gcuspóirí agus na dtosaíochtaí atá mionsonraithe san NPF. Léirítear i dtábla 3.2 an bealach ina bhfuil an maoiniú foriomlán de €116 billiún do shaolré an Phlean Forbartha Náisiúnta a leithdháileadh ar bhonn téamach do gach aon cheann de na deich NSO atá leagtha amach san NPF. Léiríonn na leithdháiltí acmhainní táscacha seo na tosaíochta infheistíochta a bhí aitheanta ag na Ranna nuair a bhíothas ag tabhairt faoin athbhreithniú ar phlean caipitil 2015. Déantar cur síos mionsonraithe ar na tosaíochtaí infheistíochta seo i gcaibidil 5.

Tabharfar na leithdháiltí le seachadadh a dhéanamh ar na NSO'nna difriúla cothrom le dáta agus déanfar iad a chur in oiriúint sa chás gur gá sin agus an Plean Forbartha Náisiúnta á chur i bhfeidhm, i bhfianaise:

- an dul chun cinn atá á bhaint amach maidir le tosaíochtaí infheistíochta chaipitil phoiblí atá faoi bhealach faoi láthair nó atá beartaithe;
- measúnú leanúnach tosaíochtaí bonneagair fadtéarmacha ar fud earnálacha atá mar bhonn taca le feidhmiú tosaíochtaí an NPF; agus
- na físeanna pleanála difriúla a bhaineann le cineálacha difriúla caiteachas caipitil (mar shampla) mórthionscadail bonneagair i gcomparáid le soláthar deontais chaipitil faoi cláir caiteachais ar leith).

Cuirfidh sé seo an deis ar fáil le haghaidh solúbthacht agus freagrúlacht chuí leithdháiltí caipitil d'imthosca agus do thosaíochtaí atá ag athrú.

## 3.6 Athchóiriú na Samhla Maoinithe Caipitil

Tugtar mionsonraí i gCaibidil 5 maidir leis na tosaíochtaí infheistíochta straitéiseacha 10 mbliana atá ailínithe le gach aon cheann de na deich NSO'nna. Agus iad sin curtha i dtoll a chéile tá fís straitéiseach maidir le hinfheistíocht chaipitil phoiblí d'Éirinn á chomhdhéanamh acu.

Cuimsíonn na tosaíochtaí seo forbairt agus leathnú araon na gclár infheistíochta atá ann cheana chomh maith le roinnt mórthionscadail infheistíochta nua a aithint. Mar atá pléite thuas, tá acmhainní substaintiúla Státchiste ar fiú €91 billiún iad á gcur ar fáil leis na tosaíochtaí seo a sheachadadh. Tá os cionn 30% nó €29.6 billiún den mhaoiniú Státchiste seo, tar éis Meastacháin na bliana 2018, leithdháilte ar Ranna cheana féin lena gcláir infheistíochta bonneagair atá comhsheasmhach leis an NPF a sheachadadh.

Foilsíodh teorainneacha ilbhliantúla ceithre bliana d'ollchaiteachas caipitil vótáilte do gach aon Ghrúpa Vóta Aireachta i mí na Nollag 2017 sna Meastacháin Athbhreithnithe do Sheirbhísí Poiblí 2018[7]. Bhí sé i gceist go ndéanfadh sé seo éascú do Ranna maidir le pleanáil infheistíochta chaipitil a bheadh níos córasaí agus níos struchtúrtha. B'ionann é sin agus aistriú deimhneach ó chomhaontuithe le Ranna maidir le

[7] http://www.per.gov.ie/en/revised-estimates-for-public-services-2018-published/

leithdháiltí chaipitil ar bhonn bliain ar bhliain, go hardleibhéal soiléireachta agus cinnteachta a chur ar fáil maidir le leithdháiltí maoinithe ilbhliantúla do chríocha pleanála sa mheántéarma.

Tá síneadh á chur leis na teorainneacha ilbhliantúla seo anois leis an tréimhse tosaigh chúig bliana 2018 go 2022 do na Ranna go léir a chlúdach, a dhéanfaidh éascú breise do Ranna ó thaobh a gcuid clár infheistíochta a phleanáil sa mheántéarma. Tá beagán leasaithe á dhéanamh ar na teorainneacha comhaontaithe le héascú a dhéanamh ar líon cistí nua atá á mbunú faoin bPlean Forbartha Náisiúnta (ar a ndéantar cur síos i gcodanna 3.7 thíos) a thosú go luath. Déanfar cothabháil ar bhonn atrátha amach anseo ar na teorainneacha ilbhliantúla chúig bliana seo ar feadh tréimhse an Plean Forbartha Náisiúnta, déanfar iad a thabhairt cothrom le dáta sna

Meastacháin bliantúla leis an gcúigiú bliain a thabhairt san áireamh. Cuireann tabhairt an cúigiú bliain san áireamh sna teorainneacha ilbhliantúla agus coigeartuithe ar na teorainneacha do 2019-2021, €38.5 billiún leis an €91 billiún de leithdháileadh foriomlán an Státchiste atá tiomanta ag an Rialtas anois.

Tá na leithdháiltí Roinne leagtha amach in Iarscríbhinn do na blianta 2018 go 2022. Fágann sé seo €52.5 billiún breise do na chúig bliana den Phlean Forbartha Náisiúnta atá fanta. Is ionann é seo agus athrú ó bhonn ar an méid acmhainní atá ar fáil d’infheistíocht chaipitil phoiblí i gcomparáid leis na deich mbliana seo caite.

As an €52.5 billiún, tá €45.1 billiún á leithdháileadh faoin bPlean Forbartha Náisiúnta do thosaíochtaí infheistíochta straitéiseacha ollmhóra Rialtais (atá san áireamh i dtábla 3.2) ar fud NSO’nna go léir sa tréimhse 2023 go 2027.[8] Léiríonn sé seo tiomantas an Rialtais do Thosaíochtaí Infheistíochta Straitéiseacha atá aitheanta sa Phlean Forbartha Náisiúnta a sheachadadh. Tá an €7.4 billiún atá fanta á choinneáil le freastal ar cheanglais leanúnacha caiteachais caipitil thar an dara leath den tréimhse agus mar chúlchiste teagmhasach le freastal ar cheanglais maoinithe nach rabhthas ag súil leo agus/nó tosaíochtaí nua a d’fhéadfadh a theacht chun cinn de réir mar atá an Plean Forbartha Náisiúnta á chur i bhfeidhm. Déanfar an cúlchiste seo a leithdháileadh tríd an bpróiseas Meastacháin bliantúil de réir mar a thugtar na teorainneacha ilbhliantúla rollacha cúig bliana cothrom le dáta.

Tugadh isteach an leasú maoinithe seo le Ranna a spreagadh le tograí infheistíochta a fhorbairt atá dírithe ar thosaíochtaí an NPF a bhaint amach agus a chuireann le soiléireacht fís straitéiseach 10 mbliana do bhonneagar chaipitil phoiblí na hÉireann. Tá aithint an ceann scríbe seo in ann iad a threorú agus eolas a chur ar fáil ansin do dhearadh agus do chur i bhfeidhm a gcuid caiteachais infheistíochta ón mbliain 2018 ar aghaidh.

[8] Lena n-áirítear maidir le tiomantais íocaíochta PPP.

**Tábla 3.1: Caiteachas Caipitil Phoiblí atá roinnte idir Stáitchiste agus Neamh-Státchiste do 2018-2027**

| € billiún* | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Státchiste– Ollchaiteachas | 5.8 | 7.3 | 7.9 | 8.6 | 8.9 | 9.4 | 10.0 | 10.5 | 11.0 | 11.6 | 91.0 |
| Neamh-Státchiste** | 2.6 | 2.7 | 2.6 | 2.6 | 2.4 | 2.4 | 2.4 | 2.4 | 2.4 | 2.4 | 24.9 |
| Caiteachas Caipitil | 8.4 | 10.0 | 10.5 | 11.2 | 11.3 | 11.8 | 12.4 | 12.9 | 13.4 | 14.0 | 115.9 |
| Státchiste mar % de GNI* | 2.9% | 3.5% | 3.7% | 3.8% | 3.8% | 3.9% | 4.0% | 4.0% | 4.0% | 4.1% | |

*Éifeachtaí Slánúcháin.

**Nóta: Déanann Comhlachtaí Tráchtála Leathstáit, SOE'nna agus comhlachtaí neamhStátchiste eile a gcuid cinntí infheistíochta ar aon dul le pleananna gnó agus ní théann an chuid is mó thar an mbliain 2021 ag an bpointe ama seo. Dá bhrí sin, tá meastachán caol déanta go mbeidh infheistíocht neamhStátchiste seasmhach ag €2.4 billiún ar bhonn bliantúil thar an tréimhse 2022 go 2027.

**Tábla 3.2 Leithdháiltí táscacha acmhainní le NSO'nna a sheachadadh, agus do Thorthaí Straitéiseacha Infheistíochta ainmnithe faoi gach aon NSO, thar an tréimhse 2018-2027**

| € billiún | Státchiste | Neamh-Státchiste | Leithdháileadh |
|---|---|---|---|
| **1. Fás Dlúth** (Roinn Stiúrtha: DHPLG: Ranna gaolmhara DTTAS, DRCD) | | | **14.5** |
| ar a bhfuil: Soláthar Tithíocht Shóisialta | 11. | | |
| An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach | 2.0 | | |
| **2. Inrochtaineacht Réigiúnach Fheabhsaithe** (An Roinn Stiúrtha: | | | **7.3** |
| ar a bhfuil: An M20 Corcaigh go Luimneach | 0.9 | | |
| Bóithre Náisiúnta | 5.7 | | |
| **3. Geilleagair agus Pobail Tuaithe Neartaithe** (Ranna Stiúrtha: DRCD, DAFM. Ranna Gaolmhara: DBEI, DTTAS, DCHG, DCCAE) | | | **8.8** |
| ar a bhfuil: Bóithre Réigiúnacha agus Náisiúnta | 4.5 | | |
| An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe | 1.0 | | |
| An Plean Náisiúnta Leathanbhanda | Faoi Rún | | |
| Talmhaíocht | 0.8 | | |
| Turasóireacht | 0.3 | | |
| Fiontair faoi Úinéireacht Stáit (mar shampla, Coillte, Bord na Móna) | | 0.8 | |
| **4. Soghluaisteacht Inbhuanaithe** (Roinn Stiúrtha: DTTAS) | | | **8.6** |
| ar a bhfuil: Leathnú an Dart | 2.0 | | |
| Metro Link | 3.0 | | |
| Clár BusConnects | 2.4 | | |
| **5. Geilleagar Láidir: Fiontraíocht, Nuáil & Scileanna ag tacú leis** (Ranna Stiúrtha: DBEI, DES) | | | **9.4** |
| ar a bhfuil: Breisoideachas/Ardoideachas | 3.1 | | |
| Infheistíocht Ollscoile | | 2.0 | |
| Cláir BEI | 3.0 | | |
| Ciste Nuálaíochta Bunathraithí Dúshlánbhunaithe | 0.5 | | |
| Gníomhaireachtaí Fiontraíochta | | 0.8 | |
| **6. Nascacht Idirnáisiúnta Ardcháilíochta** (Ranna Stiúrtha): SOE'nna tráchtála, DTTAS) | | | **4.8** |
| ar a bhfuil: Aerfoirt | | 3.8 | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Poirt | | 1.0 | |
| **7. Cur le Conláistí agus Oidhreacht** (Ranna Stiúrtha: DCHG, DHPLG, DTTAS) | | | **1.4** |
| ar a bhfuil: Bonneagar Cultúir | 0.7 | | |
| Oidhreacht | 0.3 | | |
| Spórt | 0.3 | | |
| **8. Aistriú chuig Sochaí Ísealcharbóin atá seasmhach ó thaobh na hAeráide** Ranna Stiúrtha: DCCAE, DTTAS, DAFM, OPW, | | | **21.8** |
| ar a bhfuil: Éifeachtúlacht Fuinnimh – aisfheistiú tithíochta | 3.0 | | |
| Éifeachtúlacht Fuinnimh i bhfoirgnimh Phoiblí | 0.8 | | |
| Athsholáthar coire | 0.7 | | |
| Scéim Tacaíochta do Theas In-athnuaite | 0.3 | | |
| An Ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide | | 0.5 | |
| Feithiclí Leictreacha | 0.2 | | |
| Cosaintí in aghaidh Tuilte | 1.0 | | |
| Infheistíocht Fuinneamh (in-athnuaite, idirnascacht, srl) | | 13.7 | |
| **9. Bainistíocht Inbhuanaithe ar Acmhainní Uisce agus Acmhainní Comhshaoil Eile** (Roinn Stiúrtha: DHPLG, DCCAE) | | | **8.8** |
| ar a bhfuil: Uisce Éireann | 6.8 | 1.7 | |
| **10. Rochtain ar Chúram Leanaí, Oideachas agus Seirbhísí Sláinte ar Ardchaighdeán (**Ranna Stiúrtha: DCYA, DES, DH) | | | **20.1** |
| ar a bhfuil: Cúram Leanaí | 0.4 | | |
| Oideachas (Scoileanna) | 8.8 | | |
| Sláinte | 10. | | |
| **11. Earnálacha eile** (lena n-áirítear, DD, DJE, DFAT, an Roinn Airgeadais, DPER srl.) | | | **3.0** |
| ar a bhfuil: Ceartas | 1.3 | | |
| Cosaint | 0.5 | | |
| **12. Teagmhas/Cúlchiste** | | | **7.4** |

Ní ionann na Tosaíochtaí Infheistíochta Straitéiseacha atá liostaithe thuas agus liosta uileghabhálach de mhaoiniú caipitil atá leithdháilte faoi na NSO'nna ábhartha.

**Acrainmneacha:** An Roinn: Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM); Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta (DBEI); Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Chomhshaol (DCCAE); Oideachais agus Scileanna (DES); Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (DCHG); Airgeadais (DF); Gnóthaí Eachtracha agus Trádála (DFAT); Cosanta (DD); Sláinte (DH); Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DHPLG); Dlí agus Cirt agus Comhionannais (DJE); Forbartha Tuaithe agus Pobail (DRCD); Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER); Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (DTTAS); Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW); Fiontair faoi Úinéireacht Stáit (SOE)


Cathair Luimnigh. Foinse: Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh



## 3.7 Cistí Tuaithe, Uirbeacha, Teicneolaíochta agus Gníomhú ar son na hAeráide

Tá bunú ceithre chiste chun treallús a chur faoi sheachadadh tosaíochtaí croíláir sainiúla atá mionsonraithe sna NPF ar nuálaíocht ollmhór sa tsamhail mhaoinithe leasaithe don Phlean Forbartha Náisiúnta. Is iad na cheithre chiste a bhfuil acmhainní leithdháilte i gceist leo arbh ionann iad agus €4 billiún thar thréimhse 10 mbliana an Phlean Forbartha Náisiúnta:

- **An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe**:
  Cuirfidh €1 billiún, faoin Roinn Forbartha, Tuaithe agus Pobail, athnuachan tuaithe chun cinn ar mhaithe le cur ar chumas bailte, sráidbhailte, agus ceantair iargúlta tuaithe fás inbhuanaithe a dhéanamh agus tacú le cuspóirí straitéiseacha an NPF a sheachadadh.
- **An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach**:
  Tacóidh €2 billiún, faoin Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil le comhfhorbairt chumasóirí fáis an NPF do na chúig bhaile agus ionaid mhóra uirbeacha eile.  Áirítear ar shamplaí a bhfuil an acmhainneacht acu tacaíocht a fháil faoin gCiste tá, ceantar na nDuganna i gCorcaigh (Duganna na Cathrach agus Tivoli agus soghluaisteacht ghaolmhar agus rochtain droichid), tionscnamh 2030 Luimnigh, tionscadal athghiniúna SDZ an Ché Thuaidh, Port Láirge, pleananna athghiniúna do Lár na Cathrach i nGaillimh agus tionscnamh deartha agus athnuachan uirbeach do Phort Laoise.
- **An Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha:**
  €500 milliún, faoin Roinn Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta; agus
- **An Ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide:** €500 milliún, faoin Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

Tá tuilleadh mionsonraí maidir leis feidhmiú na cistí leagtha amach i gCaibidil 5, faoin Toradh Straitéiseach Náisiúnta.

Rinneadh breithniú ar líon fachtóirí difriúla agus cinneadh á dhéanamh maidir le leithdháileadh acmhainní idir athghiniúint uirbeacha agus tuaithe agus cistí forbartha, lena n-áirítear:

- an cion den daonra atá ina gcónaí faoi láthair i gceantair uirbeacha (63%) agus tuaithe (37%) faoi seach arna sainmhíniú ag an CSO;
- an cuspóir faoin NPF tionchar a bheith ar phatrúin fáis cathracha, baile agus ceantair thuaithe;
- costais níos airde agus dúshláin níos mó a eascraíonn go minic maidir le ceantair uirbeacha a fhorbairt, a léiríonn, mar shampla, luach talún atá níos airde, suíomhanna atá níos srianta go fisiciúil, scála seirbhísí faoi thalamh; agus
- scóip cathracha agus bailte móra le seirbhís a sholáthar do cheantar níos leithne.

D'fhéadfadh na fachtóirí seo cóimheas atá gar do 3:1 a thabhairt le tuiscint agus breithniú a dhéanamh ar mhéid an chiste uirbigh i gcomparáid le méid an chiste tuaithe. Tá sé tábhachtach a thabhairt san áireamh, áfach, go nglacann an NPF le sainmhíniú leathan i leith 'tuath', lena n-áirítear, lonnaíochtaí níos lú le daonra idir 1,500 agus 10,000 nach bailte contae nó ionaid mhóra fostaíochta iad agus is gnáth leo a bheith comhtháite go dlúth leis na ceantair thuaithe máguaird. Léiríonn sé sin go bhfuil cóimheas 2:1 níos cuí ó thaobh acmhainní a leithdháileadh idir an dá chiste. Cuireann an cur chuige seo ar chumas bailte atá sa chatagóir níos lú (m.sh. na bailte sin le daonra 1,500 – 10,000) a bheith incháilithe don chiste tuaithe seachas a bheith in iomaíocht le cathracha agus le bailte móra. Beidh bailte den chineál seo incháilithe le hiarratas a dhéanamh faoi cheachtar ciste, cé nach gcuirfear maoiniú ar fáil ach amháin faoi aon chiste amháin d'aon tionscadal ar leith.

Táthar ag súil go mbeidh an dá chiste bunaithe ón mbliain 2019 ar aghaidh ar bhonn maoiniú comhiomlán tosaigh atá gar de €200 milliún agus cuirfear leo thar thréimhse trí go ceithre bliana lena lánscála oibríochta a bhaint amach. Áireoidh an dá chiste gné thairisceana iomaíoch suntasacha agus nuair is cuí agus is praiticiúil, déanfar iarracht infheistíocht phríobháideach bhreise a ghiaráil ag tarraingt ar thaithí náisiúnta reatha agus roimhe seo agus ar shárchleachtas idirnáisiúnta.

Éileoidh na cuspóirí tosaíochta atá leagtha amach san NPF glacadh le cur chuige rialtais iomlán ag leibhéal lárnach chomh maith le diansaothrú agus neartú meicníochtaí do phleanáil agus do struchtúir seachadta atá comhtháite go dlúth. Bheadh an rialtas láir, údaráis réigiúnacha, údaráis áitiúla agus an earnáil phríobháideach i gceist le struchtúir den sórt sin. Tá sé cruthaithe go bhfuil bunú ceithre chiste ainmnithe le fócas faoi leith ar bhaint amach cuspóirí áirithe beartais poiblí thar a bheith éifeachtach i roinnt cásanna ó thaobh spreagadh a dhéanamh ar ghlacadh le cur chuige comhoibríoch ag comhlachtaí poiblí agus ag eagraíochtaí príobháideacha le spriocanna comhroinnte tábhachtacha a bhaint amach.

Déanfaidh an cur chuige seo éascú ar thairiscint iomaíoch ach ar bhonn comhoibríoch d'acmhainní infheistíochta breise suntasacha ar bhonn fís straitéiseach a cheapadh atá dírithe ar chuspóirí an NPF a sheachadadh i réimsí ar nós athnuachan tuaithe, athghiniúint uirbeach agus cuspóirí gníomh ar son na haeráide a bhaint amach. Bainfidh sé úsáid freisin as gníomhaíochtaí taighde agus forbartha in earnáil an Ardoideachais le teicneolaíochtaí nua a fhorbairt ar bhonn tráchtála, a d'fhéadfadh a bheith ina 'nós imeachta a chuireann athrú ó bhonn' i dtéarmaí deiseanna margaidh atá ann cheana agus deiseanna nua.

Is éard atá i gceist go mbeidh ról tábhachtach ag na cistí ó thaobh imeacht ó acmhainní maoinithe a sholáthar d'eagraíochtaí aonair, go háirithe ar bhonn patrúin infheistíochtaí reatha i bhfabhar tacú le tairiscintí comhoibríocha chun maoiniú a dhéanamh ar thionscadail tábhachtach ar bhonn iomaíoch. Cuireann sé seo deis ar ar fáil ó thaobh a bheith ábalta cur an méid is fearr is féidir leis an acmhainneacht do leibhéal thar a bheith substaintiúil d'acmhainní Státchiste atá ar fáil le haghaidh infheistíocht phoiblí go dtí an bhliain 2027, le súil le díriú ar sheachadadh roinnt de na cuspóirí agus de na tosaíochtaí is tábhachtaí atá mionsonraithe san NPF.

Táthar ag súil go ndéanfar leithdháileadh ar acmhainní ó na cistí seo tríd an bpróiseas Meastacháin bliantúil do thionscadail agus do chláir infheistíochta agus i go leor cásanna, comhfhorbartha, mar shampla, ag ranna rialtais, comhlachtaí poiblí, gníomhaireachtaí stáit, údaráis réigiúnacha agus údaráis áitiúla (agus i gcás an Chiste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha, forais oideachais agus comhlachtaí taighde) agus ag eagraíochtaí príobháideacha. Cinnteoidh an próiseas do thionscadail a roghnú do thacaíocht go mbaintear úsáid as na hacmhainní atá ar fáil leis an tacaíocht is fearr a thabhairt do bhaint amach an NPF faoina téamaí nó faoina tosaíochtaí éagsúla atá leagtha amach san NPF agus atá léirithe mar thosaíochtaí infheistíochta sa Phlean Forbartha Náisiúnta.



Droichead na Bóinne. Foinse: TII

# Caibidil 4:

# Oileán atá Nasctha

Leagtar amach fís dhearfach do thodhchaí Oileán na hÉireann sa Phlean Forbartha Náisiúnta agus sa Chreat Náisiúnta Pleanála (NPF).

Tá ar ár gcumas, trí phleanáil, oibriú agus trí infheistíocht le chéile, sochair ollmhóra a bhaint amach don Réigiún Thuaidh-Theas agus do Réigiún Láir na Teorann agus don limistéar feadh chonair eacnamaíoch Baile Átha Cliath-Béal Feirste.

Beidh ar ár gcumas freisin aghaidh a thabhairt go muiníneach ar na dúshláin atá á gcruthú ag an mBreatimeacht agus a chinntiú go mbeadh ar chumas na hÉireann a bheith mar oileán nasctha i lár an domhain.

## 4.1 An Breatimeacht – Infheistíocht sa tSíocháin agus sa Rathúnas

Ag féachaint chun cinn ar na dúshláin atá á gcruthú ag an mBreatimeacht, leanfaidh dearbhphrionsabail lárnacha Bheartas Geilleagrach an Rialtais de bheith:

- láidir agus inbhuanaithe ó thaobh airgeadas poiblí;
- tiomanta d’fhás fiontair dhúchasacha;
- forbairt réigiúnach agus tuaithe atá cothrom a chur chun cinn;
- poist inbhuanaithe a chruthú;
- geilleagar atá oscailte do thrádáil agus d’infheistíocht, a bhaineann leas as líonra domhanda de Chomhaontuithe Saorthrádála AE;
- sochaí tá oscailte do dhaoine le tallann a thagann chun na tíre seo le maireachtáil, le hoibriú agus le staidéar a dhéanamh nó le gnó a thosú;
- comhalta croíláir den Aontas Eorpach agus do Limistéar an Euro; agus
- na hacmhainní atá riachtanach le hinfheistíocht a dhéanamh inár seirbhísí poiblí a sholáthar.

Tá an NPF agus an Plean Forbartha Náisiúnta seo mar bhonn taca leis na cuspóirí eacnamaíochta seo.

Tá ról atá thar a bheith tábhachtach ag dea-phleanáil fadtéarmach a fhaigheann tacaíocht trí infheistíocht i mbonneagar caipitil phoiblí na hÉireann ó thaobh teacht aniar gheilleagar na hÉireann agus a bhfuil i ndán dúinn maidir leis an mBreatimeacht a chinntiú. Cuideoidh sé le maolú a dhéanamh ar thionchair dhíobhálacha an Bhreatimeachta trí:

- cur le hiomaíochas idirnáisiúnta na hÉireann sa trádáil;
- infheistíocht eachtrach a spreagadh;
- rochtain chuig margaí idirnáisiúnta a fheabhsú; agus
- cinntí infheistíochta gnólachtaí baile.

Tá dhá ghné riachtanacha i gcur chuige náisiúnta na hÉireann i leith dúshláin agus deiseanna Breatimeachta:

- déanfaimid idirbheartaíocht mar chuid den AE27 le leasa na hÉireann a chosaint san idirbheartaíocht maidir leis an mBreatimeacht;
- déanfaimid pleanáil agus infheistíocht ag baile lena chinntiú go bhfuil an geilleagar láidir agus go bhfuil teacht aniar ann.

## Idirbheartaíocht le Leasa na hÉireann a Chosaint

Tá ceithre phríomhthosaíocht aitheanta ag an Rialtas tar éis thoradh an reifrinn ar an mBreatimeacht i mí an Mheithimh 2016.

- Trádáil agus an geilleagar.
- Próiseas na síochána.
- An comhlimistéar taistil.
- Todhchaí na hEorpa.

Tá dul chun cinn maith déanta ó shin le freastal ar chuspóirí na hÉireann.

I mí na Nollag 2017, dhaingnigh Comhthuarascáil ar Dhul Chun Cinn an AE – na Ríochta Aontaithe le linn Céim 1 d'idirbheartaíocht ar an mBreatimeacht na tiomantais seo a leanas:

- cosaint gach cuid de Chomhaontú Aoine an Chéasta;
- ní bheidh aon teorainn chrua ann, lena n-áirítear aon bhonneagar fisiciúil nó seiceálacha nó rialuithe gaolmhara;
- beidh socruithe ann a bheidh sonrach do na himthosca uathúla ar oileán na hÉireann;
- tacaíocht leanúnach don chomhoibriú Thuaidh-Theas agus Thoir-Thiar;
- cosaint cearta saoránaigh AE ó Thuaisceart na hÉireann;
- cosaint cearta agus forálacha comhionannais Chomhaontú Aoine an Chéasta;
- leanúint leis an gComhlimistéar Taistil idir an Bhreatain agus Éire;
- leanúint le cláir mhaoinithe PEACE agus INTERREG do Thuaisceart Éireann agus do réigiún na teorann.
- tiomantas go bhféachfar go fabhrach ar fhéidearthachtaí maoinithe Chláir PEACE agus INTERREG amach anseo; agus
- sraith sainiúil na hÉireann sa chéad chéim eile den idirbheartaíocht, lena n-áirítear, ag déileáil le saincheisteanna a bhaineann le hiompar earraí (chun agus as Éirinn tríd an Ríocht Aontaithe).

Luaitear in Alt 49 den Chomhthuarascáil go bhfuil an Ríocht Aontaithe tiomanta i gcónaí don chomhoibriú Thuaidh-Theas a chosaint agus tiomanta dá ráthaíocht, sé sin teorainn chrua a sheachaint. Ní mór go mbeidh aon socruithe amach anseo curtha in oiriúint do na ceanglais uileghabhálacha seo. Is éard atá i gceist ag an Ríocht Aontaithe na cuspóirí seo a bhaint amach tríd an gcaidreamh foriomlán AE – an Ríocht Aontaithe. Sa chás nach bhfuil sé sin indéanta, beidh réitigh sonracha á moladh ag an Ríocht Aontaithe le haghaidh a thabhairt ar na himthosca uathúla ar oileán na hÉireann.
Déanfaidh an Ríocht Aontaithe, in easnamh réitigh comhaontaithe, cothabháil ar ailíniú iomlán leis na rialacha seo an Mhargaidh Inmheánaigh agus an Aontais Custam, a thugann tacaíocht faoi láthair nó amach anseo don chomhoibriú Thuaidh-Theas, don gheilleagar uile-oileánda agus do chosaint Chomhaontú na bliana 1998.

Baineann an chéim reatha d'idirbheartaíocht an Bhreatimeachta leis an méid seo a leanas:

- comhaontú aistarraingthe;
- na socruithe aistrithe, don tréimhse díreach tar éis don Ríocht Aontaithe imeacht as an AE i Márta na bliana 2019; agus
- an chuma a bheidh ar an gcaidreamh idir an Ríocht Aontaithe agus an AE amach anseo.

Cinnteoidh Éire, sa chéim seo, go gcuirtear i bhfeidhm na tiomantais roimhe seo ar shaincheisteanna ar nós teorainn chrua a sheachaint.

Tabharfaidh an Rialtas tosaíocht dár leasa freisin ó thaobh a chinntiú go mbeidh an caidreamh amach anseo idir an AE agus an Ríocht Aontaithe chomh dlúth agus is féidir.

Tabharfaimid faoin idirbheartaíocht mar chuid d'fhoireann láidir agus aontaithe an AE27, cé go dtuigeann muid nach bhfuil an toradh faoinár smacht go hiomlán mar go bhfuil sé sin ag brath ar sheasamh na Ríochta Aontaithe agus ár gcomhpháirtithe AE27

Mar gheall air sin, tá sé níos tábhachtaí fós go ndéantar na cinntí cearta beartais ag baile.

Tá an NPF agus an Plean Forbartha Náisiúnta mar chuid ríthábhachtach den bhunús le haghaidh oileán atá rathúil, agus síochánta tar éis an Bhreatimeachta.

# Gníomhartha Tosaíochta Infheistíochta Tosaigh an Bhreatimeachta

### Acmhainn Taighde agus Nuálaíochta Thuaidh-Theas a Fhorbairt

- Seacht gcinn de Thionscadail Snáithe Taighde agus Nuálaíochta INTERREG
- Cuirfear maoiniú de €53 milliún ar an iomlán ar fáil sna ceithre bliana atá romhainn
- Tabharfar faoi thaighde ardleibhéil ar na heolaíochtaí sláinte agus beatha agus ar fhuinneamh in-athnuaite

### Ag cur Taighde agus Nuálaíochta chun cinn do SME’nna

- Tionscnamh Snáithe Taighde agus Nuálaíochta sonrach INTERREG chun cuidiú le SME’nna
- Cuirfear maoiniú de €18 milliún ar fáil sna ceithre bliana atá romhainn
- Beidh tacaíocht bhunúsach á fháil ag 1,408 cuideachta

### Cuidiú le SMEnna ullmhú don Bhreatimeacht

- Scéim Iasachta Caipiteal Oibre €300 milliún an Bhreatimeachta
- Tionscnaimh maoinithe iasachta fadtéarmacha a fhorbairt chun tacú le bunathrú gnó
- Cuideoidh an EI le 1,000 gnólacht le pleananna inbhuanaitheachta agus fáis a fhorbairt
- Leanfaidh Idir-Thrádáil Éireann le tacaíocht a thabhairt do SME’nna atá ag trádáil trasna na Teorann
- Oibreoidh Bord Bia le gnólachtaí bia agus dí sna réigiúin le margaíocht straitéiseach a láidriú

### Infheistíocht Nua a Mhealladh

- Déanfaidh IDA Ireland margaíocht ghníomhach ar na réigiúin maidir le deiseanna a eascróidh ón mBreatimeacht
- Cuirfear le saoráidí Maoine Réigiúnacha agus le soláthar ardcháilíochta an IDA i Réigiúin na Teorann

### Infheistíocht Caipitil Thuaidh-Theas sa Turasóireacht

- Infheistíocht sa Bhonneagar digiteach do mhargaíocht turasóireachta uile-oileánda

### Saineolas Eolaíochta a Fhorbairt san Iarthuaisceart

- Cuireadh dhá shaoráid sainchuspóra ar fáil i nDoire agus i Leitir Ceanainn mar chuid den chlár INTERREG roimhe seo, chun cur le taighde teicniúil agus tráchtála nuálaíochta
- Leanfar le tacaíocht a thabhairt don tionscnamh rathúil seo sna blianta atá romhainn

### Iompar Inbhuanaithe Trasteorann a Éascú

- Mol Soghluaisteachta Ilmhódach an Iarthuaiscirt
- Glasbhealaí an Iarthuaiscirt
- Glasbhealach Loch Cairlinn
- Glasbhealach Chanáil Chúige Uladh

### Pleanáil agus Infheistíocht d'Impleachtaí an Bhreatimeachta

Mar gur beartas de chuid na Breataine atá sa Bhreatimeacht nach rachaidh chun tairbhe don tír seo, tabharfaimid aghaidh le dearfacht agus le cinnteacht ar na dúshláin a bheidh á gcruthú ag an mBreatimeacht.

Oibreoimid go crua freisin le haon deiseanna a thagann as an mBreatimeacht a thapú.

Táimid ag pleanáil d'fhás mór ar an daonra ar Oileán na hÉireann agus d'fhás inbhuanaithe leanúnach an gheilleagair. Cinnteoidh ár dtosaíochtaí infheistíochta go mbeidh an geilleagar iomaíoch agus go mbeidh teacht aniar ann i gcónaí.

Airíonn sé seo infheistíocht shuntasach i:

- nascacht trí bhóithre agus iompar poiblí feabhsaithe;
- rochtain idirnáisiúnta agus slabhraí soláthair trí phoirt agus aerfoirt;
- príomhsheirbhísí ar nós leathanbhanda agus idirnasc fuinnimh;
- scileanna ár muintire trínár bhforais oideachais agus oiliúna;
- bonn fiontraíochta;
- acmhainní nádúrtha agus ár dtionscal agraibhia a bhfuil cáil dhomhanda air;
- saoráidí eolaíochta, nuálaíochta agus taighde;
- tithíocht agus fórsa saothair atá ag fás;
- cultúr agus oidhreacht; agus
- ár lorg domhanda.

Is féidir linn, trína cinntí infheistíochta atá sa Phlean Forbartha Náisiúnta a chur i bhfeidhm, a chinntiú go mbeidh geilleagar againn atá láidir, táirgiúil agus ina bhfuil teacht aniar ann sna blianta atá romhainn.

## 4.2 Comhpháirtíocht Láidir Uile-Oileánda

Tá athrú ó bhonn tagtha ar an gcuid ó thuaidh d'oileán na hÉireann leis na déaga de bhlianta, agus tá cuid de sin síos do naisc eacnamaíochta feabhsaithe a bhfuil forbairt déanta orthu ó thángthas ar Chomhaontú Aoine an Chéasta sa bhliain 1998, agus tá contaetha na teorann go háirithe ag baint buntáiste suntasach as seo. Tá athrú tagtha ar shaol laethúil na bpobal agus tá leathnú tagtha ar dheiseanna fosaíochta trí naisc eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha trasteorann atá feabhsaithe, a bhfuil tairbhe bainte ag an uile dhuine astu.

Tá dul chun cinn thar na bearta déanta ar chomhpháirtíochtaí eacnamaíochta a fhorbairt a bhfuil buntáiste ann ó thaobh iomaíochas agus táirgiúlacht sa dá chuid den tír. Áirítear anseo forbairtí dearfacha i dtéarmaí nascacht idirnáisiúnta, líonraí fuinnimh agus slándáil soláthair, talmhaíocht agus turasóireacht, timpeallacht, teileachumarsáid agus nascacht idir príomhionaid uirbeacha, sreabhadh margadh saothair agus oideachas agus scileanna agus cúram sláinte.

Tá sé thar a bheith riachtanach, leis an mBreatimeacht ar na bacáin, leanúint ag cur le comhpháirtíochtaí seasmhacha i bpríomhréimsí comhleasa eacnamaíochta agus sóisialta. Tabharfaidh oibriú as a chéile don leas coiteann i réimsí mar eacnamaíocht, nuálaíocht agus gníomhaíocht gnó, tacaíocht d'iomaíochas réigiúin na Teorann agus d'fhás féinchothabhálach araon. Cuirfidh sé go mór leis na leasa ó thorthaí comhpháirtíochta den sórt sin i dtéarmaí cruthú poist, forbairt scileanna, táirgiúlacht, trádáil agus seirbhísí do dhaoine ar an dá thaobh den teorainn.

Ó dhearcadh infheistíocht gnó agus fiontair de, tá tábhacht ag baint le réigiúin atá láidir agus le héiceachórais gnó ar scála agus ar cháilíocht chun tacú le nuálaíocht fiontair agus le fás táirgiúlachta.
Le blianta beaga anuas, tá buntáiste bainte ag gnólachtaí sa Tuaisceart agus sa taobh ó Dheas araon as margadh uile-oileánda atá níos mó. Beidh cnuasú agus ceirtleánú i réigiún na Teorann fós mar chainéal tábhachtach don nuálaíocht agus do chruthú poist.
Faigheann gnólachtaí atá lonnaithe gar do ghnólachtaí eile atá sa tionscal céanna eolas níos tapa maidir le teicneolaíochtaí agus le margaí nua agus tá an acmhainneacht acu, dá bhrí sin, a bheith níos táirgiúla. Tá príomhearnálacha ann inar féidir le gnólachtaí oibriú i gcomhar le chéile ar mhaithe leis an leas coiteann agus le forbairt a dhéanamh ar a mbuntáiste iomaíoch. Mar shampla, san earnáil innealtóireachta, áit a bhfuil forbairt clár soláthair agus printíseachta ar an dá thaobh den teorainn ag dul chun comhleasa.

Níos ginearálta fós, tá sé riachtanach go ndéantar cothabháil ar cheangail gheilleagracha, sóisialta agus cultúrtha atá chomh domhain sin agus atá mar réaltacht laethúil d'fhormhóir na ndaoine feadh na Teorann, ó Thuaidh agus ó Dheas, agus tá rath tagtha orthu sin le blianta beaga anuas, agus go ndéantar doimhniú freisin ar na réimsí comhpháirtíochta, ag daingniú rathúnas don uile dhuine. Leanfaimid le réimsí feidhme príomhionaid uirbeacha i gcontaetha na Teorann a láidriú, trí chomhoibriú i réimsí comhleasa oideachais, sláinte agus gnó.

Leanfaidh tábhacht shuntasach a bheith le forbairt comhpháirtíochtaí éifeachtacha san fhadtéarma d'fhorbairt gheilleagrach agus do rathúnas ó Thuaidh agus ó Dheas. Mar a aithnítear san NPF, tá sé riachtanach go leantar le béim leordhóthanach a chur ar ról na réigiún agus na n-ionad mar chuid de chóras idirnasctha ar an oileán. Beidh sé mar thosaíocht trí chur i bhfeidhm an NPF agus an Plean Forbartha Náisiúnta, leanúint le pleanáil agus forbairt atá comhordaithe níos fearr a spreagadh ar mhaithe lena chinntiú go leanfaidh trádáil agus tráchtáil ar aghaidh i bpríomhréimsí feidhme na bpriomhionad uirbeach, ionas gur féidir le gach réigiún cur leis an gcion a chuireann siad leis an rathúnas náisiúnta agus é a láidriú.

## 4.3 Infheistiú i Réigiún na Teorann

Is ionann an Plean Forbartha Náisiúnta agus athrú céime ar leith dom chuid ó thuaidh d'oileán na hÉireann, lena n-áirítear contaetha na teorann agus réigiún an Iarthuaiscirt.

Mar a leagtha amach san NPF, teastaíonn ón Rialtas oibriú le húdaráis Thuaisceart Éireann ar fud trí phríomhghné:

- ag obair le chéile um Buntáiste Eacnamaíoch;
- comhordú ar infheistíocht sa bhonneagar; agus
- ár dtimpeallachta comhroinnte a bhainistiú.

Trí oibriú le chéile, beidh ar ár gcumas lánacmhainneacht Thuaidh-Thiar, Réigiún Láir na Teorann agus Conair Bhaile Átha Cliath-Béal Feirste a bhaint amach.

Is í sin an chúis go n-aithnítear go sainráite san NPF:

- go bhfuil Sligeach san Iarthuaisceart ag comhlíonadh ról ionad réigiúnach;
- Feidhmíonn Leitir Ceanainn, le Cathair Dhoire agus Srath Bán mar réigiún cathrach trasteorann;
- Tá Dún Dealgan agus Droichead Átha mar phríomhionaid ar líonra trasteorann Droichead Átha-Dún Dealgan-An tIúr agus i gcomhthéacs conair gheilleagrach Bhaile Átha Cliath-Béal Feirste; agus
- tá an tOirthuaisceart ina limistéar feidhmiúil a chuimsíonn cuid de dhá limistéar Thionól Réigiúnach ina bhfuil an chuid is mó de Chontae an Chabháin agus Contae Mhuineacháin, le naisc láidre le conair gheilleagrach Bhaile Átha Cliath-Béal Feirste.

Déantar foráil sa Phlean Forbartha Náisiúnta d'infheistíocht chun tacú leis an uaillmhian le forbairt a dhéanamh ar réigiún na teorann, lena n-áirítear:

- bóthar an N2/A5, a fhreastalaíonn ar an Mhí, Muineachán agus Dún na nGall;
- an N14 Mainéar Uí Chuinneagáin go Leifear;
- an N52 Seachbhóthar Bhaile Átha Fhirdhia;
- an N2 Seachbhóthar Bhaile Shláine;
- an N4 Cúil Mhuine go Béal Átha na gCarraigíní;
- an N5 Cathair na Mart go Turlach agus Bealach an Doirín go Scramóg;
- an N56 an Clochán Liath go dtí na Gleannta agus Tamhnach an tSalainn go hInbhear;
- iniúchadh ar na deiseanna le feabhsúcháin a chur ar fhad na dturas agus infheistíocht i naisc iarnróid ardluais idir Béal Feirste, Baile Átha Cliath agus Corcaigh;
- an chéad chéim eile d'athchóiriú Chanáil Uladh i gContae Mhuineacháin;
- tacaíocht a thabhairt do thionscadal *an Narrow Water Bridge* i gContae Lú;
- tacaíocht a thabhairt do Chomhpháirtíocht Straitéiseach an Iarthuaiscirt idir Dún na nGall agus Doire;
- forbairt leanúnach líonraí fuinnimh chomhtháite Thuaidh-Theas;
- rochtain fheabhsaithe ar sheirbhísí sláinte ar bhonn trasteorann; agus
- naisc mhéadaithe idir fhorais ardoideachais.

## 4.4 Ag cur Comhoibriú Thuaidh-Theas chun cinn

Beidh an creat institiúideach don chomhoibriú Thuaidh-Theas níos tábhachtaí ná riamh anois ó thaobh cuidiú le cuspóirí an phlean seo a bhaint amach agus chun dul i ngleic le saincheisteanna a eascraíonn as an mBreatimeacht.

### An Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas

Tá creat straitéiseach mionsonraithe i bhfeidhm cheana féin ag an gComhairle Aireachta Thuaidh-Theas (NSMC) atá ag feidhmiú mar phríomhfóram le comhoibriú Thuaidh-Theas a chur chun cinn.

D'fhéadfadh ról lárnach a bheith ag an gcomhoibriú Thuaidh-Theas ó thaobh seachadadh a dhéanamh ar fheabhsúcháin éifeachtúlachta geilleagracha suntasacha don dá gheilleagar atá ar an oileán. D'fhéadfadh infheistíocht i mbonneagar cuidiú le lánacmhainneacht gheilleagair an oileáin a chur chun oibre, go háirithe dóibh siúd atá ina gcónaí i gceantair na teorann.

Tá an creat atá á sholáthar ag an NSMC tábhachtach go háirithe i gcomhthéacs na neamhchinnteachta geilleagraigh atá as eascairt as an mBreatimeacht. Tar éis reifreann na Ríochta Aontaithe ar bhallraíocht an AE, comhaontaigh an NSMC líon comhphrionsabail tábhachtacha chun déileáil leis an mBreatimeacht ar bhonn uile-oileánda, le measúnú a dhéanamh ar impleachtaí earnála don tír seo, ó Thuaidh agus ó Dheas, agus comhaontaigh siad comhoibriú i dteannta a chéile leis an leas is fearr a bhaint as pleanáil Thuaidh-Theas sna céimeanna roimh agus tar éis an Bhreatimeachta.

### Aonad Radaiteiripe in Ospidéal Allt Mhic Dhuibhleacháin

Tá an t-aonad seo ag feidhmiú anois agus is sampla den scoth atá ann sa chaoi a gcuireann sé buntáistí ar fáil do shaoránaigh an chomhoibrithe Thuaidh-Theas. Tá an t-aonad cómhaoinithe seo ag cur rochtain ar fáil anois do sheirbhísí radaiteiripe do bhreis is leath mhilliún duine ar fud na coda Thuaidh-Theas den oileán. Tá cúram péidiatraiceach cairdiach na tíre ag baint leasa as an gcomhoibriú láidir idir Ranna Sláinte Thuaidh agus Theas faoi seach.

## Tiomantais Infheistíochta faoi Chomhaontú Tús Nua

Bhí líon tiomantais i *gComhaontú Tús Nua* mhí na Samhna 2015 le tacaíocht agus maoiniú a sholáthar do thionscadail bonneagair Thuaidh-Theas, lena n-áirítear tacaíocht de £25 milliún sa bhliain 2019 leis an gcéad chuid de thionscadal bóthar an A5 a chríochnú, sa bhreis ar an £50 milliún a bhí tiomanta cheana féin. Tá an Rialtas tiomanta do thuilleadh rannpháirtíochta i bhforbairt an A5 agus leanfaidh siad leis an rannpháirtíocht le Feidhmeannacht Thuaisceart Éireann maidir leis an tionscadal seo.

Sa Tús Nua chomhaontaigh an Rialtas freisin tabhairt faoi athbhreithniú ar thiomantais d'infheistíocht spriocdhírithe i mbonneagar eacnamaíoch trasteorann, i gcomhar le Feidhmeannacht Thuaisceart Éireann. Áireofar san athbhreithniú roghanna d'fhorbairt amach anseo tionscadail Narrow Water Bridge agus Chanála Uladh.

Tá tiomantas i gComhaontú Tús Nua le Ciste Forbartha Thuaidh-Theas a bhunú agus tá €2.5 milliún tiomanta ag an Rialtas chun tacú le forbairt réigiúnach agus chun cuidiú le poist a chruthú agus infheistíocht a chur chun cinn, lena n-áirítear obair Chomhairle Chontae Dhún na nGall agus Comhairle Cathrach Dhoire agus Comhairle Ceantair an tSratha Báin ar Thionscnamh Tairsí an Iarthuaiscirt.

Tabharfaidh an Rialtas a thiomantas cothrom le dáta chun cur le hinfheistíocht cómhaoinithe trasteorann sa chás go dtagtar ar chomhaontú chun institiúidí polaitiúla Thuaisceart Éireann a thabhairt ar ais.

## Maoiniú AE

Tá Éire agus an Ríocht Aontaithe ina gcomhpháirtithe faoi láthair in dhá chlár comhoibrithe trasteorann atá maoinithe ag an AE. Tá cláir PEACE agus INTERREG, le comhluach de €550 milliún thar an tréimhse 2014 go 2020 agus atá á mbainistiú ag Comhlacht na gClár Speisialta AE, ar cheann de na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh-Theas a bhunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta.

Is ionann na cláir seo agus tiománaithe tábhachtacha maidir le forbairt réigiúnach i gcomhthéacs trasteorann. Trí chomhoibriú a bhí maoinithe ag an AE, bhí raon Ranna agus gníomhaireachtaí ó Thuaidh agus ó Dheas rannpháirteach agus bhain siad bhuntáiste as tionscadail éagsúla trasteorann agus trasphobail.

Tá tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa mar fhoinse thábhachtach maoinithe do chláir PEACE agus INTERREG. Is gné lárnach atá ann freisin de thiomantas leanúnach an Aontais Eorpaigh sa phróiseas cur le síocháin agus athmhuintearas sa réigiún sa cheathrú deiridh den chéad.

Tá an Rialtas tiomanta na cláir reatha agus na cláir a bheidh ag teacht ina ndiaidh tar éis na bliana 2020 a chur i bhfeidhm go rathúil.

## Na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh-Theas

Tá sé réimse den chomhoibriú Thuaidh-Theas tugtha chun cinn trí na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh-Theas a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta. Feidhmíonn na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh-Theas faoi threoir beartais foriomlán ón NSMC, agus tá línte soiléire cuntasachta ag dul ar ais chun na comhairlí, chun an Oireachtais agus chuig Tionól Thuaisceart Éireann.

Is iad na sé chomhlacht:

- **Uiscebhealaí Éireann**: bainistiú, cothabháil, forbairt agus athchóiriú a dhéanamh ar uiscebhealaí intíre inseolta sonracha do chríocha caitheamh aimsire go príomha.
- **Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia**: taighde ar shábháilteacht bia a chur chun cinn do shábháilteacht bia, cumarsáid maidir le rabhaidh um bia, faireachas i ndáil le galar bia-iompartha, comhoibriú eolaíoch agus naisc saotharlainne a chur chun cinn agus saoráidí atá éifeachtach ó thaobh costais do thástáil speisialaithe saotharlainne a fhorbairt.
- **Idir-Thrádáil Éireann**: Trádáil agus gnó ar bhonn uile-oileánda agus trasteorann a chur chun cinn agus cur le hiomaíochas domhanda an gheilleagair uile-oileánda ar mhaithe le comhleasa na hÉireann agus Tuaisceart Éireann.
- **Comhlacht na gClár Speisialta AE:** feidhmeanna bainistíochta agus maoirseachta maidir le cláir AE, lena n-áirítear cláir PEACE agus INTERREG.
- **An Foras Teanga**: Tá an Foras Teanga freagrach as an nGaeilge a chur chun cinn ar fud an oileáin agus cuireann an *Board of Ulster-Scotch* an Ultais chun cinn.
- **Gníomhaireacht na Lochanna**: cur chun cinn agus forbairt Loch Feabhail agus Loch Cairlinn do chríocha tráchtála agus caitheamh aimsire maidir le cúrsaí mara, iascaireachta agus dobharshaothrú.
- **Turasóireacht Éireann:** tá an chuideachta teoranta faoi úinéireacht phoiblí freagrach as margaíocht a dhéanamh ar oileán na hÉireann thar lear mar cheann scríbe saoire agus gnó turasóireachta.

Léiríonn na comhlachtaí Thuaidh-Theas an méid is féidir a bhaint amach trí acmhainní a chur le chéile i réimsí straitéiseacha a thaispeánann go bhfuil deiseanna ann do chomhoibriú feabhsaithe a rachaidh chun leasa do gheilleagar na teorann agus don gheilleagar uile-oileánda níos leithne

Sa bhreis ar an obair atá á dhéanamh ag na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh-Theas, comhaontaíonn an NSMC comhbheartais agus cur chuige maidir leis an timpeallacht, sláinte, talmhaíocht, iompar, oideachas agus turasóireacht (lena n-áirítear Turasóireacht Éireann). Áirítear fuinneamh, teileachumarsáid, iascaigh, ceartas agus slándáil, ardoideachas agus spórt ar réimsí comhoibrithe eile.



## Caibidil 5:

# Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta agus Tosaíochtaí Infheistíochta Poiblí

### 5.1 An Creat Náisiúnta Pleanála: Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta

Cuireann an Creat Náisiúnta Pleanála (NPF) nua, a foilsíodh in éineacht leis an bPlean Forbartha Náisiúnta deich dToradh Straitéiseacha Náisiúnta (NSO'nna) ar fáil mar a leanas:

1. **Fás Dlúth**
2. **Inrochtaineacht Réigiúnach Fheabhsaithe**
3. **Geilleagair agus Pobail Tuaithe Neartaithe**
4. **Soghluaisteacht Inbhuanaithe**
5. **Geilleagar Láidir Tacaithe ag Fiontraíocht, Nuálaíocht agus Scileanna**
6. **Nascacht Idirnáisiúnta Ardcháilíochta**
7. **Conláistí Feabhsaithe agus Oidhreacht**
8. **Aistriú chuig Sochaí Ísealcharbóin atá seasmhach ó thaobh na hAeráide**
9. **Bainistíocht Inbhuanaithe ar Acmhainní Uisce agus Acmhainní Comhshaoil eile**
10. **Rochtain ar Chúram Leanaí, Oideachas agus Seirbhísí Sláinte ar Ardchaighdeán**

Is ionann na NSO'nna seo agus na tosaíochtaí uileghabhálacha a bhfuil an NPF deartha lena mbaint amach. Tá an cúlra agus an réasúnaíocht do gach aon NSO leagtha amach san NPF.

Is é misean agus cuspóir bunúsach an Plean Forbartha Náisiúnta an chumraíocht nua d'infheistíocht chaipitil phoiblí a leagan amach thar na deich mbliana atá amach romhainn le baint amach gach aon NSO a dhaingniú. Cuirfidh sé seo feabhas ar an mbealach ina ndéantar pleanáil agus comhordú ar infheistíocht chaipitil phoiblí i sochaí nua-aimseartha agus i sochaí atá ag fás, a mbeidh seirbhísí poiblí agus caighdeán saoil níos fearr mar thoradh air.

Tá an tsamhail agus an cur chuige nua seo i leith infheistíocht chaipitil phoiblí ríthábhachtach ó thaobh tacaíocht a thabhairt do bhaint amach an chuspóra seo. Tá athchóiriú agus nuálaíocht suntasach riachtanach i gcóras infheistíochta chaipitil phoiblí na hÉireann mar atá leagtha amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta lena chinntiú go bhfuil sé ag feidhmiú mar chuid lárnach do chur i bhfeidhm rathúil agus éifeachtach an NPF.

## 5.2 Ailíniú leis an bPlean Forbartha Náisiúnta

Tugtar mionsonraí sa chaibidil seo ar na príomhthionscadail infheistíochta, cláir agus tosaíochtaí a samhlaítear faoin bPlean Forbartha Náisiúnta sna deich mbliana atá amach romhainn ar mhaithe le treallús a chur faoi fheidhmiú an NPF.

Léiríonn sé na Torthaí Straitéiseacha Infheistíochta sonracha a bhaineann le gach NSO a bhfuil an Rialtas tiomanta a sheachadadh thar thréimhse 10 mbliana an Phlean Forbartha Náisiúnta. Tá siad sin curtha i láthair thíos ar bhonn téamach in éineacht leis na NSO'nna. Cuireann sé seo béim ar an gcur chuige láidir comhtháite i leith infheistíocht chaipitil phoiblí atá riachtanach anois le gach earnáil den tseirbhís phoiblí atá ag tabhairt faoi ollchláir caiteachais poiblí a eagrú leis na buntáistí atá aitheanta san NPF a bhaint amach.

Tá straitéisí agus beartais infheistíochta earnála á dtarraingt le chéile in aon straitéis infheistíochta náisiúnta aonair atá leagtha amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta lena chinntiú go bhfuil gach gné de chaiteachas caipitil phoiblí fócasaithe go grinn ar thosaíochtaí infheistíochta a bhaint amach a dhearbhóidh go mbeidh roghanna inbhuanaithe á ndéanamh againn don am atá romhainn.

Tá achoimre déanta ar gach NSO sa chaibidil seo in éineacht leis na Tosaíochtaí Infheistíochta Straitéiseacha atá socraithe ag Ranna le treallús a chur faoina mbaint amach.

**Tá sé thar a bheith tábhachtach a thabhairt ar aird go bhfuil buntáistí ag go leor de na Tosaíochtaí Straitéiseacha Infheistíochta, a rachaidh chun sochair go díreach nó go hindíreach go gach teaghlach agus pobal beag beann ar a suíomh a thacóidh le baint amach roinnt de na NSO'nna atá leagtha amach san NPF. Mar shampla, beidh infheistíocht i scoileanna, sa ghréasán bóithre, i bpoirt agus sa turasóireacht mar bhonn taca le forbairt a dhéanamh ar ár gcuid cathracha agus bailte, réigiúin agus ceantair uirbeacha. Le hathdhéanamh a sheachaint, áfach, tá na Tosaíochtaí Straitéiseacha Infheistíochta san áireamh sa Phlean Forbartha Náisiúnta faoi na NSO'nna lena mbaineann siad go príomha.**

Soláthraíonn an Plean Forbartha Náisiúnta soiléireacht i bhfad níos fearr do Ranna maidir lena n-acmhainneacht infheistíochta sa mheántéarma. Leanann sé seo leithdháiltí Roinne atá déanta chomh fada chun cinn leis an mbliain 2021 i mBuiséad 2018, a bhfuil síneadh a chur leo anois leis an gcúigiú bliain a thabhairt san áireamh, sé sin 2022, faoin bPlean Forbartha Náisiúnta.

Tá tiomantas ann anois maidir le cothabháil a dhéanamh ar na leithdháiltí infheistíochta ilbhliantúla cúig bliana seo ar bhonn rollach, iad a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn bliantúil mar chuid den phróiseas Meastacháin bliantúil, le tiomantas breise go ndéanfar cothabháil ar infheistíocht chaipitil phoiblí ag thart ar 4% den GNI* ar feadh na coda eile de thréimhse an Phlean Forbartha Náisiúnta (tábla 3.1). Tá na hacmhainní táscacha a bhfuiltear ag súil go ndéanfar iad a leithdháileadh faoi láthair faoi gach aon NSO den NPF thar an tréimhse 2018 go 2027 leagtha amach i dtábla 3.2.

Áiríonn na hinfheistíochtaí a bhfuil breac-chuntas tugtha ina leith sa chaibidil seo, tionscadail agus cláir a mbeifear á seachadadh nó á dtosú faoin mbliain 2021, chomh maith leis na tionscadail a mbeidh tosaíocht á thabhairt dóibh idir seo agus an bhliain 2027. Déanfar forbairt in imeacht ama ar infheistíochtaí eile ag céim níos déanaí den phlean tar éis Straitéisí Spásúla agus Eacnamaíocha Réigiúnacha agus Pleananna Straitéiseacha na Limistéar Cathrach nua a chur ar fáil de réir mar is gá.

Tugann Rianaire na nOllthionscadal Caipitil, atá foilsithe ar láithreán gréasán na Roinne Caiteachas Phoiblí agus Athchóirithe, mionsonraí maidir leis na hinfheistíochtaí caipitil atáthar ag súil a thosú sa chéad ceithre bliana eile atá amach romhainn agus a thabharfar cothrom le dáta tar éis den Phlean Forbartha Náisiúnta a bheith foilsithe.

## Toradh Straitéiseach Náisiúnta 1

### Fás Dlúth

Tá sé mar aidhm leis an toradh seo fás inbhuanaithe lonnaíochtaí tuaithe agus uirbeacha a dhaingniú, a fhaigheann tacaíocht ó phoist, tithe, seirbhísí agus taitneamhachtaí seachas fás sraoilleach gan phleanáil atá neamheacnamaíoch. Éilítear leis seo infheistíocht sruthlínithe agus comhordaithe na n-údarás áitiúil i mbonneagar uirbeach, tuaithe agus réigiúnach le hacmhainneacht limistéir forbartha inlíonta laistigh dár gcathracha, bailte agus sráidbhailte a bhaint amach. Tabharfaidh sé sin scóip le haghaidh dlúis forbartha níos mó atá suite go lárnach agus faoi úinéireacht phoiblí, agus i roinnt mhaith cásanna beocht agus gníomhaíocht gheilleagrach a thabhairt ar ais sna pobail agus sna lonnaíochtaí atá ann cheana féin. Is féidir le mais chriticiúil agus scála criticiúil a chruthú i gceantair uirbeacha le bonneagar cumasaithe, infheistíocht mhéadaithe in iompar poiblí agus in iompar inbhuanaithe agus i gconláistí tacaíochta, feidhmiú mar thiománaithe fáis atá ríthábhachtach. Is féidir leis seo ról ríthábhachtach a bheith aige ó thaobh áiteanna cónaithe agus oibre níos deise a chruthú do dhaoine, a éascaíonn fás geilleagrach agus cruthú fostaíochta trí chur le tarraingteacht na hÉireann le hinfheistíocht eachtrach a mhealladh agus deiseanna d’fhiontair dhúchasacha a láidriú.

### Tosaíochtaí Infheistíochta Straitéiseacha 2018–2027: Tithíocht agus Forbairt Uirbeach Inbhuanaithe, €14.5 billiún

Ní mór go dtabharfaidh infheistíocht chaipitil phoiblí, mar ardtosaíoct, tacaíocht do sheachadadh agus do láithriú tithe a bheidh ag teastáil ón tsochaí sna deich mbliana atá romhainn agus ina dhiaidh sin agus a chinntiú, ag an am céanna, go mbeidh patrún forbairt tithíochta mar bhonn taca le cathracha, bailte agus limistéir eile ard-dlúis atá níos fáiscthe. Is tosaíocht atá ann freisin forbairt inlíonta a chumasú, le suas go 50% den tithíocht inár gcathracha agus sna hionaid mhóra uirbeacha amach anseo agus 30% in áit éigin eile le soláthar laistigh de limistéir faoi fhoirgnimh. Tabharfar tacaíocht d’fhás uirbeach dlúth seo trí infheistíocht i gcórais iompair phoiblí agus inbhuanaithe comhtháite atá ar ardchaighdeán agus i gconláistí tacaíochta.

Tá rannpháirtíocht éifeachtach ó thaobh bainistíocht a dhéanamh air agus cur le stoc talamh forbartha riachtanach leis an gcuspóir seo a bhaint amach. Cuirfidh sé sin an deis ar fáil dúinn le freastal ar riachtanais tithíochta na sochaí, ar sholáthar réidh, an bhrú ar chostais talamh tógála a lagú agus seachadadh tithíocht phoiblí agus tithíocht phríobháideach in áiteanna agus ar chineál a theastaíonn ó dhaoine agus ar phraghsanna agus ar cíos atá daoine in ann a íoc. Cuideoidh sé freisin le méadú a chur ar ghnóthachain luach talún ón bpróiseas forbartha, le hinfheistíocht a dhéanamh sa bhonneagar poiblí atá riachtanach. Cuirfear €11.6 billiún ar fáil thar na deich mbliana atá amach romhainn le hinfheistíocht a dhéanamh i dtithíocht shóisialta.

## Tithíocht agus Forbairt Uirbeach Inbhuanaithe

- 25,000–30,000 teach nua ar an meán a thógáil ar bhonn bliantúil le freastal ar riachtanais beartaithe amach anseo agus déileáil le neamhchothroime éileamh-soláthar le blianta beaga anuas – go bunúsach aschur bliantúil tithíochta ó leibhéil 2016/2017 a dhúbailt.

- 112,000 teach sóisialta a sholáthar faoi 2027, ag déanamh cothabhála ar na haschuir méadaithe atá le seachadadh faoi Atógáil Éireann.

- €2 billiún leithdháilte le haghaidh an Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach -– le hinfheistíocht comhordaithe a chur chun cinn le hathnuachan agus athfhorbairt a dhéanamh ar chathracha agus bailte. Tabharfaidh an ciste seo tacaíocht do chomhfhorbairt chumasóirí fáis an NPF do chúig chathair, d'fhéadfadh sé go n-áireodh samplaí, ceantar na nDuganna i gCorcaigh (Duganna na Cathrach agus Tivoli agus soghluaisteacht ghaolmhar agus droichead rochtana), Luimneach 2030, Crios Forbartha Straitéisí (SDZ) na gCéanna Thuaidh, Port Láirge agus Athghiniúint Lár na Cathrach i nGaillimh.

- Gníomhaireacht Náisiúnta Athnuachana agus Forbartha nua ag obair i gcomhair le húdaráis áitiúla le culsholáthar talún atá suite go straitéiseach agus oiriúnach d'athfhorbairt agus d'ainmniúchán do sholáthar tithíocht phoiblí agus príobháideach amach anseo a bheidh inacmhainne do sholáthróirí tithíochta lena bhforbairt agus do dhaoine lena gceannach nó lena dtógáil ar cíos.

- Pacáiste do shuíomhanna straitéiseacha faoi úinéireacht phoiblí atá á bhforbairt do chríocha tithíocht phoiblí go príomha ach le meascán de thithíocht príobháideacha agus de thithe inacmhainne mar chuid de phobail tionachta measctha.

# Príomhghníomhartha Infheistíochta

## Tithíocht

Tá Atógáil Éireann, Plean Gníomhaíochta an Rialtais do Thithíocht agus Easpa Dídine, a foilsíodh i mí Iúil 2016, tiomanta cur leis an soláthar foriomlán tithíochta ag leibhéal bonnlíne de 25,000 teach nua faoin mbliain 2020. Ní mór cothabháil a dhéanamh ar an leibhéal soláthar thithíochta seo ar a laghad go dtí an bhliain 2040 ar aon dul leis an éileamh tithíochta fadtéarmach 500,000 teach nua atá réamh-mheasta laistigh de shamhlacha an NPF.

Ag féachaint níos faide chun cinn ná an bhliain 2020, is dóigh go n-éileoidh fás eacnamaíoch inbhuanaithe agus daonra atá ag dul i méid agus an ráta réamh-mheasta bunú teaghlaigh méadú ar an aschur tithíochta bliantúil sna blianta ina dhiaidh sin go 30,000-35,000 teach ar bhonn bliantúil go dtí an bhliain 2027 le haghaidh a thabhairt ar an easnamh soláthair atá tagtha chun cinn ón mbliain 2010 mar gheall ar mhargadh tithíochta nach raibh ag feidhmiú go maith.

Tacóidh an Plean Forbartha Náisiúnta, i dtéarmaí tithíocht shóisialta, trí infheistíocht chaipitil beartaithe sa bhreis ar €4.2 billiún don tréimhse 2018 go 2021, le thart ar 40,000 teach sóisialta nua a sheachadadh faoin dáta sin. Bainfear amach é sin trí thithe a thógann Údaráis Áitiúla go díreach, fáil, athnuachan tithe a bhí folamh roimhe seo agus soláthar ó chomhlachtaí tithíochta, le liostaí feithimh tithíocht shóisialta a laghdú agus soláthar inbhuanaithe tithíocht shóisialta a chinntiú trí infheistíocht chuí amach anseo ar aon dul le héileamh réamh-mheasta. Freastalaíodh ar riachtanais beagnach 26,000 teaghlach/daoine a bhí ar an liosta feithimh sa bhliain 2017, agus tá sé mar aidhm freastal ar an leibhéal céanna riachtanais tithíocht shóisialta sa bhliain 2018.

Ag féachaint chun cinn, faoin mbliain 2021, beidh údaráis áitiúla agus comhlachtaí tithíochta ceadaithe ag cur thart ar 12,000 teach sóisialta ar fáil ar bhonn bliantúil dóibh siúd atá ar liostaí feithimh tithíocht shóisialta. Déanfar cothabháil ar an leibhéal soláthair seo thar an gcuid eile de thréimhse an Phlean Forbartha Náisiúnta agus freastalófar ar riachtanais tithíochta sóisialta 112,000 teaghlach sna deich mbliana atá amach romhainn mar thoradh air sin.

Tá cur chuige comhbheartaithe agus comhoibríoch, trí ghníomhartha comhtháite an Rialtais láir, Údaráis Áitiúla, Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe, an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, an Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe agus an Ghníomhaireacht Tithíochta le seachadadh luathaithe agus leathnaithe tithíocht shóisialta a bhaint amach mar phrionsabal lárnach den chur chuige foriomlán, trí:

- díriú go gníomhach, i gcomhar le hÚdaráis Áitiúla agus Úinéirí Stáit eile, an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní agus le húinéirí príobháideacha, ar thailte atá criosaithe d'úsáid cónaithe ach talamh a bhfuil beagán forbartha déanta air le tithíocht shóisialta ach tithíocht atá níos inacmhainne a sholáthar; agus
- tionscnaimh agus struchtúir tiomanta nua laistigh den Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil le treallús a chur faoi sheachadadh agus baic a d'fhéadfadh a bheith ann a aithint agus a réiteach.

Léiriú a dhéanamh ar an áit a n-eascraíonn riachtanas formhór na tithíochta sóisialta, beidh na tithe suite go príomha in áiteanna uirbeacha atá dlúth i gcathracha agus i sráidbhailte de réir mar a cheanglaítear san NPF ar mhaithe le NSO 1 a bhaint amach: Fás Dlúth.

Chomh maith leis an infheistíocht a bheidh dírithe ar thithíocht shóisialta sna blianta atá romhainn, déanfaidh infheistíocht an NDP éascú freisin ar thithe atá níos inacmhainne le ceannach nó le tógáil ar cíos, trí, mar shampla, soláthar comhordaithe agus éifeachtúil i mbonneagar agus seirbhísí a chumasú ar láithreáin faoi úinéireacht phoiblí, giaráil a dhéanamh ar luach talún chun forbairtí tionachta measctha a sholáthar agus solúbthacht a thabhairt maidir le dearadh agus déine, inár gcroílár uirbeach ach go háirithe, is féidir linn tógáil níos éifeachtaí ó thaobh costais a éascú chomh maith le rogha leathan tithe atá dírithe ar cheannaitheoirí céaduaire. Tabharfaidh beartais agus tionscnaimh eile tacaíocht d'infheistíochtaí caipitil cumasaithe den sórt sin a chuideoidh le rogha agus soláthar níos mó tithe nua a chur ar fáil ar rátaí inacmhainne, ag cur ar chumas ceannaitheoirí céaduaire agus ar chumas teaghlaigh maireachtáil i bhfad níos gaire den áit ina bhfuil siad ag obair i bpobail atá dea-phleanáilte le seirbhísí den scoth.

Cuirfear meicníochtaí i bhfeidhm le cur chuige atá faoi stiúir plean agus dírithe ar sheachadadh a chinntiú le fás dlúth a bhaint amach, lena n-áirítear:

- cur chuige nua maidir le pleanáil straitéiseach do chathracha agus dá réigiúin le bainistíocht a dhéanamh ar fhás agus le sraoilleáil a sheachaint:
- infheistíocht earnála i mbonneagar agus tionscnaimh comhfhorbairt áite lena ndéanamh i bhfad níos tarraingtí le láithreacha tithe agus poist a sheachadadh ar mhian le daoine a bheith ar fáil i gcroílár cathracha, bailte agus sráidbhailte atá bunaithe cheana féin i suíomh tuaithe agus uirbeach araon;
- tionscnamh nua athghiniúna agus forbartha (atá mínithe thíos), a dhéanfaidh tuilleadh spreagadh agus a dhéanfaidh luach saothair

leithdháiltí infheistíochta chaipitil a roinnt: agus

- bunú na Gníomhaireachta Náisiúnta um Athghiniúint agus um Fhorbairt a bheidh ag obair le húdaráis áitiúla, le comhlachtaí poiblí eile agus le ranna agus gníomhaireachtaí caiteachais chaipitiúil leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint as tailte poiblí agus dlús a chur faoi thuilleadh forbartha ar cheantair straitéiseacha nach bhfuil a lánacmhainneacht á bhaint amach.

Tá baint amach na spriocanna tithíochta seo ar bhealach geografach, mar atá leagtha amach faoin NPF, ríthábhachtach ní amháin do chur i bhfeidhm comhleanúnach ach chun a bheith mar bhonn taca le cuspóirí croíláir an NPF a bhaineann le hathrú aeráide, fás dlúth agus nascacht réigiúnach a bhaint amach.



### An Ciste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú / Láithreáin Inacmhainne

Faoin gCiste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú (LIHAF), tá tailte le hacmhainneacht cur go suntasach le méid agus le luas a chur faoi sholáthar tithe nua aitheanta, go háirithe i gceantair uirbeacha agus thart timpeall orthu. Tá 30 tionscadal faoi €200 milliún ceadaithe ar fud 14 Údarás Áitiúil faoin gciste atá ann cheana féin leis an mbonneagar atá riachtanach le 20,000 teach a chur ar fáil faoin mbliain 2021.

Ag tógáil rathúlacht an chur chuige go dtí seo san áireamh, leanfaidh maoiniú LIHAF le díriú ar bhonneagar poiblí a chumasú le seachadadh agus éascú a dhéanamh ar thionscadail tithíochta príobháideacha ar mhórscála agus ar phraghsanna atá níos inacmhainne. Tá €50 milliún breise á sholáthar don dara sciar den LIHAF, a bheidh á mheaitseáil ag €17 milliún i ranníocaíochtaí údaráis áitiúil. Tá sé d'acmhainn ag Céim 2 den LIHAF soláthar tithe tionacht mheasctha de níos mó ná 5,000 teach nua breise a sholáthar sna blianta atá romhainn ar thailte faoi úinéireacht phríobháideach agus ar thailte faoi úinéireacht Stáit. Chomh maith le maoiniú breise LIHAF, cuirfidh Ciste Seirbhísí Suímh ar leithligh de €25 milliún (le €8 milliún breise i ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúla) an deis ar fáil le seirbhísí a chur ar fáil ar shuíomhanna a bheidh á sholáthar go sonrach do thithíocht inacmhainne, dírithe ar theaghlaigh a bhfuil na dúshláin inacmhainneachta is mó in ann dóibh ó thaobh an mhargaidh tithíochta.

Cuideoidh an taithí atá faighte ón bpróiseas tairisceana iomaíoch faoin LIHAF, agus cur chuige comhordaithe ar fud príomhghníomhaireachtaí, le heolas a chur ar fáil do dhearadh an Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach. Tiocfaidh an ciste seo in áit an LIHAF le hathghiniúint uirbeach níos leithne ar fud forbairtí cónaithe agus tráchtála a chuimsiú, nuair a bhíonn na príomhréimsí athnuachana agus infheistíochta aitheanta faoi chur cúige pleanála réigiúnach agus áitiúil a bheifear a fhorbairt sa bhliain 2018 agus ina dhiaidh sin.

## Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach

Tá Clár athmhúnlaithe RAPID (Athbheochan Ceantar trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt) a bhaineann le tionscadail chaipitil amháin ar fáil do thionscadail i gceantair uirbeacha agus i mbailte tuaithe faoi mhíbhuntáiste. Tá an maoiniú do Lár na Cathrach i mBaile Átha Cliath Thoir Thuaidh á fháil ón leithdháileadh buiséad atá ann cheana féin don chlár.

Tá thart ar €211 milliún á chur ar fáil chomh fada chun cinn leis an mbliain i 2021 faoin gClár Athghiniúna Náisiúnta chun tacú le haonaid tithíochta sóisialta nua a sholáthar go díreach. Díríonn tionscadail atá á maoiniú faoin gclár ar na pobail is mó atá faoi mhíbhuntáiste sa tír, lena n-áirítear iad siúd a shainmhínítear a bheith faoi eisiamh sóisialta as cuimse, daoine atá dífhostaithe agus iompar frithshóisialta.

Tá mórthionscadail athghiniúna ar siúl i mBaile Átha Cliath, lena n-áirítear Gairdíní Uí Dhuibheannaigh agus freisin i gcathracha agus i mbailte ar fud na tíre, lena n-áirítear Plean Forfheidhmithe an Chreata Athghiniúna a thabharfaidh tosaíocht d'athchóirithe agus do sheachadadh tógáil spriocdhírithe tithe nua ar ardchaighdeán anois chomh maith le fócas leanúnach ar thacaíochtaí pobail agus geilleagracha.

## Clár Athghiniúna Luimnigh

**Stádas Reatha:** Ar siúl

**Costas Measta:** €170 milliún

**Dáta Críochnaithe Measta:** 2023

Ciallaíonn infheistíocht leanúnach i gClár Athghiniúna Luimnigh go dtabharfar na hoibreacha a aithníodh sa *Limerick Regeneration Framework Implementation Plan 2013* chun críche nuair a dhéanfar seachadadh ar thart ar 400 teach nua agus uasghrádú 900 teach ar fud ceantair Maigh Rois, Southill, Baile an Churraigh, Weston agus St. Mary's Park. Cuirfear clár tionscnaimh sóisialta agus geilleagrach chun cinn freisin sna blianta atá romhainn. Meastar go mbeidh an scéim críochnaithe faoin mbliain 2023.

## Forbairt Tithíochta Gairdíní Uí Dhuibheannaigh

**Stádas Reatha:** Á sholáthar
**Costas Measta:** TBC (Le breithniú), tar éis próiseas soláthair phoiblí.
**Dáta Críochnaithe Measta:** 2020
Is sampla soiléir d'fhorbairt inlíonta uirbeach atá beartaithe faoin NPF atá i bhforbairt Gairdíní Uí Dhuibheannaigh i mBaile Átha Cliath. Is suíomh ollmhór tionacht mheasctha atá sa tionscadal seo faoi Atógáil Éireann agus táthar ag dul ar aghaidh le Céim I a chuirfidh 56 teach sóisialta ar fáil, táthar ag cur tús le tógáil in 2018. Tá tús curtha ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le próiseas idirphlé iomaíoch maidir leis an gcuid eile den suíomh a d'fhéadfadh 530 teach eile a chur ar fáil, comhdhéanta de 119 sóisialta, 117 inacmhainne agus 296 teach príobháideach. Táthar ag súil go n-eiseofar an tairiscint deiridh ar iarrthóirí idirphlé iomaíoch in Aibreán 2018, agus go ndéanfar meastóireacht ar na tairiscintí agus go mbronnfar an conradh i Meitheamh 2018. Tá an scéim iomlán ceaptha a bheith críochnaithe faoi 2020.

### Tionscnamh Ciste nua um Athghiniúint agus Forbairt

Mar a léirítear i gCaibidil 3, ag baint leas as an taithí agus an seachadadh dearfach a baineadh amach faoin LIHAF, a rinne spreagadh ar Ranna agus ar ghníomhaireachtaí a gcuid acmhainní a chur le chéile le seachadadh a dhéanamh ar sholáthar mór talamh seirbhísithe le haghaidh tithíocht, déanfar seachadadh ar Chiste do Thionscnaimh nua maidir le hAthghiniúint agus Forbairt ar fiú €3 billiún é faoin bPlean Forbartha Náisiúnta, tá dhá chiste á mbunú, ceann do cheantair uirbeacha agus an dara ceann do cheantair thuaithe.

Tá sé mar aidhm leis an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach de €2 billiún fás inbhuanaithe a bhaint amach sna chúig chathair agus in ionaid mhóra uirbeacha de chuid na hÉireann trí mheicníocht bainistíochta lárnach a chur i bhfeidhm chun treallús a chur faoi phacáistí infheistíochta comhoibríocha, comhordaithe agus comhlántacha idir Ranna, gníomhaireachtaí, Údaráis Áitiúla agus comhlachtaí poiblí eile lena gcuid sócmhainní a chur le céile agus oibriú leis na pobail áitiúla agus leis an earnáil phríobháideach le hathrú ó bhonn a chur ar ár gcuid cathracha agus bailte. Déanfaidh an Ciste um Athghiniúint Uirbeach agus um Fhorbairt é seo a chomhlánú trí dhíriú ar cheantair uirbeacha, bailte tuaithe agus sráidbhailte atá níos lú agus ar na ceantair thuaithe forimeallacha.

Tá leithdháileadh maoinithe de €100 milliún á sholáthar sa bhliain 2019 le Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach a bhunú le maoiniú a dhéanamh ar líon tionscadail tosaigh. Méadófar an leithdháileadh maoinithe go hincriminteach sna trí go ceithre bliana atá romhainn lena scála iomlán a bhaint amach. Déanfar an maoiniú a leithdháileadh ar bhonn chur chuige atá bunaithe ar thairiscint iomaíoch atá bunaithe ar dhul chun cinn inchainníochtúil agus intomhaiste i dtreo chuspóirí an NPR. Ní mór go léireoidh tograí atá á gcur faoi bhráid do chómhaoiniú ón gciste, ranníocaíocht suntasach rannpháirtí i bhfoirm meascán de chaiteachas Státchiste agus/nó caiteachas caipitil stáit-earnála, infheistíocht Údarás Áitiúil agus/nó talamh nó ranníocaíochtaí eile atá bunaithe ar shócmhainní. Beidh ceanglas ann freisin i gcás ciste uirbeach giaráil 100% ar laghad (euro-ar-euro) d'infheistíocht tiomanta ón earnáil phríobháideach níos leithne a léiriú, chun seachadadh a dhéanamh ar thithe nó ar spás tráchtála urláir sa chathair nó i lár na mbailte, mar thoradh ar an infheistíocht atá le déanamh chun bonneagar poiblí a chumasú agus caiteachas cáilitheach geilleagrach/sóisialta eile. Tabharfar faoi bhreithmheas láidir ar thionscadail ex-post infheistíochta atá bunaithe ar fhianaise lena dheimhniú go bhfuil cuspóirí an NPF á seachadadh.

Beidh gach cineál infheistíochta poiblí a bhfuil foráil déanta ina leith sa Phlean Forbartha Náisiúnta incháilithe lena gcur san áireamh sa tionscnamh. Ar chuspóir ar leith de chuid an chiste uirbigh beidh tacaíocht a thabhairt do chomhfhorbairt chumasóirí fáis an NPF do na chúig chathair agus d'ionaid uirbeacha eile. Tá líon samplaí de thionscadail athfhorbartha uirbeacha ar siúl cheana féin agus a bhfuil sé d'acmhainn acu buntáiste a bhaint as an gCiste nua, mar shampla:

- athfhorbairt ceantar na nDuganna i gCorcaigh (Duganna na Cathrach agus Tivoli agus soghluaisteacht ghaolmhar agus rochtain droichid);
- tionscnamh 2030 Luimnigh;
- tionscadal athghiniúna SDZ na gCéanna Thuaidh, Port Láirge
- Pleananna le hathghiniúint a dhéanamh ar Lár na Cathrach i nGaillimh;
- Tionscnamh maidir le dearadh uirbeach agus athnuachana Phort Laoise.

# Na Cistí Nua um Athghiniúint agus Forbairt



## An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe €1 billiún

- Forbairt Athfhorbraíochta Tuaithe a Éascú
- An Réimse Pobail agus Poiblí
- Easnaimh Bonneagair Sráidbhaile agus Tuaithe
- Spás Fiontair Tuaithe agus Mol Digiteach a Fhorbairt
- Tionscnaimh Turasóireachta agus Oidhreachta Áitiúil



## An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach €2 billiún

- Athnuachan Lár na Cathrach
- Forbairt Athfhorbraíochta a Éascú
- Taitneamhacht Uirbeach agus an Réimse Poiblí
- Athghiniúint Ceantar na nDuganna agus Céanna
- Easnaimh Bonneagair Bailte

Aithníonn an Rialtas an tábhacht a bhaineann leis na tionscadail athfhorbartha seo dá gcuid cathracha agus bailte faoi seach agus tá tacaíocht láidir á thabhairt acu do na cuspóirí a theastaíonn ó na tionscadail seo a bhaint amach. Beidh sé oscailte dóibh seo agus do thionscadail cosúil leo atá ag lorg tacaíochta faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach.

De réir mar a fhorbraíonn an ciste thar an gcéim phíolótach agus nuair a thógann sé feidhmeanna an LIHAF agus an ciste athnuachana uirbeach ar lámh, déanfar an ciste a leathnú go suntasach le €2 billiún tiomanta mar mhaoiniú don chiste thar thréimhse 10 mbliana an Phlean Forbartha Náisiúnta.

## An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Athghiniúint agus um Fhorbairt

Tá bainistíocht éifeachtach talún, go háirithe tailte atá faoi úinéireacht phoiblí mar ghné lárnach de thiomantas an Phlean Forbartha Náisiúnta i leith forbairt dhlúth agus forbairt inbhuanaithe.

Aithníonn an Rialtas nach mór don Stát ról níos láidre a ghlacadh ó thaobh bainistíocht straitéiseach agus feabhas a chur ar acmhainn forbartha a chuid talún féin le beartas poiblí níos leithne a sheachadadh agus tá sé mar aidhm le pleanáil a chinntiú go bhfuiltear ag freastal ar na riachtanais forbartha foriomlána agus go háirithe go bhfuil tithíocht tíosach le soláthar ag an Stát agus ag soláthróirí tithíochta níos leithne, agus inacmhainne ag ár muintir le tithe a cheannach agus a thógáil ar cíos.

Tá géarghá le cur chuige atá níos tapa agus níos comhordaithe agus níos straitéisí a ghlacadh ó thaobh bainistíocht agus forbairt a dhéanamh ar thailte atá faoi úinéireacht phoiblí ionas gur féidir freastal ar riachtanais forbartha laistigh de lorg fisiciúil níos lú agus rogha eile atá eacnamaíoch a chur ar fáil do chomaitéireacht fad-achair.

Bhí rath ann san am a chuaigh thart ar athfhorbairt ar nós na hiarshaoráide meabhairshláinte i gGráinseach Ghormáin mar champas ollscoile nua, athnuachan ar limistéir ídithe, ar nós na tailte cúil ar chúl na bpríomhshráideanna i líon mór bailte réigiúnacha agus athbheochan limistéir Dhugaí Bhaile Átha Cliath. I dtaithí ar thionscadail athnuachana roimhe seo i gcathracha, bailte agus limistéir thuaithe tugadh chun suntais an ról atá agus a bheidh ag bainistíocht straitéiseach agus comhordú tailte poiblí maidir le cumas an Stáit an próiseas athnuachana a spreagadh agus a neartú. Tá sé ríthábhachtach chomh maith acmhainn a fhorbairt le haghaidh forbartha agus athnuachana ar bhonn leanúnach seachas ar bhonn stop-tosaigh, agus laistigh de chomhthéacsanna uirbeacha agus tuaithe araon.

Ag foghlaim ó thaithí ón am a chuaigh thart, bunóidh an Rialtas comhlacht poiblí, an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Athghiniúint agus um Fhorbairt. Beidh an ghníomhaireacht seo ag oibriú go dlúth leis an earnáil rialtais áitiúil, an Rialtas lárnach, raon gníomhaireachtaí agus comhlachtaí poiblí atá ann cheana agus an earnáil leath-Stáit, le béim a chur ar an dóigh ar féidir úsáid a bhaint as gabháltais shonracha faoi úinéireacht phoiblí chun cuspóirí an NPF agus an Phlean Forbartha Náisiúnta a sheachadadh. Sainaithneoidh an comhlacht seicheamh soiléir agus praiticiúil céimeanna is gá do na geallsealbhóirí ábhartha a glacadh leis na tascanna atá leagtha amach dó agus do na comhlachtaí poiblí ábhartha ag an Rialtas a bhaint amach.

Bunófar an comhlacht nua, an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Athghiniúint agus um Fhorbairt ag a mbeidh sainordú soiléir Rialtais chun oibriú leis na húdaráis áitiúla, Ranna agus gníomhaireachtaí ábhartha, agus Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) maidir le sciar tosaigh tailte atá faoi úinéireacht phoiblí nó atá rialaithe go poiblí a shainaithint bpríomhshuíomhanna agus le béim chathrach agus béim réigiúnach agus tuaithe níos leithne lena mbainfidh acmhainneacht le haghaidh máistirphleanála agus athearraíochta chun críche forbairt straitéiseach a bheidh ag teacht leis an NPF.

Tá sé beartaithe ag an Rialtas go gcuideoidh comhlacht dá leithéid le ról na Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais, na n-údarás áitiúil agus na gcuideachtaí tráchtála leath-Stáit agus go gcumasóidh sé an ról sin trí shocruithe comhordaithe agus seachadta nua, a nascfar le socruithe maoinithe bonneagair níos láidre chomh maith tríd an bPlean Forbartha Náisiúnta agus trí fheithiclí infheistíochta straitéisí eile ar nós Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann. Tá tionscadal taispeántais atá beartaithe agus a bhfuil sé i gceist leis a thaispeáint an bealach inar féidir leis an nGníomhaireacht nua difríocht a dhéanamh maidir le hathghiniúint uirbeach leagtha amach sa Bhosca thíos.

Ar bhuntáiste suntasach de chuid gníomhaireacht den sórt sin bheadh cruthú ionad náisiúnta saineolais maidir le máistirphleanáil d'fhorbairt agus d'athnuachan, a chuirfidh le saineolas na hearnála poiblí atá ann agus a chomhlánóidh é agus lena mbainfidh sainchúram fáin chun comhairle a thabhairt don Rialtas agus do phríomhpháirtithe leasmhara faoin dóigh leis an toradh straitéiseach is fearr ar fhorbairt phunann talún an Stáit a bhaint amach.

Beidh dlúthcheangal idir feidhmeanna an chomhlachta seo agus pleanáil straitéiseach ag leibhéal cathrach agus ag leibhéil eile agus oibríocht na gcistí athghiniúna agus forbartha, i gcomhthéacsanna forbairt uirbeach agus tuaithe araon a ndéanfar tuilleadh forbartha orthu idir na Ranna ábhartha sa bhliain 2018.

Foilseofar moltaí mionsonraithe maidir leis an nGníomhaireacht Náisiúnta um Athghiniúint agus um Fhorbairt níos déanaí in 2018.

## Tionscadal Taispeántais um Athghiniúint – Port Laoise

Ar nós go leor bailte tharla leathnú an-tapa i gceantair tithíochta nua agus in ionaid mhiondíola laistigh de lár traidisiúnta an bhaile i bPort Laoise le linn na 2000'aidí luatha. Cosúil le go leor bailte eile inar tharla tréimhsí fáis den saghas céanna, tá codarsnacht shuntasach idir an cineál forbartha a tharla i lár stairiúil an bhaile agus an fhorbairt a tharla sna cuarbhóithre mórthimpeall agus sna háiteanna páirceála imeallacha.

I mbailte agus i sráidbhailte réigiúnacha agus tuaithe tá go leor deiseanna aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna oidhreachta sin agus malairt ratha a bhaint amach dóibh. Anois is gá béim mhór a chur ar athnuachan ceantar tosaigh láir bhaile agus príomhshráide agus an chaoi a mbaineann siad leis an mbaile méadaithe, agus é mar aidhm áiteanna níos tarraingtí, níos inmhianaithe a chruthú, ar mian le daoine cónaí iontu agus am a chaitheamh iontu le haghaidh oibre, siopadóireachta nó caithimh aimsire.

Cuirfear tús le Tionscadal Taispeántais faoi thionscnamh um dhearadh agus athnuachan uirbeach faoi stiúir an phobail. Agus infheistíocht acu ón gCiste um Athnuachan agus Forbairt Uirbeach agus ón bpobal níos leithne agus ó ghnóthais áitiúla, cruthóidh agus bainfidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta Athnuachana agus Forbartha fís nua amach do lár Phort Laoise, chun taispeáint conas is féidir leis an bpleanáil, leis an dearadh uirbeach agus an cur i bhfeidhm is fearr bailte athbheoite a chruthú. Cuirfear béim faoi leith ar athnuachan féinchothaithe faoi stiúir an phobail.


## Toradh Straitéiseach Náisiúnta 2

## Inrochtaineacht Réigiúnach Fheabhsaithe

Tá ceanglas bunriachtanach uasghrádú agus feabhas a chur ar inrochtaineacht idir ionaid uirbeacha daonra agus a gcuid réigiún, comhthreomhar le tionscnamh fás dlúth ionaid uirbeacha, mar thosaíocht croíláir faon NPF. Tá ról ríthábhachtach aige seo ó thaobh cur an méid is fearr is féidir le hacmhainneacht fáis ionaid uirbeacha réigiúnacha agus an geilleagar ina iomláine.

### Tosaíochtaí Infheistíochta Straitéiseacha 2018-2027: an Gréasán Bóithre Réigiúnacha agus Inrochtaineacht ar an Iarthuaisceart €7.3 billiún

Tá dul chun cinn suntasach déanta ón mbliain 2000 ó thaobh feabhas a chur ar nascacht bóthair idir Baile Átha Cliath agus an chuid is mó de na ceantair agus réigiúin uirbeacha eile. Is é an cuspóir faoin bPlean Forbartha Náisiúnta, na naisc seo a chríochnú ionas go mbeidh gach réigiún agus na ceantair mhóra uirbeacha go léir, go háirithe iad siúd san Iarthuaisceart, a raibh neamhaird á dhéanamh dóibh go dtí le gairid, nasctha le Baile Átha Cliath trí ghréasán bóithre atá ar ardchaighdeán. Mar atá mionsonraithe i gcaibidil 4, tá tiomantas tugtha le tacaíocht agus maoiniú a sholáthar do thionscadal bóthair an A5. Tá an Rialtas tiomanta do rannpháirtíocht i bhforbairt bhreise an A5 agus beidh siad i dteagmháil le Feidhmeannacht Tuaisceart Éireann maidir leis an tionscadal seo.



Chomh maith leis sin, is é an chéad mhórchuspóir eile ná dul chun cinn suntasach a dhéanamh maidir lenár réigiúin agus ceantair uirbeacha a nascadh, ní amháin le Baile Átha Cliath, ach lena chéile. Beidh sé seo mar chumasóir ollmhór le go mbeidh forbairt réigiúnach atá cothrom ann. Ar thosaíocht ar leith maidir leis seo tá seachadadh a dhéanamh ar Chonair an Atlantaigh, le gréasán bóithre ar ardchaighdeán a bheidh ag nascadh Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Sligeach. Tá sé mar aidhm leis an gclár infheistíochta atá leagtha amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta agus mar a léirítear i bhfíor 5.2, na cuspóirí seo a bhaint amach.

Déanfar é seo a seachadadh diaidh ar ndiaidh de réir mar déantar seachadadh ar thionscadail atá ag an gcéim pleanála/deartha/tógála agus dé réir mar a ghluaiseann tionscadail bhreise tríd an bpróiseas breithmheasa agus pleanála le píblíne tionscadail a chruthú lena seachadadh. Déanfar an infheistíocht seo in inrochtaineacht réigiúnach a chomhlánú trí infheistíocht agus cothabháil a dhéanamh ar bhealaí réigiúnacha agus áitiúla ar fud na tíre, a chuireann ar chumas pobail áitiúla margaí agus seirbhísí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta a rochtain. Tugtar mionsonraí breise ina leith sin faoi NSO 3: Geilleagar agus Pobail Tuaithe atá cumhachtaithe.

Sa bhreis air sin, tá ceantair íogaireacha ann áit a gciallaíonn a luach timpeallachta agus turasóireachta nach bhfuil ailíniúcháin ollmhóra nua indéanta nó cuí. Spriocdhíreofar feabhsúcháin ar na bealaí sin le haghaidh a thabhairt ar chaolais tráchta agus le sábháilteacht a fheabhsú, mar shampla, an N59 i Maigh Eo ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus an N26 a nascann Béal an Átha leis an N5. Ceanglóidh príomhthionscadail bóthair leis an ghréasáin iompartha poiblí atá ann cheana freisin, agus déanfaidh éascú ar fhís a sheachadadh d'iompar poiblí atá ar ardchaighdeán sna príomhcheantair uirbeacha, tríd an gcumas a sholáthar do sheirbhís bus atá ar ardchaighdeán, atá tapa agus a ritheann go minic, tá na pleananna dó seo leagtha amach faoi NSO 4: Soghluaisteacht Inbhuanaithe.

Ag an am céanna, tabharfaidh athbhunú maoiniú le cothabháil a dhéanamh, ar bhonn leanúnach, ar an infheistíocht luachmhar atá déanta cheana féin agus a bheidh á déanamh, cosaint do na sócmhainní náisiúnta ríthábhachtach seo agus coinneofar sábháilte iad agus oiriúnach don fheidhm. Tá an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ag tabhairt faoi phlean bonneagair straitéiseach, tar éis foilsiú an NPF, *Planning Land Use and Transport Outlook* (PLUTO) 2040, ar mhaithe le measúnú a dhéanamh ar riachtanais amach anseo d'iompar talún in Éirinn, bunaithe ar réamh-mheastacháin daonra an NPF. Aithneoidh sé seo an soláthar bonneagair agus seirbhíse atá riachtanach le freastal ar riachtanais daonra 2040. Foilseofar dréachtstraitéis PLUTO le haghaidh comhairliúchán i Ráithe 4 2018.

# Gníomhartha Infheistíochta

## Ag Cosaint Cáilíocht agus Luach Infheistíochtaí Roimhe Seo (Cothabháil agus Athnuachan)

Is tosaíocht infheistíochta atá ann a chinntiú go bhfuil cothabháil á dhéanamh ar ghréasáin iompartha forleathana atá ann cheana, a bhfuil feabhas thar na bearta curtha orthu le fiche bliana anuas, chuig an leibhéal is airde le cáilíocht leibhéil seirbhíse, inrochtaineachta agus nascachta do lucht úsáide iompair a chinntiú. Tá tosaíocht a thabhairt don chineál seo infheistíochta ar mholadh a tháinig ón Mheasúnú Bainistíochta Infheistíochta Poiblí (PIMA) le gairid, bhí sé seo á stiúradh ag an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (IMF).

Bhunaigh anailís Chreat Straitéiseach le haghaidh Infheistíochta in Iompar ar Tír (SIFLT) na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an leibhéal infheistíochta atá riachtanach leis an mbonneagar iompair atá ann cheana féin, a chothabháil, a bhainistiú agus a athnuachan lena choinneáil i riocht leordhóthanach. Is infheistíocht ar staid cothrom (foistine) a thugtar air seo. Cé go bhfuiltear ag súil go mbainfear amach ceanglais infheistíochta at staid atá cothrom don ghréasán bóithre agus iarnróid atá ann cheana faoin mbliain 2021, leanfaidh an iarmhairt charnach nach raibh ag freastal ar an leibhéal a bhí riachtanach sna deich mbliana roimhe seo, le tionchar a bheith aici ar ghréasán bóithre agus iarnróid. Chomh maith leis sin, méadófar caiteachas cothabhála agus athnuachana thar shaolré an Phlean Forbartha Náisiúnta chun freastal ar na leibhéil infheistíochta atá riachtanach don ghréasán iompartha atá ann faoi láthair agus de réir mar a dhéantar forbairt ar thionscadail nua.

## Infheistíocht sa Ghréasán Iarnróid Idir-Uirbeach

Ag cur le moltaí a bhí i staidéar PIMA le gairid agus na torthaí atá leagtha amach san *Athbhreithniú Iarnróid 2016*, tá sé mar thosaíocht maoinithe don ghréasán iarnróid idir-uirbeach infheistíocht atá déanta cheana féin inár gcóras náisiúnta iarnróid a chosaint trí mhaoiniú a dhéanamh ar thionscadail chothabhála agus sábháilteachta atá riachtanach le leibhéil sábháilteachta agus seirbhísí a chothabháil in oibríochtaí iarnróid. Éilíonn sé seo leibhéal suntasach caiteachais atá dírithe ar chaiteachas cothabhála agus athshlánúcháin le tuilleadh díghrádú ar an stoc caipitil atá ann cheana a sheachaint ar mhaithe le hathghabháil agus cothabháil a dhéanamh ag staid atá cothrom.

**Bóithre Idir-Uirbeach**

- An M20 Corcaigh go Luimneach
- An N6 Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe
- An M7 leathnú seachbhóthar an Náis go dtí an Droichead Nua, acomhal Bhaile Osbeirn agus Seachbhóthar na Sollán
- An N8/N25 acomhal Dhún Citil
- An N69 seachbhóthar Lios Tuathail
- Bóthar an N28 Corcaigh go Rinn an Scidígh
- An N21/N69 Luimneach go hÁth Dara go Faing
- An N22 Baile Bhuirne go Maigh Chromtha
- An 72/N73 Bóthar Faoisimh Mhala
- An N59 seachbhóthar Mhaigh Cuilinn
- An N25 seachbhóthar Ros Mhic Thriúin
- An M11 Guaire go hInis Córthaidh

**Inrochtaineacht ar an Iarthuaisceart**

- N4 Cúil Mhuine go Béal Átha na gCarraigíní
- An N5 Cathair na Mart go Turlach
- An N5 Bealach an Doirín go Scramóg
- An N52 seachbhóthar Bhaile Átha Fhirdhia
- An N2 seachbhóthar Bhaile Shláine
- An N56 an Clochán Liath go dtí na Gleannta
- An A5 Forbairt bóthair
- An N56 Tamhnach an tSalainn go hInbhear

**Gréasán Iarnróid**

- Infheistíocht sa ghréasán iarnróid idir-uirbeach atá an cheana féin a chosaint
- Tabharfar faoi staidéar féidearthachta laistigh de bhliain ar an iarnród ardluais atá idir Baile Átha Cliath-Béal Feirste, Baile Átha Cliath-Gabhal Luimnigh /Corcaigh agus meastóireacht ar a bhuntáistí geilleagracha i gcoinne feabhsúcháin ar luas líne atá ann cheana freisin i gcoinne próisis breithmheasa ábhartha agus tástálacha luach ar airgead atá riachtanach faoin gCód Caiteachais Phoiblí.

Cuirfear na codanna seo a leanas den **ghréasán bóithre náisiúnta** chun cinn trí réamh-bhreithmheas agus luath-phleanáil le linn na bliana 2018 le tosaíocht a thabhairt do thionscadail atá ag dul ar aghaidh go dtí an chéim tógála sa Phlean Forbartha Náisiúnta.

- An N2 Cluain Tiobrad go dtí an Teorainn
- An N2 Timpeallán na Rátha go Crois Chill Mhuine
- An N2 Baile Átha Fhirdhia go dtí an taobh ó dheas de Bhaile na Lorgan
- An N3 Seachbhóthar Achadh an Iúir
- An M4 Maigh Nuad go Léim an Bhradáin
- An N4 An Muileann gCearr go dtí an Longfort
- An N4 Cora Droma Rúisc
- An M11 ó Acomhal 4 an M50 go Cill Mocheanóg
- An N11 Maolán na nGabhar go Ros Láir
- An N13 Seachbhóthar Bhealach Féich Srath an Urláir
- An N13/N14/N56 Seachbhóthar Leitir Ceanainn agus an Débhealach go Mainéar Uí Chuinneagáin
- An N14 Mainéar Uí Chuinneagáin go Leifear
- An N17 Cnoc Mhuire go Cúil Mhuine
- An N21 Sheachbhóthar an Chaisleáin Nua
- An N21 Mainistir na Féile
- An N24 an Chathair go hAcomhal Luimnigh
- An N24 Port Láirge go dtí an Chathair
- An N25 Port Láirge go dtí an Gleann Mór
- An N25 Carraig Thuathail go Mainistir na Corann
- An N52 Tulach Mhór go Cill Bheagáin
- An N3 Clonee go dtí an M50
- An M50 rochtain ó dheas go Port Bhaile Átha Cliath

Faoi láthair tá conradh faoi bhealach le 28 carráiste iarnróid a thabhairt isteach agus táthar ag súil go gcuirfear ar ais sa tseirbhís iad sin sa bhliain 2019. Sa bhreis air sin, tá measúnú a dhéanamh ag Iarnród Éireann agus ag an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) ar fáil a bheith ar fhlít breise a d'fhéadfaí a thabhairt isteach sa tseirbhís paisinéirí ar an ngréasán iarnróid in Éirinn sa ghearrthéarma, sula ndéanfar seachadadh ar na traenacha leictreacha díosail a bhfuiltear ag súil leo sa bhliain 2022. Chuirfeadh an clár seo maidir le traenacha leictreacha díosail, an cumas ar fáil le méid a chur ar an fhlít trí thart ar 300 carráiste iarnróid nua a chur leis.

Beidh sé thar a bheith tábhachtach scrúdú a dhéanamh ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag an ngréasán iarnróid idir-uirbeach ó thaobh feabhas a chur ar nascacht réigiúnach thar thréimhse an Phlean Forbartha Náisiúnta. Tá tábhacht ar leith leis seo i gcomhthéacs uile-oileánda ó thaobh forbairt a dhéanamh ar acmhainneacht gheilleagrach agus sochaíoch níos leithne an oileáin trí naisc idir Béal Feirste, Baile Átha Cliath agus Corcaigh a neartú.

Dá bhrí sin, déanfar scrúdú ar dheiseanna le líne iarnróid Bhaile Átha Cliath-Béal Feirste a aistriú go línte ardluais trí fheabhsúchán an bhonneagair agus an fhlít iarnróid. Beidh línte iarnróid Bhaile Átha Cliath-Gaillimh agus Baile Átha Cliath-Gabhal Luimnigh agus Baile Átha Cliath-Corcaigh faoi réir ag scrúdú ó thaobh aistriú chuig línte ardluais a mbeidh nascacht fheabhsaithe chuig cathracha réigiúnach trí fheabhas a bheith ar am turais iarnróid i gceist leo. Tabharfar faoi mheastóireacht freisin faoin mbliain 2020 ar na buntáistí geilleagracha a bhaineann le hiarnród ardluais idir Baile Átha Cliath-Béal Feirste, Baile Átha Cliath-Gabhal Luimnigh agus Baile Átha Cliath-Corcaigh i gcoinne feabhsúchán ar na línte luais atá ann cheana féin i gcoinne próisis breithmheasa agus tástálacha ábhartha maidir le luach ar airgead atá mar cheangal faoin gCód Caiteachais Phoiblí.

Tugadh faoi anailís costais is tairbhe sa bhliain 2016, mar chuid d'ullmhú Straitéis Iompair an GDA, maidir le síneadh a chur ar líne Dhún Búinne/M3 Parkway go Dún Seachlainn agus an Uaimh, faoi stiúir an Údaráis Náisiúnta Iompair (NTA). Tá sé mar cheangal ar an NTA athbhreithniú a dhéanamh ar a Straitéis Iompair maidir le Mórcheantar Bhaile Átha Cliath faoi dheireadh na bliana 2021. San áireamh san athbhreithniú seo beidh athmheasúnú ar an tionscadal, ag tógáil san áireamh forbairt bheartaithe feadh an bhealaigh agus cuirfear an deis ar fáil lena bhreithniú le linn an Athbhreithnithe Lár Téarma.

D'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag Céim 2 de Chonair Iarnróid an Iarthair ó Bhaile Átha an Rí go Tuaim agus ag Céim 3 go Clár Chlainne Mhuiris i gConair Gheilleagrach an Atlantaigh.

D'fhéadfadh síneadh a chur leis an WRC cur le húsáid paisinéirí, turasóireacht agus tráchtála. Ar aon dul le Clár an Rialtais, tabharfar faoi athbhreithniú láithreach. Má cheadaíonn an Rialtas torthaí an athbhreithnithe tabharfar tosaíocht don tionscadal le linn saolré an Phlean seo.

## Níos Mó Infheistíochta sna Cláir do Bhóithre

Déanfar infheistíocht sa bhonneagar bóithre náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a sheachadadh de réir an NPF.


Beidh sé sin faoi threoir ag torthaí anailíse SIFLT na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

- Déanfar cothabháil atá ar ardchaighdeán ar bhóithre.
- Déanfar bóithre a fheabhsú le laghdú a dhéanamh ar amanna turais, chun fáil réidh le caolais tráchta agus le feabhas a chur ar shábháilteacht.
- Tógfar bóithre nua le pobail a nascadh agus le gníomhaíocht gheilleagrach a spreagadh.

Tá líon mórfhorbairtí bóthair atá le seachadadh faoin bPlean Forbartha Náisiúnta leagtha amach níos túisce sa chaibidil seo.


Leagfar amach liosta iomlán tionscadail agus cláir atá san áireamh sa Phlean Forbartha Náisiúnta, lena n-áirítear, na costais agus na dátaí atá beartaithe lena gcríochnú i Rianaire na nOllthionscadal Caipitil ar láithreán gréasáin na Roinne Caiteachas Phoiblí agus Athchóirithe www.per.gov.ie.

Fíor 5.1: An Gréasán Náisiúnta Bóithre, 2003 agus 2015




**Foinse:** CSO Iompar

### Fíor 5.2: An Clár Náisiúnta Bóithre 2018-2027




Foinse: TII

## An N6 Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe

**Stádas Reatha:** An Chéim Deartha agus Measúnú Comhshaoil

**Costas Measta:** €550 go 600 milliún

**Dáta Measta lena Chríochnú:** 2025

Tá sé dearbhaithe ag Comhairlí Contae agus Cathrach na Gaillimhe go bhfuil gá le faoiseamh a chur ar fáil ón bplódú tráchta ar mhaithe le soghluaisteacht níos cliste agus bearta maidir le hiompar poiblí a chur i bhfeidhm ar nós BusConnects Gaillimh, lena n-áirítear láithreacha páirceála agus taistil. Tá sé léirithe ag staidéir roimhe seo nach féidir é sin a bhaint amach gan droichead eile a chur trasna Abhainn na Gaillimhe. Tá sé deimhnithe ag Tionscadal Iompair an N6 Chathair na Gaillimhe go bhfuil trasnú den chineál seo indéanta agus tá láthair aitheanta acu don trasnú seo.

Tá an scéim ag Céim 3 Deartha agus ag Céim 4 Ráiteas Tionchair Timpeallachta (EIS), Tuarascáil maidir le Measúnú Timpeallachta (EAR) agus Próisis Reachtúla. Ritheann an dá chéim seo i gcomhthráth le chéile. Is é cuspóir *Chéim 3 – Dearadh* nuair a bheidh an Chonair Bhealaigh Is Fearr roghnaithe, dearadh na scéime a fhorbairt chuig céim ina bhfuil mionsonraí leordhóthanacha ar fáil chun riachtanais talún a chinneadh agus an scéim a thabhairt ar aghaidh trína próisis reachtúla.

Is é Cuspóir Chéim 4 EIS/EAR agus na bPróisis Reachtúla ná measúnú comhshaoil a thabhairt chun críche ar an dearadh a fhorbraítear i gCéim 3, tionchair ionchasacha a bheadh ag an bhforbairt bheartaithe ar an timpeallacht a aithint agus bearta maolaitheacha a bheadh ag teastáil a shocrú. Tabharfar an doiciméadacht dlí chun talamh a fháil chun críche mar chuid den chéim seo freisin chomh maith leis na próisis reachtúla a bheidh ag teastáil lena dheimhniú go bhfuil an scéim bheartaithe ag teacht le reachtaíocht pleanála agus comhshaoil agus ceanglais nós imeachta.

## An M20 Bóthar Chorcaigh go Luimneach

**Stádas Reatha:** Tús le cur le pleanáil

**Costas Measta:** €850 go 900 milliún

**Dáta Measta lena Chríochnú:** 2027 faoi réir ag breithmheas, pleanáil agus soláthar

Is Iad Corcaigh agus Luimneach an dara agus an tríú cathair is mó in Éirinn agus iad suite siar ó dheas agus san Iarthar Láir faoi seach. Tá an dá chathair thart ar 100 km óna chéile ach faoi láthair tá idirghníomhú agus idirghaolmhaireacht teoranta le nascacht iompair atá lag ar cheann de na cúinsí. Tá an deis ann le nascacht níos fearr a sholáthair idir an dá chathair trí chaighdeán an ghréasáin iompair a fheabhsú a thabharfaidh aghaidh ar shaincheisteanna sábháilteachta a bhaineann leis an N20 atá ann cheana féin agus am turas atá níos sábháilte agus níos éifeachtaí a chur ar fáil. Aithneofar an réiteach ar chonair an M20 trí phróiseas breithmheasa trí chás gnó a fhorbairt don scéim. Déanfar scrúdú sa phróiseas seo ar chuimsiú Chuarbhóthar Chorcaigh Thuaidh a nascann an N20 le Dún Citil. Is scéim chomhlántach atá i gCuarbhóthar Chorcaigh Thiar don M20 agus is fearr breithniú an Chuarbhóthair Thuaidh a mheasúnú mar chuid de straitéis iompair foriomlán Mhórcheantar Chorcaigh a thógfadh scrúdú ar iompar poiblí roghanna ar bhainistiú ar éileamh a bhreithniú, san áireamh.

Beidh Bonneagar Iompair Éireann (TII) i dteagmháil le hÚdaráis Áitiúla sa bhliain 2018 le tabhairt faoi réamh-bhreithmheasa/breithmheasa maidir le raon tionscadail a mbeidh tús le cur leo thar saolré an Phlean Forbartha Náisiúnta. Is tasc casta atá i gceist le tosaíocht a thabhairt do scéimeanna aonair, a mbeidh cinntí maidir leis na scéimeanna ba chóir a chur chun cinn trí phleanáil, cead reachtúil agus tógáil ar deireadh, mar thoradh air.

Ag tógáil ar cheanglais an Chreata Choitinn maidir le Breithmheas an Chóid Caiteachais Phoiblí agus na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, tá forbairt déanta ag an TII ar Threoirlínte maidir le Meastóireacht ar Thionscadal a dhéanann cur síos ar na próisis agus na modheolaíochtaí mionsonraithe atá riachtanach le breithmheas a dhéanamh ar thionscadail agus ar chláir. Is fiú a thabhairt ar aird gur próiseas leanúnach atá sa chinneadh nach mór a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn rialta le himthosca atá ag athrú a thabhairt san áireamh.

Tá na tionscadail seo ag céimeanna éagsúla pleanála agus tá siad faoi réir ag breithmheas de réir an Chóid Caiteachais Phoiblí agus i bhfianaise an NPF ó thaobh a dtosaíocht a chinneadh.

# Toradh Straitéiseach Náisiúnta 3

## Geilleagair agus Pobail Tuaithe Neartaithe

Tá rannpháirtíocht iomlán na bpobal tuaithe i bhforbairt straitéiseach, mar a shamhlaítear faoin NPF, ríthábhachtach le lánacmhainneacht raon leathan torthaí straitéiseacha atá mionsonraithe sa Phlean Forbartha Náisiúnta a bhaint amach. Tá feidhm leis seo i dtéarmaí piléir traidisiúnta an geilleagair tuaithe, earnáil na n-acmhainní nádúrtha agus earnáil an bhia, chomh maith leo siúd atá ag teacht chun cinn ó fhorbairtí ar nós nascacht fheabhsaithe, leathanbhanda agus ó dheiseanna forbartha geilleagar na tuaithe.

Faoin téama seo, tá an Plean Forbartha Náisiúnta ag tógáil ar an dul chun cinn atá bainte amach trí:

- *Ár nAcmhainneacht Tuaithe a Bhaint Amach. Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe*, a dhíríonn ar thacaíocht a thabhairt d'fhiontair agus d'fhostaíocht i gceantair thuaithe, ag cur feabhas ar bhonneagar agus ar nascacht agus ag tacú le pobail tuaithe inbhuanaithe;
- Beartas Turasóireachta an Rialtais, *Daoine, Áit agus Beartas ag Forbairt na Turasóireachta go dtí 2025 agus an Plean Gníomhaíochta Turasóireachta 2016-2018*, ina dhiaidh sin, a aithníonn an cion tábhachtach a chuireann an turasóireacht leis an ngeilleagar, agus an infheistíocht shuntasach i bhforbairt tionscadail agus nithe is díol spéise ó thaobh na turasóireachta trí *Fobairt Turasóireachta agus Nuálaíochta - Straitéis Infheistíochta 2016-2022* Fáilte Éireann, lena n-áirítear infheistíocht in eispéireas branda Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus Sean-Oirthear na hÉireann;
- *Ár bPobail - Creatbheartas maidir le Forbairt Áitiúil agus Pobail in Éirinn* ina leagtar amach fís le pobail maidir le cur le pobail atá bríomhar, inbhuanaithe, agus a bhfuil an chumhacht acu a gcinntí féin a dhéanamh; agus
- Infheistíocht in earnáil an agraibhia, lena n-áirítear i scéimeanna atá á bhfeidhmiú tríd an gClár um Fhorbairt Tuaithe, an Clár Forbartha Bia Mara agus an Clár Foraoiseachta, a dhéanfaidh pobail tuaithe a chumhachtú agus a bheidh mar bhonn taca le fás inbhuanaithe earnáil an agraibhia mar a leagtar amach i *Food Wise 2025: A 10-year Vision for the Irish Agri-Food Industry*.

Léirítear sa roinn seo na príomhthionscnaimh a dtabharfar fúthu faoin bPlean Forbartha Náisiúnta maidir leis an NSO seo a bhaint amach.

Beidh ról lárnach ag gnéithe tábhachtacha de na Tosaíochtaí Straitéiseach Infheistíochta atá leagtha amach i gcodanna eile den Phlean Forbartha Náisiúnta seo freisin i mbaint amach Geilleagair agus Pobail Tuaithe Neartaithe. Mar shampla infheistíochtaí sa chlár foirgnimh scoile, tuilleadh uasghrádaithe ar an ngréasán bóithre náisiúnta, lena n-áirítear feabhas a chur ar inrochtaineacht agus ar nascacht Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh atá ag teacht chun cinn agus a nascann líonra mór-lárionad ar bhord farraige an iarthair, infheistíocht i bpoirt agus in aerfoirt, leas a bhaint as tionscnaimh fiontraíochta chun tacú le cuspóirí forbartha réigiúnacha agus bunú Ollscoileanna Teicneolaíochta atá beartaithe.

### Tosaíochtaí Straitéiseacha Infheistíochta 2018–2027: Geilleagair agus Pobail Tuaithe Neartaithe, €8.8 billiún

Tá cothroime réigiúnach a bhaint amach mar chuspóir bunúsach ag an NPF le díriú ar na leibhéil fáis i réigiúin an Tuaiscirt, an Iarthair agus an Deiscirt comhcheangailte, le meaitseáil a dhéanamh ar an méid atá réamh-mheasta do Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre. Tá ról ríthábhachtach ag infheistíocht chaipitil phoiblí ó thaobh tacaíocht a thabhairt do na réigiúin, lena n-áirítear ceantair thuaithe, lena n-acmhainneacht gheilleagrach agus sóisialta a bhaint amach, agus go háirithe le fáis poist atá riachtanach chun tacú le fás an daonra amach anseo, a éascú.

**Leathanbhanda, Bóithre, an Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe, Talmhaíocht, Turasóireacht, an Ghaeltacht agus na hOileáin**

- An Plean Náisiúnta Leathanbhanda
- Infheistíocht i mBóithre Réigiúnacha agus Áitiúla
- An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe
- Talmhaíocht / Infheistíocht ar an Fheirm
- Infheistíocht sa Turasóireacht
- Infheistíocht sa Ghaeilge, sa Ghaeltacht agus na hOileáin:
  - Próiseas Pleanála na Gaeilge;
  - Líonraí Gaeilge agus Bailte Seirbhíse sa Ghaeltacht
  - Bonneagar mara oileán
  - Clár caipitil bliantúil Údarás na Gaeltachta;

# Gníomhartha Infheistíochta

## An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe: €1 billiún

Bunófar Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe nua faoin Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, le €1 billiún a infheistiú le hathnuachan tuaithe a chur chun cinn ar maithe le bailte, sráidbhailte agus ceantair thuaithe imeallacha le fás a go hinbhuanaithe agus tacaíocht a thabhairt le cuspóirí straitéiseacha an NPF a bhaint amach.

Cuirfidh an ciste an deis ar fáil le cómhaoiniú a dhéanamh ar thionscadail infheistíochta oiriúnacha i mbailte agus i sráidbhailte le daonra de níos lú ná 10,000 duine, agus i gceantair imeallacha, agus beidh gach cineál infheistíochta a ndéantar foráil dó sa Phlean Forbartha Náisiúnta incháilithe lena chur san áireamh sa tionscnamh. Ag brath ar nádúr an togra, d'fhéadfadh tionscadail i mbaile ina bhfuil daonra idir 1,500 agus 10,000 duine a bheith cáilithe faoi thionscnamh an Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe nó Uirbeach, ach ní chuirfear maoiniú ar fáil ach faoi aon chiste amháin d'aon tionscadal ar leith.

Beidh sé mar chuspóir ag an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe nua treallús a chur faoi phacáistí comhoibríocha, comhordaithe agus comhlántacha idir Ranna, gníomhaireachtaí, Údaráis Áitiúla agus comhlachtaí poiblí eile ó thaobh a gcuid sócmhainní a chur i dtoll a chéile agus oibriú le pobail áitiúla agus leis an earnáil phríobháideach nuair is cuí, le hathrú ó bhonn a chur ar ár mbailte, sráidbhailte agus ar a gceantair imeallacha. Tá maoiniú de €315 milliún á leithdháileadh leis tús a chur leis an gCiste thar an tréimhse 2019 go 2022, a chuirfidh an deis ar fáil le haghaidh tuilleadh gníomhaíochta faoi thionscnaimh atá ann cheana féin chomh maith le tionscnaimh infheistíochta nua a thabhairt isteach faoin gCiste le tacaíocht a fháil le linn na tréimhse seo.

De réir mar a fhorbraíonn an ciste thar an gcéim phíolótach, déanfar an ciste a leathnú go suntasach le €1 billiún de mhaoiniú tiomanta don chiste thar thréimhse 10 mbliana an Phlean Forbartha Náisiúnta.

Tá líon tionscadail athfhorbartha tuaithe ar siúl cheana féin agus tá an deis acu le buntáiste a bhaint as an gCiste nua, mar shampla:

- Mainistir na Búille i gContae Ros Comáin, áit a bhfuil pleananna á gcur i bhfeidhm le hathrú chun feabhais a chur ar an mbaile tuaithe, stairiúil seo atá suite go straitéiseach agus nach bhfuil aon fhorbairt déanta ar chroílár uirbeach an bhaile le blianta beag anuas.
- Tionscadal an ionaid saoire do chuairteoirí in aice le Baile Uí Mhatháin, an Longfort, a bhfuil sé i gceist leis eispéireas nua turasóireachta agus cuairteora a chruthú i gcomhar le comhlachtaí ar nós Fáilte Éireann agus Uiscebhealaí Éireann.
- Tá pleananna á gcur chun cinn i Lár Tíre le hiarnróid agus conairí móna a bhíodh in úsáid roimhe seo ag Bord na Móna a aistriú go bealaí siúlóide, rothaíochta agus bealaí móna trastíre i gcomhar le bailte agus sráidbhailte in aice láimhe a neartú mar mhoil do ghníomhaíocht turasóireachta agus do ghnólachtaí áitiúla.

Aithníonn an Rialtas an tábhacht a ghabhann leis na tionscadail athfhorbartha seo dá gceantair faoi seach agus tá tacaíocht láidir á thabhairt acu do na cuspóirí atá na tionscail seo a iarraidh a bhaint amach. Beidh sé oscailte do na tionscadail seo agus do thionscadail cosúil leo le tacaíocht a lorg ón gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe.

Déanfar maoiniú a leithdháileadh ón gciste ar bhonn chur chuige atá bunaithe ar thairiscintí iomaíocha, a bheidh bunaithe ar dhul chun cinn inchainníochtúil agus intomhaiste i dtreo cuspóirí an NPF a bhaint amach. Ní mór do thograí atá á gcur faoi bhráid do mhaoiniú ranníocaíocht rannpháirtí a léiriú i bhfoirm meascán d'infheistíocht vótáilte níos leithne agus/nó chaiteachas caipitil Stáit-earnála, infheistíocht Údaráis Áitiúil agus/nó sócmhainní, agus/nó ranníocaíochtaí áitiúla eile.

Mar a leagtar amach sa tábla a leanas, tá an Rialtas ag tabhairt tacaíochta freisin do bhailte agus do shráidbhailte tuaithe agus dá bpobail ar fud na tíre trí raon leathan tionscnaimh eile atá á seachadadh ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, ar mhaithe le tacaíocht a thabhairt d'athbheochan tuaithe agus d'fhilleadh ar fhás eacnamaíoch. Le himeacht ama, déanfaidh an Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe scéimeanna eile a chomhtháthú ar nós na Scéime Athnuachana Baile agus Sráidbhaile, Ceantair Laga Ard-Riachtanais (CLÁR), Athbheochan Ceantar trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt (RAPID), an Scéim Áineasa Tuaithe agus an Ciste Áiseanna Poibail, lena chinntiú go mbaintear úsáid níos straitéisí as an maoiniú seo.



| Scéim/Clár | Achoimre |
|---|---|
| **Clár LEADER** | Tá LEADER mar chuid de Chlár um Fhorbairt Tuaithe 2014-2020 na hÉireann. Tá sé i gceist go ndéanfaidh LEADER €250 milliún de mhaoiniú caipitil a sholáthar chun tacú le tionscadail atá dírithe ar fhorbairt gheilleagrach agus ar chruthú poist, uilechuimsitheacht shóisialta agus ar chosaint na timpeallachta i gceantair thuaithe. Táthar ag súil go gcuirfidh clár LEADER infheistíocht ar fáil do 3,000 pobal agus go gcuideoidh an clár le 3,100 post a chruthú. Tá an AE ag déanamh cómhaoiniú ar an gclár agus déanfar thart ar 63% den €250 milliún don chlár a fháil ar ais ón gCoimisiún Eorpach. |
| **Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte** | Tá sé mar aidhm le Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte tacaíocht a thabhairt d'athbheochan bailte agus sráidbhailte ar fud na hÉireann, ar mhaithe le cur lena dtarraingteacht mar áiteanna le maireachtáil agus le hoibriú iontu. Is é aidhm lárnach na scéime tacú le hathbheochan na mbailte agus na sráidbhailte chun feabhas a chur ar an timpeallacht cónaithe agus oibre na bpobal agus a n-acmhainneacht a mhéadú chun tacú le gníomhaíocht mhéadaithe gheilleagrach sa todhchaí. Tá an dara gné den tionscnamh leagtha amach le scrúdú a dhéanamh ar bhealaí le spreagadh a dhéanamh áitíocht chónaithe mhéadaithe i lárionaid bailte agus sráidbhailte. |
| **An Scéim Bonneagair Áineasa Tuaithe** | Tugann an Scéim Bonneagair Áineasa Tuaithe tacaíocht d'fhorbairt, cothabháil, feabhsú agus cur chun cinn riachtanach an bhonneagair áineasa, lena n-áirítear an gréasán conairí atá ann ar fud na hÉireann, i bhfianaise na hacmhainneachta ollmhóir atá ag Údaráis Áitiúla, Gníomhaireachtaí Stáit agus ag pobail le forbairt a dhéanamh ar luach geilleagrach Turasóireacht Ghníomhaíochta agus Áineasa. Chlúdaigh tionscnaimh a fuair maoiniú speictrim leathan, a théann ó chosáin siúlóide go glasbhealaí agus gormbhealaí. |
| **An Scéim Feabhsúcháin Áitiúil** | Tugann an Scéim Feabhsúcháin Áitiúil tacaíocht d'oibreacha feabhsúcháin bóithre neamhphoiblí nach bhfuil faoi réir ag gnáthchothabháil Údaráis Áitiúla. Cuireann an scéim suas go dtí 90% den mhaoiniú ar fáil do na hoibreacha a dhéantar a sheachadadh trí na hÚdaráis Áitiúla. |
| **Clár CLÁR** | Is ionann CLÁR agus clár infheistíochta spriocdhírithe lena gcuirtear maoiniú ar fáil do thionscadail bonneagair mhionscála sna ceantair thuaithe inar tharla an laghdú daonra ba mhó. Is é atá mar aidhm le CLÁR tacú le forbairt inbhuanaithe limistéar sainaitheanta CLÁR trí dhaoine a mhealladh le cur fúthu agus dul ag obair iontu. Oibríonn an maoiniú i gcomhar le maoiniú áitiúil agus ar bhonn tosaíochtaí a aithnítear go háitiúil. |
| **Clár RAPID** | Cuireann clár RAPID maoiniú ar fáil do thionscadail chaipitil i gceantair uirbeacha atá faoi mhíbhuntáiste agus i mbailte tuaithe. |
| **An Scéim Saoráidí Pobail** | Déanann an Scéim Saoráidí Pobail maoiniú ar thionscadail i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste (tuaithe agus uirbeach) atá dírithe ar phobail a fheabhsú, aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste agus feabhas a chur ar chomhtháthú sóisialta. Cuirtear infheistíocht ar fáil do gach Údarás Áitiúil le haghaidh a thabhairt ar riachtanais atá aitheanta ag Coistí Forbartha Pobail Áitiúla, lena n-áirítear, ionaid pobail, ionaid óige, feabhsúchán ar pháirceanna agus ar eastáit tithíochta. |
| **Infheistíocht i Leabharlanna** | Tacóidh maoiniú caipitil do leabharlanna leis an Straitéis nua do Leabharlanna Poiblí (2018-2022) a chur i bhfeidhm agus déanfar na leabharlanna a neartú mar shaoráidí pobail ríthábhachtacha, a sholáthraíonn seirbhísí atá mar bhonn taca le tarraingteach, maireachtálacht agus inbhuanaitheacht pobail. Tugann an maoiniú tacaíocht d'fhoirgnimh nua, d'athchóirithe, d'infheistíocht teicneolaíochta, do leanúint le leathadh amach *My Open Library Service* agus tionscnaimh nua a fhéachann le cur le huimhreacha úsáideoirí. |
| **Clár PEACE IV (2014-2020)** | Is Clár trasteorann é clár PEACE IV atá cómhaoinithe ag an AE trí Chiste Forbartha Réigiúnaí na hEorpa. Tacaíonn an clár le síocháin agus athmhuintearas i dTuaisceart na hÉireann agus i Réigiún Teorann na hÉireann. |

## An Plean Náisiúnta Leathanbhanda

Aithníonn an Rialtas go bhfuil rochtain ar leathanbhanda ardluais ar ardchaighdeán ríthábhachtach do gheilleagar agus don tsochaí sa lá atá inniu ann, lena chinntiú go leanann saoránaigh agus gnólachtaí na hÉireann ar aghaidh ag baint sásaimh as na deiseanna a thagann ón aois dhigiteach seo a thugann bunathrú chun feabhais chugainn. Léirítear sa Phlean Náisiúnta Leathanbhanda uaillmhian an Rialtais maidir lena chinntiú go bhfuil na deiseanna a chuireann an t-athrú chun feabhais na haoise digití seo ar fáil do gach pobal ar fud na tíre.

Faoin bPlean Náisiúnta Leathanbhanda bainfear amach seachadadh rochtain ar leathanbhanda inacmhainne, ardluais, do gach teach cónaithe agus gnólacht ar fud na hÉireann trí mheascán d’infheistíocht thráchtála luathaithe agus idirghabháil Stáit sna codanna sin den tír nach bhfuil aon chinnteacht ann go dtiocfaidh infheistíocht ón earnáil phríobháideach. Leanann infheistíocht tráchtála ag cur feabhais agus ag cur leathnú ar fhairsinge leathanbhanda agus ar na seirbhísí fón póca atá ar fáil sa Stát. Agus comhlánú á dhéanamh acu ar an infheistíocht tráchtála seo, tá an Rialtas tiomanta, trí infheistíocht a dhéanamh tríd an idirghabháil sa Phlean Náisiúnta Leathanbhanda seachadadh a dhéanamh ar líonra a sheasfaidh an aimsir chun tacú le seirbhísí leathanbhanda inacmhainne, ardcháilíochta chuig na ceantair sin nach léir go bhfuil infheistíocht tráchtála ar fáil.

Tá fócas na hidirghabhála sa Phlean Náisiúnta Leathanbhanda go príomha ar phobail i gceantair thuaithe i ngach contae ar fud na hÉireann.

Beidh ról ollmhór ag an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda ó thaobh pobail thuaithe a chumhachtú trí nascacht dhigiteach níos fearr, a thacóidh le forbairt fiontair, fás fostaíochta agus éagsúlú gheilleagar na tuaithe. Déanfar seachadadh ar athrú mór sa nascacht dhigiteach agus cinnteofar go síneann an clúdach chuig ceantair atá níos iargúlta, lena n-áirítear sráidbhailte, ceantair thuaithe agus oileáin.

Trí sheachadadh a dhéanamh ar nascacht ardluais sa Cheantar Idirghabhála, tabharfaidh an Plean Náisiúnta Leathanbhanda tacaíocht do theilea-oibriú, cuirfear leathnú ar roghanna na saoránach ó thaobh áit mhaireachtála agus tabharfar an deis do SME’nna lena ngnólachtaí a fhás i gceantair thuaithe agus i gceantair uirbeacha. Cuirfidh sé ar chumas saoránaigh ar fud na hÉireann buntáiste a bhaint as an dul chun cinn sa teicneolaíocht, lena n-áirítear, Ríomhsheirbhísí Sláinte agus Ríomhsheirbhísí Oideachais. Tabharfaidh sé deiseanna nua freisin chuig ceantair thuaithe ó thaobh feirmeoireacht agus turasóireacht chliste.

### An Plean Náisiúnta Leathanbhanda

**Stádas Reatha:** Á sholáthar

**Costas Measta:** Faoi Rún

**Dáta Críochnaithe Measta:** Tá an conradh le bronnadh in 2018 agus is conradh 25-bliain a bheidh i gceist.

Tá an Stát tiomanta idirghabháil agus fóirdheonú a dhéanamh ar líonra leathanbhanda nua ardluais i gceantair sa tír nach bhfuil aon leathanbhanda tráchtála ardluais ann cheana féin nó nach bhfuil a leithéid beartaithe. Tá an próiseas foirmiúil le cuideachta a fhostú leis an líonra seo a leathadh amach i gCeantar Idirghabhála an Stáit go mór chun cinn agus meastar go mbronnfar an conradh in 2018.

Tá an Straitéis Idirghabhála leagtha amach le líonra leathanbhanda ardluais a sheachadadh a bheidh á fheidhmiú mar líonra mórdhíola, rochtain oscailte, ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil rogha ag úsáideoirí maidir le soláthróir seirbhíse miondíola agus gur féidir leo leas a bhaint as seirbhísí ardluais iomaíocha atá inacmhainne. Cuirfidh cothroime rochtana a chinntiú do sholáthróirí miondíola iomaíocht láidir chun cinn ag leibhéal miondíola a mbeidh praghas a bheidh inchomparáide le ceantair atá níos uirbí mar thoradh air.

D’fheidhmigh an NBP mar chatalaíoch ó thaobh spreagadh a dhéanamh ar infheistíocht tráchtála i mbonneagar leathanbhanda ardluais agus tá infheistíocht os cionn €2.75 billiún déanta ag oibreoirí tráchtála le líonraí a nuachóiriú le 5 bliana anuas. Mar thoradh air sin, bhí rochtain ag 69% den 2.3 milliún áitreabh in Éirinn ar sheirbhís leathanbhanda ardluais faoi dheireadh na bliana 2017. Faoi dheireadh na bliana 2018 meastar go dtiocfaidh méadú air sin go dtí os cionn 77% d’áitreabh agus go níos mó ná 90% faoi dheireadh na bliana 2020.

## Iompar

Bainfidh bóithre réigiúnacha agus áitiúla buntáiste as infheistíocht mheasta de €4.5 billiún faoin bPlean Forbartha Náisiúnta. Tá méadú suntasach ar mhaoiniú i gcomparáid le blianta beaga anuas. Tá breac-chuntas tugtha faoi *NSO 2:* Inrochtaineacht Réigiúnach Fheabhsaithe ar fhorbairtí bóithre náisiúnta ríthábhachtacha ar siúl agus tiomanta cheana féin.

Cuirfear na bóithre réigiúnacha agus áitiúla seo a leanas chun cinn thar thréimhse an Phlean Forbartha Náisiúnta.

- Seachbhóthar na Sollán
- Feabhsúcháin Bóthair Bhaile Adaim agus Nangair
- Bóthar Dáileacháin an Deiscirt, Port Laoise
- Trasbhealach na Sionainne
- Bóthar Ceangail na hInse go Baile an Bhiataigh
- Scéim Droichid Garavogue
- Bóthar Faoisimh Dhaingean Uí Chúis
- Bóthar Dáileacháin an Deiscirt, Baile Átha Í
- Bóthar Dáileacháin an Iarthair, Sligeach
- Príomhchonradh - Uí Chuanach go Cnoc an Lisín
- Athlíniú bóthair an R498 ag Leatrach, an tAonach/Duarlas
- Uasghrádú seachbhóthar Chill Dalua/R494
- Bóthar Dáileacháin an Iarthair, Carraig Uí Leighin

Chomh maith leis sin, tá na hÚdaráis Áitiúla ag beartú raon leathan tionscadail bóithre réigiúnacha agus bóithre áitiúla ar fud na tíre a chur chun cinn. Tá na tionscadail seo ag céimeanna éagsúla pleanála agus breithmheasa.

Tá samplaí de thionscadail atá faoi réir ag breithmheas faoi láthair leagtha amach thíos:

- An R157 Bóthar Mhaigh Nuad, Dún Búinne (uasghrádú ó thaobh sábháilteachta)
- An R162 an Uaimh go bóthar Dún an Rí (uasghrádú ó thaobh sábháilteachta)
- Bóthar Faoisimh Dhurlais
- Bóthar Faoisimh an Deiscirt, Ceatharlach
- Bóthar Faoisimh an Tuaiscirt, Trá Lí

Tá Scéim Feabhsúcháin Áitiúil bunaithe freisin ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail chun cuidiú le pobail áitiúla dromchlú agus cothabháil a dhéanamh ar bhóithre príobháideacha áitiúla.

Cé go bhfuil infheistíocht chaipitil ann le haghaidh iompar tuaithe sna pobail thuaithe, is ar fhóirdheontas do sheirbhísí maidir le hoibriú bealaí na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí sna pobail thuaithe agus an Clár um Nasc Áitiúil ar a dtugtaí an Clár Iompair Tuaithe roimhe seo) atá an phríomhbhéim sna réimsí sin agus leanfar leis an infheistíocht seo thar shaolré an Phlean Forbartha Náisiúnta. Faoi réir fáil a bheith ar thacaíocht maoinithe oibríochta, tá sé i gceist go mbeidh seirbhísí bus baile á gcur ar fáil i mbailte móra áirithe lena bhforbairt ó thaobh fáis a chumasú agus le rogha iompair poiblí a sholáthar do chónaitheoirí agus do chuairteoirí. Éileoidh sé seo infheistíocht sa fhlít busanna agus sa bhonneagar bóthair, lena n-áirítear, stad bus agus scáthlán bus. Tá sé i gceist na seirbhísí seo a thabhairt isteach in imeacht ama i lárionaid uirbeacha eile, mar shampla Ceatharlach, Cill Chainnigh agus an Muileann gCearr, chomh maith le hionaid uirbeacha eile ar mhéid atá cosúil leis na contaetha seo. Ó mhí Iúil 2019, ní bheidh busanna díosail á gceannach do na seirbhísí seo agus tabharfar isteach feithiclí le hastaíochtaí níos ísle, lena n-áirítear, feithiclí leictreacha nó mótarfheithiclí hibrideacha.



## Turasóireacht

Déanfar bearta a sheachadadh chun tacú le tuilleadh a chur leis an infheistíocht réigiúnach san eispéireas branda atá ann cheana féin, Slí an Atlantaigh Fhiáin agus Sean-Oirthear na hÉireann, agus branda nua don réigiún Lár Tíre. Beidh infheistíocht i dturasóireacht atá bunaithe ar ghníomhaíocht, lena n-áirítear, glasbhealaí, mar thosaíocht thar thréimhse an Phlean Forbartha Náisiúnta.

Beidh infheistíocht chuí i bhforbairt agus i bhfeabhsú nithe is díol spéise turasóireachta, lena n-áirítear, láithreáin stairiúla agus oidhreachta, tábhachtach freisin ó thaobh an chineáil eispéiris atá á lorg ag turasóirí. Áirítear ar shamplaí d'infheistíochtaí cosúil leo sin atá ceaptha a bheith oscailte in 2018, Teach Solais Fhánada agus Ionad do Chuairteoirí Shliabh Liag i gContae Dhún na nGall. Cuideoidh bearta den sórt leis an turasóireacht a fhás i bpobail tuaithe, atá mar chomhchuid lárnach den bheartas náisiúnta turasóireachta.

Tá beagnach €108 milliún leithdháilte d'Fháilte

Éireann mar infheistíocht chaipitil i bhForbairt Táirge Turasóireachta thar na cheithre bliana atá amach romhainn agus tá sé i gceist go ndéanfar cothabháil ar an leibhéal seo maoinithe, thar shaolré an Phlean Forbartha Náisiúnta, ar a laghad. Leanfaidh Fáilte Éireann le hinfheistíocht a dhéanamh i réimsí tosaíochta a dhéanfaidh seachadadh ar fhás inbhuanaithe in earnáil turasóireachta na hÉireann a mbeidh ioncam níos airde agus tuilleadh poist mar thoradh air.

Ar aon dul le, Forbairt agus Nuálaíocht Turasóireachta – Straitéis Infheistíochta 2016-2022, áirítear ar mheicníochtaí seachadta Fáilte Éireann maidir leis an infheistíocht seo, Scéimeanna Deontais Mhóra agus Scéimeanna Deontais Bheaga (do shuimeanna atá níos mó ná €200,000 agus níos lú ná €200,000 faoi seach), comhpháirtíochtaí straitéiseacha le raon comhlachtaí Stáit agus infheistíocht i bhforbairt eispéireas den scoth. Fógróidh Fáilte Éireann babhtaí nua Scéimeanna Deontais Mhóra agus Scéimeanna Deontais Bheaga ag céimeanna éagsúla sna blianta atá romhainn.

## Straitéis Glasbhealaí

**Stádas Reatha:** Táthar ag súil é a fhoilsiú i Ráithe 1/Ráithe 2 den bhliain 2018.

**Costas Measta:** Faoi réir ag tograí a fuarthas sa ghlao maidir le maoiniú tar éis den straitéis a bheith críochnaithe. Tá beagnach 56 milliún curtha ar fáil sa phlean caipitil ó 2018-2021.

**Dáta Críochnaithe Measta:** Beidh forbairt glasbhealaí ar siúl ar bhonn leanúnach thar thréimhse an Phlean Forbartha Náisiúnta.

Áirítear ar thionscadail atá le seachadadh in 2018/2019, críochnú chodanna Chill Dara agus na Mí den Ghlasbhealach ó Ghaillimh go Baile Átha Cliath. Táthar ag súil go ndéanfar maoiniú ar líon tionscadail nua glasbhealaí agus go ndéanfar iad a sheachadadh thar thréimhse an Phlean Forbartha Náisiúnta, agus déanfar an maoiniú ina leith seo a leithdháileadh ar bhonn cur chuige atá bunaithe ar thairiscintí iomaíocha. Tá an sprioc don ghlasbhealach ó chósta go cósta seo, atá mór le rá, ó Ghaillimh go Baile Átha Cliath mar thosaíocht don Rialtas agus ó thaobh Straitéis na nGlasbhealaí a fhorbairt.

## An Ghaeilge, an Ghaeltacht agus na hOileáin

Aithneofar ról na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán mar chuid den Phlean Forbartha Náisiúnta trí infheistíocht de €178 milliún. Tacóidh infheistíocht sa Ghaeilge le húsáid na teanga a láidriú mar phríomhtheanga an phobail sa Ghaeltacht agus cuirfear le deiseanna leis an nGaeilge a úsáid go forleathan lasmuigh de cheantair Ghaeltachta traidisiúnta.

## Pleanáil Teanga sa Ghaeltacht

Is ionann an próiseas pleanála teanga, a forordaíodh san Acht Gaeltachta 2012, agus an phríomhghné spreagtha a thacaíonn le gealltanas an Rialtais chun na cuspóirí atá leagtha amach sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* a bhaint amach. Is é atá i gceist leis an gcéad chéim den phróiseas, ar cuireadh tús leis i 2014, ná ullmhú pleananna teanga ag leibhéal pobail ar fud 26 Ceantar Gaeltachta agus Pleanála Teanga. Tabharfar tosaíocht do mhaoiniú caipitil a bheidh mar bhonn taca le cur i bhfeidhm na bpleananna teanga. Áirítear ar na réimsí tosaíochta infheistíochta maidir leis seo:

- uasghrádú a dhéanamh ar líon campais Coláistí Gaeilge i dtionscal a mheallann os cionn 26,000 dalta chun na Gaeltachta ar bhonn bliantúil;
- tacaíocht teanga atá suite go straitéiseach agus saoráidí cúraim leanaí a sholáthar;
- oifigí comharchumainn agus saoráidí pobail nua a thógáil in Inis Meáin in Árainn; agus
- saoráidí straitéiseacha turasóireachta a fhorbairt ar Shliabh Liag, ar an Eargail agus i bhFánad i gContae Dhún na nGall agus i gCeantar na nOileán i nGaeltacht Chonamara, Ionad na hEachléime i gContae Mhaigh Eo a chríochnú agus bealach siúlóide, Slí Chorca Dhuibhne i gContae Chiarraí a fhorbairt, déanfaidh na tograí seo comhlánú ar shaoráidí turasóireachta eile a bhfuil forbairt déanta orthu cheana féin, nó atá beartaithe i gcontaetha Gaeltachta feadh Slí an Atlantaigh Fhiáin.

## Údarás na Gaeltachta

Ceadóidh infheistíocht faoin bPlean Forbartha Náisiúnta don Údarás leanúint lena ról tábhachtach maidir le fostaíocht a chruthú sna ceantair Ghaeltachta thar thréimhse an phlean, ag seachadadh ar na cuspóirí atá leagtha amach ina straitéis forbartha geilleagraí féin agus ar raon cuspóirí mar atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta le haghaidh Poist, Feidhm a Bhaint as ár nAigéin, sa Phlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus i mbeartais náisiúnta eile.

Ag glacadh ról an Údaráis san áireamh ó thaobh fiontair agus fostaíocht a chur chun cinn i gceantair thuaithe atá iargúlta, aithníodh roinnt acu seo i nDaonáireamh 2016 mar cheantair a bhí faoi bhuntáiste agus mar cheantair ard-dhífhostaíochta, beidh sé riachtanach thart ar 1,000 post a chruthú go bliantúil le cothabháil a dhéanamh ar chreatlach sóisialta agus geilleagrach na Gaeltachta. Chun é sin a bhaint amach, cuirfidh an méadú incriminteach sa leithdháileadh caipitil bliantúil de €12 milliún an cumas ar fáil le 400 poist breise a chruthú go bliantúil, a thugann go dtí os cionn 1,000 an líon poist a chruthaítear sa Ghaeltacht go bliantúil ar fud chontaetha Dhún na nGall, Maigh Eo, Gaillimh, Corcaigh, Ciarraí, Port Láirge agus an Mhí. Sa bhreis air sin, déanfar infheistíocht shuntasach ar mhaithe le punann mhaoine agus bonneagair an Údaráis a thabhairt suas go caighdeán cuí le fiontair nua a mhealladh.

## Infheistíocht i Líonraí Gaeilge agus i mBailte Seirbhíse Gaeltachta

De réir fhorálacha Acht na Gaeltachta 2012, tá sé beartaithe aitheantas reachtúil a sholáthar do suas le 16 Baile Seirbhíse Gaeltachta. Tá na bailte seo suite go straitéiseach laistigh agus cóngarach do Limistéir Phleanála Teanga Gaeltachta araon, áit ina bhfuil seirbhísí poiblí a mbaineann pobail na Gaeltachta úsáid astu, suite. Foráiltear san Acht freisin le Líonraí Gaeilge a shainiú de cheantair atá lasmuigh den Ghaeltacht agus ina bhfuil tairseach chriticiúil de bhonneagar bainteach le teanga ar nós naíonraí agus bunscoileanna agus meánscoileanna lán-Ghaeilge. Díreoidh infheistíocht sa réimse seo go príomha ar fhorbairt na Gaeilge agus ar fhorbairt Ionaidh Chultúrtha sna bailte agus sna líonraí seo, ag comhlánú ar an mbealach sin an bhonneagair atá ann cheana féin.

Sa bhreis air sin, beidh forbairt a dhéanamh ar mhol teanga agus cultúrtha i lár na cathrach i mBaile Átha Cliath mar thionscadal ceannródaíoch a chuirfidh deiseanna nua ar fáil ó thaobh cur leis an bpobal Gaeilge san Ardchathair atá ag dul i méid.

## Infheistíocht i mBonneagar Oileáin Mara

Tá cothabháil a dhéanamh ar phobail inbhuanaithe amach ón gcósta ailínithe go dlúth le cuspóir beartais náisiúnta an Chreata Náisiúnta Pleanála ó thaobh tacú le fás agus forbairt a dhéanamh ar gheilleagar mara na bpobal cois cósta agus ar na hoileáin. Tá rochtain sábháilte ar an bhfarraige do phobail na n-oileán ríthábhachtach leis an aidhm sin a bhaint amach. Dá réir sin, beidh an fhorbairt, i gcomhar le hÚdaráis Áitiúla, maidir le bonneagar feabhsaithe céanna ar Inis Oírr agus ar Inis Meáin ar Oileáin Árainn agus i Machaire Rabhartaigh, agus soláthar bád farantóireachta d' Oileán Thoraí, ar phríomhthosaíochtaí an tsnáithe infheistíochta seo.

## Cúrsaí Talmhaíochta, Bia agus Mara

Tá infheistíocht in earnáil an agraibhia riachtanach le hiomaíochas a fheabhsú, le cothabháil tírdhreach na hÉireann a chinntiú, le feabhas a chur ar bhithéagsúlacht agus ar cháilíocht uisce, chun cur le spriocanna athrú aeráide agus le forbairt a dhéanamh ar Lárionaid Chuanta Iascaigh agus ar bhonneagar taighde.

Déanfaidh infheistíocht chaipitil phoiblí in earnáil an agraibhia iarracht le forbairt inbhuanaithe na hearnála a chumasú de réir na huaillmhéine atá i *Food Wise 2025* agus in aon straitéis a thagann ina áit. Beidh tacaíocht á fháil ag na cuspóirí seo ón gComhbheartas Talmhaíochta agus ón gComhbheartas Iascaireachta a bheidh ag feidhmiú tar éis na bliana 2020 agus a bhfuiltear ag súil go mbeidh siad ag díriú ar thacaíocht a thabhairt do na hearnálacha seo ar bhealach ina ndéanfar seachadadh ar inbhuanaitheacht feabhsaithe eacnamaíoch, comhshaoil agus sóisialta, le béim faoi leith ar ghníomhartha maidir le maolú a dhéanamh ar athrú aeráide agus ar ghníomhartha oiriúnaithe.



## Tacaíocht Infheistíochta do Chuideachtaí Bia

Déanfar an rannchuidiú a thugann an earnáil cuideachtaí bia leis an ngeilleagar tuaithe agus náisiúnta a uasmhéadú ach tacaíocht leanúnach a thabhairt do chuideachtaí bia atá ag leasú agus ag barrfheabhsú a saoráidí táirgthe.

## An Clár um Fhorbairt Tuaithe agus Infheistíocht ar an bhFeirm

Soláthrófar tuairim is €4 billiún de thacaíocht do phobail tuaithe in Éirinn leis an gClár um Fhorbairt Tuaithe (RDP) 2014-2020 le linn a shaolré go dtí 2020. Ina theannta sin, beidh sé mar thosaíocht ar leibhéal an AE go dtí 2020 tionchar a imirt ar Chomhbheartas Talmhaíochta nua a fhorbairt d'fhonn RDP cómhaoinithe bríoch a dheimhniú i ndiaidh 2020.

Sa tréimhse 2018 go 2021 amháin, táthar ag súil go gcuirfear suas le €350 milliún ar fáil d'fheirmeoirí na hÉireann leis an Scéim Spriocdhírithe um Nuachóiriú Talmhaíochta (TAMSII), d'fhonn infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar, saoráidí agus trealamh chun feabhas a chur ar fhás agus ar iomaíocht, chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le hathrú aeráide agus comhshaol, chun feabhas a chur ar shláinte ainmhithe agus ar shábháilteacht ar fheirmeacha agus chun díriú ar fheirmeoirí óga chun dul i ngleic le próifíl aoise na hearnála.

Bheadh mar thoradh ar tharraingt anuas bhuiséad TAMSII, lena maoinítear i bpáirt infheistíochtaí agus lenar gá maoiniú príobháideach a chomhlánú, infheistíocht phoiblí agus phríobháideach iomlán san earnáil talmhaíochta de thuairim is €670 milliún thar suas le 17,400 gabháltas feirme thar fhad achair na scéime.

## Lárionaid Chuanta Iascaigh

Tá tús curtha le mórthionscadail fhorbartha i mBaile Chaisleáin Bhéarra agus sna Cealla Beaga agus tabharfar fúthu in 2018 agus in 2019. Tríd is tríd, tá clár infheistíochta caipitiúla suas le €180 milliún beartaithe le tosú suas le 2022, i ngach ceann de na sé Lárionad Chuanta Iascaigh, ag Binn Éadair, Dún Mór, Baile Chaisleáin Bhéarra, An Daingean, Ros an Mhíl agus na Cealla Beaga, lena gcuimseofar sábháilteacht agus cothabháil leanúnach móide forbairtí nua riachtanacha. Beidh feabhsúcháin leanúnacha de dhíth ina dhiaidh sin.

## Cuanta Údarás Áitiúil

Breithneofar tionscadail chaipitiúla freisin i gCuanta ar leis na nÚdaráis Áitiúla iad, amhail an Caisleán Nua, le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann leis na hearnálacha Iascaireachta agus Dobharshaothraithe.

## Clár Oibríochta an Chiste Eorpach Muirí agus Iascaigh

Tá Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh reatha, arna mhaoiniú ag an AE, ag soláthar €240 milliún (€147 milliún AE) chun tacú le forbairt ar an earnáil bia mara sa tréimhse 2014 go 2020 agus tá méid comhchosúil infheistíochta beartaithe don tréimhse cláir 2021 go 2027. Tá an ghné chaipitil den chlár reatha (€104 milliún) ag tacú le hinfheistíocht riachtanach i gcumas táirgthe sa dobharshaothrú. Tá sprioc náisiúnta fáis leagtha amach do 2023, eadhon 45,000 tonna breise de bhia mara (+122%).



## Clár Foraoiseachta

Is acmhainn ríthábhachtach do gheilleagar na hÉireann í foraoiseacht. Anuas ar an ról eacnamaíochta, sóisialta agus áineasa atá acu, tá ról ríthábhachtach ag foraoisí na hÉireann maidir le cabhrú le hathrú aeráide a mhaolú, ach ceapadh carbóin a dhéanamh i bhforaoisí agus breoslaí in-athnuaite agus amhábhair a sholáthar.

Tá spriocanna sa Chlár reatha um Rialtas Comhpháirtíochta maidir le foraoisiú a ardaíonn céim ar chéim go dtí 8,100 heicteár in aghaidh na bliana in 2020. Déanfar níos mó ná €100 milliún a infheistiú in 2018 amháin.

Déanfar soláthar do chlár caipitil arna mhaoiniú go poiblí thar shaolré an Chláir Fhoraoiseachta reatha 2014-2020 faoin bPlean Forbartha Náisiúnta seo.

## Saoráidí Taighde agus Nuálaíochta

Beidh níos mó nuálaíochta chun cur leis an éifeachtúlacht eacnamaíochta agus comhshaoil, ar an bhfeirm agus taobh amuigh di, lárnach chun na spriocanna arna leagan amach in Food Wise 2025 a bhaint amach. I measc na sain-tosaíochtaí tá Mol Náisiúnta Nuálaíochta Bia agus Ionad Nuálaíochta Bia Tomhaltóra.
Mar chuid den cheann deireanach sin luaite, déanfar infheistíocht chaipitil tosaigh de €5 milliún in 2018. Maidir le taighde mara, beidh mar chuid den infheistíocht i saoráidí taighde i bhForas na Mara soitheach sain-taighde athsholáthair.

## Toradh Straitéiseach Náisiúnta 4

# Soghluaisteacht Inbhuanaithe

Le córas iompair phoiblí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, cumasófar fás agus athrú, freastalófar ar an ardú suntasach ar an éileamh ar iompar agus ar bhrú tráchta uirbeach, agus cuirfidh lenár bhfís beartais náisiúnta de gheilleagar ísealcharbóin.

Tá athrú mór de dhíth faoin NPF maidir le córais iompair phoiblí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chur ar bun d'fhonn spriocanna na hÉireann ó thaobh gníomhú ar son na haeráide a dhaingniú. Ní mór gur athrú cinntitheach ó na córais tiomána dian-charbóin a dhéanann truailliú go dtí teicneolaíochtaí nua, amhail feithiclí leictreacha agus tabhairt isteach córais leictreacha agus córais a úsáideann cineálacha malartacha eile de bhreosla le haghaidh flíteanna iompair phoiblí.

Ach na roghanna malartacha inbhuanaithe agus taitneamhacha ar iompar poiblí a leathnú amach chuig iompar i gcarranna príobháideacha, laghdófar an brú tráchta agus astaíochtaí agus cuirfear ar chumas na hearnála iompair freastal ar bhealach a bheidh inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de ar na héilimh a bhaineann leis an bhfás níos fadtéarmaí ar an daonra agus ar an bhfostaíocht a shamhlaítear faoin NPF. Ina theannta sin, féadfaidh soláthar roghanna malartacha taistil atá gníomhach agus sábháilte, amhail saoráidí rothaíochta leithscartha agus siúil cabhrú leis an mbrú tráchta a laghdú agus le cuspóirí a chomhlíonadh, ó thaobh gníomhú ar son na haeráide, trí bhíthin roghanna malartacha inmharthana a chur ar fáil, chomh maith le nasc leis an mbonneagar iompair phoiblí atá ann cheana féin.

## Tosaíochtaí Infheistíochta Straitéisí 2018–2027: Iompar Poiblí, €8.6 billiún

Is príomh-chumasóir í infheistíocht phoiblí i gcórais iompair atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de i bpríomhlimistéir uirbeacha agus go náisiúnta maidir le NSOnna faoin NPF a bhaineann le Fás Dlúth i limistéir uirbeacha agus le Nascacht Réigiúnach Fheabhsaithe agus is é sin ceann de na tosaíochtaí is tábhachtaí chun cuspóirí um ghníomhú ar son na haeráide a bhaint amach.

Soláthrófar leis an bPlean Forbartha Náisiúnta líonra iompair phoiblí le pointí idirthurais ardchaighdeáin do phaisinéirí, lena n-éascófar aistriú áisiúil idir sheirbhísí iompair phoiblí éifeachtúla agus comhtháite. Leis an infheistíocht go léir atá beartaithe, cuirfear go mór le rogha agus eispéireas an phobail agus iad ag taisteal, ceanglófar níos mó daoine le níos mó áiteanna agus maolófar an brú tráchta i gcathracha na hÉireann.

### Iompar Poiblí

- Metro Link (Baile Átha Cliath)
- BusConnects Baile Átha Cliath
- BusConnects Corcaigh
- BusConnects Gaillimh
- Gnéithe tosaíochta an leathnaithe ar an DART



# Gníomhartha Infheistíochta

### Cáilíocht agus Luach Infheistíochtaí ón Am atá Caite a Chosaint (Cothabháil agus Athnuachan)

Mar a leagadh amach cheana faoi NSO 2: Inrochtaineacht Réigiúnach Fheabhsaithe, ní mór gur thosaíocht shuntasach a bheidh sa líonra reatha de bhonneagar bóithre, iarnróid agus bus a chothabháil chun leibhéil seirbhíse inghlactha d'úsáideoirí iompair a chinntiú, agus roinnt blianta tearc-infheistíochta a chur san áireamh, rud a léirigh na srianta diana ar infheistíocht chaipitil phoiblí. Méadófar an infheistíocht seo thar shaolré an Phlean Forbartha Náisiúnta de réir mar a fhorbrófar tionscadail nua. Sa bhreis air sin, mar gheall go mbaintear úsáid ollmhór as bonneagar caipitil iompair phoiblí chun seirbhísí iompair Stát-mhaoinithe a sholáthar, tá nasc láidir ann idir infheistíocht leathnaithe sa bhonneagar agus gá níos mó le maoiniú reatha níos mó chun seirbhísí breise a mbaineann úsáid as an mbonneagar sin a sholáthar.

### Infheistíocht níos mó sna cláir iompair phoiblí

Faoin bPlean Forbartha Náisiúnta, déanfar infheistíocht sa bhonneagar iompair phoiblí a luasghéarú chun tacú le forbairt ar chóras iompair phoiblí náisiúnta comhtháite agus inbhuanaithe a bheidh ag teacht leis na NSOnna Soghluaisteacht Inbhuanaithe agus Fás Dlúth sa NPF.


Beidh mar thosaíocht faoi leith, ag teacht le hanailís SIFLT na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, fadhbanna brú tráchta atá ag méadú a chasadh thart, chun feabhsú suntasach sa tseirbhís iompair don phobal a dhaingniú.

Déanfar roinnt tionscadal iompair inbhuanaithe a sheachadadh sa tréimhse go dtí 2027 i gcúig chathair; Baile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge, chun roghanna taistil inbhuanaithe breise a sholáthar chun cur le cumas méadaithe agus le hiompar poiblí níos tapúla, ar chaighdeán níos airde sna cathracha. Áireofar orthu sin bainistiú tráchta, tosaíocht do bhusanna agus tionscadail eile ó thaobh taisteal níos cliste, chomh maith le bealaí uirbeacha rothaíochta agus siúlóide nua le go bhfeidhmeofar an bonneagar iompair ar shlí níos éifeachtaí agus go maolófar an brú tráchta.

Beidh straitéisí iompair agus beartais Rialtais níos leithne mar threoir ag straitéisí iompair chun forbairt réigiúnach chothrom agus cuspóirí maidir le cuimsiú sóisialta a chur chun cinn. Leagtar amach thíos na cláir agus na tionscadail bhunúsacha a bheartaítear lena seachadadh sa tréimhse go dtí 2027.

- **Infheistíocht** leanúnach i bhflíteanna bus agus traenach, chomh maith le bonneagar, chun leibhéil sábháilteachta agus seirbhíse a choimeád, lena n-áirítear leathú breise nuair is gá.
- An **clár iomlán BusConnects** a sheachadadh do gach cathair in Éirinn (córais ticéadaithe, bealaí bus, cumas breise, stadanna agus scáthláin bus nua, etc. san áireamh).
- Aistriú chuig busanna astaíochtaí ísle, busanna leictreacha ina measc, don fhlít busanna poiblí uirbeacha, gan aon bhus díosail amháin a cheannach ó Iúil 2019 ar aghaidh, agus seirbhísí busanna tráchtála agus an tionscal feithiclí seirbhíse poiblí beaga chur chun cinn d'fhonn dul sa tóir ar fhlít astaíochtaí ísle.
- Tógáil an **Metro Link** a thabhairt chun críche.
- Príomhghnéithe **Chlár Leathnaithe an DART** a sheachadadh, lena n-áirítear infheistíocht i bhflít nua traenacha, bonneagar nua agus na línte atá ann cheana a leictriú.
- **An Clár Páirceála agus Taistil**: suíomhanna straitéiseacha páirceála agus taistil móide infheistiú i saoráidí páirceála ag áiteanna iarnróid, Luas agus bus, mar shampla, Sord, Fionnghlas, Dún Búinne, Gleann na Life, Bóthar an Náis, Carraig Mhaighin, Sruthán na Coille agus na Clocha Liatha agus forbairt náisiúnta ar BusConnects, mar shampla Gaillimh, Corcaigh, Luimneach agus Port Láirge.
- Tógáil an **Lárionad Náisiúnta um Rialú Traenach** a thabhairt chun críche.
- **Líonra rothaíochta agus siúlóide** cuimsitheacha sheachadadh do chathracha na hÉireann.
- Tacú le cláir **feabhsaithe/forbartha stáisiúin iarnróid agus bus**, infheistiú i mbainistiú tráchta, clár faisnéise do phaisinéirí, scéimeanna roinnte rothar poiblí, feabhsúcháin inrochtaineachta agus mar sin de.
- Ag teacht le Straitéis an Údaráis Náisiúnta Iompair do Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath 2016-2035, tabhairt faoi mheastóireacht, pleanáil agus dearadh ar leathnú líonra an LUAS chuig Bré, Fionnghlas, Leamhcán, an Poll Beag agus bealach iarnróid éadroim do Chorcaigh sna céimeanna níos déaní de thréimhse Straitéis Iompair Chorcaí, a bhfuil bailchríoch á cur uirthi anois.
- Bonneagar luchtaithe breise a sholáthr le go dtiocfaidh fás dírithe ar fheithiclí leictreacha.

## Fíor 5.3: Líonra Iompair Phoiblí Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2027



## Metro Link

**Stádas Reatha:** Ag eascairt as anailís ar roghanna agus staidéar roghnúcháin maidir le hailínithe féideartha agus suíomhanna stáisiún, bunófar bealach agus suíomh stáisiúin críochnaitheach. Déanfar próiseas comhairliúcháin phoiblí ina dhiaidh sin ar an mbealach is dealraithí a roghnófar go luath in 2018.

**Costas Measta:** €3 billiún

**Dáta Críochnaithe Measta:** 2027

Mar a shamhlaítear i Straitéis Iompair an NTA do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (GDA), tógfar córas iarnróid éadroma ó Shord, via Aerfort Bhaile Átha Cliath, go dtí an taobh ó dheas de lár chathair Bhaile Átha Cliath (i bhfoirm tolláin faoi lár na cathrach) agus ar aghaidh go dtí Áth an Ghainimh agus úsáid á baint as Líne Uaine an LUAS lena chinntiú gur féidir freastal ar fhás ar feadh na conaire seo. Leis sin, soláthrófar conair iarnróid ard-acmhainneachta, ard-mhinicíochta, tras-chathrach do Bhaile Átha Cliath, a fhreastalóidh ar chinn scríbe ríthábhachtacha amhail Sord, Aerfort Bhaile Átha Cliath, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Baile Munna, Ospidéal an Mater agus cinn scríbe atá ann cheana ar feadh Líne Uaine an LUAS go dtí Áth an Ghainimh. Le Metro Link, soláthrófar agaí turais níos tapúla, iontaofa chuig na cinn scríbe sin agus uathu, agus cuirfear cómhalartú le seirbhísí eile ar fáil, amhail seirbhísí eile iarnróid, Leathnú an DART, iarnród éadrom agus seirbhísí bus.

## Clár Leathnaithe an DART

**Costas Measta:** €2 billiún

**Dáta Críochnaithe Measta:** 2027

Is éard é Clár Leathnaithe an DART sraith tionscadal lena gcruthófar líonra DART iomlán sa limistéar cathartha do Bhaile Átha Cliath, le gach ceann de na línte nasctha agus ceangailte. Díreofar an tsraith tosaigh infheistíochta ar na gnéithe tolláin nach mbeidh faoin talamh a sholáthar, ag úsáid an nasc iarnróid agus an tollán nasctha atá ann cheana féin faoi Pháirc an Fhionnuisce. Áirítear air sin flít breise a cheannach do líonra an DART agus bearta amhail athchomharthaíocht agus athruithe acomhail agus stáisiúin chun seirbhísí breisithe a sholáthar. An chéad chéim eile ná seirbhísí leictrithe tapa, ardmhinicíochta go Droichead Átha a sholáthar ar an Líne Thuaidh, go Cill Droichid Cill Droichid/Collchoill ar Líne Chill Dara, go Maigh Nuad agus M3 Bealach na Páirce ar Líne Mhaigh Nuad/Shligigh, fad a leanfar le seirbhísí DART a sholáthar ar an Líne Thoir Theas chomh fada leis Na Clocha Liatha. Áireofar freisin stáisiúin nua chun comh-mhalartú le líonraí, LUAS agus Metro a chur ar fáil.

An buntáiste mór a bhaineann le húsáid a bhaint as an nasc iarnróid a osclaíodh le déanaí agus as an tollán nasctha atá ann cheana féin faoi Pháirc an Fhionnuisce agus a bhaineann leis an tsraith bheartaithe infheistíochta, go gcumasófaí leo seirbhísí breise do phaisinéirí a chur ar bun i bhfad níos luaithe ach úsáid a bhaint as an mbonneagar reatha, le roinnt feabhsúchán. Leis an líonra iarnróid comhtháite sin, soláthrófar croí-chóras iompair ard-acmhainneachta don réigiún, chomh maith le méadú suntasach ar acmhainneacht bhuaic-ama ar gach líne ó Dhroichead Átha, ó Mhaigh Nuad, ó Chill Droichid/Collchoill agus ó na Clocha Liatha. Bunófar an bealach don ghné eile den Clár Leathnaithe DART foriomlán agus de Thollán Faoi Thalamh an DART, agus cosnófar é le gur féidir é a sholáthar amach anseo.



## Infheistíocht in BusConnects

Is éard is aidhm le BusConnects mórathrú a chur ar an gcóras bus reatha i gcathracha na hÉireann ach an méid seo a chur i bhfeidhm:

- líonra de chonairí bus den 'chéad ghlúin eile' (lena n-áirítear saoráidí rothaíochta ar leithligh) ar na bealaí bus is gnóthaí, chun turais bus a dhéanamh níos tapúla, intuartha agus iontaofa;
- athdhearadh iomlán ar an líonra busanna;
- struchtúir táillí níos simplí;
- córas íocaíochta gan airgead tirim agus córas ticéadaithe den scoth;
- brandáil nua do bhusanna, ag comhtháthú feithiclí bus de chineálacha agus oibritheoirí éagsúla;
- áiseanna páirceála agus taistil;
- stadanna agus scáthláin bus nua; agus
- aistriú chuig feithiclí astaíochtaí ísle.

An UNI a sholáthróidh an clár BusConnects. Bunaíodh an UNI in 2009 leis an gcuspóir cur chuige níos dírithe agus níos comhtháite a thabhairt go pleanáil agus soláthar bhonneagar agus seirbhísí iompair chomhtháite, ar bhonn náisiúnta go ginearálta agus go háirithe i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, áit a bhfuil sainchúram níos mionsonraithe ar an ÚNI. I ndáil leis sin, d'fhoilsigh an ÚNI Straitéis Iompair do Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath, 2016–2035.

D'oibrigh an ÚNI i gcomhpháirtíocht le roinnt údarás áitiúil i gcathracha na hÉireann chun straitéisí a bhaineann le hiompar a ullmhú nó chun tionscadail a bhaineann le hiompar a chur i bhfeidhm. Sampla de sin is ea Straitéis Iompair na Gaillimhe, a forbraíodh 2016 le Comhairle Chathair na Gaillimhe agus le Comhairle Chontae na Gaillimhe, i gcomhpháirtíocht leis an ÚNI. Thángthas ar an tátal sa straitéis gurb é iompar poiblí bus-bhunaithe an córas is oiriúnaí do Ghaillimh.

Tá Straitéis Iompair Chorcaigh á thabhairt chun críche freisin ag na hÚdaráis Áitiúla ábhartha i gcomhpháirtíocht leis an ÚNI lena n-áirítear tograí do chóras bus athbhreithnithe do Chorcaigh agus feabhsúcháin don tseirbhís iarnróid i gCorcaigh, lena n-áirítear stáisiúin agus flít iarnróid bhreise. Déanfar athbhreithniú leis an straitéis iompair seo ar an bpoitéinseal maidir le Bus Gasta nó conair Iarnróid Éadroim chun freastal bhfás méadaithe ar an daonra mar a shamhlaítear sa NPF agus faoi réir an chomhdhlúthú forbartha riachtanach ag na hÚdaráis Áitiúla chun tacú le meastóireacht, pleanáil agus dearadh d'fhonn conair chomh hard-acmhainneachta sin a sholáthar sna céimeanna níos déanaí de thréimhse na straitéise. Soláthrófar clár BusConnects do Ghaillimh agus do Chorcaigh ina n-áireofar flíteanna nua bus; lánaí bus le rothaíocht ar leithligh; líonraí seirbhíse bus athbhreithnithe; agus áiseanna páirceála agus taistil.

De réir mar a dhéanann na cathracha eile straitéisí iompair, beidh infheistíocht ar fáil le haghaidh tionscadail a bhaineann le hiompar.

## BusConnects na Gaillimhe

**Stádas Reatha:** Straitéis Iompair na Gaillimhe 2016 i bhfeidhmn, pleanáil agus dearadh ar bun.

**Costas Measta:** €200 milliún

**Dáta Críochnaithe Measta:** 2027

Le BusConnects na Gaillimhe, soláthrófar líonra cuíchóirithe de chúig bhealach ardfheidhmíochta tras-chathracha. Freastalóidh gach bealach ar mhórthaitneamhachtaí lár na cathrach, agus nascfar gach ceann scríbe suntasach ar fud na cathrach. Beidh BusConnects na Gaillimhe comhdhéanta de lánaí bus den chéad ghlúin eile, seirbhísí feabhsaithe, táillí gan airgead tirim agus ticéadú cuntas-bhunaithe. Mar chuid de sholáthar an chláir seo, cuirfear líonra suíomhanna páirceála agus taistil ar bun, arna bhfreastal leis an líonra bus níos éifeachtúlaí. Áirítear le BusConnects na Gaillimhe freisin feabhsúcháin éagsúla ar ríocht phoiblí lár na cathrach, rud a chuirfear leis an taithí iompair tríd is tríd, agus le taitneamhacht lár na cathrach.

## BusConnects Chorcaí

**Stádas Reatha:** Straitéis Iompair Chorcaí á forbairt i gcomhar le NTA.

**Costas Measta:** €200 milliún

**Dáta Críochnaithe Measta:** 2027

Tá líonra busanna athbhreithnithe do Chathair Chorcaí á fhorbairt mar chuid de Straitéis Iompair Chorcaí. Beidh BusConnects Chorcaí comhdhéanta de chonairí bus ríthábhachtacha a sholáthar, seirbhísí feabhsaithe, táillí gan airgead tirim agus ticéadú cuntas-bhunaithe. Mar chuid den seachadadh cláir sin, cuirfear líonra láithreán páirceála agus taistil ar bun, agus an líonra busanna níos éifeachtúlaí ag freastal orthu. Tá poitéinseal ollmhór ag BusConnects Chorcaí chun claochlú radacach a chur ar an gcóras busanna i gCorcaigh, agus é a dhéanamh i bhfad níos éifeachtúlaí, iontaofa agus níos tarraingtí do phaisinéirí nua.

## BusConnects Bhaile Átha Cliath

**Stádas Reatha:** Straitéis Iompair GDA 2016-2035 i bhfeidhm, pleanáil agus dearadh ar bun.

**Costas Measta:** €2 bhilliún

**Dáta Críochnaithe Measta:** 2027

Déanfaidh BusConnects Bhaile Átha Cliath athdhearadh ó bhonn ar an gcóras busanna i mBaile Átha Cliath. Beidh sé comhdhéanta de chonairí bus 'den chéad ghlúin eile' ar na bealaí is gnóthaí, le saoráidí rothaíochta ar leithligh, athdhearadh iomlán ar an líonra busanna, struchtúir táillí níos simplí gan airgead tirim agus córais thicéadaithe den scoth, ticéadú cuntas-bhunaithe, brandáil nua busanna, ag comhtháthú feithiclí bus de chineálacha agus oibritheoirí éagsúla, stadanna agus scáthláin bus nua, agus úsáid a bhaint as feithiclí astaíochtaí ísle.

## Toradh Straitéiseach Náisiúnta 5

# Geilleagar Láidir Tacaithe ag Fiontraíocht, Nuálaíocht agus Scileanna

Tá bonn fiontraíochta réigiúnaí atá iomaíoch, nuálach agus athléimneach riachtanach chun deiseanna poist agus fostaíochta a chur ar fáil do dhaoine le maireachtáil agus le déanamh go maith i ngach réigiún. Tríd an sprioc uaillmhianach fostaíochta sa NPF a bhaint amach i gcomhthéacs neamhchinnteacht dhomhanda mhéadaithe, an Breatimeacht agus cur isteach teicneolaíoch, leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le braislí réigiúnacha iomaíocha a fhorbairt agus ardú san iomaíochas easpórtála fiontraíochta a chruthú chun poist agus fás inbhuanaithe a chinntiú.

Is é an fhís maidir le beartas fiontair náisiúnta arna leagan amach i Fiontraíocht 2025: Nuálaíoch, Solúbtha, Nasctha, go mbeidh Éire ar an áit is fearr le rath a bhaint amach sa ghnó, agus caighdeáin mhaireachtála níos airde a sholáthar do chách. Go sonrach, is é an sprioc beartais náisiúnta: fostaíocht iomlán inbhuanaithe a bhaint amach; na rátaí dífhostaíochta a laghdú go dtí laistigh de 1% den mheán náisiúnta i ngach réigiún; agus coinbhéirseacht táirgiúlachta réigiúnaí a bhaint amach ionas go mbeidh na réigiúin ar fad laistigh de 10% den mheán lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus de chomparadóirí idirnáisiúnta.

### Tosaíocht an Phlean Forbartha Náisiúnta: Fiontraíocht, Nuálaíocht agus Scileanna

Leagtar amach sa NPF uaillmhian maidir lena chinntiú go ndéanfar an fás ar an líon post sa cheantar Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre meaitseáilte ar a laghad leis an bhfás i gceantair Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt, an Iarthair agus an Deiscirt le chéile; líon iomlán de 660,000 post nua. Bainfear amach an uaillmhian seo do réigiúin na hÉireann trí bhíthin infheistiú, tríd an bPlean Forbartha Náisiúnta, in áiteanna a dhéanamh níos taitneamhaí d'infheistíocht fiontraíochta, braisliú earnálach dea-bhunaithe a fhorbairt, á thiomáint le comhoibriú éifeachtach agus á fhorbairt thart ar infheistíochtaí san Ardoideachas agus sa Bhreisoideachas agus Oiliúint (FET). Tá an tslí a ndéantar scileanna agus tallann a chothú, a fhorbairt, a úsáid agus a choinneáil mar chuid lárnach do na huaillmhianta náisiúnta agus réigiúnacha.

Beidh an straitéis fiontraíochta agus nuálaíochta ag teacht leis an straitéis NPF le béim faoi leith ar fhás réigiúnach eacnamaíoch agus fostaíochta chun fiontair réigiúnacha iomaíocha agus nuálacha a chinntiú. Beidh ról ríthábhachtach ag infheistíocht san Ardoideachas agus sa FET i ngach réigiún chun an cuspóir sin a bhaint amach ó thaobh an sruth scileanna agus tallainne a chothaíonn braisliú fiontraíochta agus infheistíochtaí nua. Bainfear é sin amach faoin bPlean Forbartha Náisiúnta trí:

- tacú le fiontraíocht agus braislí iomaíocha a thógáil in earnálacha agus i ngníomhaíochtaí straitéiseacha;
- gníomhartha comhoibríocha ar leibhéal réigiúnach agus áitiúil;
- ardú suntasach a bhaint amach i bhfeidhmíocht fiontar maidir le nuálaíocht, poitéinseal easpórtála agus táirgiúlacht; agus
- tuilleadh infheistíochta a mhealladh chun na réigiún.



## Tosaíochtaí Infheistíochta Straitéisí 2018–2027: Geilleagar Láidir, Tacaithe ag Fiontraíocht, Nuálaíocht agus Scileanna, €9.4 billiún

### Fiontraíocht Ghnó

- Leathnú ar thacaíochtaí Ard-Déantúsaíochta, ag nascadh ionaid agus acmhainneacht ar feadh gach réigiúin
- Braislí Earnálacha Réigiúnacha nua chun fiontraíocht a mhéadú agus a idirnáisiúnú i ngach réigiún
- 'Poil Teicneolaíochta agus Nuálaíochta' réigiúnacha nua, faoi cheannas na nInstitiúidí Teicneolaíochta
- Claochlú Gnó na Breatimeachta trí bhíthin tacaíochtaí ar leibhéal gnólachta
- Buiséad Fhiontraíocht Éireann a mhéadú le haghaidh taighde agus forbartha
- Clár Réadmhaoine Réigiúnach IDA a mhéadú, chun infheistíocht a mhealladh chun na réigiún
- Lárionad Náisiúnta Dearaidh
- Cistiú Caipiteal Síl agus Fiontair chun tacú le gnólachtaí nua-thionscanta agus fás réigiúnach
- ríomhMhoil le haghaidh fiontraíochta agus gnólachtaí nua-thionscanta i ngach contae

### Nuálaíocht

- Timthriallta nua den Chlár Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal, chun leasa an Ardoideachais i ngach réigiún
- Ciste Nuálaíochta na dTeicneolaíochtaí Suaiteacha
- Ionaid Taighde SFI threisithe agus Ionaid Teicneolaíochta EI san ardoideachas i ngach réigiún
- Rannpháirtíocht i gClár Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta an AE
- Uasghrádú ar Institiúid Náisiúnta Tyndall i gCorcaigh
- Clár Teicneolaíochtaí Spáis nua, chun leasa ghnólachtaí sna réigiúin
- Ballraíocht in CERN

### Infheistíocht i bhFiontraíocht, Nuálaíocht agus Scileanna

- Infheistíochtaí Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí in 11 Institiúid Teicneolaíochta
- Comhdhlúthú champas ITBÁC ag Gráinseach Ghormáin
- Teacht chun cinn ollscoileanna teicneolaíochta a chumasú
- Breisoideachas agus oiliúna a dhaingniú i saoráidí nua-aimseartha, atá oiriúnach don chuspóir
- Athchóiriú agus méadú ar shaoráidí ardoideachais
- Tacaíochtaí caipitil do shiollabais agus do chúrsaí nua printíseachta
- Tacaíocht do thaighde, faoi threoir *Nuálaíocht 2020: Straitéis na hÉireann maidir le taighde agus forbairt, eolaíocht agus teicneolaíocht*

# Gníomhartha Infheistíochta

## Infheistiú sa Phoitéinseal Fáis Réigiúnach

Éileoidh fás ar an bhfostaíocht sa todhchaí béim ollmhór ar bhorradh a chur faoin bpoitéinseal fáis réigiúnach chun fostaíocht ardchaighdeáin, inbhuanaithe a chinntiú. Mar sin, ní mór fás a ghiniúint a bheidh inbhuanaithe, á thiomáint ag onnmhairí agus le bonntacú ón nuálaíocht agus ón iomaíochas i ngach réigiún.

Cuirfear tús le clár cuimsitheach agus comhtháite beart chun an poitéinseal fáis agus fostaíochta a neartú, le béim faoi leith ar fhorbairt cothromaithe réigiúnach, ach fiontair iomaíocha, nuálacha a thógáil, lena n-áirítear na deich dtionscnamh a mhionsonraítear thíos.

Le **Braisliú Earnálach Réigiúnach,** tugtar tacaíocht d'fhorbairt Bhraislí Earnálacha Réigiúnacha faoi cheannas gnó, a bhfuil buntáiste iomaíoch acu, trí bhíthin comhoibriú idir SMEanna agus Corparáidigh Ilnáisiúnta, ardoideachas agus na gníomhaireachtaí fiontraíochta. In 2018, seolfar an dara glaoch le haghaidh tograí do Chiste Forbartha Fiontraíochta Réigiúnaí €30 milliún ó Fhiontraíocht Éireann (EI).

Forbrófar **'Poil Teicneolaíochta agus Nuálaíochta' (TIPanna) nua** freisin ag EI agus an tÚdarás Forbartha Tionscail (IDA) chun forbairt réigiúnach agus tuaithe a bhrú chun cinn. Na hInstitiúidí Teicneolaíochta a threoróidh na TIPanna sin, mar chomhpháirtithe le fiontraíocht, trí bhíthin cláir oibre straitéiseacha a fhorbairt do phríomh-earnálacha agus do réimsí a bhfuil poitéinseal réigiúnach acu, ag tacú le táirgiúlacht SMEanna agus claochlú nuálaíochta agus ag luasghéarú na leibhéil fiontraíochta agus feidhmíocht agus rath do ghnólachtaí nua-thionscanta. Cuirfear sin i bhfeidhm trí bhíthin EI agus IDA Éireann.

**Fiontraíocht Réigiúnach**. Rachfar sa tóir ar an sprioc maidir le hardú aon trian ar leibhéil fiontraíochta agus marthanas ghnólachtaí nua-thionscanta atá ag trádáil i ngach réigiún trí bhíthin na nOifigí Fiontair Áitiúil agus EI, trí bhíthin ríomhMhoil nua, meantóireacht agus tionscnaimh chomhoibríocha ar an leibhéal earnálach trí bhíthin na gCistí Forbartha Fiontraíochta Réigiúnaí.

Beidh mar aidhm le **scála agus idirnáisiúnú na fiontraíochta dúchasaí a mhéadú**, le tacaíocht EI d'fhás táirgiúlachta, do nuálaíocht agus d'éagsúlú margaidh, déine easpórtála ghnólachtaí a fhaigheann cúnamh ó ghníomhaireachtaí a ardú ó leath na ndíolachán go dtí os cionn dhá thrian. D'fhonn tacú le claochlú a chur ar fhiontraíocht na hÉireann le dul i mbun iomaíochta agus fáis sa tréimhse i ndiaidh an Bhreatimeachta, díreofar go sonrach ar an mbonn tionsclaíoch a uasghrádú agus ar tháirgí nua agus ar nuálaíocht seirbhíse agus ar tháirgiúlacht a mhéadú i ngach réigiún.

Le **réitigh réadmhaoine IDA, láithreáin straitéiseacha agus deontais** i ngach réigiún, soláthrófar Infheistíocht Dhíreach Eachtrach nua agus poist ardcháilíochta. Ós rud é go mbaineann dúshlán níos mó le hinfheistíocht nua a ghnóthú lasmuigh de na limistéir chathartha, leathnófar d'ardphleanáil agus soláthar réiteach réadmhaoine i ngach réigiún, le béim faoi leith sa ghearrthéarma ar Réigiún na Teorann agus Lár Tíre. Tá cumas na hÉireann infheistíocht chaipitil mórscála, nua, suntasach a dhaingniú i ngach réigiún ag brath, i bpáirt, ar láithreáin sheirbhísithe ar scála agus le criosú cuí a bheith ar fáil go héasca, agus ar chumas na bhfóntas riachtanach éilimh thionscadail mhórchaipitil a chomhlíonadh.Tionscadail shuntasacha an toradh ar infheistíocht an IDA go dtí seo i láithreáin straitéiseacha, tionscadail nach mbeadh indéanta murach go raibh na láithreáin sin ar fáil d'infheisteoirí. Léirítear sin freisin le braisliú chuideachtaí in áiteanna amhail Rinn an Scidígh i gCorcaigh agus An Pháirc Mhór i nGaillimh. Leis an ngníomh sin, cuirfear le clár infheistíochta réadmhaoine reatha IDA, ar fiú €150 milliún é, agus a bhfuil ardfhoirgnimh nua a sholáthar i mBaile Átha Luain, Caisleán an Bharraigh, Sligeach, Gaillimh, Luimneach, Trá Lí agus Port Láirge, i measc áiteanna eile. Cuirfear cláir Deontais IDA leis an gclár réadmhaoine ar feadh na réigiún.

Tá **leathnú na dtacaíochtaí Ard-Déantúsaíochta ar feadh na réigiún go léir** beartaithe Éire a fhorbairt le bheith ina ceannaire i nuálaíocht, feidhmiú agus oiliúint maidir le teicneolaíocht ard-déantúsaíochta, lena n-áirítear línte píolótacha agus saoráidí taispeántais chun cur leis an acmhainneacht ar fud na tíre. EI agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI ) a mhaoinigh an acmhainneacht go dtí seo i dtaighde, i bhforbairt agus i dtaispeántas ar fud na tíre, lena n-áirítear le déanaí trí bhíthin infheistíocht sa Lárionad Taighde Déantúsaíochta na hÉireann sa Mhuilinn gCearr. Is chun claochlú ar dhéantúsaíocht na hÉireann go dtí réimsí nua, lena n-áirítear Tionscal 4.0, 3D agus déantúsaíocht scoite a bhrú chun cinn iad na hinfheistíochtaí sin.

Bunófar ionad náisiúnta dearaidh mar acmhainneacht goir, oiliúna agus taispeántais sna réigiúin chun tacú le nuálaíocht faoi chinnireacht an mhargaidh i bhfiontair atá lonnaithe in Éirinn chun díolacháin idirnáisiúnta a mhéadú.

Tacófar le gnólachtaí nua-thionscanta teicneolaíochta agus le cuideachtaí atá ag céim luath agus a bhfuil ardphoitéinseal fáis acu, trí bhíthin na Scéime um Chiste Caipiteal Síl agus Fiontair.

**Méadú ar aschur na dTaighdeoirí Eolaíochta agus Teicneolaíochta**. Leathnófar an Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI), rud a mhéadóidh an acmhainneacht taighde le clárú breis ábhar PhD agus MSc in institiúidí tríú leibhéal i ngach réigiún.
Ag teacht le hathnuachan ar an tosaíocht a thugtar do thaighde, tá leathadh amach an clár a thiocfaidh in áit PRTLI 5 ceaptha cur le scála agus doimhneacht na taighde i réimsí ábhartha teicneolaíochta d'Éirinn don todhchaí agus cur le cainníocht agus cáilíocht an chaipitil daonna trí bhíthin SFI .

**Ach cur le SFI agus Ionaid Taighde Fhiontraíocht Éireann agus Ionaid Teicneolaíochta san ardoideachas i ngach réigiún**, tacófar le comhoibriú le Cuideachtaí sna réigiúin. Is é an cuspóir, tacú le suas le 20 Ionad Taighde SFI ar chaighdeán domhanda, ag comhoibriú le cúpla céad cuideachta i ngach réigiún. Déanfaimid uasghrádú agus leathnú freisin ar Institiúid Náisiúnta Tyndall i gCorcaigh chun fanacht ar thús cadhnaíochta sna teicneolaíochtaí nua, agus tógáil ar a samhail rathúil rannpháirtíochta leis an tionscal i réimsí amhail sláinte agus eolaíochtaí beatha, ICT, fuinnimh agus agraitheicneolaíocht.

**Teicneolaíocht Eolaíochta Idirnáisiúnta agus Comhoibriú Nuálaíochta a Neartú** chun rannpháirtíocht na hÉireann a ghéarú go hidirnáisiúnta, ag baint úsáid as raon leathan tionscnamh amhail chláir Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa, chun tacú le láidreachtaí san aeraspás agus san aerloingseoireacht san oirthear, i lár tíre agus san iarthar láir, mar shampla. Tá sé beartaithe ballraíocht iomlán le heagraíochtaí eolaíochta idirnáisiúnta a áireamh leis sin, ina measc An Réadlann Eorpach sa Leathsféar Theas, CERN, EuroHPC (ríomhaireacht ardfheidhmíochta) agus infheistíocht in áiseanna agus bonneagar HPC chun gach réigiún a nascadh le margaí idirnáisiúnta.

**Airgeadas le haghaidh fáis**. Tabharfar freagra ar chlistí margaidh i maoiniú agus i gcaipiteal oibre don fhiontraíocht le raon beart nuálaíoch, lena n-áirítear infheistíochtaí chothromas díreach EI agus Cistí Caipiteal Síl agus Fiontair. Dearfar scéimeanna in éineacht le páirtithe leasmhara chun feabhas a chur ar an rochtain ar mhaoiniú do SMEnna ar chostas inacmhainne agus le téarmaí agus coinníollacha réasúnta. Tabharfar aghaidh, leo sin, ar chlistí margaidh amhail an baol maidir leis an mBreatimeacht (scéim iasachta an Bhreatimeachta), fáil ar mhaoiniú níos fadtéarmaí (scéim féideartha maidir le iasachtaí Forbartha), fáil ar mhaoiniú do shamhail ghnó nuálaíoch (an scéim Ráthaíochta Creidmheasa) agus fáil ar Mhicreamhaoiniú.

## €60 milliún EI Ciste Forbartha Fiontraíochta Réigiúnach

I mBealtaine 2017, le maoiniú ón Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, sheol EI an chéad chéim den Chiste Forbartha Fiontraíochta Réigiúnaí €60 milliún arna dhearadh chun tacú le huaillmhian, spriocanna agus cur i bhfeidhm na bPleananna Gnímh Réigiúnacha maidir le Poist. D'fhógair an tAire Humphreys na chéad torthaí faoin gCiste seo an 11 Nollaig 2017.

D'éirigh le tionscadal comhoibríoch is fiche a bhain le raon fiontar agus comhlachtaí poiblí, i leith líon iomlán de €30.5 milliún i dtacaíocht deontais chomhiomlán. Leis an dara glaoch, maoineofar tionscadail ón €30 milliún atá fanta agus táthar ag súil go n-eiseofar iad i R2 2018. As an maoiniú a leithdháileadh go dtí seo, fuarthas €14.3 milliún i limistéar Thionól Réigiúnach an Deiscirt, fuarthas €11.1 milliún i limistéar Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre agus fuarthas €5.1 milliún i limistéar Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair.

I measc na dtionscnamh braislithe earnálach a ceadaíodh bhí Kerry SciTech i gCiarraí/i gCorcaigh, BPO Cluster Ireland, Irish BioEconomy Foundation i dTiobraid Árann, Emerald AeroCluster i Luimneach/Sionainn agus it@cork.

I measc na gcomhoibruithe nuálaíochta agus teicneolaíochta a ceadaíodh bhí an tIonad Líonra InsurTech i gCeatharlach, an tIonad Barrfheabhais Agrai-theicneolaíochta i gCiarraí agus Taighde Déantúsaíochta Éireann san Iarmhí agus ThreeD (design develop disseminate) i bPort Láirge.

ríomhMhoil agus spás fiontraíochta lena n-áirítear Ciste Fiontraíochta Chontae Mhuineacháin, Ciste Fiontraíochta Chontae Liatroma, Nuálaíocht Dhigiteach Dhún na nGall, Bia Innovator Campus i nGaillimh, Mol RDI i gCiarraí, Fiontair Uirbeacha Chorcaí, Seirbhísí Nuálaíochta agus Teicneolaíochta na Snadhma, Ciarraí, Mol Teic Chiarraí, Líonra Pobail Chontae Chill Dara i gCill Dara, Ionad Fiontraíochta agus Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath i mBaile Átha Cliath, Ghala Bhaile Átha Cliath agus *Social and Local Enterprise Alliance*, Baile Átha Cliath.

| Nuálaíocht Réigiúnach – EI, IDA Éireann agus Ionaid Teicneolaíochta agus Taighde SFI |
|---|

Arna mhaoiniú ag an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, tugann an clár Ionaid Teicneolaíochta EI/IDA arna rith ag EI agus IDA Éireann tacaíocht do chláir oibre forbartha teicneolaíochta faoi stiúir an tionscail, ag díriú ar ghníomhaíochtaí gar don mhargadh. Tá samplaí ón bpunann reatha de 14 ionad thíos.

- **Ionad Teicneolaíochta Feola**: ag díriú ar réimsí feidhmeacha amhail **tuartha géanómaíocha, sábháilteacht feola, tréithriú agus sláinte feola**, i dteannta Coláiste na hOllscoileCorcaigh (UCC), Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU), Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (ITBÁC) agus Teagasc.
- **Taighde Déantúsaíochta na hÉireann**: **an clár oibre Déantúsaíocht 4.0**, mar shampla, róbaitic chomhoibríoch, Réaltacht Bhreisithe/Réaltacht Fhíorúil, faisnéisíocht, cibearshlándáil, i mBaile Átha Cliath agus san Iarmhí, le comhpháirtithe ar fud na hÉireann.
- **Déantúsaíocht Chógaisíochta**: taighde ar feadh an **tslabhra déantúsaíochta cógaisíochta**, próiseáil leanúnach agus púdair, ard-teicnící micrea-anailíse gasta. I measc na gcomhpháirtithe tá UCC, Ollscoil Luimneach (UL), IT Shligigh, IT Thrá Lí, IT Chorcaí (CIT), IT Phort Láirge agus IT Thamhlachta.
- **Micrileictreonach**: ag díriú ar thaighde chiorcad Comhartha Measca, Minicíocht Raidió agus Analógach, arna óstáil ag Institiúid Náisiúnta Tyndall le CIT agus Ollscoil Náisiúnta na hÉireann Mhá Nuad (NUIM).
- **Learnovate**: ag díriú ar **theicneolaíochtaí ríomh-fhoghlama**, lena n-áirítear foghlaim chorparáideach, scoile, ard-oideachais agus foghlaim neamhfhoirmiúil, arna óstáil ag Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath (TCD) le raon comhpháirtithe tionscail agus acadúla sna réigiúin.

Cuireann Ionaid Taighde SFI le hionaid teicneolaíochta EI/IDA agus tá siad lonnaithe ar feadh institiúidí ardoideachais na hÉireann i ngach réigiún, ag nascadh na réimsí acadúla agus stairiúla. Tugann siad aghaidh ar cheisteanna taighde ríthábhachtacha, agus tacaíonn, ar deireadh, le cuideachtaí nua agus le cuideachtaí atá ann cheana féin táirgí nuálacha nua a chruthú, as a leanann cruthú post sna réigiúin. Tá samplaí de na 17 n-ionad reatha thíos.

- **Institiúid Micribhithóim APC** a dhéanann **taighde sláinte gastraistéigeach** a thugann aghaidh ar an gcomhéadan idir bia agus leigheas, in UCC, i gcomhpháirtíocht le Teagasc agus CIT.
- **INSIGHT:** taighde in **Anailísíocht Sonraí, meaisín fhoghlaim, intleacht shaorga** agus dúshláin ghaolmhara ICD, arna óstáil i gColáiste na hOllscoile Baile Átha Cliath (UCD), DCU, Ollscoil na hÉireann Gaillimh (NUIG), UCC, NUIM, TCD agus in Acadamh Ríoga na hÉireann.
- **INFANT**: **ionad taighde imbhreithe** a thugann aghaidh ar dhúshláin a bhaineann le toircheas, breith, naíonacht agus leanbaíocht, arna óstáil ag UCC i gcomhpháirtíocht le Coláiste Ríoga na Lianna agus na Máinlianna in Éirinn (RCSI).
- **CONFIRM**: ionad taighde d'**ard-dhéantúsaíocht chliste**; teicneolaíocht braiteora a chur i bhfeidhm le déantúsaíocht agus le tionscal 4.0 – arna óstáil ag UL i gcomhpháirtíocht le hInstitiúid Náisiúnta Tyndall, UCC, CIT, NUIG, IT Bhaile Átha Luain, NUIM agus IT Luimnigh.
- **CURAM**: taighde ar **fheistí leighis den chéad ghlúin eile**, bithábhair, seachadadh drugaí, dearadh feisteas – arna óstáil ag NUIG le UCD, UCC, TCD, UL agus RCSI.

## Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht

Tá acmhainneacht taighde, forbartha agus nuálaíocht lárnach chun iomaíochas i margaí idirnáisiúnta a thógáil agus a choimeád. Mar sin, tá béim dhian, leanúnach ar chaighdeáin taighde a chothabháil agus a fheabhsú ríthábhachtach. Leis an straitéis taighde agus forbartha agus eolaíochta agus teicneolaíochta, Nuálaíocht 2020, leagtar amach mar chuspóir d'Éirinn bheith ina Ceannaire Nuálaíochta Domhanda, lena n-áirítear i dtaighde, i réimsí atá tábhachtach go straitéiseach amhail, mar shampla, cáilíocht ár seirbhísí poiblí a fheabhsú; an comhshaol, acmhainní nádúrtha agus an aeráid a chosaint; agus slándáil bia agus inbhuanaitheacht n tsoláthair fuinnimh a chinntiú. Déanfar luasghéarú na hinfheistíochta i dtaighde agus i bhforbairt, chun tacú le Nuálaíocht 2020 agus níos mó, a sholáthar trí bhíthin na ngníomhartha sa liosta thíos.

Ag teacht le hathbheochan ar bhearta tosaíochta taighde, tá sé beartaithe le leathadh amach chlár comharba ar PRTLI 5 tógáil ar scála agus ar dhoimhneacht an taighde i réimsí teicneolaíochta atá ábhartha d'Éirinn i dtaca leis an todhchaí agus méadú a chur ar chainníocht agus ar cháilíocht an chaipitil daonna trí bhíthin SFI . Is é an cuspóir tacú le suas le 20 ionad taighde SFI a bheadh ar chaighdeán domhanda agus aitheanta go hidirnáisiúnta, ag comhoibriú le cúpla céad cuideachta.

Na Cláir nua do Rolluithe Taighdeora Iarchéimí ar leibhéal Máistreachta agus PhD san ardoideachas a leathadh amach i ngach réigiún, le 500 breise le soláthar faoi 2020 trí bhíthin SFI .



An méadú in aistriú agus tráchtáil taighde le fiontraíocht ar feadh na réigiún a thiomáint, le spriocanna sínte do tháirgí nua agus seoltaí seirbhísí, comhaontuithe ceadúnais agus comhoibrithe, mac-chuideachtaí agus poist á gcruthú trí bhíthin Knowledge Transfer Ireland.

Áireofar ar bhallraíocht na hÉireann i saoráidí comhoibrithe agus eagraíochtaí taighde idirnáisiúnta, an Réadlann Eorpach sa Leathsféar Theas, CERN agus EuroHPC agus an ICHEC a fhorbairt tuilleadh.

Uasghrádú ar Institiúid Náisiúnta Tyndall chun freagairt do dheiseanna teicneolaíochta éabhlóideacha a bhaineann le ICT.

Méadú suntasach a chur ar rannpháirtíocht na hÉireann i gcláir Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa chun deiseanna do chuideachtaí atá lonnaithe in Éireann san earnáil spáis a chomhlíonadh.

## Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha

Is tionscnamh thar a bheith suntasach ó thaobh éiceachóras nuálaíochta agus freagrúlacht na hÉireann a fhorbairt é Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha dúshlánbhunaithe, ar fiú €500 milliún é a bhunú, a chuirfear i bhfeidhm trí bhíthin DBEI agus a ghníomhaireachtaí, agus a oibreoidh le comhlachtaí maoiniú taighde eile. Tá tionchar na nuálaíochta teicneolaíochta ag cumasú claochlú suntasach ar feadh an gheilleagair dhomhanda agus táthar ag súil go dtiocfaidh luasghéarú ar an ráta a dtarlaíonn sin. Tá na teicneolaíochtaí sin ag cur claochlú ar shamhlacha gnó i raon leathan réimsí, lena n-áirítear cúram sláinte, seirbhísí airgeadais, fuinneamh agus táirgiúlacht bia, agus seirbhísí gnó.

Leis an gCiste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha, déanfar infheistíocht i bhforbairt agus in úsáid theicneolaíochtaí agus feidhmchláir nuálacha bhunathraitheacha ar bhonn tráchtála, atá dírithe ar dhul i ngleic le dúshláin náisiúnta agus dhomhanda. Déanfar comhoibriú idir ár mbonn taighde ar chaighdeán domhanda agus tionscal a bhrú chun cinn leis an gciste, agus éascófar d'fhiontair dul san iomaíocht go díreach le haghaidh maoinithe chun tacú le forbairt ar na teicneolaíochtaí sin agus glacadh leo, agus bheith mar bhunús do shraith nua cuideachtaí nua-thionscanta.

## Ardoideachas agus Breisoideachas agus Oiliúna (FET)

San earnáil FET, an tosaíocht mheántéarma ná comhdhlúthú an tsoláthair FET a chinntiú i saoráidí nua-aimseartha atá oiriúnach don fheidhm, agus do leathnú, uasghrádú agus athnuachan ar na saoráidí agus ar an trealamh is gá chun freastal ar an éileamh ar chóras printíseachta atá ag fás. Cuspóirí an NPF maidir le fás sa daonra agus i bpoist a bheidh mar fhaisnéis do bhreis leathnaithe ar shaoráidí FET agus díreofar ar sholáthar chláir chomhtháite ar ardchaighdeáin a chumasú. Cuirfear tús le clár uasghrádaithe caipitil agus leithdháilfear €300 milliún thar shaolré an phlean.

Samhlaítear dhá thosaíocht don earnáil ardoideachais. Sa chéad tosaíocht, samhlaítear ardú suntasach ar an maoiniú a bheidh ar fáil chun tacú le hathchóiriú, cothabháil agus athnuachan trealaimh ar feadh an chórais ardoideachais. An dara tosaíocht ná clár a bhunú a mbeidh tosaíochtaí soiléire aige, le tacaíocht ón Státchiste, a mbeidh na cuspóirí seo a leanas aige:

- Cur le hacmhainneacht Ollscoileanna Teicneolaíochta ilchampais agus Institiúidí Teicneolaíochta. Tá ceithre chuibhreannas ag iarraidh bheith ainmnithe in am trátha mar Ollscoileanna Teicneolaíochta, rud a chuirfidh doimhneacht leis an stór tallainne do bhraislí réigiúnacha ar saintréitheacha agus a thiomáinfidh nuálaíocht agus taighde feidhmeach. Is iad na cuibhreannais sin:
  - » Ollscoil Teicneolaíochta don Oirdheisceart (TUSE), comhdhéanta de WIT agus IT Cheatharlach (féach cás-staidéar thíos);
  - » Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan, comhdhéanta de CIT agus IT Thrá Lí;
  - » Comhghuaillíocht Chonnacht-Uladh, comhdhéanta d'Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo (GMIT), IT Shligigh, agus IT Leitir Ceanainn; agus
  - » TU4Bhaile Átha Cliath, comhdhéanta de DIT, IT Thamhlachta agus IT Bhaile Bhlainséir.
- an acmhainneacht bhreise atá de dhíth a chruthú ar feadh an chórais chun tacú leis an méadú tuartha ar rolluithe agus a bheith freagrúil go hiomlán do riachtanais scileanna ar leibhéal réigiúnach agus náisiúnta, lena n-áirítear foghlaim ar feadh an tsaoil.

### Ollscoil Teicneolaíochta don Oirdheisceart

Cuireadh tús leis an tionscadal Ollscoil Teicneolaíochta don Oirdheisceart (TUSE) in 2011 agus tá sé comhdhéanta de chuibhreannas de dhá institiúid teicneolaíochta: IT Cheatharlach agus WIT. Cheana féin, tá an dá institiúid sin ag freastal ar bhreis is 14,500 mac léinn.

Beidh suntas faoi leith ag bunú TUSE, mar beidh sé ar an gcéad ollscoil lonnaithe sa cheantar sin. Ag tógáil ar láidreachtaí agus na nInstitiúidí Teicneolaíochta atá ann cheana féin, beidh an TUSE nua deartha chun forbairt réigiúnach a thiomáint, nuálaíocht a chothú, an bonn scileanna sa réigiún a thógáil agus a choimeád, agus tuilleadh deiseanna a sholáthar do dhaoine aonair agus don tionscal san Oirdheisceart. Beidh mar aidhm leis freisin dul san iomaíocht sa timpeallacht dhúshlánach den taighde idirnáisiúnta, lena n-áirítear i réimse taighde an AE agus leas a bhaint as deiseanna eile ar leibhéal Eorpach, ina measc tionscnaimh amhail an líonra beartaithe Ollscoileanna Eorpacha.

Tá roinnt infheistíochtaí caipitil fógartha ag an Rialtas cheana féin, a thacóidh le comhaltaí an chuibhreannais TUSE ina dtairiscint maidir le stádas Ollscoile Teicneolaíochta a bhaint amach. Soláthrófar foirgnimh shuntasacha nua in IT Cheatharlach agus i WIT mar chuid den chlár PPP Ardoideachais. Tacóidh na foirgnimh nua sin leis an dá institiúid a soláthar STEM-bhunaithe a leathnú agus a fheabhsú. Ina theannta sin, tá maoiniú leithdháilte chun láithreán a fháil i Loch Garman chun forbairt ar champas saintógtha do IT Cheatharlach sa láthair sin a éascú.

Soláthrófar aon mhórthionscadal bonneagair déag ar fud na tíre mar chuid de Chlár PPP don earnáil ardoideachais ag IT Bhaile Átha Luain IT (AIT), IT Bhaile Bhlainséir, IT Cheatharlach, CIT, Institiúid Ealaín, Deartha agus Theicneolaíochta Dhún Laoghaire, GMIT, IT Luimnigh, IT Leitir Ceanainn, IT Thamhlachta, IT Thrá Lí agus WIT. Mar shampla, tugann an infheistíocht i bhfoirgneamh nua suntasach STEM in AIT freagra díreach ar na riachtanais scileanna sa bhraisle eolaíochtaí beatha i lár tíre agus déanfar leis ról AIT mar thiománaí na forbartha eacnamúla sa réigiún sin a threisiú. Le hinfheistíochtaí san ardoideachas agus i FET, tacófar freisin leis na modhanna seachadta is gá chun an fórsa saothair reatha a ath-scliú agus a athcheapadh i saol ina dtagann mear-athrú ar chúrsaí teicneolaíochta.

Tá ról tábhachtach ag an airgeadas príobháideach freisin i soláthar bonneagair san earnáil ardoideachais. Sa tréimhse deich mbliana den Phlean Forbartha Náisiúnta, tá sé beartaithe ag na seacht n-ollscoil reatha tionscadail a chur i gcrích (lena n-áirítear iad sin ag fanacht ar chead) lena mbaineann infheistíocht iomlán os cionn €3 bhilliún, atá le maoiniú ag meascán dá n-acmhainní féin, iasachtaí (lena n-áirítear ón EIB), daonchairdeas agus deontais státchiste.

Áirítear ar shamplaí de thionscadail atá beartaithe ag ollscoileanna a dhéanamh:

- **Coláiste na hOllscoile Corcaigh:** Scoil Ghnó nua, cóiríocht do mhic léinn, Páirc Nuálaíochta agus seirbhísí ICT, uasghrádú agus leathnú ar Instititiúid Náisiúnta Tyndall agus ospidéal fiaclóireachta nua.
- **Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath:** Acmhainneacht fheabhsaithe sa teagasc, sa taighde agus sa nuálaíocht, Ionad nua do Mhic Léinn, saoráidí spóirt nua, cóiríocht bhreise ar an gcampas agus Campas Digiteach den 21ú hAois.
- **Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath:** Scoil ghnó nua,teilgcheárta foghlama E3, cóiríocht do mhic léinn, Campas Fiontraíochta agus Teicneolaíochta Choláiste na Tríonóide.
- **OÉ na Gaillimhe:** Árais chónaithe nua do mhic léinn, an foirgneamh Bitheolaíocht an Duine a chríochnú agus uasghráduithe eile ar an gcampas.
- **Ollscoil Luimnigh:** Ionad nua do mhic léinn, saoráidí spóirt, áras chónaithe nua agus athchóirithe do mhic léinn.
- **Ollscoil Mhá Nuad:** Ionad Idirnáisiúnta don Eolaíocht, don Teicneolaíocht agus don Nuálaíocht, árais chónaithe nua do mhic léinn, athchóiriú ar chóiríocht an Champais Theas.
- **An Coláiste OllscoileBaile Átha Cliath:** Foirgneamh nua to theagasc agus d'fhoghlaim, Céim 3 den Ionad Eolaíochta, Ionad don Dearadh Cruthaitheach.

Cuirfear maoiniú Státchiste **€2.2 bhilliún ar fáil chun tacú le tosaíochtaí bonneagair san earnáil ardoideachais** i dtréimhse an Phlean Forbartha Náisiúnta. Déanfar sin i dteannta na hinfheistíochta leanúnaí i gcaipiteal daonna trí bhíthin mhaoiniú taighde.



## Forbairt in DCU

**Stádas Reatha:** Tosaithe

**Costas measta:** €236 mhilliún

**Dáta críochnaithe measta:** 2021

Le Plean Forbartha Caipitil DCU, cuirfear claochlú fisiciúil ar an ollscoil ilchampais agus soláthrófar ardán chun a huaillmhianta a bhaint amach i dtaighde, teagasc agus foghlaim, taithí an mhic léinn agus rannpháirtíocht le fiontar.

D'éirigh leis an ollscoil iasacht fhadtéarmach agus maoiniú idirlinne a fháil chun a clár feabhsúcháin bhonneagair a thiomáint sna cúig bliana amach romhainn. Leis sin, cuirfear go mór le hacmhainneacht maidir le taighde agus nuálaíochta, le hionad nua do mhic léinn a thógáil, le saoráidí spóirt nua a sholáthar, le cóiríocht bhreise ar an gcampas agus le spásanna teagaisc digiteacha den 21ú hAois. Tá an chuid eile á soláthar ag bronntanais dhaonchairdiúla, deontais ón rialtas, ranníocaíochtaí ó na mic léinn agus maoiniú ón ollscoil féin.

Leis an infheistíocht, ceadófar uasghrádú ar shaoráidí ar Champas All Hallows agus tógáil chóiríocht do mhic léinn. Éascaíodh léi freisin dhá urlár nua a thógáil i bhFoirgneamh F ar champas Choláiste Phádraig, rud a chuir acmhainneacht bhreise ar fáil chun tacú le Coláiste Phádraig, Coláiste Oideachais Mater Dei agus Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann a ionchorprú i DCU.

Ar champas Ghlas Naíon, éascófar leis an maoiniú aischeannach ar na hárais chónaithe reatha ar an gcampas agus cóiríocht do 560 mac léinn breise ar an gcampas a thógáil. Os cionn 2,200 aonad leaba do mhic léinn a bheidh ann ar champais na hollscoile ansin, rud a chabhróidh le haghaidh a thabhairt ar shaincheist na cóiríochta do mhic léinn i mórlimistéar Bhaile Átha Cliath.

## Toradh Straitéiseach Náisiúnta 6

### Nascacht Idirnáisiúnta Ardcháilíochta

Mar oileán, tá infheistíocht leanúnach inár naisc chalafoirt agus aerfoirt leis an RA, leis an AE agus leis an gcuid eile den domhan ríthábhachtach mar bhonn taca don iomaíochas idirnáisiúnta. Is rud lárnach é freisin le freagra a thabhairt ar na dúshláin chomh maith le ar na deiseanna a thiocfaidh chun cinn de bharr an Bhreatimeachta.

#### Tosaíochtaí Infheistíochta Straitéisí 2018–2027: Aerfoirt agus Calafoirt, €4.8 billiún

Tacóidh infheistíochtaí go mór le forbairt leanúnach agus feabhsú ar chalafoirt agus ar aerfoirt Stáit na hÉireann ag na Fiontair Stáit (SOEnna) tráchtála, ag teacht leis na tosaíochtaí earnála a sainmhíníodh cheana féin ag an mBeartas Náisiúnta do Chalafoirt agus ag an mBeartas Náisiúnta Eitlíochta, chomh maith le tacaíocht Státchiste leanúnach do na haerfoirt bheaga réigiúnacha.

Beidh ról ollmhór ag infheistíocht shuntasach in aerfoirt agus i gcalafoirt na hÉireann maidir le nascacht idirnáisiúnta na hÉireann a chosaint agus a fheabhsú, rud atá bunúsach d'iomaíochas idirnáisiúnta na hÉireann, dá feidhmíocht trádála in earraí agus i seirbhísí, agus rud a chuirfidh lena tarraingteacht maidir le hinfheistíocht dhíreach eachtrach. Ní féidir an iomarca béime a chur ar thábhacht an chuspóra seo i gcomhthéacs imeacht na Ríochta Aontaithe ón AE in 2019.

Le cláir seirbhísí mara, tacófar le cúnamh don loingseoireacht agus do ghníomhaíochtaí cuardaigh agus tarrthála an Gharda Chósta, agus le gníomhaíochtaí um chosc ar thruailliú.

**Aerfoirt**

- An dara rúidbhealach comhthreomhar d'Aerfort Bhaile Átha Cliath
- Túr Rialaithe Físe nua ag Aerfort Bhaile Átha Cliath
- Clár Réigiúnach Aerfort lena gcuirfear tacaíocht airgeadas ar fáil do thionscadail sábháilteachta agus slándála ag na haerfoirt bheaga réigiúnacha

**Calafoirt**

Tá infheistíocht bhonneagair c. €230 milliún á brú chun cinn ag Calafort Bhaile Átha Cliath chun freastal ar shoithí muirghabhala móra agus chun cur leis an acmhainneacht

Tá Calafort Chorcaí ag déanamh infheistíocht c. €90 milliún in athfhorbairt ar a shaoráidí calafoirt reatha ag Rinn an Scidígh chun freastal a dhéanamh ar shoithí muirghabhála móra agus chun cur leis an acmhainneacht

Déanfaidh Cuideachta Chalafort na Sionainne Fhainge infheistíocht €27 milliún i dtreo oibreacha sínte acmhainneachta sa chalafort

## Gníomhartha Infheistíochta

### Aerfoirt

- Tá rúidbhealach nua d'Aerfort Bhaile Átha Cliath faoi 2021 á phleanáil ag DAA ar chostas measta €320 milliún, agus leanfar lena fhorbairt mar mhol idirnáisiúnta (féach bosca ar dheis).
- Tá obair tosaithe ag Údarás Eitlíochta na hÉireann ar infheistíocht €50 milliún i dtúr rialaithe físe nua ag Aerfort Bhaile Átha Cliath chun seirbhísí rialaithe túir a éascú i dtimpeallacht rúidbhealaí comhthreomhar.
- Ag teacht le Beartas Náisiúnta Eitlíochta d'Éirinn 2015, tacófar le ról Aerfort Chorcaí agus Aerfort na Sionainne mar phríomhgheataí turasóireachta agus gnó dá réigiúin, go háirithe ag féachaint don fhorbairt ar mhargaí nideoige.

Tá tacaíocht leanúnach d'aerfoirt réigiúnacha níos lú beartaithe faoi Chlár na nAerfort Réigiúnach (Aerfort Iarthar Éireann, Cnoc Mhuire, Aerfort Phort Láirge, Aerfort Dhún na nGall agus Aerfort Chiarraí). I bhfianaise an scála oibríochta atá aige, tá ról níos réigiúnaí ag Aerfort Chnoc Mhuire maidir le rochtain idirnáisiúnta ná mar atá ag na haerfoirt eile atá níos lú, mar gheall ar a shuíomh san Iarthuaisceart. Tá dhá fhorbairt shuntasacha beartaithe ag Cnoc Mhuire sna blianta amach romhainn, eadhon dromchla nua ar an bpríomh-rúidbhealach agus síneadh ar shábháilteacht an naprúin. Ina theannta sin, cuirfidh ainmniú Aerfort Chnoc Mhuire mar SDZ le forbairt fhadtéarmach an aerfoirt agus leis an ngeilleagar réigiúnach.

Bunaithe ar mheánráta fáis bliantúil 3%, táthar ag súil go soláthróidh an líonra aerfort tuairim is 45 milliún paisinéir faoi 2027.

### Tionscadal an Dara Rúidbhealaigh Chomhthreomhair ag Aerfort Bhaile Átha Cliath

**Stádas Reatha:** Tionscadal tosaithe

**Costas Measta:** €320 milliún

**Dáta Críochnaithe Measta:** 2021

In 2007, thug An Bord Pleanála cead pleanála d'Aerfort Bhaile Átha Cliath chun rúidbhealach 3110m a thógáil, 1.6 km ó thuaidh ón bpríomh-rúidbhealach reatha. De bharr an chúlaithe eacnamaíochta, cuireadh an tionscadal ar fionraí.

Tá líon paisinéirí nach bhfacthas riamh ann, áfach, de bharr an téarnaimh sa gheilleagar – thaistil os cionn 29 milliún paisinéir trí Aerfort Bhaile Átha Cliath in 2017 chuig breis is 180 ceann scríbe ar fud an domhain. De réir mar a tháinig fás ar an trácht ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, tá an gá le dul chun cinn a dhéanamh ar an tionscadal seo ag éirí níos práinní agus rinneadh cinneadh dul ar aghaidh leis an rúidbhealach in Aibreán 2016.

Soláthrófar an Rúidbhealach Thuaidh laistigh de bhanc talún an aerfoirt, an toradh ar phleanáil chúramach lenar cosnaíodh an talamh sin le breis is 40 bliain.

Tá tús curtha le réamhoibreacha ar an tionscadal sin agus tá an rúidbhealach nua le tabhairt chun críche faoi 2021. Tacófar leis an tionscadal le suas le 1,200 post i rith an phróisis forbartha, agus cruthófar deiseanna fostaíochta suntasacha sa slabhra soláthair áitiúil, ó thaobh ábhair thógála de.

## Grúpa na Sionainne

**Stádas Reatha:** Tionscadal tosaithe

**Costas Measta:** €150 milliún

**Dáta Críochnaithe Measta:** 2022

Tá pleananna ag Grúpa na Sionainne, trína fhochuideachtaí Údarás Aerfort na Sionna, Fiontair Thráchtála na Sionainne agus Oidhreacht na Sionainne, breis is €150 milliún a infheistiú ina chlár caipitil sa tréimhse go dtí 2022.

San áireamh ansin tá €100 milliún d'fhorbairt ar an bpunann maoine atá leagtha amach chun déantúsaíocht, trádstóráil agus réitigh oifige ar ardchaighdeán, a sholáthar. Leis an gclár seo, tabharfar cúnamh don IDA agus do EI ina n-iarrachtaí d'infheistíocht isteach agus cuirfear le fostaíocht sa réigiún.

San áireamh sa chlár caipitil seo freisin tá haingear péinte cabhlach leathan a thógáil ag Aerfort na Sionainne. Tá sin ag teacht le beartas Údarás Eitlíochta na hÉireann forbairt ar Ionad Seirbhísí Eitlíochta Idirnáisiúnta (IASC) sa tSionainn a spreagadh. Beidh sin ar an gcéad haingear cabhlach leathan arna thógáil ag aerfort in Éirinn le 20 bliain, agus is é an cineál leathnaithe é a samhlaíodh chun braisle tionscail eitlíochta a bheadh iomaíoch go hidirnáisiúnta a thógáil gar do champas an aerfoirt. Le comhoibriú tras-ghníomhaireachta, leanfar de thuilleadh haingear a fhorbairt sa tSionainn chun freastal ar éileamh an tionscail.

Tá Oidhreacht na Sionainne tiomanta taitneamhachtaí mealltacha do thurasóirí a chruthú in Iarthar na hÉireann, agus áirítear sa phlean athfhorbairt €10 milliún ar Chaisleán Bhun Raite i gcomhar le Fáilte Éireann.

## Calafoirt

Tá trí mhórchlár bonneagair chaipitil ar bun faoi láthair i gCalafoirt Shraith 1, eadhon Calafort Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Sionainne Fhainge. Cuirfidh siad sin le nascacht náisiúnta agus idirnáisiúnta, déanfaidh soláthar d'arduithe amach anseo ar thrádáil agus ar riachtanais acmhainneachta na gcalafort trí bhíthin tuilleadh soithí agus soithí níos mó a éascú, agus tonnáiste agus aschur méadaithe. Ní fhaigheann ceann ar bith de na tionscadail sin maoiniú ón státchiste. Sa bhreis air sin, tá athbhreithniú straitéiseach ar bun i ndáil le Europort Ros Láir.

Is tosaíocht Rialtais i gcónaí é bealaí rochtana chuig calafoirt na hÉireann a threisiú le hinfheistíocht d'fhonn an líonra iompair ar bhóithre a uasghrádú agus a fheabhsú chun agaí turais a fheabhsú. Ar shamplaí d'infheistíochtaí den sórt sin tá forbairt leanúnach an M11, i dtéarmaí an nascacht le Ros Láir san Oirdheisceart a fheabhsú; bóthar beartaithe an N28 Corcaigh go Rinn an Scidígh, i dtéarmaí an rochtain ar Chalafort Chorcaí a fheabhsú; agus bóthar an N21/N69 Luimneach go Áth Dara go Faing, chun an rochtain ar Chalafort na Sionainne Fhainge a fheabhsú. Leagtar béim le himeacht na RA ón AE in 2019 ar an tábhacht a bhaineann leis an NSO seo agus ar an tábhacht a bhaineann le hinfheistíocht leanúnach chun feabhas a chur ar chaighdeán na saoráidí calafoirt, go háirithe na cinn san Oirdheisceart, amhail Ros Láir agus Calafort Phort Láirge, i bhfianaise an ról atá acu i nascacht iompair le margaí ríthábhachtacha san AE a choimeád.

**Tionscadal Athfhorbartha Bháisín Alexandra – Calafort Bhaile Átha Cliath**

**Stádas:** Tosaithe

**Costas:** €230 milliún

**Dáta Críochnaithe Measta:** 2022

Fuair Calafort Bhaile Átha Cliath cead pleanála in 2015 i ndáil leis an gcéad chéim dá Mháistirphlean, Tionscadal Athfhorbartha Bháisín Alexandra. Is infheistíocht bhonneagair dar luach tuairim is €230 milliún ag an gcalafort é seo, chomh maith le hoibreacha caomhnaithe a bhaineann le hoidhreacht thionsclaíoch Victeoiriach an chalafoirt. Beidh an athfhorbairt comhdhéanta d'athstruchtúrú suntasach ar chéanna, bearta, etc. ar thaobh na talún chun éascú do shoithí móra agus chun an t-eispéireas a bhíonn ag soithí cúrsála ar an gcalafort faoi láthair a fheabhsú. Áireofar ar na hoibreacha freisin gnéithe suntasacha de dhreidireacht chaipitil ar feadh na mbeart athstruchtúrtha, chomh maith le cainéal inseolta an chalafoirt a dhéanamh níos doimhne, ón tarraingt reatha 7.8 m go dtí tarraingt 10 m. Leis an infheistíocht, cabhrófar leis an gcalafort a dhéanamh seasmhach i leith na todhchaí, ó thaobh a bheith in ann freastal ar shoithí níos mó sa todhchaí (maidir le fad agus le tarraingt), agus soláthar a dhéanamh d'acmhainneacht mhéadaithe.

## Athfhorbairt Rinn an Scidígh – Calafort Chorcaí

**Stádas:** Tosaithe

**Costas:** €90 milliún

**Dáta Críochnaithe Measta:** 2020

Tá c. €90 milliún á infheistiú ag Calafort Chorcaí in athdhearadh ar a shaoráidí calafoirt reatha ag Rinn an Scidígh. Deonaíodh cead pleanála in 2015 i dtreo na forbartha seo. Leis an bhforbairt seo, cuirfear ar chumas an Chalafoirt freastal ar shoithí níos mó agus tuilleadh forbartha a dhéanamh air mar gheata idirnáisiúnta trádála. Leis an tionscadal, maolófar srianta fisiciúla (mar shampla doimhneacht uisce) na n-oibreacha reatha ag Céanna na Cathrach agus ag Tivoli, agus ceadófar don Chalafort acmhainneacht agus tréchur a mhéadú, custaiméirí éagsúla a fháil isteach, freastal ar an treocht maidir le méadú a chur ar mhéideanna soitheach agus maoin ar Chéanna na Cathracha

## Oibreacha Leathnaithe Acmhainneachta – Cuideachta Calafoirt na Sionainne Fhainge

**Stádas:** Tosaithe

**Costas:** €27 milliún sna chéad chúig bliana eile

**Dáta Críochnaithe Measta:** 2022

Tá Clár Forbartha Bonneagair Chuideachta Calafoirt na Sionainne Fhainge ar bun le tamall agus is éard a bheidh ann clár leathnaithe cé, na Céanna Thoir agus Thiar a nascadh, agus an t-inlíonadh taobh thiar dóibh, ceannach talún agus forbairt láithreáin ag Faing i bhfianaise an easpa bunachair talún ag Calafort Fhainge agus Ath-insealbhú Iarnróid Fhainge. Tá Céim 1 den chuid seo den fhorbairt déanta agus déanfar iarratas pleanála do Chéim 2 a thaisceadh in 2018. Feabhsófar leis an gclár infheistíochta nascacht idirnáisiúnta agus méadófar acmhainneacht trí bhíthin ballaí cé nua a thógáil agus bonneagar calafoirt gaolmhar nascacht sheachtrach le huasghrádú an N69 agus le hath-insealbhú líne iarnróid Luimnigh-Fhainge.

## Seirbhísí Mara

Leanfaidh Coimisinéirí Soilse na hÉireann lena gclár maidir le háiseanna loingseoireachta (tithe solais, baoithe agus rabhcháin), lena n-áirítear athsholáthar in am trátha ar an soitheach, ILV Granuaile. Leanfaidh Garda Cósta na hÉireann de sheirbhísí cuardaigh agus tarrthála agus seirbhísí truaillithe a sholáthar agus de stáisiúin agus trealamh an Gharda Chósta a athchóiriú agus a nuachóiriú ar fud na tíre, chomh maith le tabhairt faoi clár cumarsáide agus tionscadail forbartha IT, go lárnach.



# Toradh Straitéiseach Náisiúnta 7

### Taitneamhacht agus Oidhreacht Feabhsaithe

Aithnítear sa NPF luach na hoidhreachta cultúir mar chuid lárnach agus mar rannchuiditheoir le tharraingteacht agus inbhuanaitheacht ár gcathracha, bailte, sráidbhailte agus ár gceantair thuaithe i dtéarmaí spásanna cruthaitheacha cultúir a fhorbairt, infheistíocht phríobháideach isteach, agus tallann agus fiontraíocht a mhealladh agus a choimeád. Áirítear air sin gach gné den spás maireachtála, amhail sráideanna, spásanna poiblí, ceantair oidhreachta tógtha agus taitneamhachta nádúrtha, deiseanna cultúir agus spóirt agus líonraí iompair inbhuanaithe, a bhfuil páirt lárnach ag gach ceann acu i gcarachtar agus i dtaitneamhacht áite a shainmhíniú. Taispeánann páirceanna náisiúnta agus tearmainn fiadhúlra na hÉireann cuid de na tírdhreacha agus gnáthóga is áille in Éirinn. Is tearmainn thábhachtacha iad na suíomhanna sin don chaomhnú nádúir agus don bhithéagsúlacht agus tugann deiseanna ardcháilíochta do thurasóireacht áineasa inbhuanaithe agus don éiceathurasóireacht.

## Tosaíochtaí Infheistíochta Straitéisí 2018–2027: Áineas agus Oidhreacht Fheabhsaithe, €1.4 billiún

Féadfaidh infheistíocht i gcultúr, oidhreacht agus spóirt, ailínithe go cuí le NSOanna eile atá san áireamh sa NPF, ról tábhachtach a imirt maidir le háiseanna, taitneamhacht agus cumas maireachtála áiteanna éagsúla a fheabhsú, bíodh sin i gcathracha, limistéir uirbeacha eile, bailte beaga agus ceantair thuaithe. Féadfaidh an infheistíocht sin cur le tionchar na hinfheistíochta i líonraí iompair phoiblí inbhuanaithe agus in áiseanna eile a threisiú.

Aithnítear i bpleananna don infheistíocht i gcultúr agus in oidhreacht go bhfuil bonneagar ardcháilíochta riachtanach d'earnáil chultúir agus oidhreachta bheomhar agus go mbíonn infheistíocht inár n-oidhreacht chultúir mar bonn taca le comhtháthú sóisialta agus go dtacaíonn sin le fás eacnamúil láidir agus inbhuanaithe. I dtéarmaí chuspóirí réigiúnacha, is tosaíochtaí sonracha iad feabhas a chur ar ionaid ealaíne agus chultúir ar fud na tíre, poitéinseal turasóireachta inbhuanaithe ár mbonneagair chultúir agus oidhreachta agus feabhas a chur ar bhonneagar áineasa faoin spéir agus oidhreacht nádúrtha na hÉireann.

Mar aitheantas ar ról ríthábhachtach an chultúir, na hoidhreachta agus an spóirt sa saol náisiúnta, is mó ná €1 bhilliún an maoiniú iomlán a leithdháiltear ar thosaíochtaí infheistíochta straitéiseacha sa réimse seo.

## Cultúr agus Oidhreacht

**Infheistíocht in Institiúidí Náisiúnta Cultúir**

- Athchóiriú ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
- Cartlann Náisiúnta na hÉireann
- Ard-Mhúsaem na hÉireann
- Athchóiriú ar an gCeoláras Náisiúnta
- Athchóiriú ar Ghailearaí Ealaíne Crawford
- Dánlann Náisiúnta na hÉireann
- Athfhorbairt ar Amharclann na Mainistreach
- Athchóiriú ar Áras Nua-Ealaíne na hÉireann
- Dánlann Chester Beatty

**Infheistíocht san Oidhreacht Náisiúnta**

- Máistirphlean a cheapadh d'fhorbairt ár bPáirceanna Náisiúnta agus ár dTearmainn Náisiúnta
- Timpeallacht Stairiúil na hÉireann a chosaint trí mhodh na Scéime Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha agus Ciste na nDéanmhas Stairiúil
- Séadchomharthaí Náisiúnta a Chosaint agus a Chaomhnú
- Oidhreacht Nádúrtha agus Bithéagsúlacht – cur i bhfeidhm an *Phlean Gnímh Náisiúnta maidir leis an mBithéagsúlacht 2017-2021*

Infheistíocht i saoráidí ealaíne agus cultúir

Athchóiriú Chanáil Uladh agus infheistíocht inár n-uiscebhealaí agus bonneagar gaolmhar

Bailiúcháin Náisiúnta a Dhigitiú

Infheistíocht i léiriúchán meán agus sa tionscal closamhairc

Gaillimh ina Cathair Chultúir na hEorpa

## Spórt

Ciste Bonneagair Spóirt ar Scála Mór

## Áineas Eile

Ionad Imeachtaí Chorcaí

Plean Infheistíochta Pháirc an Fhionnuisce

## Cultúr

Leagtar amach in Éire 2040 an fhís d'Éirinn mar shochaí atá cruthaitheach, nuálaíoch agus i gcomhréir leis an gcultúr, ina bhfuil na daoine, gnónna agus pobail feistithe chun ár n-aschur eacnamúil náisiúnta agus ár n-iarracht chruthaitheach a neartú. Déanfar soláthar leis do thimpeallachtaí ardcháilíochta, dea-bhainistithe, idir thógtha agus nádúrtha, a chuireann le muinín agus le cáilíocht bheatha an phobail. Cuirtear sásra soiléir ar fáil leis an gClár Éire Ildánach maidir leis an bhfís sin trína chinntiú go mbeidh an chruthaitheacht ag croílár an bheartais phoiblí trí bhíthin gníomhartha a chur i bhfeidhm faoi na cúig piléar.

Tabharfaidh na Forais Náisiúnta Cultúir faoi chlár infheistíochta céimnithe €460 milliún i gcaitheamh deich mbliana, a bheidh dírithe go sonrach ar infheistíocht in ionaid chultúir íocónacha na hÉireann, ag tógáil ar an dul chun cinn atá ar bun cheana i bhforais amhail an Dánlann Náisiúnta, a d'oscail na hEití stairiúla Dargan agus Milltown arís in 2017, agus tionscadal athchóirithe na Leabharlainne Náisiúnta a bhfuil tús curtha leis.

I dtéarmaí sonracha, déanfar dul chun cinn ar athchóirithe ar an Leabharlann Náisiúnta, an Chartlann Náisiúnta, Ard-Mhúsaem na hÉireann agus Gailearaí Ealaíne Crawford. Déanfar obair mheastóireachta, phleanála agus dhearaidh freisin ar phríomhthionscadail ag an gCeoláras Náisiúnta, Leabharlann Chester Beatty, Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Ard-Mhúsaem na hÉireann, Sráid Chill Dara agus an Amharclann Náisiúnta, ag féachaint don chéim thógála a bhogadh le linn shaolré an Phlean Forbartha Náisiúnta. Le linn na tréimhse sin, cuirfear na tionscadail sin in ord tosaíochta, ag féachaint do thorthaí na bpróiseas pleanála meastóireachta agus ag teacht leis an gCód Caiteachais Phoiblí.

Leathnófar an Scéim Chaipitil Ealaíon agus Cultúir freisin. Tacaíonn an scéim sin le cothabháil agus forbairt ar líonra mór de bhonneagar ealaíon réigiúnach agus cuirfear maoiniú ar fáil léi d'ionaid ealaíon réigiúnacha, amharclanna, músaeim réigiúnacha, gailearaithe, cartlanna, saoráidí ilúsáide, stiúideonna ealaíontóirí, etc. i ngach cuid d'Éirinn. Tá ról ríthábhachtach ag an infheistíocht seo i gcur leis an rochtain ar na healaíona agus an cultúr, agus rannpháirtíocht iontu, do gach pobal i ngach cuid den tír.

Tá ról ollmhór le himirt ag digitiú freisin i gcaomhnú, cosaint, agus scaipeadh ár mBailiúchán Náisiúnta, chomh maith le rochtain orthu a éascú agus taighde orthu a dhéanamh.

Is tosaíocht thábhachtach eile é bearta a cheapadh chun poitéinseal fáis agus fostaíochta thionscal léiriúcháin mheán agus closamhairc na hÉireann a chumasú, agus díreoidh ar phoitéinseal na hÉireann a bheith ina ceannaire domhanda i léiriúchán scannán, drámaíocht theilifíse, cláir faisnéise, scéalaíocht do leanaí, agus beochan don scáileán.

Tabharfar tacaíocht freisin do Ghaillimh mar Chathair Chultúir na hEorpa. Fiosróidh an Roinn roghanna chun oidhreacht chultúir Protastúnach na hÉireann a thaifeadadh agus a léiriú freisin, mar chuid de chlár comórtha níos leithne Dheich mBliana na gCuimhneachán. Meastar gur €725 milliún a bheidh i méid comhiomlán na hinfheistíochta i mbonneagar cultúir na hÉireann i gcaitheamh deich mbliana.

## Ard-Mhúsaem na hÉireann – Músaem Stair an Dúlra

**Stádas Reatha:** á fhorbairt

**Costas Measta:** €15 milliún

**Dáta Críochnaithe Measta:** 2021

Le dréacht-mháistirphlean Ard-Mhúsaem na hÉireann dá láithreáin go léir (costas measta €210 milliún thar thréimhse 15 bliana), déanfar athfhorbairt shuntasach ar a champas cheithre shuíomh. Mar shampla, sa phlean d'athchóiriú ar Mhúsaem Stair an Dúlra, Sráid Chill Dara, beidh síneadh nua a thógáil le haghaidh café, stóras, ardaitheoirí agus leithris bhreise do chuairteoirí. Mar bheart ar leithligh, tá rún ag an OPW díon an fhoirgnimh a athsholáthar in 2019 chun inbhuaitheacht an fhoirgnimh a fheabhsúagus chun a bhailiúchán luachmhar a chosaint.

## Athchóiriú ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

**Stádas Reatha:** Á thógáil

**Costas Measta:** €12 milliún

**Dáta Críochnaithe Measta:** 2021

Tabharfar deis don leabharlann leis an tionscadal dar teideal 'An Leabharlann Náisiúnta a Athshamhlú' na coinníollacha stórála agus caomhnaithe is gá chun na bailiúcháin náisiúnta a choimeád sábháilte san fhadtéarma. Ag an am céanna, bainfidh an leabharlann leas as spásanna poiblí agus seirbhísí níos fearr.

Cumasófar leis na spásanna poiblí níos fearr rannpháirtíocht nua agus leanúnach leis na bailiúcháin náisiúnta, agus rochtain uilíoch ar ár seirbhísí. Beidh spás taispeántais nua, seomra léachtaí nua, ardaitheoir poiblí chuig gach urlár agus café agus spás miondíola nua san Eite Thiar athchóirithe.

## Gailearaí Ealaíne Crawford, Corcaigh

**Stádas Reatha:** Á fhorbairt

**Costas Measta:** €22 milliún

**Dáta Críochnaithe Measta:** 2021

**Céim 1:** 2018 go 2021, €4 milliún

Tá Gailearaí Ealaíne Crawford lonnaithe i bhfoirgneamh a tógadh ag tús an 18ú hAois agus tá easnaimh struchtúrtha suntasacha ann. Tá ollchóiriú agus athshlánú riachtanach chun na caighdeáin nua-aimseartha sláinte agus sábháilteachta a mbítear ag súil leo ó mhúsaem poiblí a chomhlíonadh. Tá réamhphlean forbartha ullmhaithe ag an ngailearaí don fhoirgneamh a mheastar a chosnóidh tuairim is €22 milliún sa tréimhse 2018 go 2025. Cosnóidh an chéad chéim, a bhaineann le hobair comhlíonta riachtanach a chríochnú, i ndiaidh gur aistríodh úinéireacht an fhoirgneamh don OPW, tuairim is €4 milliún agus críochnófar í sa tréimhse 2018 go 2021.

**Céim 2:** 2022 go 2027, €18 milliún

San áireamh anseo bheadh athchóiriú iomlán ar an bhfoirgneamh reatha agus tuilleadh spáis oifige agus gailearaí a fhorbairt, lena n-áirítear bloc nua a thógáil chun críocha oideachais, caomhnaithe agus stórála, etc.

## Oidhreacht

Is sócmhainn turasóireachta shuntasach é punann oidhreachta an Stáit, chomh maith le bheith ina léiriú ar stair na hÉireann, ar a féiniúlacht agus ar an ómós áite a chruthaíonn sí. Déanfar oidhreacht nádúrtha, bithéagsúlacht agus oidhreacht thógtha an Stáit a chosaint agus a fheabhsú mar chuid den phlean deich mbliana seo trí bhíthin infheistíocht €285 milliún. Déanfar infheistíocht mhór chun cur le hOidhreacht Nádúrtha na hÉireann trí bhíthin na bpáirceanna agus na dtearmann náisiúnta, agus trí bhíthin áiseanna áineasa faoin spéir.

Meallann na 6 pháirc náisiúnta agus na 78 dtearmann nádúrtha in Éirinn ceithre mhilliún cuairteoir gach bliain agus is pointe lárnach iad don turasóireacht agus don fhiontraíocht i bpobail áitiúla. Mar gheall ar a scaipthe atá siad, tugann siad deiseanna eacnamúla agus fostaíochta do phobail thuaithe ar fud an Stáit. Déanfar bainistiú cúramach ar an gcothromaíocht idir caomhnú an dúlra, bithéagsúlacht agus áiseanna do chuairteoirí le hinfheistíocht stuama. Is tosaíocht sa phlean seo í infheistíocht mhór i saoráidí do chuairteoirí, le béim láidir ar chaomhnú agus ar chosaint na bithéagsúlachta. Áirítear ar thionscadail shonracha faoin bplean feabhas a chur ar na háiseanna do chuairteoirí i bPáirceanna Náisiúnta Chonamara agus Ghleann Bheatha, bealaí nua siúlóide agus rothaíochta i bPáirc Náisiúnta Bhaile Chruaich, infheistíocht i saoráidí áineasa faoin spéir i bPáirc Náisiúnta Chill Airne, infheistíocht i léirmhíniú i bPáirc na Cúile agus i dTearmainn eile, pleananna cuairteoirí agus tráchta do Pháirc Náisiúnta Bhoirne agus feabhsú ar eispéireas an chuairteora i bPáirc Náisiúnta Chill Mhantáin. Déanfaimid infheistíocht freisin i bpleananna gníomh bithéagsúlachta agus in athchóiriú ar thailte móna.

Déanfar infheistíocht mhór freisin i ndáil le timpeallacht stairiúil na hÉireann, lena n-áirítear:

- athbheochan ar chroíláir stairiúla ár gcathracha, bailte agus sráidbhailte; úsáid a bhaint arís as foirgnimh stairiúla agus cur le hathnuachan uirbeach agus tuaithe;
- oibriú le húinéirí agus coimeádaithe chun sócmhainní oidhreachta atá tábhachtach do phobail áitiúla agus ar rannchuideoirí tábhachtacha iad don fholláine agus don chomhtháthú sóisialta, a chothabháil agus a chosaint, amhail Stáisiún Cáblaí Dhairbhre; agus
- rochtain níos fearr ar ár dtimpeallacht stairiúil, thógtha agus nádúrtha a chur ar fáil don phobal.

Áirítear san infheistíocht tacaíochtaí saindírithe amhail an Scéim Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha agus Ciste na nDéanmhas Stairiúil, a chabhraíonn le húinéirí agus le coimeádaithe ár bhfoirgnimh oidhreachta ár n-oidhreacht thógtha luachmhar a chosaint agus a chinntiú nach gcailltear scileanna tógála traidisiúnta tábhachtacha.

D’fhonn eastát oidhreachta na hÉireann, a chuimsíonn 780 séadchomhartha agus láithreán, a chosaint agus a fheabhsú, déanfar infheistíocht i Séadchomharthaí Náisiúnta na hÉireann agus tabharfaidh an OPW faoi obair lena chinntiú go gcaomhnófar na láithreáin sin agus go gcuirfear i láthair iad ar an gcaighdeán is airde. Nuair is féidir é, gheofar láithreáin agus séadchomharthaí breise agus cuirfear feabhas ar rochtain. Áirítear ar na tosaíochtaí maoinithe tionscadail chun áiseanna do chuairteoirí a fheabhsú, beochan na láithreán a fheabhsú agus an bonneagar do chuairteoirí a uasghrádú ag gach ceann dár láithreáin séadchomhartha , agus



chun obair mhór a dhéanamh ar shaoráidí léirmhínithe. Samhlaítear go ndéanfar feabhsúcháin ar an eispéireas do chuairteoirí agus ar léirmhíniú ag láithreáin amhail: Brú na Bóinne; Teamhair; Achaidh Chéide; Cluain Mhic Nóis; Sceilg Mhichíl; Stáisiún Cáblaí Dhairbhre; Carraig Phádraig; agus láithreáin thábhachtacha mainistreacha, armáide agus mheánaoiseacha eile.

Braitheann caighdeán earnálacha turasóireachta agus áineasa na hÉireann go bunúsach ar oidhreacht nádúrtha agus ar bhithéagsúlacht na hÉireann. Tá infheistíocht á cur ar fáil chun tacú le cuspóirí sa *Phlean Gnímh Náisiúnta maidir le Bithéagsúlacht 2017-2021* a foilsíodh le déanaí, lena n-áirítear feabhas a chur ar bhearta caomhnaithe chun tailte móna agus bogaigh a athchóiriú, dul i ngleic le leathadh Speicis Choimhthíocha Ionracha, na Pleananna Gnímh Áitiúla maidir le Bithéagsúlacht a chur i bhfeidhm agus infheistíocht a dhéanamh i scéimeanna agrai-thimpeallachta.
Tugtar breis tacaíochta do thosaíochtaí infheistíochta oidhreachta agus uiscebhealaí, ag teacht le *Fíorú Acmhainneacht na Tuaithe: Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe* lena n-áirítear infheistíocht chriticiúil i bpáirceanna náisiúnta agus in uiscebhealaí, tacaíochtaí breise chun comhlíonadh na Treorach um Gnáthóga a sholáthar, mar a bhaineann lenár dtailte móna uathúla, chomh maith le bearta chun an tionchar a bheidh ag an mBreatimeacht i gceantair teorann a mhaolú.

## Forbairt Leanúnach ar Champas Spóirt Náisiúnta Spórt Éireann

**Stádas Reatha:** Á fhorbairt

**Costas Measta:** €42 milliún

**Dáta Críochnaithe Measta:** 2021

Leanfar le soláthar áiseanna ar chaighdeán domhanda dár scoth-lúthchleasaíochta agus infheistíocht á déanamh chun an Airéine Náisiúnta Laistigh a thabhairt chun críche, agus chun an Veileadróm Náisiúnta agus an tIonad Náisiúnta Badmantain a thógáil.

## Spórt

Tá os cionn €100 milliún i maoiniú caipitil leithdháilte don Chlár Caipitil Spóirt (SCP) sna ceithre bliana amach romhainn. Seo an príomh-shásra chun maoiniú a sholáthar d'eagraíochtaí spóirt agus pobail ar leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta. Leathnófar an clár seo tuilleadh sa tréimhse 2022 go 2027, lena dtabharfar deis d'fhorbairt leanúnach ar áiseanna spóirt nua agus feabhsaithe i limistéir uirbeacha agus thuaithe araon. Is ionann áiseanna feabhsaithe spóirt agus feabhsú mór ar an mbonneagar pobail sna réimsí sin, rud a fhágann gur áiteanna níos tarraingtí iad le cónaí agus le bheith ag obair iontu agus le cuairt a thabhairt orthu.

Tá athbhreithniú á dhéanamh ag Spórt Éireann faoi láthair ar an Máistirphlean don Champas Náisiúnta Spóirt le bheith mar fhaisnéis d'fhorbairt an Champais sa todhchaí. San áireamh san athbhreithniú tá comhairliúchán leis na comhlachtaí spóirt lena aithint cad iad na háiseanna is riachtanaí chun tacú le forbairt leanúnach ar chúrsaí spóirt in Éirinn ar leibhéal rannpháirtíochta agus scotha. Agus aitheantas a thabhairt don mhéid ollmhór a rinne Ceanncheathrú Spóirt na hÉireann do nuachóiriú eagraíochtaí spóirt na hÉireann agus mar fhreagra ar an éileamh ó chomhlachtaí spóirt, tá pleananna ag Spórt Éireann áiseanna oifige breise a fhorbairt ar an gcampas. Tarraingítear aird ar an tábhacht a bhaineann le cóiríocht do lúthchleasaithe sa Mháistirphlean Campais reatha, agus tá sé beartaithe ag Spórt Éireann áiseanna a fhorbairt tuilleadh do scoth na ndornálaithe, na snámhóirí agus daoine eile ag traenáil ar an gcampas, ar bhonn incriminteach. Ag teacht leis an gcur chuige comhshuímh ar áiseanna traenála, lena mbaintear an leas is mó is féidir as fóntas agus lena roinntear costais oibríochta, tá Spórt Éireann ag déanamh machnaimh freisin ar áis traenála faoi dhíon do chruicéad agus do leadóg ar an gcampas, a bhféadfadh toradh mór a bheith aige, le hinfheistíocht bheag, d'fhoirne ardfheidhmíochta agus do rannpháirtíocht níos leithne sna spóirt sin.

Leanfar le soláthar áiseanna ar chaighdeán domhanda dár scoth-lúthchleasaíochta agus infheistíocht á déanamh chun an Airéine Náisiúnta Laistigh a thabhairt chun críche, agus chun an Veileadróm Náisiúnta agus an tIonad Náisiúnta Badmantain a thógáil.

Is é an SCP an príomh-mhodh chun tacaíocht Rialtais a thabhairt do chlubanna agus d'eagraíochtaí spóirt, le haghaidh oibreacha caipitiúla spóirt. Ag deireadh 2017 a rinneadh na leithdháiltí is déanaí faoin gClár, agus leithdháileadh €60 milliún ar chlubanna agus ar eagraíochtaí spóirt ar fud na tíre. Is do thionscadail bheaga go príomha atá an SCP deartha, agus ba €150,000 a bhí sa deontas uasta a soláthraíodh sa bhabhta deireanach.

Taobh amuigh den SCP, tá tacaíocht curtha ar fáil le tamall anuas do bhonneagar suntasach spóirt

lena n-áirítear an athfhorbairt ar Pháirc an Chrócaigh, Staid Aviva agus Páirc Thuamhan. Faoi láthair, is í an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt atá ag riar na ndeontas ón Rialtas don athfhorbairt ar Pháirc Uí Chaoimh, (ranníocaíocht iomlán €30 milliún), agus d'Acadamh Spóirt Chiarraí, (ranníocaíocht iomlán €7.5 milliún).

Go fadtéarmach, tá maoiniú áiseanna spóirt á bhreithniú mar chuid den Athbhreithniú ar an mBeartas Spóirt a bhfuiltear ag súil go mbeidh sé críochnaithe go luath in 2018. Is léir, áfach, go bhfuil pleananna uaillmhianacha ag roinnt de na Comhlachtaí Rialála Náisiúnta Spóirt d'fhorbairtí spórt mórscála sna blianta amach romhainn. Dá réir sin, tá Ciste Bonneagair Spóirt Mórscála de €100 milliún á bhunú do thionscadail spóirt níos mó, sa chás go sáraíonn an rannchuidiú beartaithe ón Rialtas méideanna atá ar fáil faoin SCP.

## Toradh Straitéiseach Náisiúnta 8

# Aistriú chuig Sochaí Ísealcharbóin atá Athléimneach ó thaobh na hAeráide de

Tarraingítear aird sa NPF ar lárnacht an NSO seo maidir le gach gné eile den bheartas spáis. Díríonn na téamaí sa NPF ar ról an bheartais spáis maidir le tionchar a imirt ar an áit a gcónaímid, a oibrímid agus ar an tslí a dtaistealaímid. Tá na nithe sin ábhartha go díreach don phatrún úsáide fuinnimh agus go háirithe don leibhéal reatha astaíochtaí gás ceaptha teasa dochracha a bhfuil Éire tiomanta laghduithe suntasacha a bhaint amach ina leith.

Mar sin féin, mar a dtarraingítear aird air i straitéisí amhail *An Plean Maolaithe Náisiúnta* agus *An Creat Náisiúnta um Oiriúnú: Pleanáil d'Éire atá Athléimneach ó thaobh na hAeráide de*, ní mór d'uaillmhian na hÉireann dul níos faide ná béim ar chomhlíonadh le gealltanais idirnáisiúnta a bhaint amach. Tá sé ríthábhachtach go gcuirtear treochlár mionsonraithe agus soiléir ar fáil ina mbeidh tacar comhtháite gníomhartha a bhfuil mar aidhm leo geilleagar agus sochaí ísealcharbóin a bhaint amach, a bheidh athléimneach ó thaobh na haeráide de agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

Aithnítear sa *Seasamh Beartais Náisiúnta ar Ghníomhú Aeráide agus Forbairt Ísealcharbóin* gur cuspóir lárnach é geilleagar agus sochaí a bheidh athléimneach ó thaobh na haeráide de a bhaint amach faoi 2050. Maidir leis an mbealach chuig aistriú go hísealcharbón go 2050, éilítear treochlár chun laghdú 80% go 95% ar astaíochtaí dé-ocsaíd charbóin faoi 2050.

Bheadh seachadadh na dtosaíochtaí infheistíochta a thugtar sa chaibidil seo, ag tógáil ar an gcur chuige arna leagan amach i bPlean Maolaithe an Rialtais, ina léiriú ar athrú ollmhór ar fheidhmíocht na hÉireann i ndáil le cuspóirí gníomhú ar son na haeráide, a thabharfadh laghdú suntasach ar astaíochtaí carbóin sa tréimhse go dtí 2030 i gcomparáid leis an seasamh bonnlíne 'gan athrú ar bheartas'. Bheadh siad ina ngluaiseacht chinnteitheach i dtreo shochaí dícharbónaithea bhaint amach, ag taispeáint gealltanas aonchiallach an Rialtais a chinntiú go bhfuil Éire ar bhealach inbhuanaithe i dtreo an Seasamh Beartais Náisiúnta a dhaingniú.

### Tosaíochtaí Infheistíochta Straitéisí 2018–2027: Aistriú chuig Sochaí Ísealcharbóin atá Athléimneach ó thaobh na hAeráide de, €21.8 billiún (€7.6 billiún Státchiste / €14.2 billiún neamh-Státchiste)

Ní mór don chuspóir náisiúnta d'aistriú faoi 2050 chuig geilleagar agus sochaí a bheidh iomaíoch, ísealcharbóin, athléimneach ó thaobh na haeráide de agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, tionchar a imirt ar roghanna infheistíochta caipitil poiblí sna deich mbliana amach romhainn.

De bharr nádúr tras-earnálach agus comhtháite na gcinntí is gá leo i réimsí amhail iompar, fuinneamh, talmhaíocht agus an timpeallacht thógtha, is dúshlán uathúil é aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide don bheartas poiblí. Ní mór do roghanna infheistíochta sna hearnálacha éagsúla, mar sin, a bheith comhleanúnach agus an-chomhtháite lena chéile, rud a éilíonn cur chuige comhordaithe láidir idir na comhlachtaí Stáit atá freagrach go díreach agus na fiontair ar leis an Stát iad. Ní mór dóibh freisin bheith ailínithe go dlúth agus a chéile a threisiú i dtéarmaí ról criticiúil na mbeart cánachais agus rialála comhlántach, chomh maith le hinfheistíocht phríobháideach.



## Éifeachtúlacht Fuinnimh

Infheistíocht in éifeachtúlacht fuinnimh, le huasghráduithe ar thithe ag méadú ó 30,000 go 45,000 in aghaidh na bliana ó 2021 chun rátáil fuinnimh 'B' BER ar a laghad a bhaint amach

Infheistíochtaí in éifeachtúlacht fuinnimh an stoic tógála poiblí agus tráchtála, leis an sprioc d'uasghrádú ar gach foirgneamh poiblí agus ar a laghad aon trian d'áitribh thráchtála iomlána chuig Rátáil 'B' BER

Tacaíochtaí chun teaschaidéil a chur in áit choirí olabhreoslaithe, chomh maith le grianphainéil dín a sholáthar i 170,000 teach ar a laghad

## Fuinneamh In-athnuaite

Scéim nua um Thacaíocht Leictreachais In-athnuaite chun tacú le suas le 4,500 meigeavata leictreachais in-athnuaite bhreise faoi 2030

Maoiniú do thaighde fuinnimh chun éagsúlú ó bhreoslaí iontaise chuig fuinneamh glas, lena n-áirítear fuinneamh gaoithe, tonnta, gréine, bithmhaise, bithgháis agus hidrigine a luasghéarú

Leathadh amach iomlán na Scéime Tacaíochta nua do Theas In-athnuaite

Ciste Ghníomhú ar Son na hAeráide chun leas a bhaint as an infheistíocht ó chomhlachtaí poiblí agus príobháideacha i mbearta um ghníomhú ar son na haeráide

## Iompar

Ar a laghad 500,000 feithicil leictreach ar an mbóthar faoi 2030 le bonneagar muirearaithe breise chun freastal ar an bhfás beartaithe

Gan aon fheithiclí nua nach cinn saor ó astaíochtaí iad a dhíol in Éirinn i ndiaidh 2030

Aistriú chuig feithiclí astaíochtaí ísle, lena n-áirítear busanna leictreacha, don fhlít busanna poiblí uirbeacha, agus gan aon bhus díosail amháin a cheannach ón 1 Iúil 2019

An Clár BusConnects

Gan aon Teastas Tástála Náisiúnta Gluaisteán a eisiúint do ghluaisteáin nach bhfuil saor ó astaíochtaí i ndiaidh 2045

Bearta inbhuanaithe taistil, lena n-áirítear Líonra Rothaíochta agus Siúlóide cuimsitheach do cheantair chathracha i gcathracha na hÉireann, agus Glasbhealaí leathnaithe

Líonra iompair phoiblí comhtháite cuimsitheach do chathracha na hÉireann, ag nascadh níos mó daoine le níos mó áiteanna (féach NSO 4)

## Infheistíochtaí Tráchtála & Earnála Príobháidí

Idirnascacht leictreachais feabhsaithe, lena n-áirítear an tIdirnascaire Ceilteach go dtí an Fhrainc agus tuilleadh idirnascachta chuig an RA

Aistriú ionad giniúna leictreachais Ghob na Muine chun deireadh a chur le dó guail faoi 2025

Leathnú ar an líonra athbhreoslaithe maidir le feithiclí a úsáideann breoslaí malartacha chun aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí lasta

Gléasraí cumhachta móna a aistriú chuig teicneolaíochtaí ísealcharbóin níos inbhuanaithe faoi 2030.

Leathadh amach an chláir Náisiúnta um Méadrú Fuinnimh Chliste le tosú in 2019

Tionscadail bhonneagair gháis a fhorbairt chun tacú le forbairt réigiúnach agus tuaithe agus leis an aistriú go hísealcharbón

Atreisiú leanúnach ar an eangach chumhachta atá ann cheana féin

## Talmhaíocht

Cláir phíolótacha ar scála baile maidir le dramhbhia agus talmhaíochta a aistriú go gás i ndobharcheantair talmhaíochta le haghaidh soláthar líonraí gáis áitiúla agus táirgeadh bithgháis

Tionscadail 'tuath atá cliste ó thaobh na haeráide de' a phíolótú chun indéantacht a bhunú maidir leis an mbaile agus an bhfeirm bheith ina n-onnmhaireoirí glan leictreachais trí bhíthin méadrú cliste, eangaí cliste agus teicneolaíochtaí in-athnuaite ar scála beag, amhail teicneolaíochtaí gréine, gaoithe agus teaschaidéila oiriúnú

## Bearta Cosanta Tuilte- €940 milliún

# Gníomhartha Infheistíochta

## Infheistíocht Thrasearnála maidir le Gníomhú ar Son na hAeráide

D'fhonn freagra cinntitheach a thabhairt ar na dúshláin arna gcruthú ag athrú aeráide, teastaíonn cur chuige uile-shochaí agus uile-rialtais, a chuimsíonn:

- bearta cánachais;
- caiteachas;
- rialáil; agus
- athrú ar iompar na ndaoine.

Beidh ar chuspóirí athrú aeráide ár roghanna a mhúnlú go bunúsach ó thaobh infheistíocht chaipitil phoiblí, thar raon réimsí earnálacha, chomh maith leo sin a bhaineann le beartais spáis.

Is tosaíochtaí trasghearrtha iad maolú agus oiriúnú aeráide. Tabharfar tosaíocht do roinnt treonna ríthábhachtacha don infheistíocht phoiblí ag Ranna agus Údaráis Áitiúla ábhartha le bheith mar bhonn taca d'fhreagra na hÉireann ar athrú aeráide domhanda agus déanfar iad a luasghéarú thar shaolré an Phlean Forbartha Náisiúnta.

Beidh ról ríthábhachtach le himirt ag infheistíocht earnála príobháidí maidir le haistriú chuig ísealcharbón agus athléimneacht ó thaobh na haeráide de a bhaint amach, i gcomhar leis an rannchuidiú suntasach arna déanamh ag infheistíocht phoiblí. Maidir leis sin, d'fhonn tacú le cinntí infheistíochta príobháidí, ba chóir go bhfeidhmeodh praghas an charbóin mar chomhartha cuí. Comhthreomhar leis sin, beidh ról ríthábhachtach le himirt ag an obair atá ar bun, ag teacht leis an ngealltanas i *bPlean Maolaithe an Rialtais* chun athbhreithniú a dhéanamh ar pharaiméadar phraghas an charbóin sa tsamhail meastóireachta infheistíochta faoin gCód Caiteachais Phoiblí, lena chinntiú go mbeidh an chinnteoireacht i dtaca le tionscadail infheistíochta caipitil phoiblí á treorú agus á faisnéisiú ag praghas carbóin iomchuí.

## Fuinneamh a Dhícharbónú

Tá claochlú radacach de dhíth ó chóras fuinnimh na hÉirinn chun a chuspóirí fuinnimh agus aeráide do 2030 agus do 2050 a bhaint amach. Ciallaíonn sin nach mór athrú bunúsach a chur ar an tslí a nginimid agus a n-úsáidimid fuinneamh. Tá an t-athrú sin ar bun cheana féin leis an sciar atá ag ardú d'fhoinsí in-athnuaite inár meascán fuinnimh agus leis an dul chun cinn atáimid a dhéanamh maidir le héifeachtúlacht fuinnimh.


Le hinfheistíocht i bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite, athnuachan leanúnach ar acmhainneacht, agus teicneolaíocht na todhchaí, tá deis ag Éirinn ár nginiúint fuinnimh a dhícharbónú go cuimsitheach. Faoi 2030, ní bheidh ról a thuilleadh ag móin ná ag gual i nginiúint leictreachais in Éirinn. Cuirfear deireadh de réir a chéile le húsáid móna faoi 2030 trí bhíthin stáisiúin chumhachta móna a aistriú go teicneolaíochtaí ísealcharbóin níos inbhuanaithe.

Ní mór infheistíocht i bhfuinneamh in-athnuaite a chomhlánú le bearta níos leithne chun fás ar an éileamh ar fhuinneamh a laghdú, chun foinsí soláthair a éagsúlú trí bhíthin idirnascacht níos mó le líonraí fuinnimh idirnáisiúnta, agus chun méadú a chur ar ghlacadh agus ar úsáid stóráil leictreachais agus méadair chliste.

Cuirfidh sin ardú suntasach ar ár n-acmhainneacht teas agus iompar a leictriú agus réitigh téimh ísealcharbóin/nach bhfuil chomh dian ar fhuinneamh a chur chun cinn, lena n-áirítear bithmhais agus bithghás.

Áirítear ar na bearta a theastaíonn chun giniúint fuinnimh a dhícharbónú agus chun cur leis an éifeachtúlacht fuinnimh na cinn sa liosta thíos.

**Fíor 5.4: Acmhainneacht Leictreachais in Éirinn ó Bhreoslaí Indóite agus ón nGaoth, 1990-2015**




Foinse: Eurostat. Nóta: Na Príomhtháirgeoirí Gníomhaíochta Amháin



- Giniúint leictreachais a dhícharbónú.
- Tuilleadh idirnascachta a fhorbairt chun slándáil fuinnimh a mhéadú agus chun giniúint leictreachais níos éagsúla ar an eangach a éascú.
- Maoiniú taighde fuinnimh a úsáid chun éagsúlú ó bhreoslaí iontaise go dtí fuinneamh glas a luasghéarú.
- Leathanbhanda, méadair chliste agus teicneolaíochtaí nua a úsáid chun giniúint fuinnimh níos dáilte agus 'foirgnimh chliste' a éascú.
- Iarfheistiú domhain ar an tithíocht agus ar an stoc foirgneamh tráchtála atá ann, lena n-áirítear tacaíochtaí chun coirí olabhreoslaithe a athsholáthar le teaschaidéil, agus tógáil nua a rialáil leis na caighdeáin éifeachtúlachta fuinnimh is airde.
- Réitigh téimh ísealcharbóin/nach bhfuil chomh dian ar fhuinneamh a chur chun cinn, lena n-áirítear bithmhais, bithghás agus leictriú teasa.
- Tacú le tionscnaimh nua sa téamh ceantar (amhail Scéim Téimh Cheantair Cheantar Dugaí Bhaile Átha Cliath) i gcathracha agus i mbailte móra, mar shampla, Líonraí Gáis Éireann agus Údaráis Áitiúla.

## Ár nOidhreacht Thógtha a dhéanamh Éifeachtúil ó thaobh Fuinnimh

Tá an poitéinseal ag Éirinn a bheith ina ceannaire domhanda ar an timpeallacht thógtha a dhícharbónú, rud a thugann anailís idirnáisiúnta le fios gurb é an bealach is éifeachtaí ó thaobh an chostais de chun dul i ngleic le hathrú aeráide. Sin an fáth gur cuid lárnach de ghníomh na hÉireann ar son athrú aeráide é feabhas chur ar éifeachtúlacht fuinnimh na timpeallachta tógtha. Le héifeachtúlacht fuinnimh, bainfear amach tairbhí maidir le cáilíocht an aeir, sláinte, cuimsiú sóisialta, iomaíochas gnó agus seirbhísí poiblí níos fearr, a mbeidh tionchar dearfach agus fíor ag gach ceann díobh ar shaol na ndaoine.

Ach infheistíocht Státchiste €4 billiún sa tréimhse 2018 go 2030, chomh maith le bearta cánachais agus rialála, d'fheicfí athrú ollmhór ar fheidhmíocht fuinnimh san earnáil chónaitheach le huasghráduithe ar thithe ag ardú ó 30,000 go 45,000 sa bhliain ó 2021.

Ach clár cuimsitheach iarfheistithe dar luach €750 milliún a dhéanamh, chuirfí an timpeallacht thógtha san earnáil phoiblí ar bhealach fónta do 2050 agus threorófaí an bealach chun slabhra soláthair fhuinneamh inbhuanaithe na hÉireann a fhorbairt.

Tá Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) agus Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) ag comhoibriú i gcónaí chun samhail inscálaithe a fhorbairt chun timpeallacht thógtha na hearnála poiblí a dhéanamh éifeachtúil ó thaobh an fhuinnimh de, agus mar sin astaíochtaí a laghdú agus airgead poiblí a shábháil. Is ar theas agus soilsiú atá an bhéim go dtí 2020, le sceideal deiseanna iarfheistithe domhain á sainaithint ar bhonn leanúnach.

## Ciste Nua le haghaidh Ghníomhú ar Son na hAeráide

I bhfianaise na leibhéil an-suntasacha infheistíochta atá de dhíth chun na bearta riachtanacha maidir le gníomhú ar son na haeráide arna sainaithint sa Phlean Forbartha Náisiúnta, bunófar Ciste nua le haghaidh Ghníomhú ar son na hAeráide, a bhainfidh leas as infheistíocht ó chomhlachtaí poiblí agus príobháideacha. Beidh leithdháileadh tosaigh €100 milliún i gceist agus ioncam bliantúil ar a laghad €50 milliún ina dhiaidh sin. Chun an ciste a mhaoiniú agus lena chinntiú go mbeidh cumas aige a acmhainní a athsholáthar, bainfidh an Rialtas athearraíocht as cuid den tobhach ar tháirgí peitriliam (ar a dtugtar tobhach NORA) de 2 cent in aghaidh an lítir atá i bhfeidhm ó 2007. Díreofar, leis an gciste, ar Thionscadal um ghníomhú ar son na haeráide nuair is féidir leis cur le hinfheistíocht phoiblí nó phríobháideach reatha. Beidh béim láidir aige ar idirghabhálacha san earnáil iompair.

## Infheistíochtaí na hEarnála Stáit Tráchtála

I dteannta na mbeart infheistíochta poiblí a dtugtar thuas, tabharfar faoi raon mórthionscadal fuinnimh san earnáil stáit tráchtála thar shaolré an phlean. Táthar ag súil go ndéanfaidh SOEnna infheistíocht os cionn €13 billiún in infheistíochtaí a bhaineann le fuinneamh, le béim faoi leith ar infheistíocht sa bhonneagar líonra fuinnimh rialaithe d'fhonn líonraí leictreachais chliste iontaofa a chur ar fáil chun tacú le slándáil an tsoláthair leictreachais, méadrú cliste agus cumasófar tuilleadh giniúna in-athnuaite. Bainfidh an chuid eile den infheistíocht le sócmhainní giniúna cumhachta in-athnuaite agus traidisiúnta agus le réimsí eile a bhaineann le fuinneamh.

An bhéim atá ag an infheistíocht i mbonneagr líonra rialaithe, arb é BSL a dhéanfaidh an chuid is mó di a mhaoiniú, táthar ag súil, ná a chinntiú go gcoimeádfar bonneagar líonra na hÉireann ag na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta is airde, go mbeidh sé oiriúnach don fheidhm go meántéarmach agus go fadtéarmach d'fhonn freastal ar an éileamh tuartha, agus go gcomhlíonfaidh sé an dúshlán de na leibhéil fuinnimh in-athnuaite is airde ar domhan a chomhtháthú. Is é cuspóir deiridh na hinfheistíochta cabhrú le todhchaí fuinnimh fhadtéarmach, inbhuanaithe agus iomaíoch d'Éirinn a chinntiú. Leis an infheistíocht seo sna líonraí, bainfear amach buntáistí dearfacha don gheilleagar tríd is tríd, mar is cuid bhunúsach í maidir leis an acmhainneacht fuinnimh/cumhachta chun tacú le hinfheistíocht nua agus poist a sholáthar fad a ndéanfar iarracht an acmhainneacht sin a sholáthar ar bhealach inacmhainne, lena chinntiú go mbeidh Éire iomaíoch i gcónaí ó thaobh chostas an fhuinnimh de. Aithnítear gur cumasóir tábhachtach i bhfás eacnamúil í infheistíocht sna sócmhainní sin, agus dá réir sin, go bhfuil ról ríthábhachtach le himirt ag an earnáil maidir le riachtanais bhonneagair thosaíochta a chomhlíonadh.

Leanfaidh EirGrid, a dhéanann an eangach tarchuir a bhainistiú, a fhorbairt agus a oibriú, de roinnt tionscadal tábhachtach a chur chun cinn sa Mhargadh Leictreachais Uile-Oileánda, agus leanfaidh siad ag déanamh measúnú ar dheiseanna idirnascachta le margaí leictreachais máguaird, amhail an tIdirnascaire Ceilteach, chun éagsúlú ár bhfoinsí soláthair leictreachais a éascú. Bheifeá ag súil go gcuirfeadh tuilleadh idirnascachta brú anuas ar phraghsanna mórdhíola leictreachais.

Tá BSL, Bord na Móna agus Coillte gníomhach san earnáil giniúna cumhachta agus tá siad ag pleanáil faoi láthair leanúint ar aghaidh ag infheistiú i dteicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite. Leis na teicneolaíochtaí sin a ghabháil, cuirfear le giniúint leictreachais na hÉireann a dhícharbónú agus le spriocanna astaíochtaí an Chórais Trádála Astaíochtaí a chomhlíonadh. Gaoth ar an gcladach an teicneolaíocht fuinnimh in-athnuaite is mó a ndearna na cuideachtaí infheistíocht inti go dtí seo. Bhí 438 meigeavata ag na cuideachtaí ag deireadh 2016, c. 15% den fhlít feirmeacha gaoithe atá ag feidhmiú sa Stát, meastar. Tá sé beartaithe ag na cuideachtaí sin leanúint orthu ag déanamh infheistíochta sna teicneolaíochtaí sin sna blianta amach romhainn, agus táthar ag súil go ndéanfar roinnt infheistíochtaí ar bhonn comhfhiontair. Táthar ag súil faoi láthair gur i sócmhainní giniúna gaoithe is mó a dhéanfar an infheistíocht seo ach fiosrófar deiseanna i roghanna teicneolaíochta in-athnuaite eile i gcónaí.

Go stairiúil, comhlíonadh cion ard de riachtanais leictreachais na hÉireann le giniúint chumhachta ghásbhreoslaithe. De bharr an fháis ar ghiniúint chumhachta in-athnuaite mar chuid den chlár oibre dícharbónaithe iomlán, chomh maith le hidirnascacht mhéadaithe áfach, tá laghdú tagtha ar an méid giniúna cumhachta gásbhreoslaithe



agus, dá réir, tá líon níos lú gáis á iompar trí bhonneagar gáis na hÉireann. Tá cion suntasach den ghiniúint chumhachta in-athnuaite seo á sholáthar ó fhuinneamh gaoithe ach, i bhfianaise nádúr eatramhach na teicneolaíochta seo, is dócha go nginfear cion de riachtanais leictreachais na hÉireann ó ghás i gcónaí sa mheántéarma go dtí an fadtéarma. Beidh gá i gcónaí, mar sin, le leibhéal áirithe giniúna gásbhreoslaithe bheith ar fáil chun leanúnachas sa soláthar agus iontaofacht na heangaí leictreachais i rith an aistrithe chuig córas fuinnimh ísealcharbóin a chinntiú.

Déanfaidh Líonraí Gáis Éireann infheistíocht leanúnach sa líonra gáis sna blianta amach romhainn, lena chinntiú go bhfanfaidh sé oiriúnach don fheidhm. Is iad leibhéil ídithe gáis amach anseo a spreagfaidh aon infheistíocht bhreise os cionn na leibhéal cothabhála. Maidir leis sin, tá Líonraí Gáis Éireann ag fiosrú infheistíocht i ndeiseanna fáis ar an éileamh ar ghás freisin, lena n-áirítear an poitéinseal chun a líonra gáis a leathnú.

Maidir leis an soláthar gáis, chuir an soláthar gáis dúchasaigh ó gháscheantar na Coiribe le slándáil an tsoláthair ach beidh ar Éirinn gás a allmhairiú i gcónaí via an Ríocht Aontaithe ar bhonn fadtéarmach, mar gheall go bhfuil sé tuartha go dtiocfaidh laghdú ar tháirgeadh na Coiribe sa mheántéarma. Tionscadal tábhachtach maidir leis sin atá beagnach tugtha chun críche anois ná tionscadal nasctha na píblíne gáis dar luach c. €100 milliún (tionscadal Chóras na hAlban Thiar Theas ar an gcladach), lena mbaineann píblíne tarchuir gháis 50 km a thógáil ó Cluden go Brighouse Bay, Albain.

### Poitéinseal maidir le sócmhainní giniúna cumhachta reatha a athchumrú go foinsí breosla níos ísle ó thaobh carbóin

Bainfidh sócmhainní giniúna cumhachta teirmí mórscála áirithe i bhflít ESB agus Bhord na Móna deireadh a saol úsáideach ina gcumraíocht reatha amach sa mheántéarma. Le tuilleadh infheistíochta, seans go mbeidh poitéinseal ann chun cuid de na sócmhainní sin a athchumrú d'fhonn leictreachas a ghiniúint ó roghanna breosla le hastaíochtaí níos ísle, rud a chuirfeadh go dearfach le dícharbónú an leictreachais.

Mar shampla, is gá an teicneolaíocht ísealcharbóin athsholáthair is oiriúnaí a shainaithint don stáisiún guail i nGob na Muine ar le ESB é roimh dheireadh a shaoil úsáidigh ina chumraíocht reatha in 2025. Ag brath ar an gcinneadh a dhéanfar i ndáil le todhchaí an stáisiúin, beidh gá le hinfheistíocht mhór. Mar shampla, chosnódh sé suas le €1 billiún chun an stáisiún reatha a athsholáthar le stáisiún gásbhreoslaithe ar an méid céanna. Ta Bord na Móna ag comhbreoslú a stáisiún móna in Éadán sloinnte maidir le táirgeadh móna mórscála a Doire le bithmhais, ag teacht lena uaillmhian athsholáthar le foinsí fuinnimh malartacha faoi 2030.

Ta dhá stáisiún mhóna ag ESB in iarthar Uíbh Fhailí agus ag Loch Rí. Beidh gá leis na stáisiúin sin a aistriú chuig teicneolaíochtaí ísealcharbóin níos inbhuanaithe i ndiaidh dhul in éag na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí i ndáil leis na stáisiúin ag deireadh 2019.

### An tIdirnascaire Ceilteach beartaithe

**Stádas Reatha:** Dearadh Tosaigh agus Réamhchomhairliúchán

**Costas Measta:** €1 billiún

**Dáta Críochnaithe Measta:** 2025/2026

Is cábla leictreachais faoin bhfarraige dar luach €1 billiún é, a nascfadh Éire agus an Fhrainc, é an tIdirnascaire Ceilteach beartaithe.

Meastar acmhainneacht an Idirnascaire Cheiltigh bheartaithe de bheith tuairim is 700 meigeavata, a bheadh in ann cumhacht a thabhairt do 450,000 líon tí, agus tá staidéar á dhéanamh air ag EirGrid agus ag a chontrapháirt sa Fhrainc, Réseau de Transport d'Électricité (RTE).

Chuirfeadh sé le slándáil an tsoláthair leictreachais in Éirinn agus sa Fhrainc ach nasc ard acmhainne, iontaofa idir an dá thír a sholáthar; chuirfeadh sé éagsúlú ar ár bhfoinsí soláthair; mhéadódh sé iomaíocht sa Mhargadh Leictreachais Aonair uile-oileánda; agus thacódh sé le forbairt ar fhuinneamh in-athnuaite, go háirithe in Éirinn.

Chuirfeadh an acmhainneacht bheartaithe de 700 meigeavata leis na leibhéil acmhainneachta atá ar fáil agus chabhródh leis an bhfás ar an éileamh sa todhchaí a chomhlíonadh.

Is céim shuntasach chun tosaigh é freisin ó thaobh Threochlár Fuinnimh In-athnuaite na hÉireann-na Fraince a chríochnú, a bhfuil sé beartaithe ag RTE agus ag EirGrid tacú leis go gníomhach le gach páirtí leasmhar agus a chinntiú go mbainfidh Éire leas as an bhforbairt ar na margaí ar leibhéal an AE.

## Iompar

NSO 4: Pléann soghluaisteacht inbhuanaithe le dícharbónú iompair d'fhonn spriocanna na hÉireann a dhaingniú ó thaobh ghníomhú ar son na haeráide de. Déanann iompar cuntas do 20% d'astaíochtaí foriomlána na hÉireann (agus do 27% d'astaíochtaí neamh-ETS). Tagann 52% d'astaíochtaí iompair foriomlána ó ghluaisteáin phríobháideacha, 24% ó lastas agus 4% ó iompar poiblí. Tá mar thosaíocht i bPlean Maolaithe an Rialtais  an gá le córais iompair a leictriú de réir a chéile, ag aistriú ó chórais a thruaillíonn agus ó chórais thiomána atá dian ar charbón go dtí teicneolaíochtaí nua amhail feithiclí leictreacha, agus córais leictreacha agus córais breoslaithe ag foinsí malartacha a thabhairt isteach d'fhlíteanna iompair phoiblí.

Na príomhghníomhartha chun sin a bhaint amach ná aistriú luath chuig feithiclí astaíochtaí ísle nó atá saor ó astaíochtaí nó a dhaingniú sna flíteanna poiblí agus príobháideacha agus spriocanna a leagan amach le haghaidh dul chun cinn suntasach maidir leis an Inneall Dócháin Inmheánach a chéimniú amach agus é a athsholáthar le Feithiclí Leictreacha nó le breoslaí malartacha eile trí bhíthin scéimeanna chun dreasacht a thabhairt maidir le Feithiclí Astaíochtaí Ísle. Leagtar amach thíos bearta sonracha:

- An flít iompar gluaisteán a aistriú chuig leictreachas agus bonneagar luchtaithe breise a sholáthar.
- Cláir iompar poiblí tosaíochta a sholáthar, lena n-áirítear BusConnects, Feabhsúchán Acmhainneachta Líne Uaine an LUAS, Clár Leathnaithe an DART agus Metro Link ionas go gcomhlíonfar an t-éileamh méadaithe ar iompar le hiompar poiblí níos glaise.
- Busanna díosail reatha san fhlít busanna poiblí uirbeach a athsholáthar le roghanna malartacha astaíochtaí níos ísle faoin gclár BusConnects, fad a spreagfar seirbhísí busanna tráchtála agus an tionscal feithiclí seirbhíse poiblí beaga chun flít astaíochtaí ísle a úsáid.
- Aistriú modha suntasach a spreagadh trí bhíthin leibhéil níos airde infheistíochta agus forbairt bhreise ar roghanna malartacha bríocha ar úsáid gluaisteán príobháideach faoi na trí mhórscéim iompair seo a leanas atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de:
    - » bealaí rothaíochta agus siúlóide uirbeacha nua lena soláthrófar roghanna taistil inbhuanaithe breise chun cur le hacmhainneacht mhéadaithe agus le hiompar poiblí ardcháilíochta níos tapúla inár bpríomhchathracha;
    - » bainistiú tráchta, tosaíocht do bhusanna agus tionscadal taistil níos cliste eile sna cúig chathair; agus
    - » tionscnaimh phíolótacha do theicneolaíochtaí astaíochtaí ísle san earnáil iompair.

Tá gá freisin leis an líonra bóithre a dhéanamh níos athléimní ó thaobh éifeachtaí an athrú aeráide. San áireamh ansin bheadh na bearta seo a leanas a dtabharfar fúthu faoi chláir bhóithre náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla:

- Córais draenála bóithre níos fearr;
- Cosáin bhóithre agus droichid threisithe atá ábalta éifeachtaí tuilleadh báistí agus damáiste sciúrtha a sheasamh; agus
- Bóithre a ardú i gcásanna áirithe le nach n-éireoidh bóithre do-imeachta i ndiaidh báistí trom.

## Talmhaíocht, Foraoiseacht agus Úsáid Talún

Cé gur tháinig laghdú 3.5% ar astaíochtaí talmhaíochta ó 1990 go 2016, déantar cuntas san earnáil do 46% d'astaíochtaí neamh-ETS na hÉireann, agus tá sé tuartha go dtiocfaidh ardú 4% go 5% orthu faoi 2020, ón leibhéal reatha. Baineann an t-ardú tuartha sa tréimhse go dtí 2020 leis an ardú atá níos mó go suntasach ar tháirgeadh bainne ó tháinig deireadh le cuótaí bainne in 2015.

D'fhonn tacú le spriocanna ghníomhú ar son na haeráide a bhaint amach, is éard atá sa chuspóir beartais cur chuige ar neodracht charbóin don talmhaíocht agus don úsáid talún nach gcuireann isteach ar tháirgeadh bia inbhuanaithe. Cuirfear béim i gcónaí sa talmhaíocht, lena n-áirítear úsáid talún, ar astaíochtaí a laghdú, cur leis an nglacadh carbóin in ithreacha, agus díláithriú breosla iontaise agus ábhair atá dian ar fhuinneamh a mhéadú. Cuirfear béim faoi leith ar nuálaíocht agus glacadh luath go forleathan le teicnící feabhsaithe sa táirgeadh príomhúil agus san earnáil próiseála, agus foraoisiú méadaithe trí bhíthin clár náisiúnta foraoiseachta nua agus rannchuidiú ón earnáil le táirgeadh bithfhuinnimh.

Le Clár um Fhorbairt Tuaithe 2014-2020 na hÉireann, atá bunaithe ar mhodheolaíocht an Choimisiúin Eorpaigh[9], cuirfear tacaíocht €3.4 billiún ar fáil do chuspóirí athrú aeráide. Áirítear ar shamplaí de scéimeanna san RDP a bhfuil béim shonrach acu ar an aeráid, an Clár Sonraí Mairteola agus Géanómaíochta (BDGP) agus an Scéim Ghlas ar Bheagán Carbóin do Chomhshaol na Talmhaíochta (GLAS). Le BDGP, tugann feirmeoirí gealltanas sé bliana chun gníomhartha réamh-shainithe a dhéanamh chun tréad diúil atá níos neamhdhíobhálaí don aeráid a sholáthar. San anailís ullmhúcháin a rinneadh agus BDGP á leagan amach, measadh go nginfí leis an scéim coigilteas gás

[9] Tá an mhodheolaíocht chun tacaíocht ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (EAFRD) le haghaidh chuspóirí athrú aeráide ríomhleagtha amach le hAirteagal 2 agus Iarscríbhinn II de Rialachán Uimh. 215/2014 ón gCoimisiún (AE) maidir le Feidhmiúcháin.

ceaptha teasa idir 92 agus 300 cileaton.

Le GLAS, soláthrófar buntáistí uileghabhálacha i dtéarmaí na timpeallachta tuaithe fad a thabharfar aghaidh ar na saincheisteanna an t-athrú aeráide a mhaolú, caighdeán an uisce agus caomhnú gnáthóg agus speiceas tosaíochta. Mar shampla, áirítear le GLAS gníomhartha atá dírithe ar leibhéil astaíochtaí a laghdú (amhail tacaíocht do leathadh sciodair astaíochtaí ísle a chur i bhfeidhm le 160,000 heicteár agus cleachtais curaíochta íosta a chur i bhfeidhm le 28,000 heicteár) agus gníomhartha ceaptha (amhail 6,500 heicteár fál sceach nua a chur). Cuirfear buntáistí intomhaiste a bhaineann leis an aeráid ar fáil d'Éirinn agus do thalmhaíocht na hÉireann leis an RDP agus go háirithe leis an dá scéim thuas.

Tá ról ríthábhachtach ag foraoisí na hÉireann maidir le cabhrú leis an maolú ar an athrú aeráide, trí bhíthin ceapadh carbóin i bhforaoisí agus soláthar bhreoslaí in-athnuaite agus amhábhar. Is linn carbóin ollmhór é foraoiseacht na hÉireann agus tá foraoisiú ar cheann de na roghanna maolaithe is suntasaí atá ar fáil d'Éirinn chun cabhrú lena spriocanna aeráide idirnáisiúnta a bhaint amach. Tarlaíonn maolú ar an athrú aeráide freisin nuair a chuirtear bithmhais foraois-bhunaithe in áit bhreoslaí iontaise le haghaidh téimh nó ghiniúint chumhachta. Cabhraíonn sin leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise allmhairithe a laghdú.

Áireofar ar nuálaíocht bhreise agus ar bhearta nua:

- Cláir phíolótacha ar scála baile maidir le dramhbhia agus dramhaíl talmhaíochta chuig gás i ndobharcheantair thalmhaíochta le haghaidh sholáthar líonraí gáis áitiúla agus táirgeadh bithgháis; agus
- Tionscadail 'tuath atá cliste ó thaobh na haeráide de' a phíolótú chun indéantacht a bhunú maidir leis an mbaile agus an bhfeirm bheith ina n-onnmhaireoirí glan leictreachais trí bhíthin méadrú cliste, eangaí cliste agus teicneolaíochtaí in-athnuaite ar scála beag, amhail teicneolaíochtaí gréine, gaoithe agus teaschaidéil a oiriúnú.

Tá tuilleadh oibre beartaithe, i gcomhthéacs an chur chuige beartais ar neodracht charbóin don talmhaíocht, chun clár iomlán maolaithe a fhorbairt (lena n-áirítear roghanna seicheamhacha san earnáil talmhaíochta, foraoiseachta agus úsáid talún) le cur i bhfeidhm a chumasú maidir le cur chuige a dhéanann ceannaire ar fheirmeoireacht agus ar bhainistiú talún inbhuanaithe agus ísealcharbóin d'Éirinn, fad a chinntítear go gcomhlíonaimid ár spriocanna aeráide atá ina gceangail dlí, chomh maith lenár gCuspóir Aistrithe Náisiúnta 2050.

## Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte

Leis an gclár infheistíochta caipitil tuilte reatha agus na Pleananna Bainistíochta i gCás Tuilte a forbraíodh faoin bpróiseas Measúnaithe agus Bainistíochta Riosca i gCás Tuilte Dobharcheantair (CFRAM), cabhrófar le leochaileacht na tíre i dtaobh éifeachtaí diúltacha ón athrú aeráide a laghdú, trí bhíthin bearta oiriúnaithe éifeachtacha.


Le hinfheistíocht €350 milliún ó 1995, tá 42 mórscéim faoisimh tuilte curtha ar bun ar fud na tíre, lena dtugtar cosaint do 9,500 maoin agus buntáiste eacnamúil don Stát i ndamáiste agus caillteanais a seachnaíodh, de thuairim is €1.9 billiún.

Tá €430 milliún leithdháilte do thionscnaimh maolaithe tuilte sa tréimhse 2016 go 2021 chun pobail a mbagraíonn riosca tuilte aibhneacha agus cósta orthu, a chosaint. Leis an maoiniú sin, tugtar tacaíocht do chlár suntasach infheistíochta i bhfaoiseamh tuilte a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear ocht mórscéim faoisimh tuilte atá á dtógáil agus 26 scéim atá á ndearadh agus á bpleanáil, chun 11,200 maoin a chosaint. Seo a leanas cuid de na mórthionscadail atá san áireamh sa chlár reatha:

- Scéim Abhainn na Laoi um Fhaoiseamh Tuilte (Cathair Chorcaí) (á forbairt);
- Scéim an Sciobairín um Fhaoiseamh Tuilte (á tógáil);
- Scéim Inis Córthaidh um Fhaoiseamh Tuilte (á forbairt);
- Scéim na Bandan um Fhaoiseamh Tuilte (á tógáil);
- Scéim Chloich na Coillte um Fhaoiseamh Tuilte (réamh-thógáil);
- Scéim Bhaile Chláir um Fhaoiseamh Tuilte (á tógáil); agus
- Scéim Bhaile Átha Luain um Fhaoiseamh Tuilte (á tógáil).

Ina theannta sin, leis an gclár, tugtar tacaíocht do 660 scéim mionoibreacha a sholáthar, á soláthar go díreach ag Údaráis Áitiúla ar fud na tíre, lena dtugtar réitigh áitiúla ar shaincheisteanna tosaíochta maidir le tuilte.

**Fíor 5.5: Caiteachas Caipitil Comhlán Vótáilte ar Bhainistiú Riosca Tuilte**




Foinse: Banc Sonraí na Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

I 2011, shainaithin an Rialtas 300 suíomh lena baineann riosca féideartha suntasach ó thuilte agus le chéile, is ionann iad agus 80% de riosca féideartha na hÉireann ó thuilte aibhneacha agus farraige, an príomh-fhoinse tuilte in Éirinn.

Ó shin i leith, tá samhaltú innealtóireachta fairsing agus mionsonraithe déanta ag an OPW trí bhíthin a chlár CFRAM do gach ceann de na 300 suíomh sin.

Is é seo an staidéar is mó riamh ar an riosca tuilte in Éirinn agus soláthraíodh leis:

- 29 bPlean Bainistíochta Riosca Tuilte ina leagtar amach c. 118 tionscadal caipitil móra agus beaga eile i dteannta na gcinn atá sa chlár reatha cheana féin; agus
- Mapaí tuilte don riosca tuilte i ngach ceann de na suíomhanna sin, lena dtacófar le pleanáil agus le bainistíocht ar an bhfreagairt éigeandála.

Tá an Rialtas tiomanta don chuspóir beartais maidir le tuilleadh oibreacha caipitil/scéimeanna faoisimh tuilte a sholáthar chun an tionchar ó thuilte aibhneacha agus farraige ar an tsochaí a íoslaghdú trí bhíthin na 29 bPlean Bainistíochta Riosca Tuilte a leathadh amach. Beidh infheistíocht suas le €940 milliún thar shaolré an Phlean Forbartha Náisiúnta mar bhonn taca don chlár oibreacha caipitil seo.

Áirítear ar na 29 bplean scéimeanna faoisimh tuilte beartaithe, ar ghá ord tosaíochta a thabhairt dóibh. Bunófar an próiseas ord tosaíochta, a bhaineann go príomha leis na bearta cosanta tuilte fisiciúla beartaithe, ar phróiseas meastóireachta, lena n-áirítear Anailís Ilchritéar agus cóimheas costais is tairbhe (a léiríonn na tairbhí foriomlána, thar gach ceann de na cuspóirí, costas bheart beartaithe in aghaidh an Euro) agus an riosca a eascraíonn as nádúr na n-uiscí tuilte áitiúla i bpobal. Cuirfear an t-ord tosaíochta i bhfeidhm ar bhonn réigiúnach.

Beidh idir scéimeanna ollmhóra, ar chostas níos mó ná €15 milliún an ceann go dtí scéimeanna níos lú ar féidir leis na hÚdaráis Áitiúla dul chun cinn a dhéanamh orthu le maoiniú atá ar fáil ón OPW. Seo a leanas sampla de chúig mhórscéim a aithnítear sna pleananna:

- Cathair Luimnigh & ceantar máguaird
- Trá Lí
- Dún Dealgan
- Cairlinn agus an Grianfort
- Droichead Átha

## Toradh Straitéiseach Náisiúnta 9

### Bainistíocht Inbhuanaithe Uisce agus Acmhainní Comhshaoil eile

Tarraingítear aird sa NPF ar thábhacht ár n-acmhainní uisce inbhuanaithe do chur i bhfeidhm an NPF a bheidh mar bhonn agus taca ag ár bhfolláine chomhshaoil agus gheilleagraí sa todhchaí, i gcomhthéacs na n-easnamh suntasach i gcumas agus caighdeán ár soláthair reatha, a léiríonn tearcinfheistíocht stairiúil.

### Tosaíochtaí Infheistíochta Straitéisí 2018–2027: Bainistíocht Inbhuanaithe Uisce agus Acmhainní Comhshaoil Eile, €8.8 billiún

Tá infheistíocht i seirbhísí uisce ár dtíre ríthábhachtach chun riachtanais ár ngeilleagair mhéadaithigh ar fud na réigiún, ár ndaoine agus a sláinte a chomhlíonadh agus chun caighdeán ár gcomhshaoil a chosaint agus a fheabhsú, agus chun sláinte phoiblí a chinntiú.

- Clár Infheistíochta Uisce Éireann i mBonneagar Uisce
- Tionscadal Soláthar Uisce an Oirthir agus Lár Tíre
- Tionscadal Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath
- Clár Infheistíochta in Uisce Tuaithe

## Gníomhaíochtaí Infheistíochta

### Bonneagar Uisce (Uisce Éireann)

Is líonra ollmhór acmhainní atá scartha óna chéile atá i líonra uisce agus dramhuisce na hÉireann; tá bail idir mhaith agus olc ar na hacmhainní sin, agus cuid díobh in úsáid ón 19ú haois i leith. Teastóidh infheistíocht chaipitiúil leanúnach ó Uisce Éireann chun na líonraí sin a uasghrádú, thar go leor timthriallta infheistíochta, chun bonneagar agus seirbhísí éifeachtúla uisce atá oiriúnach dá gcuspóirí a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais na hÉireann.

Déanfar infheistíocht i mbonneagar uisce amach anseo a chuirfidh níos mó naisc nua ar fáil freisin, agus a chomhordófar leis an bpróiseas pleanála chun tacú le fás geilleagrach agus freastal ar riachtanais forbairtí tithíochta tosaíochta agus forbartha suntasaí agus ceantair athnuachana uirbí. Ag an am céanna, tacófar le straitéisí náisiúnta a chur i bhfeidhm maidir le sláinte an phobail, sábháilteacht agus rioscaí comhlíonta comhshaoil.

Meastar go dteastóidh infheistíocht de bheagnach €14 bhilliún ó Uisce Éireann ó 2018 go dtí lár na 2030idí, ar bhonn struchtúrtha agus céimnithe, chun na riachtanais infheistíochta sin a chomhlíonadh. Cuirfear an infheistíocht sin ar fáil fad a athrófar seachadadh seirbhísí uisce ó bhonn chun a chinntiú:

- go gcuirtear caighdeáin chothabhála i bhfeidhm go leanúnach;
- go mbaintear amach athruithe suntasacha oibríochta agus coigilteas i gcostas oibríochta; agus
- go leabaítear caomhnú uisce agus bainistíocht inbhuanaithe acmhainní uisce i mbeartas uisce.

Chomhaontaigh an Rialtas socrú nua maoinithe d'Uisce Éireann i mí Mheán Fómhair 2017, bunaithe ar thuarascáil an Ghrúpa Oibre ar an tSamhail Maoinithe sa Todhchaí d'Uisce Éireann. Faoin tsamhail nua maoinithe, tá Uisce Éireann á mhaoiniú ag an Státchiste le haghaidh seirbhísí uisce baile chun críche caipitiúla agus reatha araon (c. €1.1 billiún in 2018, a bhfuil €500 ina mhaoiniú caipitiúil) agus infheistíocht i leith na hearnála tráchtála á maoiniú trí tháillí agus iasachtaí.

De réir an Achta um Sheirbhísí Uisce, 2017, foilseoidh an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil Ráiteas Beartais i leith Seirbhísí Uisce i rith 2018 ina luafar cuspóirí beartais agus tosaíochtaí an Rialtais maidir le seirbhísí uisce a sholáthar sa Stát. Cuirfidh Uisce Éireann plean maoinithe straitéisigh isteach freisin a éilítear faoin reachtaíocht nua níos deireanaí i mbliana, ina leagfar amach riachtanais mheasta chaiteachais, ioncaim agus mhaoinithe thar thréimhse ilbhliantúil, agus trína gcomhlíonfar freisin ceanglais chomhshaoil ar nós na n-oibleagáidí faoin Treoir um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh, an Treoir um Uisce Óil agus na Pleananna Bainistíochta Abhantraí a shainordaítear faoin gCreat-treoir Uisce ón Aontas Eorpach. Beidh an plean maoinithe straitéisigh sin faoi réir athbhreithniú rialála agus sholáthar maoinithe an Oireachtais ar bhonn bliantúil.

Infheisteoidh Uisce Éireann €8.5 billiún thar thréimhse an Phlean Forbartha Náisiúnta. Áirítear le cuid de na tionscadail uisce agus dramhuisce a chuirfear chun cinn ar fud na tíre:

- **Plean Náisiúnta Infheistíochta** chun dul i ngleic le sceitheadh ach é a aimsiú agus a dheisiú (rialú gníomhach sceite) agus athshlánú phíopaí an phríomhlíonra uisce.
- **Scéim Soláthair Uisce Fheartraí:** Dearadh an infheistíocht €150 milliún seo chun soláthar uisce sábháilte agus inbhuanaithe a chinntiú do thuaisceart Chill Mhantáin agus deisceart Bhaile Átha Cliath, agus tá uasghrádú an ionaid cóireála reatha san áireamh ann.
- **Tionscadal Ionad Cóireála Dramhuisce na Rinne:** Soláthróidh an tionscadal €190 milliún seo acmhainn bhreise chun tacú le forbairt i Réigiún Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.
- **Príomhthionscadal Draenála Chuan**

**Chorcaí Íochtair:** Teastaíonn an infheistíocht €55 milliún seo chun cur go suntasach le caighdeán an uisce i gCuan Chorcaí.

Tá an tionscadal seo tábhachtach chun an comhshaol a chosaint, forbairt gheilleagrach a éascú agus freastal ar dhaonra atá ag fás.

- **Príomhthionscadal Draenála Bhaile Átha Luain:** Soláthróidh an tionscadal €36 milliún seo bonneagar nua a mhéadóidh acmhainn sa líonra dramhuisce, a mhaolóidh tuillte i maoin ó phíobáin forsceite séaraigh, a chosnóidh an comhshaol agus a thacóidh le forbairt amach anseo sa cheantar.

- **Scéim Séarachais Bhéal an Mhuirthead:** Soláthróidh an infheistíocht €10 milliún seo ó Uisce Éireann bonneagar nua dramhuisce chun Treoracha ón Aontas Eorpach a chomhlíonadh agus an doirteadh nach gcóireáiltear faoi láthair a dhíothú. Tháinig an t-ionad nua cóireála dramhuisce i bhfeidhm i mí na Nollag 2017.

- **Scéimeanna Séarachais Chill Ala, Bhéal Easa agus Bhaile Chathail:** Tá Uisce Éireann ag cur infheistíocht €19.4 milliún chun cinn i mbonneagar nua agus uasghrádaithe dramhuisce sna trí áit seo chun Treoracha ón Aontas Eorpach a chomhlíonadh agus an doirteadh nach gcóireáiltear faoi láthair i gCill Ala a dhíothú. Tosóidh an tógáil in 2018.

- **Ionad Cóireála Dramhuisce Inis Córthaidh:** Uasghrádóidh an tionscadal €16.3 milliún seo na saoráidí cóireála dramhuisce in Inis Córthaidh, infheistíocht a chruthóidh buntáistí suntasacha comhshaoil agus geilleagracha sa cheantar.

- **Scéim Séarachais na nDugthailte Thuaidh:** Uasghrádóidh an infheistíocht €18 milliún seo an líonra bailithe dramhuisce a fhreastalaíonn ar na Dugthailte Thuaidh. Beidh an líonra dramhuisce nua-uasghrádaithe sna Dugthailte Thuaidh in ann freastal ar cheantair ina bhfuil daonra atá ag fás go tapa, agus cosnófar agus feabhsófar caighdeán an uisce sa Life.

- Áirítear le **tionscadal Ghrúpa B i nDún na nGall** scéimeanna nua séarachais a fhorbairt sna Cealla Beaga, Bun Dobhráin, Gleann Cholm Cille agus Conmhaigh. Cinnteoidh an infheistíocht €26 milliún seo go gcomhlíonfar na Treoracha ón Aontas Eorpach agus cruthófar acmhainn cóireála dramhuisce sna ceantair sin a thacóidh le fás agus forbairt gheilleagrach.

- **Scéim Soláthair Uisce Réigiúnaigh Chiarraí Láir:** Teastaíonn an infheistíocht €33 milliún seo chun ionad nua cóireála dramhuisce a thógáil do Chiarraí Láir, trína mbainfear thart ar 62,000 custaiméir ó Liosta Gníomhartha Feabhsúcháin na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil.

Tarraingítear aird san NPF, mar a leagtar amach sa bhosca anseo thíos, go dteastaíonn foinse nua soláthair uisce fhadtéarmaigh don Oirthear agus Lár Tíre faoi lár na 2020idí, chun freastal ar an bhfás tuartha go 2050 agus cur le hathléimneacht agus slándáil soláthair an réigiúin.

## Tionscadal Soláthar Uisce an Oirthir agus Lár Tíre

**Stádas Reatha:** Céim Comhairliúcháin **Costas Measta:** €1.2 go 1.3 billiún

**Dáta Measta Críochnaithe:** Le dearbhú

Tá píblíne 170 km agus bonneagar tacaíochta (monarcha cóireála uisce, stáisiúin caidéalúcháin agus taiscumar críochfoirt) i dTionscadal Soláthair Uisce Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre chun a chinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais soláthair uisce fhadtéarmacha (2050+) Réigiún Bhaile Átha Cliath ar bhealach inbhuanaithe.

Tá an tionscadal á fhorbairt ó lár na 1990idí; ba í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a bhí mar urraí tionscadail ag an tús agus tá Uisce Éireann á bhainistiú ó mhí Eanáir 2014 i leith. Ó shin chuir Uisce Éireann próiseas comhairliúcháin phoiblí ceithre chéim i gcrích don tionscadal. Foilsíodh an Tuarascáil ar Mheastóireacht na Roghanna Deiridh agus Tuarascáil Scóipe an Ráitis Tionchair Timpeallachta i gCéim 4. Deimhnítear sa Tuarascáil ar Mheastóireacht na Roghanna Deiridh gurb í an scéim roghnaithe:

- uisce a bhaint as an tSionainn Íochtair ag Abhantrach an Phairtín;
- cóireáil uisce in aice láimhe ar Chnocán an Éin Fhinn; agus
- uisce cóireáilte a chur trí phíopaí go dtí an taiscumar críochfoirt ar Mhullach na Pise i ndeisceart Chontae Bhaile Átha Cliath, agus soláthar uisce chóireáilte a bheith ar fáil do phobail Lár Tíre ar an mbealach.

## Tionscadal Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath

Is monarcha mhór cóireála dramhuisce a chosnóidh thart ar €500 milliún é seo do réigiún Bhaile Átha Cliath, chun cur leis an monarcha reatha sa Rinn agus forbairt gheilleagrach a éascú, freastal ar dhaonra atá ag fás agus an comhshaol a chosaint.

Is iad na príomhnithe a sheachadfar sa tionscadal: monarcha nua cóireála dramhuisce a sholáthar ar láithreán i dtuaisceart Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus sruth éalaithe lena mbaineann a dhoirtfidh eisilteach lánchóireáilte i Muir Éireann thart ar 1 km soir ó thuaidh ó Inis Mac Neasáin; agus Cuar-Shéarach Draenála nua a sholáthar a nascfaidh an mhonarcha nua leis an líonra séarach réigiúnach reatha trí stáisiúin caidéalúcháin i mBaile an Aba (gar do Bhaile Bhlainséir) agus sa Ghráinseach (gar do Bhaile Dúil), a mbeifear in ann naisc a dhéanamh amach anseo dá bharr le haghaidh ceantair shainaitheanta forbartha sa dobharcheantar.



## Bonneagar Uisce (nach mbaineann le hUisce Éireann)

I ndiaidh Mheastacháin 2018, leithdháileadh maoiniú os cionn €164 milliún don tréimhse idir 2018 agus 2021 le haghaidh infheistíocht (nach mbaineann le hUisce Éireann) i mbonneagar uisce, lena n-áirítear:

- €95 milliún don Chlár Uisce Réigiúnaigh; agus
- €41 milliún ar fhadhbanna oidhreachta a bhaineann le feabhsúchán píopaí luaidhe agus bonneagar a sholáthair forbróirí, i scéimeanna tithíochta go príomha – tacóidh sé sin leis an aistriú ó chéim phíolótach go clár ilbhliantúil a fhorbrófar i gcomhar le húdaráis áitiúla agus Uisce Éireann.

Léiríonn an méadú ar an gClár Uisce Réigiúnaigh an gá atá le hinfheistíocht bhreise san earnáil chun caighdeán an uisce tuaithe a fheabhsú agus a chothú. Cinnfear na tosaíochtaí don chéad chlár ilbhliantúil eile don uisce tuaithe i ndiaidh comhairliúchán a dhéanamh le páirtithe leasmhara trí ghrúpa oibre a bhunófar go luath de réir mholtaí an Chomhchoiste Oireachtais.

## Bainistíocht Dramhaíola agus Éifeachtúlacht Acmhainní

Tá infheistíocht i mbonneagar bainistíochta dramhaíola riachtanach dár bhfolláine chomhshaoil agus gheilleagrach i ndaonra atá ag fás agus chun cuspóirí comhshaoil agus geilleagair chiorclaigh a bhaint amach.

Leanfar ag tógáil acmhainne i saoráidí dramhaíola, ina measc díleá anaeróbach, cóireáil dramhaíola guaisí, próiseáil plaisteach, athchúrsáil, dramhaíl go fuinneamh, agus líonadh talún agus feabhsú líonadh talún, chun cuspóirí dramhaíola amach anseo a bhaint amach. Go dtí seo, soláthraíodh an bonneagar chun beartas bainistíochta dramhaíola a sholáthar trí infheistíocht phríobháideach den chuid is mó, le roinnt infheistíochta ón earnáil phoiblí. Teastóidh forbairt shuntasach ar acmhainn bonneagair chun sruthanna dramhaíola éagsúla a scaradh agus a phróiseáil ar leibhéil cathrach agus náisiúnta chun na spriocanna nua ón Aontas Eorpach atá ina gceangal dlí a bhaint amach agus d'fhéadfadh an infheistíocht bhreise ról féideartha a chruthú don infheistíocht phoiblí.

## Acmhainní Nádúrtha

Tá infheistíocht Shuirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann i dtuiscint gheolaíoch, trí chláir léarscáilithe Tellus agus INFOMAR a chur i gcrích faoi 2028, in ann an riosca a bhaineann le hinfheistíocht phríobháideach in acmhainní nádúrtha na hÉireann a laghdú go suntasach agus an infheistíocht phríobháideach sin a spreagadh.

Tabharfaidh an earnáil phríobháideach faoi infheistíocht freisin i dtaiscéaladh inbhuanaithe mianraí, ola agus gáis agus infheistíocht forbartha chun acmhainní nádúrtha na hÉireann a fhorbairt.

Beidh slándáil fuinnimh na hÉireann amach anseo ag brath roinnt ar infheistíocht i mbonneagar nua chun gás nádúrtha a sholáthar seans ó ghásscheantar sa todhchaí go dtí an líonra náisiúnta gáis. Tá saolré táirgthe mheasta de beagán le cois 15 bliana ag gásscheantar na Coiribe. In 2016, i ndiaidh do ghásscheantar na Coiribe tosú ag feidhmiú, tháinig os cionn 55% de riachtanais gháis an Stáit ó tháirgeadh gáis intíre. Roimhe sin, bhí os cionn 95% de riachtanais gháis nádúrtha an Stáit á iompórtáil, tríd an dá idirnascaire gáis ón mBreatain Mhór.

## Feabhsúchán Inis Sionnach

Leithdháilfear maoiniú de thart ar €30 milliún ó 2018 go 2021 le haghaidh fheabhsúchán Inis Sionnach.

**Toradh Straitéiseach Náisiúnta 10**

## Rochtain ar Chúram Leanaí, Oideachas[10] agus Seirbhísí Sláinte d'Ardchaighdeán

Tá rochtain ar bhunoideachas, seirbhísí sláinte agus cúram leanaí d'ardchaighdeán, i gcomhréir le scála réigiúin, cathrach, baile, comharsanachta nó pobail ina saintréith d'áiteanna tarraingteacha, rathúla agus iomaíocha.

Soláthraíonn an NDP seo infheistíocht shuntasach phoiblí i mbonneagar oideachais agus sláinte chun freastal ar riachtanais reatha bhonneagair, fás daonra measta de mhilliún duine agus freagairt do phróifíl dhéimeagrafach na hÉireann atá ag athrú. Tá comhordú suíomhanna bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna agus bonneagar sláinte le forbairt spásúil cathracha agus réigiún ag teacht le cuspóirí an NPF.

Tabharfar tacaíocht freisin chun a chinntiú go bhfuil dóthain spásanna cúram leanaí ar fáil.

### Tosaíochtaí Infheistíochta Straitéisí 2018–2027: Bunoideachas agus Iar-bhunoideachas, €8.8 billiún

**Earnálacha Bunscoile agus Iar-bhunscoile**

**Foirgnimh Bunscoile agus Iar-bhunscoile: €8.4 billiún**

Clár tógála scoile agus athchóiriú agus uasghrádú an stoic reatha scoile chun 20,000 áit bhuan scoile ar an meán a sholáthar gach bliain agus chun tacú le hathchóiriú agus nuashonrú na gcuraclam scoile (mar shampla, STEM, Corpoideachas):

- clár tógála agus nuashonraithe saotharlann scoile agus halla corpoideachais;
- clár iarfheistithe dhomhain fuinnimh do scoileanna a tógadh roimh 2008; agus
- clár athsholáthair foirgneamh réamhdhéanta ó 2019.

**An Straitéis Dhigiteach do Scoileanna: €420 milliún**

Leabú leanúnach úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha i dteagasc, foghlaim agus measúnú.

10 Áirítear infheistíocht chaipitiúil sna hearnálacha Ardoideachais agus Breisoideachais agus Oiliúna faoi Thoradh Straitéiseach Náisiúnta 5: Geilleagar Láidir, arna thacú ag Fiontraíocht, Nuálaíocht agus Scileanna.

## Oideachas

### Bunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna

Sna blianta amach romhainn, tabharfar tús áite i gcónaí do sholáthar na n-áiteanna buana scoile breise chun freastal ar éileamh déimeagrafach. Meastar go soláthrófar 20,000 áit bhuan scoile ar an meán gach bliain sa mheántéarma. Bainfear é sin amach trí Chlár na dTionscadal Mórscála, a mheastar a sholáthróidh suas le 50 tionscadal mórscála ar an meán gach bliain agus tríd an gClár Cóiríochta Breise, a thacóidh le tionscadail sínte níos lú. Deimhníodh maoiniú beagnach €1.7 billiún do na cláir sin cheana féin. Beidh fáil láithreáin ina thosaíocht thábhachtach freisin chun scoileanna nua a chur ar fáil. Leithdháileadh maoiniú €180 milliún ar chlár ilbhliantúil chun tacú le hathsholáthar foirgneamh réamhdhéanta a ceannaíodh. Soláthrófar áiteanna scoileanna de réir fás daonra beartaithe agus tacófar leis le hanailís dhéimeagrafach mhionsonraithe ar leibhéal an 314 ceantar pleanála scoile.


Chuige sin, tiocfaidh an clár tógála scoile le cuspóirí NPF agus soláthrófar, le himeacht aimsire, fás níos dlúithe agus athchothromú ar an bhfás idir na réigiúin. Idir an dá linn, leanfaidh an clár tógála scoile ag freagairt d'fhás déimeagrafach reatha agus beartaithe, agus é de chuspóir aige áit scoile a chinntiú go gach leanbh.

Aistreofar béim an chláir tógála scoile de réir a chéile ó leibhéal na bunscoile go leibhéal na hiar-bhunscoile, toisc nach meastar go dtiocfaidh buaicphointe an chláraithe ar an iar-bhunscoil go náisiúnta go dtí 2025. Mar sin féin, teastóidh soláthar breise ar leibhéal na bunscoile i gcónaí chun tacú le soláthar tithíochta, agus beidh sé riachtanach chun na spriocanna fáis le haghaidh na gcúig chathair a bhaint amach.

Chomh maith le freastal ar fhás déimeagrafach, úsáidfear na hacmhainní atá ar fáil faoin bPlean Forbartha Náisiúnta chun tosaíochtaí nua a bhaint amach in earnáil na scoileanna, ag tacú agus ag treisiú uaillmhian na hÉireann chun an tseirbhís oideachais agus oiliúna is fearr san Eoraip a chruthú. Tá freastal ar ilchineálacht reiligiún agus teangacha tábhachtach chuige sin freisin.

Tá clúdach táscach **€2.5 billiún** á shainaithint chun béim threisithe ar athchóiriú stoc reatha scoile na hÉireann a chur chun cinn as seo go ceann deich mbliana, chomh maith leis an maoiniú a theastaíonn chun áiteanna breise a chruthú agus tacú le scéimeanna deontas le haghaidh oibreacha beaga agus cothabhála.

**Fíor 5.6: Clárú Tuartha ar Leibhéal Bunscoile agus Iar-bhunscoile, 2017–2030**




Beidh snáitheanna difriúla sa chlár athchóirithe seo, agus áireofar iad seo a leanas.

- **Clár tógála agus nuashonraithe saotharlann scoile** a chinntíonn go bhfuil fáil ag scoláirí i ngach iar-bhunscoil ar shaotharlanna iomchuí agus áiseanna agus trealamh eile chun tacú leis na curaclaim athchóirithe eolaíochta a theagasc agus feidhmiú céimneach na Ríomheolaíochta mar ábhar ardteistiméireachta.

- **Clár tógála agus nuashonraithe corpoideachais** a chinntíonn go bhfuil fáil ag scoláirí i ngach iar-bhunscoil ar áiseanna iomchuí chun tacú leis an gcorpoideachas a theagasc, go háirithe i gcomhthéacs fheidhmiú céimneach an Chorpoideachais mar ábhar ardteistiméireachta. Cuirfidh saoráidí feabhsaithe agus nuachóirithe corpoideachais conláiste tábhachtach ar fáil don phobal áitiúil freisin.

- Tús agus cur chun cinn **iarfheistiú domhain fuinnimh do scoileanna a tógadh roimh 2008**, ag féachaint leis an tairbhe is fearr is féidir a bhaint as úsáid agus caomhnú fuinnimh i bhfoirgnimh scoile. Meastar go dtógfaidh sé seo ar an taithí a fuarthas ó threoirthionscadal fuinnimh atá ar bun ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, i gcomhar le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, a bhfuil d'aidhm aige samhlacha nuálacha seachadta a bhunú chomh maith le clár de roghanna iarfheistithe dea-chleachtais.

Úsáidfear acmhainní atá ar fáil faoin bPlean Forbartha Náisiúnta chun go maoineoidh an Roinn Oideachais agus Scileanna **scéimeanna deontas mionoibreacha agus cothabhála** réamhghníomhacha agus éifeachtacha a mhaoiniú chun a chinntiú go gcothabháiltear scoileanna mar is ceart. Beartaítear go sroichfeadh na scéimeanna sin **€100 milliún gach bliain** faoi thús na 2020idí agus go mbeadh cinnteacht níos fearr ag scoileanna faoin bhfáil a bheidh acu ar mhaoiniú.



## An Straitéis Dhigiteach do Scoileanna

Is tionscnamh tosaíochtaí í an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna a fhéachann le teicneolaíocht agus foghlaim dhigiteach a leabú tuilleadh i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna. Tá infheistíochtaí caipitiúla i nascacht agus trealamh, chomh maith le huasoiliúint múinteoirí, riachtanach chun ICT a chomhtháthú i ngach seomra ranga. Tabharfar tús áite freisin do bhonneagar ICT feabhsaithe agus forbairt scileanna ICT i suíomhanna ardoideachais agus breisoideachais.

Tá infheistíocht €420 milliún thar thréimhse an Phlean Forbartha Náisiúnta ag tacú le leabú leanúnach úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha i dteagasc, foghlaim agus measúnú, a bhfuil an straitéis seo mar bhonn agus taca aige. Tacóidh infheistíocht i mbonneagar ICT iomchuí le forbairtí curaclaim ar nós Ríomheolaíocht na sraithe sinsearaí, an athchóirithe bheartaithe ar churaclam matamaitice na bunscoile (atá le smaointeoireacht ríomhaireachtúil a áireamh), agus chur i bhfeidhm na straitéise STEM. Teastaíonn infheistíocht freisin chun a chinntiú go bhfuil leathanbhanda ardluais i ngach ceantar, mar atá beartaithe faon bPlean Náisiúnta Leathanbhanda, agus gur féidir le scoileanna tairbhe a bhaint as trí Wi-Fi ceart.

## Tosaíochtaí Infheistíochta Straitéisí 2018–2027: Sláinte, €10.9 billiún

Beartaítear réimse tionscadal agus clár lena mbaineann infheistíocht mhór chomh maith le tionscnaimh athchóirithe shuntasaigh don earnáil sláinte, lena n-áirítear:

### Tionscadail agus Cláir lena mbaineann Infheistíocht Mhór

*Is é an príomhthoradh ar na tionscadail agus cláir sin a sheachadadh na saoráidí cúram sláinte inar féidir samhlacha nua cúraim a chur i bhfeidhm agus seirbhísí a sholáthar i saoráidí nua-aimseartha d'ardchaighdeán. Beifear in ann othair a aistriú dá thoradh sin chuig na suíomhanna cúraim is iomchuí, ó ghéarchúram casta go seirbhísí príomhúla agus pobail.*

Ospidéal na Leanaí nua ar champas San Séamas, Baile Átha Cliath agus dhá Roinn Othar Seachtrach agus Aonaid Cúraim Práinne in Ospidéal Uí Chonghaile, Baile Bhlainséir agus in Ospidéal Thamhlachta, Baile Átha Cliath.

Forbairtí na Straitéise Náisiúnta Máithreachais, lena n-áirítear ospidéil mháithreachais neamhspleácha a athsholáthar trí athlonnú an Ospidéil Náisiúnta Máithreachais in Ospidéal Naomh Uinseann, Ospidéal an Choim in Ospidéal San Séamas, Ospidéal an Rotunda in Ospidéal Uí Chonghaile, agus Ospidéal Ollscoile Máithreachais Luimnigh in Ospidéal Ollscoile Luimnigh.

Forbairtí Caipitiúla na Straitéise Náisiúnta Ailse, lena n-áirítear Clár Náisiúnta le haghaidh Oinceolaíocht Radaíochta i gCorcaigh, Gaillimh agus Baile Átha Cliath, agus Breastcheck a leathnú.

Ospidéal Náisiúnta na Seirbhísí Meabhairshláinte Fóiréinsí i bPort Reachrann, Baile Átha Cliath.

Clár tógála na nIonad Cúraim Phríomhúil ar fud na tíre.

Athsholáthar agus athchóiriú 90 Aonad Altranas Pobail ar fud na tíre.

Athsholáthar agus athchóiriú aonaid cúraim chónaithigh fhadtéarmaigh agus tithíochta sa phobal do dhaoine faoi mhíchumas in áiteanna éagsúla ar fud na tíre.
Athfhorbairt an Ospidéil Náisiúnta Athshlánúcháin, Dún Laoghaire, Baile Átha Cliath – Céim I agus Céim II.

Aonad Athshlánúcháin Ros Comáin.

Forbairtí Caipitiúla na Straitéise Tráma.

Forbairtí Ospidéal Géarmhíochaine, lena n-áirítear:

- Ospidéal nua le haghaidh Chorcaí
- Bloc barda i bPort Láirge
- Atógáil Leitir Ceanainn, Raideolaíocht san áireamh
- Svuít ionscópachta sa Nás
- Aonaid Scagdhealaithe Duán agus Dianchúraim Thamhlachta
- Bloc barda i Luimneach
- Rannóg Éigeandála agus aonad Fiobróise Cistí Beaumont

- Bloc barda Portiuncula
- Lár-Rannóg Seirbhísí Steiriúla Ros Comáin
- Cóiríocht barda agus rannóg othar seachtrach Chluain Meala
- Péidiatraic Ospidéal Ollscoile Chorcaí, céim 2
- Lár-Rannóg Seirbhísí Steiriúla Shligigh agus athfhorbairt ospidéil, céim 1
- Uasghrádú barda lae an Chabháin
- Raideolaíocht, MRI agus obrádlanna an Mhuilinn Chearr
- Raideolaíocht agus MRI Chill Chainnigh
- Uasghráduithe obrádlann an Choim
- Athsholáthar shaotharlann chliniciúil an Mater, Baile Átha Cliath
- Saotharlanna cliniciúla agus Lár-Rannóg Seirbhísí Steiriúla Uí Chonghaile, Baile Átha Cliath

Tionscadail Meabhairshláinte, lena n-áirítear:

- Aonad Cónaitheach 40 leaba i bPort Laoise
- Aonaid géarchúraim nua i nGaillimh, Sligeach agus an Nás
- Aonad Tithíocht Ghéarchéime a sholáthar i gCluain Meala

Cláir Riosca Bonneagair agus Riosca Chliniciúil Chriticiúil, lena n-áirítear foirgneamh, trealamh agus otharchairr Bunáit nua Otharcharr i mBaile Átha Fhirdhia, an Muileann gCearr, Luimneach, Corcaigh agus Gaillimh.

## Tionscnaimh Athchóirithe Sláinte

**Acmhainn bhreise**

*Mar a mholtar in Athbhreithniú Acmhainne na Seirbhíse Sláinte, leathnófar líon leapacha agus seirbhísí chun seirbhís sláinte níos fearr a thógáil don todhchaí do chách, ag teacht leis an gCreat Náisiúnta Pleanála*

- 2,600 leaba bhreise in ospidéil ghéarmhíochaine le cur ar fáil i ngach Grúpa Ospidéal
- Áirítear leis sin ospidéil nua thiomnaithe le haghaidh cóireáil roghnach amháin i mBaile Átha Cliath, Corcaigh agus Gaillimh chun dul i ngleic le liostaí feithimh agus teacht ar sheirbhísí diagnóiseacha a chur ar fáil.
- 4,500 leaba bhreise d'othair chónaitheacha fhadtéarmacha agus ghearrthéarmacha i dTithe Altranais Pobal sa chóras poiblí
- Ionaid Cúraim Phríomhúil agus Saoráidí Diagnóiseacha Pobail breise ionas gur féidir cúram níos fearr a fháil gar don bhaile agus gan dul go dtí an t-ospidéal mura bhfuil gá leis
- Saoráidí breise do sheirbhísí meabhairshláinte agus do dhaoine faoi mhíchumas

**Athchóiriú Sláintecare – Ríomhsheirbhísí Sláinte agus ICT**

*Mar a mholtar sa Tuarascáil Sláintecare, má infheistítear i mbonneagar ICT beifear in ann seirbhísí a chomhtháthú agus eolas a roinnt idir suíomhanna éagsúla cúraim agus ina measc. Áirítear leis sin Clár Náisiúnta na dTaifead Sláinte Leictreonach, atá riachtanach chun eolas othar a chur ar fáil trí theicneolaíocht chun tacú le cúram sláinte othar, sábháilteacht agus éifeachtúlacht níos fearr.*

## Acmhainn agus Athchóiriú na Seirbhísí Sláinte

Teastóidh acmhainn bhreise shuntasach ar fud gach gné den tseirbhís sláinte chun freagairt d'athruithe déimeagrafacha. Sainaithnítear in Athbhreithniú Acmhainne na Seirbhíse Sláinte in 2018 riachtanais d'acmhainn bhreise go dtí 2031. Léirítear ann freisin, mura ndéantar athchóirithe móra, ní bheifear in ann freastal ar an éileamh ar ár gcóras ospidéal go háirithe. Díreofar infheistíochtaí caipitiúla ar thacú leis an bpróiseas athchóirithe sin. Teastóidh infheistíocht leanúnach i saoráidí cúraim phríomhúil, lena n-áirítear moil dhiagnóiseacha pobail a fhorbairt. Teastóidh saoráidí breise suntasacha céim síos agus fadtéarmacha ónár ndaonra atá ag dul in aois, agus meastar go dteastóidh thart ar 4,500 leaba bhreise díobh siúd sa chóras poiblí.

Fiú le hathrú mór ar ár samhail cúraim, deir an tAthbhreithniú mar chonclúid go gcaithfear acmhainn leapacha ospidéil ghéarmhíochaine a mhéadú le 2,600 leaba agus bainfidh an NDP an riachtanas sin amach. Beidh scaradh níos mó idir cúram sceidealaithe agus cúram neamhsceidealaithe ina phríomhphrionsabal, ionas gur féidir leis an gcóras freagairt níos fearr do riachtanais éigeandála gan cur leis na liostaí feithimh do ghnáthaimh roghnacha. Úsáidfear pleanáil ar fud na ngrúpaí ospidéal ar fad de réir riachtanais dhéimeagrafacha mar bhonn eolais don roghnú tionscadal chun an acmhainn bhreise sin a thabhairt isteach.

### Saoráidí nua le haghaidh Cúram Siúlach in Ospidéil thiomnaithe le haghaidh Cóireáil Roghnach Amháin

Tabharfar saoráidí nua le haghaidh cúram siúlach in ospidéil thiomnaithe le haghaidh cóireáil roghnach amháin isteach i mBaile Átha Cliath, Gaillimh agus Corcaigh. Cuirfidh na saoráidí sin líon mór gnáthamh nach bhfuil casta ar fáil ar bhonn othair lae agus othar seachtrach, i dteannta réimse seirbhísí diagnóiseacha do chúram siúlach. Is leor an t-éileamh mór ar sheirbhísí dá leithéid sna hionaid mhóra uirbeacha sin chun údar a thabhairt le tógáil ionaid thiomnaithe do chúram siúlach. Meastar go mbeidh na saoráidí sin in aice le hospidéil ghinearálta. Is é an aidhm atá leo acmhainn a mhéadú sa chóras ospidéal agus scaradh níos fearr a dhéanamh idir cúram sceidealaithe agus cúram neamhsceidealaithe, de réir mholtaí na Tuarascála Sláintecare. Cuirfidh siad acmhainn mhéadaithe, chosanta ar fáil le haghaidh cóireáil roghnach agus cruthóidh siad acmhainn in ospidéil mhóra chun aghaidh ar thabhairt ar chúram níos casta agus ar chúram éigeandála. Áirítear leis na tairbhí breise a bhainfidh leis sin torthaí caighdeáin níos fearr d'othair agus éifeachtúlacht mhéadaithe mar gheall ar tháirgiúlacht agus tréchur níos fearr, chomh maith le níos lú ama á chur amú mar gheall ar ghnáthaimh a chur ar ceal. Tá na hionaid thiomnaithe lae agus cúraim shiúlaigh sin a thabhairt isteach ag teacht le forbairtí cúram sláinte go hidirnáisiúnta agus le moltaí Athbhreithniú Acmhainne na Seirbhíse Sláinte i 2018.

## Athchóiriú Sláintecare – Ríomhsheirbhísí Sláinte agus ICT

Tacóidh an Plean Forbartha Náisiúnta le soláthar seirbhísí sláinte digiteacha, lena n-áirítear taifid sláinte leictreonacha a fhorbairt in go leor suíomhanna cúram sláinte ar nós Ospidéal nua na Leanaí i rith tréimhse chur i bhfeidhm deich mbliana an phlean, agus léirítear a bhfuil á bheartú sa straitéis ríomhsheirbhísí sláinte d'Éirinn. Leagtar amach an fhís sin freisin sa Tuarascáil Sláintecare agus tacaítear léi.

Leis na seirbhísí sláinte digiteacha, beifear in ann an t-eolas ceart faoi na hothair chearta a fháil go slán sa suíomh cúram sláinte ceart ag an am ceart. Beidh dochtúirí agus altraí in ann cur le sábháilteacht othar agus tacófar freisin, de réir a chéile, le hothair a aimsíonn a sonraí sláinte féin go slán.

Beartaítear raon seirbhísí le cur i bhfeidhm na seirbhísí sláinte digiteacha chun bonn agus taca a chur faoi shábháilteacht othar, éifeachtúlacht agus na bloic thógála riachtanacha a theastaíonn chun tacú le cúram comhtháite ar fud ár gcórais sláinte. Maoineoidh an Plean Forbartha Náisiúnta freisin an infheistíocht leanúnach in ICT cúram sláinte chun tacú le raon feidhmeanna, lena n-áirítear córais taifid othar leictreonacha, agus saoráidí raideolaíochta, saotharlainne agus diagnóiseacha. Ag tógáil ar chur i bhfeidhm an Chórais Máthar agus Naíonán Nuabheirthe le deireanaí, tacóidh infheistíocht NDP le cur i bhfeidhm córas dá leithéid in go leor suíomhanna cúram sláinte eile ar fud réimsí géarchúraim, cúraim phríomhúil agus cúram pobail. Feabhsóidh córais ICT ar nós oidis a thabhairt go leictreonach agus teilea-shláinte na seirbhísí othar go díreach; dá bharr sin beifear in ann galair ainsealacha a bhainistiú i dtimpeallachtaí atá níos dírithe ar an othar sa phobal, áit chónaithe an othair san áireamh.

De réir mar a athraíonn ár ndaonra agus a théann sé in aois, teastóidh tréimhse leanúnach infheistíochta agus athchóirithe mar gheall ar na dúshláin atá romhainn san earnáil sláinte go ceann deich mbliana. Tacaíonn an Rialtas leis an bhfís do chóras cúram sláinte d'ardchaighdeán atá sábháilte, inrochtana agus inbhuanaithe. Tá ról tábhachtach ag infheistíocht chaipitiúil i soláthar seirbhísí a fheabhsú agus chun athchóiriú a spreagadh.

Tacóidh infheistíochtaí caipitiúla sláinte sa Phlean Forbartha Náisiúnta le tionscadail agus tiomantais tosaíochtaí an Rialtais agus beifear in ann acmhainn bhreise sláinte a chur i bhfeidhm sna hospidéil phobail agus ghéarmhíochaine. Teastaíonn infheistíocht spriocdhírithe chun tacú le clár soiléir agus leanúnach athchóirithe agus feabhsaithe táirgiúlachta. Áirítear leis na pleananna d'infheistíocht i gcúram sláinte poiblí go ceann deich mbliana:

### Ospidéal nua na Leanaí

Beidh Ospidéal nua na Leanaí chomh maith leis na hAonaid Ghéarchúram agus Othar Seachtrach Péidiatraice in Ospidéil Uí Chonghaile agus Thamhlachta ag cur le seirbhísí géarmhíochaine péidiatraice go réigiúnach agus go náisiúnta. Cuirfear 380 seomra ar leith ar fáil d'othair chónaitheacha. Cuireadh tús leis an obair ar na láithreáin sin. Osclóidh an tAonad Géarchúram agus Othar Seachtrach Péidiatraice in Ospidéal Uí Chonghaile in 2019, agus i dTamhlacht in 2020. Osclóidh Ospidéal nua na Leanaí in 2022.

### Tionscadal Ospidéal Náisiúnta na Seirbhísí Meabhairshláinte Fóiréinsí

Foráiltear sa Phlean Forbartha Náisiúnta d'athsholáthar an Phríomh-Ospidéil Meabhair-Ghalar le saoráid nua-aimseartha iomchuí i bPort Reachrann, Contae Bhaile Átha Cliath, a osclóidh in 2020. Tá forbairt ospidéal nua náisiúnta na seirbhísí meabhairshláinte fóiréinsí ina mbeidh 120 leaba riachtanach chun seirbhísí meabhairshláinte a dhéanamh nua-aimseartha ar fud na tíre, de réir an bheartais 'Fís don Athrú'.

### An Straitéis Náisiúnta Ailse

Áirítear sa Chlár Náisiúnta le haghaidh Oinceolaíocht Radaíochta saoráidí agus trealamh athsholáthair agus breise a chur ar fáil le haghaidh seirbhísí oinceolaíocht radaíochta in ospidéil phoiblí i mBaile Átha Cliath, Corcaigh agus Gaillimh chun freastal ar éileamh reatha agus amach anseo.

Cuireadh luasairí líneacha breise agus athsholáthair ar fáil cheana féin i láithreáin ospidéal poiblí i mBaile Átha Cliath i gCéim 1. Tá tógáil ar bun i gCorcaigh chun saoráidí oinceolaíocht radaíochta athsholáthair agus breise a chur ar fáil, a choimisiúnófar in 2020. Tá forbairt saoráidí athsholáthair agus breise i nGaillimh á pleanáil, agus cuirfear acmhainn bhreise radaíocht ailse ar fáil i mBaile Átha Cliath i gcéim 2 den chlár. Beifear in ann na saoráidí sin a fhorbairt leis na hacmhainní a sholáthraítear tríd an NDP chun dul i ngleic leis an éileamh ar oinceolaíocht radaíochta a thuartar sa Straitéis Náisiúnta Ailse. Ina theannta sin, beifear in ann saoráidí ailse a fhorbairt le maoiniú caipitiúil faoin

bplean seo de réir na Straitéise Náisiúnta Ailse. Áirítear sa Straitéis sin leathnú agus feabhsú na n-aonad oinceolaíocht leighis agus bardaí lae, feabhsúcháin ar shaoráidí diagnóiseacha agus infheistíocht i mbonneagar cumasc aiseipteach chomh maith le hionad ailse cuimsitheach a thógáil.

### Tráma

Meastar go mbeidh infheistíocht chaipitiúil i gceist le cur i bhfeidhm an Chórais Tráma, go háirithe infheistíocht i limistéir thiomnaithe ghlactha tráma, bardaí tiomnaithe tráma agus obrádlanna tiomnaithe tráma.

### Bonneagar Seirbhísí Cairdiacha

Cuirfear toradh an Athbhreithnithe Náisiúnta ar Sheirbhísí Cairdiacha Speisialtóra mar bhonn eolais faoin infheistíocht i saotharlanna um chataitéarú cairdiach agus bonneagar seirbhísí cairdiacha eile go náisiúnta, maidir leis an leagan amach is fearr do sheirbhís náisiúnta chairdiach do dhaoine fásta chun na torthaí othar is fearr is féidir a bhaint amach ar leibhéal an daonra.

#### An tOspidéal Náisiúnta Athshlánúcháin – Céim I& II

I gCéim I d'athfhorbairt an Ospidéil Náisiúnta Athshlánúcháin, cuirfear ospidéal nua-aimseartha ina bhfuil 120 leaba ar fáil, chomh maith le teiripí tacaíochta le haghaidh bardaí péidiatraice agus gortú inchinne faighte, aonad hidriteiripe agus halla spóirt, agus beidh sé i bhfeidhm ó 2020. Beidh leathnú seirbhísí i gceist le Céim II den Ospidéal Náisiúnta Athshlánúcháin, chun go mbeidh na teiripí agus saoráidí tacaíochta reatha ar fad san ospidéal nua.

### An Straitéis Náisiúnta Máithreachais

Cuirfear maoiniú ar fáil chun an bonneagar a sholáthar chun tacú leis an Straitéis Máithreachais a chur i bhfeidhm agus timpeallacht iomchuí a chur ar fáil inár n-ospidéil/n-aonaid mháithreachais ar fad chun seirbhís nua-aimseartha, shábháilte d'ardchaighdeán a chur ar fáil ina léirítear meas ar phríobháideachas agus dínit na mná. Déanfar na hospidéil mháithreachais neamhspleácha eile ar fad – an tOspidéal Náisiúnta Máithreachais, Ospidéal Máithreachais Luimnigh, Ospidéal an Rotunda agus Ospidéal an Choim – a athfhorbairt ar láithreáin ospidéil ghéarmhíochaine. Tarlaíonn beagnach 48% de na breitheanna ar fad sa tír sna hospidéil sin gach bliain. Is í an tOspidéal Náisiúnta Máithreachais an chéad ospidéal a athfhorbrófar; tugadh cead pleanála d'ospidéal nua máithreachais ar champas Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann i bPáirc an Leamháin, Baile Átha Cliath. Freastalóidh an t-ospidéal nua sin ar suas le 10,000 breith in aghaidh na bliana agus feabhsófar go mór cúram sláinte máithreachais, gínéiceolaíochta agus nua-naíoch, go háitiúil agus go náisiúnta.

### Clár Tógála don Chúram Príomhúil

De réir na straitéise sláinte, teastaíonn athrú láidir i dtreo cúram príomhúil chun freastal ar éileamh méadaithe ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta, go háirithe i mbainistíocht galar ainsealach. Leanfar leis an gclár tógála d'Ionad Cúraim Phríomhúil i rith an Phlean Forbartha Náisiúnta trí thógáil dhíreach Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, trí oibriú leis an earnáil phríobháideach le socrú léas oibríochta nó trí shásra Comhpháirtíochta Poiblí Príobháidí. Tacóidh an Plean le tionscadail atá á dtógáil nó á bpleanáil faoi láthair a chur i gcrích, agus freastalóidh sé ar riachtanais daonra amach anseo de réir an Chreata Náisiúnta Pleanála. Beidh saoráidí diagnóiseacha a chur ar fáil sa phobal mar chuid den chlár sin.

### Athsholáthar agus Athchóiriú Tithe Altranais Poiblí agus Aonaid Chúraim Chónaithe Fhadtéarmaigh

Leithdháileadh maoiniú san NDP le haghaidh athsholáthar agus athchóiriú tithe altranais pobail agus saoráidí cúraim chónaithe fhadtéarmaigh do sheandaoine agus do dhaoine faoi mhíchumas. Teastaíonn infheistíocht shuntasach trí uasghrádú, athchóiriú nó athsholáthar mar gheall ar na caighdeáin cóiríochta. As seo go ceann cúig bliana, déanfaidh sé foráil d'athsholáthar agus athchóiriú 90 teach altranais poiblí ar fud na tíre.

Tá foráil san NDP freisin le haghaidh tionscadal comhpháirtíochta poiblí príobháidí chun tithe altranais pobail a chur ar fáil.

### Seirbhísí Míchumais

Leanfaidh an NDP ar aghaidh ag tacú leis an gclár caipitiúil do dhaoine faoi mhíchumas, ina gceannaítear agus ina gcóirítear tithe sa phobal chomh maith le haonaid cúraim chónaithe fhadtéarmaigh a athsholáthar.

### Riosca Bonneagair agus Riosca Cliniciúil Criticiúil

Beidh an earnáil sláinte in ann clár athsholáthair struchtúrtha a fhorbairt tríd an NDP le haghaidh trealaimh agus otharcharr, agus mionoibreacha caipitiúla, thar imeacht an phlean chun caighdeáin rialála agus bonneagair chliniciúil a chomhlíonadh. Mar aon le seirbhís sláinte ar bith, is gá saoráidí agus trealamh cúram sláinte a chothabháil agus a nuashonrú i gcónaí. Leanann caighdeáin cóiríochta, teicneolaíocht sláinte agus an timpeallacht rialála ar aghaidh ag forbairt, agus dá bhrí sin caithfear gnéithe den chóiríocht agus trealamh cliniciúil/leighis/diagnóiseach a uasghrádú nó a athsholáthar chun caighdeáin rialála a comhlíonadh, nó de réir mar a thagann trealamh go deireadh a shaolré.

Cuirfear clár sonrach athfhorbartha i bhfeidhm chun seirbhísí ospidéil ghéarmhíochaine a nua-aoisiú i gCorcaigh.

## Tosaíochtaí Infheistíochta Straitéisí 2018–2027: Cúram Leanaí, €400 milliún

Tarraingítear aird san NDP ar an méid a chuireann cúram agus oideachas na luath-óige le forbairt spásúil, chomh maith leis an tionchar dearfach ar fhorbairt an duine aonair agus an phobail, ar an gcaighdeán maireachtála agus ar chomhtháthú sóisialta. Tarraingítear aird ann freisin ar an ról tábhachtach atá ag soláthar cúram leanaí i dtéarmaí patrúin amach anseo i rannpháirtíocht sa lucht saothair a bheidh riachtanach chun fás geilleagrach a chothú agus acmhainneacht fáis an gheilleagair a bhaint amach i rith an Phlean Forbartha Náisiúnta. Deimhníonn taighde idirnáisiúnta go bhfuil rochtain mhaith ar chúram leanaí d’ardchaighdeán nach bhfuil ródhaor riachtanach chun tacú le mná, go háirithe, páirt a ghlacadh sa lucht saothair.
Tá rochtain ar chúram leanaí nach bhfuil ródhaor nasctha go dlúth le sochaí chomhionann, pobail inbhuanaithe agus geilleagar láidir a chruthú.

Tá soláthar cúram Leanaí mar sin á mheas faoin bPlean Forbartha Náisiúnta i dteannta tithíochta, scoileanna agus saoráidí sláinte mar chuid riachtanach den bhonneagar náisiúnta.

### Tionscadail Infheistíochta i gCúram Leanaí

- Cúram leanaí chun caighdeán agus soláthar dóthain áiteanna cúram leanaí a chinntiú
- Seirbhísí óige a thacaíonn le daoine óga faoi mhíbhuntáiste agus a dhíríonn orthu, agus a fheabhsaíonn a n-infhostaitheacht
- Tusla trí fhorbairt leanúnach ICT agus caighdeáin cóiríochta
- Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh trí sholáthar áiteanna sábháilte agus slána

## Gníomhaíochtaí Infheistíochta

Cuireann treochtaí déimeagrafacha agus lucht saothair, anailís ar leibhéil reatha soláthair agus tionscnaimh ar nós na Scéime Cúram Leanaí Inacmhainne ar fad in iúl go láidir go dteastaíonn infheistíocht mhéadaithe in acmhainn cúram leanaí. Cé go bhfuil an maoiniú caipitiúil atá ar fáil go bliantúil in úsáid le blianta beaga anuas chun acmhainn a mhéadú – mar shampla, cruthaíodh 7,000 áit in 2017, bhí €6.8 milliún ar fáil in 2018 – is dóigh go dteastóidh infheistíocht shuntasach thar thréimhse an Phlean Forbartha Náisiúnta le haghaidh cláir ilbhliantúla d'fhoirgnimh nua agus leathnú na seirbhísí reatha i gceantair faoi mhíbhuntáiste, ganntanais agus fás daonra; chun seirbhísí a leathnú i roinnt ceantar; agus chun tacú le cothabháil riachtanach leanúnach chun go gcuirfear seirbhísí d'ardchaighdeán ar fáil a chomhlíonann ceanglais dhiana rialála.
Tá an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ag coimisiúnú taighde in 2018 chun measúnú mionsonraithe a fháil ar éileamh agus soláthar measta cúram leanaí go ceann deich mbliana, a scrúdóidh a mhéad atá an earnáil cúram leanaí in ann freastal ar an éileamh tuartha.

Foilseofar Straitéis Luath-Óige deich mbliana an Rialtais in 2018 (leanaí sna chéad chúig bliana dá saol). Ar cheann de na croíchuspóirí sa straitéis sin beidh méadú ar chion na leanaí a bhfuil fáil acu ar chúram agus oideachas luath-óige d'ardchaighdeán. Chun an cuspóir sin a chomhlíonadh, leagfar raon gníomhartha amach sa straitéis. Léirítear tiomantas an Rialtais do thacú le cur i bhfeidhm na straitéise sin agus a cuspóirí sa €250 milliún d'acmhainní faoin bPlean Forbartha Náisiúnta le hinfheistiú i soláthar breise cúram leanaí.

I dteannta cúram leanaí, teastóidh tuilleadh infheistíocht chaipitiúil chun tacú le hinfheistíocht leanúnach in Tusla, Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh agus Seirbhísí Óige.

### Earnálacha Infheistíochta Poiblí Eile

Tá roinnt earnálacha tábhachtacha infheistíochta poiblí nach mbaineann go díreach leis na Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta a shonraítear san NPF. Tá infheistíochtaí poiblí ann freisin a thacaíonn le cúpla Toradh Straitéiseach Náisiúnta seachas le ceann amháin sonrach. Tugtar mionsonraí faoi roinnt de na hinfheistíochtaí sin thíos. Beidh na hinfheistíochtaí sin ar fad ag teacht leis an NPF a mhéad is féidir ach aithneofar freisin go bhfuil tionscadail agus cláir thábhachtacha infheistíochta spásúla ann freisin ar nós infheistíochtaí i bhfeithiclí agus trealamh ICT.

## Tosaíochtaí Infheistíochta Straitéisí: Earnálacha Infheistíochta Poiblí Eile, €3 bhilliún

Tá níos mó infheistíocht phoiblí i gcosaint agus i ndlí agus ceart ina bhunchuid riachtanach den Phlean Forbartha Náisiúnta, chun an cumas na róil a shannann an Rialtas a chomhlíonadh a éascú.

### Dlí agus Ceart

- Saotharlann Fóiréinseolaíochta
- Ceanncheathrú Rannáin an Gharda Síochána i Sráid Chaoimhín agus i nGaillimh
- Ionad Chearnóg Fhearchair a athsholáthar
- Clár Tógála agus Athchóirithe na Stáisiún Gardaí
- Clár ICT an Gharda Síochána
- Tithe cúirte nua nó athchóirithe i roinnt cathracha cúige agus bailte contae
- Príosún Luimnigh a athfhorbairt
- Campas Phríosún Mhuinseo a athfhorbairt
- An tIonad Dlí Teaghlaigh agus Cúirt Leanaí ar Lána an Chrochaire



## Cosaint

- Áirítear le Trealamh na bhFórsaí Talún – Cosaint Fórsaí agus Forbairt Cumais: uasghrádú fhlít Iompróir Armúrtha Pearsanra Mowag Óglaigh na hÉireann (ar bun faoi láthair); athsholáthar Feithiclí Armúrtha Oirbheartaíochta Éadrom; infheistíocht in ICT, airm agus armlón
- Clár leanúnach athnuachana agus athsholáthair árthaí na Seirbhíse Cabhlaigh: athfheistiú lár a saolré don LÉ Róisín agus don LÉ Niamh agus árthach nua ilról a fháil
- Athnuachan agus athsholáthar aerárthaí an Aerchóir:
  - » Trí Aerárthach Ilfheidhmeacha Sciatháin Dhobhogtha in áit Cessnas (ar bun faoi láthair)
  - » Clár Athsholáthair Aerárthaí Patróil Mara CASA
- Forbairt agus Athnuachan Bhonneagar Tógtha Óglaigh na hÉireann

## Dlí agus Ceart agus Comhionannas

Tá córas dlí choiriúil éifeachtúil agus éifeachtach riachtanach chun torthaí straitéiseacha Phlean 2040 na hÉireann a bhaint amach. Áirítear leis sin seirbhísí agus gníomhaíochtaí tábhachtacha Rialtais i gcúrsaí póilíneachta, príosúin agus sna cúirteanna. Beidh ról lárnach ag póilíneacht infheicthe, éifeachtach agus fhreagrúil go háirithe i dtacú le fás agus forbairt pobal faoin NPF nua.

Tá rath i bhfás dlúth a bhaint amach inár gceantair uirbeacha agus Geilleagair agus Pobail Threisithe Tuaithe ar fad ag brath ar fheidhmíocht ár gcórais dlí choiriúil. Tá obair thábhachtach na bpríomhghníomhaireachtaí a chosnaíonn slándáil an Stáit mar bhonn agus taca aige sin. Tá clár mór athchóirithe ar fud don Gharda Síochána. Cuireadh tionscnaimh thábhachtacha athchóirithe i bhfeidhm i Seirbhís Phríosúin na hÉireann chun torthaí níos fearr do dhaonra na bpríosún agus a dteaghlaigh a chur chun cinn. Tá tionscnaimh thábhachtacha bainistíochta athraithe beartaithe don tSeirbhís Chúirteanna chun próisis sna cúirteanna a dhéanamh nua-aimseartha agus chun éifeachtúlacht a fheabhsú.

Tacaíonn infheistíocht chaipitiúil phoiblí leis na leasuithe sin, agus leanfar leis sin. Áirítear leis sin tosaíochtaí ar nós tionscadail ICT chomh maith le feabhsúcháin in acmhainn agus i gcaighdeán na cóiríochta agus na hionaid seachadta seirbhísí i gcúrsaí póilíneachta, príosúin agus sna cúirteanna. Meastar san NPF go bhfásfaidh an daonra go ceann deich mbliana agus go gcruthóidh sé sin éilimh nua i dtéarmaí an stoic reatha agus an riachtanais le haghaidh bonneagar caipitiúil poiblí breise don chóras dlí choiriúil.

Úsáidfear maoiniú an Státchiste ó 2018 go 2027 go príomha chun na tionscadail/cláir seo a leanas in earnáil an Cheartais a mhaoiniú.

## Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann

Cuirfidh an foirgneamh nua le haghaidh Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann (FSI) saoráidí saotharlainne agus riaracháin ar fáil atá nua-aimseartha, slán agus in ann freastal ar éilimh anailíse fóiréinsí oibríochtúla, chomh maith le riachtanais mheántéarmacha agus fadtéarmacha seirbhís FIS amach anseo a thuar. Tá méid agus cineál na saoráide atá á pleanáil ag teacht le riachtanais oibríochta agus riaracháin FSI. Beidh an foirgneamh nua i mBacastún agus beidh saotharlanna bitheolaíochta, ceimice, drugaí agus anailíse DNA ann chomh maith le réimsí teicneolaíocha lena mbaineann a mbeidh d'acmhainn acu na cásanna ar fad a chuirtear isteach le haghaidh anailís fhóiréinseach a phróiseáil.

## An Garda Síochána

- Cur i bhfeidhm Chóras Faisnéise Schengen (SIS 11) a chur i gcrích, infheistíocht shuntasach in acmhainn frithsceimhlitheoireachta.
- Infheistíocht shuntasach leanúnach in ICT Garda, atá ina gné lárnach de Chlár Nua-aoisithe agus Athnuachana an Gharda Síochána.
- Ceanncheathrú Rannáin an Gharda Síochána i Sráid Chaoimhín (Baile Átha Cliath) agus i nGaillimh a chur i gcrích.
- Infheistíocht leanúnach i bhflít an Gharda Síochána chun a chinntiú go bhfuil flít nua-aimseartha agus éifeachtach acu atá oiriúnach dá chuspóir.
- Oifig athsholáthair a chur ar fáil d'ionad Chearnóg Fhearchair i mBaile Átha Cliath.
- Infheistíocht i gClár Athchóirithe na Stáisiún Gardaí, a rachaidh chun tairbhe os cionn 30 láthair Stáisiún Gardaí ar fud an Stáit.
- Leanúint de Chlár Tógála agus Athchóirithe an Gharda Síochána, mar chuid de Chlár Nua-aoisithe agus Athnuachana an Gharda Síochána, as a dtiocfaidh, i measc rudaí eile, samhail nua Roinne don phóilíneacht.
- Saoráidí oiliúna Gardaí a fhorbairt.
- Stórais Bainistíochta Maoine agus Taispeántais mhórscála a fhorbairt.
- Saoráidí nua seomra rialaithe a fhorbairt, ag eascairt as comhtháthú na gcóras Bainistíochta Seolta agus Teagmhála ríomhchuidithe (glaonna 999 etc.).
- Riachtanais maidir le hAerárthaí agus Héileacaptair an Gharda Síochána, lena n-áirítear athsholáthar féideartha Aerárthaí Sciatháin Dhobhogtha agus héileacaptair.

Cinnfear na tosaíochtaí infheistíochta deiridh i bhfianaise thoradh athbhreithniú Chigireacht an Gharda Síochána atá ar bun cheana féin, maidir le dáileadh acmhainní Gardaí, lena n-áirítear stáisiúin sa Stát, agus Tuarascáil an Choimisiúin ar Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn.

## An tSeirbhís Cúirteanna

- Tuilleadh tithe cúirte nua nó athchóirithe a sholáthar i gcathracha cúige agus i mbailte contae ina bhfuil caighdeán na saoráidí fós do-ghlactha (lena n-áirítear Cathair na Gaillimhe, Baile Chill Mhantáin, Port Laoise, Trá Lí agus Ros Comáin) agus láithreacha cúige eile ar nós an Chlocháin Léith chun fónamh mar chúirt Ghaeltachta don réigiún agus ar nós Thuama.
- An tIonad Dlí Teaghlaigh agus Cúirt Leanaí ar Lána an Chrochaire.
- Athfhorbairt agus nua-aoisiú na gCeithre Cúirteanna, i ndiaidh tionscadal Lána an Chrochaire a chur i gcrích, mar champas do na Cúirteanna Sibhialta.
- Saoráidí caighdeánacha a fhónfaidh mar chúirteanna do bhailte contae a thógáil in áiteanna éagsúla i gContae Bhaile Átha Cliath (taobh amuigh de lár na cathrach) agus i gCill Dara Thuaidh, Bré agus an Uaimh.
- Ionaid Réigiúnacha Dlí Teaghlaigh.
- Tabharfar faoi shuirbhé náisiúnta ar bhaile gach foirgnimh cúirte san eastát chun a mbail a chinneadh, na hoibreacha a theastaíonn mar gheall ar aon fhadhbanna a aimsítear a shainaithint agus freastal ar riachtanais chothabhála leanúnacha.
- Moltar Teach Cúirte Shráid na Faiche i mBaile Átha Cliath a úsáid mar Cheanncheathrú na Comhairle Breithiúnaí, agus dá bharr sin is dócha go dteastóidh athchóiriú cuimsitheach ar an bhfoirgneamh stairiúil seo atá an-sean.

## An tSeirbhís Phríosúin

- Clár Tógála Príosún, athfhorbairt Phríosún Luimnigh san áireamh, ag tosú in 2018 le tógáil sciathán nua-aimseartha nua sa phríosún agus príosún nua neamhspleách do mhná i gCúige Mumhan. Cuirfear infheistíocht ar fáil freisin chun saoráidí a fheabhsú i Mainistir Shelton, Ionad Oscailte Theach an Locháin, Ionad Dóchas, Príosún Chnoc na Seamar agus Ionad Coinneála Pháirc na Cruithneachta.
- Ullmhaíodh máistirphlean d'fhorbairt champas iomlán Phríosún Mhuinseo amach anseo idir 2014 agus 2016. Meastar go gcuirfear an tionscadal i gcrích i gcéimeanna ó 2021 go 2031.

- Is é Príosún Phort Laoise an t-aon phríosún ardslándála sa stát, agus tá sé ar cheann de na príosúin is sine ann freisin, a tógadh thart ar 1830. Cuireadh gnéithe nua agus nua-aoiseacha leis le himeacht na mblianta. Ach tá an E-Bhloc mór stairiúil, a tógadh in 1900, fós in úsáid mar chóiríocht cille cé go bhfuil drochbhail air agus nach bhfuil riachtanais bhunúsacha ann agus go dteastaíonn nua-aoisiú nó athsholáthar air.
- Ag teacht le cuspóirí straitéiseacha na seirbhíse chun athshlánú agus ath-imeascadh a fheabhsú, tá sé beartaithe saoráidí le slándáil níos lú a fhorbairt agus a fheabhsú ar fud an stáit. Tá na saoráidí ionaid oscailte reatha i dTeach an Locháin agus i Mainistir Shelton teoranta ina gcumas fís na heagraíochta agus spriocanna éiteas an Ionaid Oscailte don todhchaí a bhaint amach. Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann i mbun máistirphlean mionsonraithe a fhorbairt faoi láthair le haghaidh dhá phríosún oscailte chun an chóiríocht atá ar fáil a uasmhéadú, an chóiríocht reatha atá cosúil le suanlios a nua-aoisiú, agus seirbhísí agus saoráidí na bpríosúnach a fheabhsú.

## Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann

Teastaíonn infheistíocht leanúnach ó Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann as seo go ceann cúig go deich mbliana, mar bhonn agus taca faoi straitéis ICT a ceapadh chun seachadadh seirbhíse a athrú agus a nua-aoisiú trí úsáid níos mó a bhaint as próisis uathoibrithe, agus chun slándáil an Stáit a chosaint, go háirithe i gcomhthéacs tacú leis an gComhlimistéar Taistil roimh an mBreatimeacht agus ina dhiaidh.

## Infheistíocht Cosanta

Leagtar amach sa *Pháipéar Bán ar Chosaint, 2015* an creat beartais d'fhorbairt cosanta go dtí 2025. Tugtar cur chuige uile-rialtais agus aithnítear doroinnteacht na slándála le go leor réimsí beartais rialtais eile. Mar aon le réimse an dlí agus cirt, aithnítear an bunús sochaíoch a chruthaíonn soláthar slándála agus cosanta, trína mbíonn sochaí in ann feidhmiú, agus dá bhrí sin cur le folláine náisiúnta thar ghnéithe polaitiúla, sochaíocha, geilleagracha agus comhshaoil. Trí chur le slándáil idirnáisiúnta níos forleithne, go háirithe trí thiomantas na hÉireann do chomhshlándáil trí bhallraíocht sna Náisiúin Aontaithe agus san Aontas Eorpach, cuireann Cosaint go han-ghníomhach le folláine níos forleithne a thacaíonn mar sin le caidreamh idirnáisiúnta agus rath geilleagrach. I dteannta na feidhme bunúsaí sin, cuireann Cosaint le raon réimsí tábhachtacha sóisialta agus geilleagracha, lena n-áirítear tascanna slándála chun tacú leis an nGarda Síochána, cosaint iascach agus seirbhísí aerárthach othar i measc tascanna eile.

Díreoidh an ghné Cosanta den Phlean Forbartha Náisiúnta ar an infheistíocht a theastaíonn chun na cumais a sholáthar a theastaíonn chun tabhairt faoi riachtanais an Rialtais anois agus amach anseo. Cuimsíonn siad sin raon riachtanais acmhainní teagmhais agus sonracha mar a leagtar amach sa Pháipéar Bán. Sainaithnítear sa Pháipéar Bán freisin réimsí ina dteastóidh infheistíocht nuair a bhíonn na hacmhainní breise ar fáil. Déanfar iad sin a mheas i gcomhthéacs leithdháileadh na n-acmhainní sna cláir infheistíochta ar fad go dtí 2027, ag cur torthaí chóras athbhreithnithe timthriallta seasta na cosanta san áireamh, a bhforáiltear dóibh faoin bPáipéar Bán, a dtabharfar fúthu sa tréimhse sin.

Le bonneagar maoine an-suntasach ar fud na hÉireann, agus an infheistíocht agus riachtanas nua-aoisithe lena mbaineann, déanfaidh an Roinn Cosanta meas ar na deiseanna chun an leas is fearr is féidir a bhaint as an mbonneagar sin chun críche nua-aoisiú agus mar chuid de chur chuige an Rialtais faoin NPF.
San fhearann idirnáisiúnta níos forleithne, d'fhéadfadh forbairt Chiste Cosanta na hEorpa deiseanna a chruthú do thionscal Éireannach go fadtéarmach.

Tá tiomantas láidir sa Pháipéar Bán cheana féin do rannpháirtíocht Óglaigh na hÉireann i dtionscadail a thacaíonn le fiontraíocht in Éirinn agus a d'fhéadfadh cur le cumais riachtanacha.

Áirítear leis na cláir/tionscadail infheistíochta tosaíochta eile a sainaithníodh, atá le dul faoi phróiseas iomlán pleanála agus breithmheasa fós:

- Clár athnuachana agus athsholáthair trealamh na bhFórsaí Talún, ag cuimsiú Trealamh Fórsa Cosanta mór, lena n-áirítear fáil agus athsholáthar teicneolaíocht faisnéise, iompair agus cumarsáide, arm agus córais armlóin;
- fáil Feithiclí Armúrtha Oirbheartaíochta Éadrom athsholáthair;
- Athnuachan agus athsholáthar fhlít na Seirbhíse Cabhlaigh, lena n-áirítear árthach ilról a fháil;
- Athnuachan agus athsholáthar aerárthaí an Aerchóir;
- Clár Caipitiúil Bonneagair Thógtha Óglaigh na hÉireann, lena n-áirítear saoráidí cóiríochta, lónadóireachta, ceardlann, stórála agus traenála; agus
- infheistíocht chumasaithe eile a bhaineann le riachtanais cumais tosaíochta i bhfianaise an mheasúnaithe leanúnaigh ar chúrsaí slándála a mheas.



LÉ Samuel Beckett. Foinse: An Roinn Cosanta

Áirítear le tionscadail mhóra bonneagair thógtha Óglaigh na hÉireann atá ar bun faoi láthair:

- saoráidí stórála ordanáis in Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann, an Currach, Co. Chill Dara;
- saoráidí traenála i nDún an tSáirséalaigh, Luimneach agus Dún Mhic Stiofáin, Cill Chainnigh;
- saoráidí cóiríochta in Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann, an Currach agus Dún Chathail Bhrugha, Baile Átha Cliath;
- uasghrádú ar chóiríocht in Aeradróm Mhic Easmuinn, Baile Dhónaill, Co. Bhaile Átha Cliath;
- saoráidí lónadóireachta i nDún Chostúim, Baile Átha Luain; agus
- uasghrádú an chórais sábháilteachta do stóráil breosla sa Bhunáit Chabhlaigh, Inis Sionnach, Co. Chorcaí.

Cuirfear tionscadail shuntasacha bonneagair thógtha eile Óglaigh na hÉireann chun cinn, i suiteálacha míleata ar fud na tíre, thar shaolré an Phlean Forbartha Náisiúnta.

## ICT na Seirbhíse Poiblí

I mBuiséad 2018, agus toradh an athbhreithnithe ar an bplean caipitiúil roimhe seo á chur san áireamh, leithdháileadh €60 milliún i gcaiteachas caipitiúil ó 2018 go 2021 ar Ghrúpa Vótaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (gan an OPW). Úsáidfear an maoiniú sin chun a chinntiú go leanfar ag cur Straitéis ICT na Seirbhíse Poiblí i bhfeidhm.

Leanfaidh an Oifig um Sholáthar Rialtais ar aghaidh ag infheistiú san ardán eTenders chun tacú le riachtanais náisiúnta agus Eorpacha. Déanfar infheistíochtaí a theastaíonn chun tacú le gníomhaíochtaí Comhlacht Lárnach Ceannaigh na hOifige um Sholáthar Rialtais agus a chomhpháirtithe foinsithe earnála.

Is é cuspóir an chaiteachais chaipitiúil a dhéanann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte éifeachtacht agus éifeachtúlacht níos fearr a bhaint amach. Tá an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte ag infheistiú faoi láthair i mbunú Seirbhís Chomhroinnte Bainistíochta Airgeadais a chuirfear i bhfeidhm i 48 comhlacht poiblí. Beifear in ann barainneachtaí scála agus faisnéis bainistíochta fheabhsaithe a sholáthar sa státseirbhís go meántéarmach dá bharr.

## Bainistíocht Eastát

Faoin gclár seo, is é tosaíocht an OPW, trí infheistíocht leanúnach i stoc foirgneamh an Stáit, cóiríocht éifeachtúil agus éifeachtach a chur ar fáil do státseirbhísigh agus oidhreacht thógtha an Stáit a chaomhnú. Cuirfidh an OPW roinnt tionscadal ina chlár Bainistíochta Punann Eastáit chun cinn, chomh maith leis na réimsí a mhionsonraítear thíos.

- **Infheistíocht i roinnt maoine faoi úinéireacht an Stáit:** áirítear leis seo foirgnimh nua atá tíosach ar fhuinneamh a thógáil agus athchóiriú, athrú, feistiú agus feabhsú foirgneamh atá faoi úinéireacht an Stáit cheana féin chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an spás. **Tá tionscadail mhóra á mbeartú i dTeach Hawkins, Lána Líosain agus Teach Tom Johnson i rith na tréimhse infheistíochta.** Áirítear leis na tionscadail eile tionscadal Theach Laighean a chaithfear a mheas i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil.
- **Clár Fála/Diúscartha:** éascófar an OPW chun luach phunann maoine an Stáit a fheabhsú trí phleanáil agus athinfheistíocht straitéiseach, agus, dá réir sin, ag laghdú dhliteanas cíos an Stáit a mhéad is féidir.
- **Iarfheistiú:** uasghrádú creatlaí a chur i gcrích ar fhoirgnimh roghnaithe agus feabhsúchán ar fhoirgnimh chun cloí le rialacháin agus cabhrú le ceanglais úsáide carbóin na hÉireann a chomhlíonadh.
- **Meicniúil/Leictreach:** féadfar an clár a leathnú chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2007 agus beidh éifeacht thairbheach aige freisin ar laghdú fuinnimh.
- **Clár an Gharda Síochána:** Baineann sé seo le hoibreacha atá ar bun ar Stáisiúin Gardaí agus úsáidfear é chun tiomantas an Rialtais do Phlean Póilíneachta an Gharda Síochána a chomhlíonadh. Tá tionscadail mhóra á mbeartú do Bhaile Átha Luain, Coill an Chollaigh agus ceantar Bhaile Átha Cliath.
- **Infheistíocht bonneagair ag láithreáin oidhreachta:** chun freastal ar mhéadú ar líon na gcuairteoirí agus an chomhpháirtíocht le Fáilte Éireann a fhorbairt tuilleadh chun torthaí turasóireachta, geilleagracha agus sóisialta a mhéadú a mhéad is féidir.

## An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Áirítear leis na Tosaíochtaí Infheistíochta Straitéisí a shainaithnítear leis an earnáil seo:

- Déanfar tuilleadh fógraí mar chuid dár dtionscnamh "*Doubling Our Global Footprint*".
- An Clár Athchóirithe Pasanna a roinntear ina dtrí chéim agus a chuirfear i gcrích idir 2016 agus 2019. Is é fís an chláir athchóirithe go mbeidh seirbhís atá go hiomlán comhtháite ann, a chuireann seirbhís níos éifeachtúla, níos intuartha agus níos dírithe ar an saoránach ar fáil, le béim mhéadaithe ar aimsiú calaoise agus bearta seachanta chun sláine phas na hÉireann a chothú agus soláthar seirbhísí ar líne.
- Infheistiú i Réitigh ICT an Rialtais i dtrealamh agus córais chun acmhainn agus éifeachtúlacht a sholáthar.
- Tógáil, athchóiriú, oibreacha slándála breise agus fáil maoine mar chuid de Phunann Maoine Domhanda na Roinne, chun a chinntiú go bhfuil an chóiríocht agus an acmhainn chur chun cinn/ionadaíochta ag misin na hÉireann a theastaíonn chun a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh chun imeachtaí a reáchtáil a tharraingíonn aird ar Éirinn mar dheis infheistíochta agus chun deiseanna trádála, geilleagracha agus cultúrtha a chur chun cinn. Breathnóidh an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála freisin ar dheiseanna chun Tithe na hÉireann a fhorbairt, leis na Gníomhaireachtaí Stáit agus an ambasáid, i suíomhanna straitéiseacha.

## Grúpa Vótaí na Roinne Airgeadais

Is í an tosaíocht infheistíochta straitéisí san earnáil seo go soláthródh Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim níos mó forbartha ICT (Nua-aoisiú PAYE). Is ionann an tionscadal seo agus an t-athchóiriú is suntasaí ar riaradh an chórais PAYE le breis agus caoga bliain. Is é cuspóir an tionscadail go mbeidh fáil ag fostóirí, fostaithe agus na Coimisinéirí Ioncaim ar an bhfaisnéis is cruinne agus is nuaí atá ar fáil faoi chúrsaí pá, cánach, PRSI agus asbhaintí USC. Cinnteoidh sé sin go mbaintear an tsuim cheart ag an am ceart ó fhostaithe, agus go n-íocfaidh fostóirí na dliteanais chearta nuair is gá.

## An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

Baineann an Tosaíocht Infheistíochta Straitéisí san earnáil seo le nua-aoisiú breise ICT agus foráiltear d'athchóiriú suntasach Áras Mhic Dhiarmada de chuid na Roinne sna blianta amach romhainn.



Dún Richmond, Inse Chór, Baile Átha Cliath

# Caibidil 6:

# Maoirsiú agus Cur i bhFeidhm

## 6.1 Forléargas

Tá rath an Phlean Forbartha Náisiúnta ag brath go hiomlán ar chaighdeán agus ar mhéid na hinfheistíochta caipitiúla poiblí a fheabhsú. Leagtar amach go mion an tiomantas soiléir do mhéid na hinfheistíochta a fheabhsú roimhe seo, go háirithe i gcaibidil 3.

Leagtar amach sa chaibidil seo na gníomhartha a dhéanfar chun caighdeán an chaiteachais a fheabhsú, ag tarraingt ar thorthaí agus ar mholtaí Mheasúnú Bainistíochta Infheistíochta Poiblí (PIMA) an IMF.

Tógann na gníomhartha seo ar láidreachtaí reatha chóras infheistíochta caipitiúla poiblí na hÉireann ag soláthar tionscadail infheistíochta shuntasacha ar fud na seirbhíse poiblí ar fad, mar is léir ó Rianaire Caipitiúil na dTionscadal Mór arna fhoilsiú ar (www.per.gov.ie/en/review-of-the-capital-plan-2016-2021).

Táthar ag súil le nuálaíocht agus athchóiriú mór mar gheall ar an tsamhail nua le haghaidh infheistíocht chaipitiúil phoiblí tríd an gCreat Náisiúnta Pleanála (NPF) a chur i bhfeidhm, is é sin gné láidir réigiúnach a chuimsiú sa chinnteoireacht ar thosaíochtaí infheistíochta caipitiúla poiblí.

Eascraíonn sé sin ón ról a leagtar amach sa NPF do Straitéisí Spásúla agus Geilleagracha na Réigiún (RSES).

## 6.2 Bonn fianaise don Phlean Forbartha Náisiúnta

Is é an pointe tosaigh chun an Plean Forbartha Náisiúnta a chur i bhfeidhm na tosaíochtaí bonneagair agus infheistíochta a phléitear go mion i gcaibidil 5 a shainaithint. Is fíor sin don tréimhse ó 2018 go 2021, a bhfuil maoiniú leithdháilte ina leith cheana féin i mBuiséad 2018 agus athbhreithniú ar phlean caipitiúil 2015 mar bhonn eolais faoi, agus don tréimhse ó 2022 go 2027, a bhfuil tiomantais maoinithe bunaithe ina leith agus a leagtar amach i gcaibidil 3.

Tugann an fhianaise i gcaibidil 2, i dteannta thosaíochtaí na ranna do na tionscadail a dtugtar breac-chuntas orthu i gcaibidil 5, pictiúr cuimsitheach náisiúnta de na riachtanais bhonneagair riachtanacha a threoróidh agus a bheidh mar bhonn eolais d'ullmhú na RSESs sna Tionóil Réigiúnacha. Tá líonra Sheirbhís Gheilleagair agus Mheastóireachta Rialtas na hÉireann ag obair chun acmhainn anailíseach a thógáil ar fud na státseirbhíse trí shaineolaithe a earcú agus trí fhoghlaim agus forbairt, agus beidh ról tábhachtach ag an obair sin freisin sa bhonn fianaise don chinnteoireacht a fheabhsú.

Chuir an anailís sin le sainaithint na ranna, mar a leagtar amach i gcaibidil 5, de thosaíochtaí infheistíochta straitéisí níos fadtéarmaí, lena n-áirítear tionscadail bhonneagair tosaíochta móra atá le cur i gcrích i rith thréimhse an Phlean Forbartha Náisiúnta.

## 6.3 Ról na bPleananna Infheistíochta Réigiúnaí

Stiúrfaidh an NPF agus an creat reachtach lena mbaineann soláthar RSES reachtúla na dTionól Réigiúnach. Áireofar leis na straitéisí sin Pleananna Straitéiseacha nua do Cheantair Uirbeacha le haghaidh chathracha Bhaile Átha Cliath, Chorcaí, Luimnigh, na Gaillimhe agus Phort Láirge. Is nuálaíocht mhór é an coincheap sin chun cur chuige comhtháite, comhdhlúite agus cuimsitheach i leith pleanáil réigiúnach a ghlacadh. Tugann pleanáil spásúil i leith Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath sampla cheana féin de phleananna earnála a chomhordú.

Tá freagracht dhleathach ar an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) straitéis iompair a ullmhú do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, agus ceanglas reachtúil le haghaidh leanúnachais idir an straitéis iompair agus an RSES le haghaidh an Mhórcheantair. Cuireann Straitéis Iompair an NTA creat ar fáil freisin ar féidir le gníomhaireachtaí eile atá páirteach i bpleanáil spásúil, cosaint an chomhshaoil agus bonneagar eile ar nós tithíochta, uisce agus cumhachta a sholáthar, a ailíniú lena dtosaíochtaí infheistíochta féin. Mar eiseamláir den dea-chleachtas sa réimse sin, chabhraigh an NTA le hÚdaráis Áitiúla ar fud chathracha na hÉireann chun straitéisí a bhaineann le cúrsaí iompair a ullmhú nó chun tionscadail a bhaineann le cúrsaí iompair a chur i bhfeidhm. Áirítear san NPF cuspóir beartais chun na socruithe reachtúla idir pleanáil spásúil agus iompair i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath a leathnú go cathracha eile.

Chun a chinntiú go bhfuil na RSES praiticiúil agus ailínithe go réalaíoch leis an leibhéal acmhainní infheistíochta atá ar fáil, tá gach Tionól Réigiúnach ag bunú grúpaí stiúrtha ardleibhéil ina mbeidh oifigigh shinsearacha ó údaráis áitiúla, Ranna/Gníomhaireachtaí Rialtais agus cuideachtaí tráchtála Stáit chun ullmhú na RSESs a mhaoirsiú. Cinnteoidh na grúpaí stiúrtha freisin go bhfuil a bpleananna ailínithe i gceart le Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta an NPF agus go bhfuil siad, i dteannta a chéile, indéanta leis na acmhainní infheistíochta caipitiúla poiblí atá ar fáil, a leagtar amach i gcaibidil 3. Táthar ag súil faoi dheireadh 2018 go mbeadh gach RSES curtha i gcrích agus go mbeadh tionscadail infheistíocht tosaíochta iontu atá indéanta leis an leithdháileadh caipitiúil atá ar fáil do na Ranna agus Gníomhaireachtaí.

## 6.4 Maoirsiú Airgeadais

Beidh na tograí tionscadal agus clár ar fad faoi réir cheanglais mhionsonraithe an Chóid Caiteachais Phoiblí. Áirítear leis sin breithmheas láidir agus cuimsitheach ar thionscadail chun maoiniú a fháil faoin bPlean Forbartha Náisiúnta.

Ní mholtar aon athrú ar shocruithe seanbhunaithe le haghaidh mhaoirsiú, mhonatóireacht agus bhainistiú acmhainní vótáilte an Státchiste. Leanfar ag bainistiú maoiniú an Státchiste trí na gnáthchórais láidre do rialú na gcistí vótáilte. Ach teastóidh comhordú níos déine agus struchtúrtha ar phleanáil infheistíochta caipitiúla poiblí mar gheall ar an gcur chuige nua i leith pleanála a bheidh á chur i bhfeidhm faoin NPF.

Teastóidh rannpháirtíocht na Ranna maoinithe agus comhlachtaí poiblí eile freisin, lena n-áirítear na Fiontair faoi Úinéireacht an Stáit (SOE) tráchtála chun oibriú leis na Tionóil Réigiúnacha agus tacú leo agus iad ag ullmhú a RSES.

## 6.5 Socruithe Treisithe Rialachais

Léiríodh i PIMA an IMF a rinneadh le deireanaí i mí Iúil 2017 go bhfuil caighdeán maith ag bainistíocht infheistíochta poiblí in Éirinn ar an iomlán. D'aithin sé féidearthacht, mar sin féin, chun feabhsuithe suntasacha a bhaint amach in éifeachtúlacht na hinfheistíochta caipitiúla poiblí.Tá roinnt moltaí sa PIMA chun an cuspóir tábhachtach seo a bhaint amach:

- pleanáil chaipitiúil fheabhsaithe;
- leithdháileadh acmhainní níos láidre agus níos cuimsithí; agus
- soláthar agus cur i bhfeidhm tionscadal níos láidre.

Mar fhreagra ar na moltaí sin, tá na gníomhartha anseo thíos á ndéanamh anois:

- I 2018, bunóidh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Grúpa Stiúrtha na

dTionscadal Bonneagair (IPSG) le hionadaithe sinsearacha ó na Ranna bonneagair agus infheistíochta ar fad.

- Stiúrfaidh an IPSG forbairt plé trasearnála ar bhonneagar, lena n-áirítear tosaíochtaí agus gníomhartha náisiúnta a shainaithint agus cur i láthair sonraí a chaighdeánú.
- Stiúrfaidh na príomhstraitéisí earnála, mar a shainaithnítear iad san NPF, plé an IPSG.
- I 2017, d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Rianaire Caipitiúil. Forbrófar tuilleadh é in 2018, agus úsáidfear é mar an phríomhuirlis le haghaidh trédhearcacht phoiblí ar thosaíochtaí, tréimhsí agus spriocanna feidhmíochta tionscadail bhonneagair le haghaidh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus leas á bhaint as tuilleadh cúnamh teicniúil ón IMF. Tabharfaidh an IPSG treoir straitéiseach don tionscadal seo.
- Faoi láthair, caithfidh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe measúnú a dhéanamh ar mhodheolaíocht breithmheasa tionscadal ar fiú níos mó ná €20 milliún iad. Déanfar leasú ar an bprionsabal sin a mheas san athbhreithniú ar an gCód Caiteachais Phoiblí.
- Déanfar gníomhartha eile i ndiaidh scrúdú agus comhairle a fháil ón IPSG chun na príomh-mholtaí sa PIMA a chur i bhfeidhm.

## 6.6 Caighdeán agus Luach Infheistíochta Roimhe Seo a Chosaint

Léiríonn an stoc caipitiúil poiblí ag am ar bith sreafaí infheistíochta caipitiúla poiblí carnacha le himeacht ama, a choigeartaítear mar gheall ar thionchar an dímheasa. Mar gheall ar nádúr comhthimthriallach na hinfheistíochta caipitiúla poiblí in Éirinn, dá bhfreagraíonn an Plean Forbartha Náisiúnta, tá cás anois ann nár caitheadh a dhóthain ar chaiteachas caipitiúil chun an stoc caipitiúil poiblí a chothabháil agus a athnuachan agus tionchar an dímheasa a fhritháireamh. Is é sin an chúis mhór atá le laghdú ar chaighdeán an bhonneagair phoiblí a mbíonn drochthionchar aige ar na seirbhísí poiblí a bhraitheann ar an mbonneagar sin. Tá caighdeán agus luach an stoic chaipitiúil a chosaint trí leibhéil iomchuí caiteachais ar chúrsaí cothabhála agus athnuachana á shainaithint mar sin mar thosaíocht shuntasach sna hearnálacha ar fad a chuimsíonn an Plean Forbartha Náisiúnta.Tagann sé sin le PIMA an IMF inar tarraingíodh aird ar an gcaoi a mbíonn leibhéil leordhóthanacha maoinithe do chothabháil agus athshlánúchán riachtanach chun seirbhís inbhuanaithe a sholáthar.

Mar gheall ar chúpla bliain de chaiteachas íseal caipitiúil, is cosúil go bhfuil an maoiniú cothabhála i bhfad faoi bhun na leibhéal a nglactar leo go coitianta, agus is dóigh go rachaidh bonneagar poiblí chun donais go luath dá bharr. Mhol an IMF dá bhrí sin do dtabharfaí tús áite do chaiteachas ar chothabháil na n-acmhainní bonneagair, agus tharraing sé aird freisin ar an easpa faisnéise nó modheolaíochta caighdeánaí chun leibhéil iomchuí chothabhála a chinneadh.

Chun freagairt do mholtaí an PIMA maidir leis an tsaincheist seo, beidh gá le beartas a fhorbairt, ar bhonn atriallach, ar mhonatóireacht ar luach agus stádas na stoc acmhainní a mhaoinítear go poiblí chun bonn eolais a chur faoi leithdháiltí cothabhála, a bheadh dírithe ar dtús ar na príomh-Ranna bonneagair. Áirítear leis na gníomhartha tosaigh atá le tosú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in 2018, tríd an IPSG, mar shampla:

- bearnaí sna sonraí agus cláir acmhainní neamhairgeadais na hearnála atá ann cheana féin a shainaithint;
- riachtanais chothabhála earnála tosaíochta a shainaithint; agus
- sainmhíniú oibríochta ar chaiteachas cothabhála a bhunú, mar ullmhú d'fho-cheannteideal cothabhála a chruthú i ngach vóta bonneagair straitéisigh.

Go meántéarmach, beidh gá le clár lárnach a fhorbairt de na hacmhainní bonneagair a ríomhtar a luach de réir an leabhair (ar dtús) nó (ar deireadh) an mhargaidh. Is é an chéad chuspóir tuiscint chuimsitheach oibríochta a fháil ar an mbonnlíne maoinithe reatha, agus táthar ag súil go gcaithfear dul i ngleic le riachtanais chothabhála stairiúla ar bhonn tosaíochta.

## 6.7 Toradh an Athbhreithnithe ar an gComhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí

Ba é cuspóir an Athbhreithnithe ar an gComhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí (PPP) scrúdú a dhéanamh ar ról PPP amach anseo le hais chúlra phleananna an Rialtais le haghaidh méadú suntasach ar infheistíocht chaipitiúil phoiblí a mhaoineoidh an Státchiste. Tugtar achoimre ar thorthaí an athbhreithnithe thíos.

- Chuir PPPanna go suntasach le bonneagar caipitiúil poiblí tosaíochta a sholáthar in Éirinn.
- I bhfianaise an róil a bhí ag PPPanna le cúpla scór bliain anuas chun bonneagar caipitiúil poiblí a sholáthar le maoiniú príobháideach agus trédhearcacht iomlán ar chostas geilleagrach na dtionscadal, ba cheart go mbeadh PPPanna fós ina gcuid den infheistíocht chaipitiúil phoiblí fhoriomlán, a bheag nó a mhór mar a bhí roimhe seo.
- I gcomhthéacs phleananna an Rialtais chun

infheistíocht chaipitiúil phoiblí a mhéadú go dtí cuid de na leibhéil is airde san Aontas Eorpach i dtéarmaí GNI*, dá ndéanfaí iarracht tionscadail infheistíochta bhreise eile a bhaint amach le PPP le cois an leibhéil bheartaithe infheistíochta caipitiúla poiblí sin, chruthófaí riosca nach mbainfeadh tionscadail dá leithéid luach ar airgead amach agus/nó go gcruthófaí leibhéal infheistíochta caipitiúla poiblí foriomláine nach dtagann le hinbhuanaitheacht mhaicreacnamaíochta ná airgeadais.

- Tá sé riachtanach go measfar tionscadail bunaithe ar a bhfiúntas, agus má chuireann PPPanna luach níos fearr ar airgead ar fáil ná soláthar traidisiúnta, ba cheart iad a roghnú ar an mbonn sin. Moltar gur cheart deireadh a chur leis an teorainn reatha de 10% ar nochtadh leithdháiltí bliantúla an Státchiste. Tabharfar isteach arís an sásra rialaithe buiséadach a úsáideadh roimhe seo le haghaidh PPPanna, a d'éiligh gur cheart luach caipitiúil PPPanna a ghearradh ar leithdháileadh caipitiúil na Roinne coimircíochta.
- Tá fianaise ann, nuair atá acmhainní an Státchiste ar fáil chun tionscadail chaipitiúla phoiblí tosaíochta a mhaoiniú, bíonn drogall ann uaireanta an fhéidearthacht go n-úsáidfí soláthar PPP a scrúdú. D'fhéadfadh go léiríonn sin an chastacht mhór a bhaineann le soláthar PPP go minic. Sna cásanna sin, tá sé tábhachtach go leanfar ag cuimhneamh ar PPPs mar rogha soláthair le haghaidh tionscadail infheistíochta caipitiúla poiblí iomchuí, laistigh de na sásraí infheistíochta caipitiúla atá ar fáil do na Ranna, agus ba cheart go mbeadh cothrom na Féinne sa mheastóireacht idir PPPanna agus soláthar traidisiúnta.
- Tá tionscadail a bhfuil sé d'fhéidearthacht acu go ngearrfaí táillí ar úsáideoirí nó go nginfí ioncam suntasach tríú páirtí, an-fheiliúnach le meas mar sholáthar PPPanna, bunaithe ar shamhail lamháltais.
- Mar dhreasacht chun PPP a úsáid, má tá sé d'fhéidearthacht ag tionscadal go ngearrfaí táillí ar úsáideoirí (i.e. tionscadail lamháltais), d'fhéadfaí an ghné féin-mhaoinithe de PPPanna lamháltais dá leithéid a chur as an áireamh nuair atá an tionscadal á ghearradh ar leithdháileadh caipitiúil Státchiste na gníomhaireachta coimircíochta. Ba cheart go spreagfadh sé sin PPP a úsáid chun tionscadail dá leithéid a sholáthar.
- Ina theannta sin, mar aitheantas ar na dúshláin a eascraíonn as PPPanna uaireanta do Ranna i dtéarmaí chastacht an chonartha agus nádúr fadtéarmach na gceanglas airgeadais lena mbaineann, scrúdófar an fhéidearthacht a bhaineann le rogha nua soláthair in 2018 a chuimseoidh socrú conartha cosúil le PPP nach mbeidh chomh casta céanna agus a mhairfidh tréimhse níos gearrthéarmaí, a d'fhéadfadh cuid den buntáistí a bhaineann le PPP a sholáthar ach le haghaidh tionscadail níos lú, thar thréimhse níos giorra.
- Ar deireadh, chun trédhearcacht sa tuairisciú ar PPPanna a fheabhsú, moltar athruithe ar na socruithe tuairiscithe do PPPanna.

## 6.8 Infheistíocht na hEarnála Stáit Tráchtála

Mar is léir ó na tionscadail a leagtar amach i gcaibidil 5, is uirlis shuntasach iad SOEnna chun cuspóirí bonneagair phoiblí a sholáthar gan cistí an Státchiste, lena n-áirítear go háirithe fuinneamh, iompar poiblí, calafoirt agus aerfoirt.

Faoin g*Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit*, féadfaidh an Rialtas, mar scairshealbhóir, tionchar iomchuí a imirt ar bheartais SOEnna, go háirithe tríd na ceanglais le haghaidh:

- comhairliúchán an aire ar (a) pleananna straitéiseacha agus(b) pleananna gnó agus airgeadais;
- cead an aire chun sócmhainní a fháil nó a dhiúscairt;
- toiliú an aire roimh athrú suntasach ar nádúr, raon feidhme nó scála gníomhaíochtaí;
- fógra a thabhairt don aire faoi scairshealbha a sháraíonn 30% de chuideachta; agus
- cead an aire le haghaidh aon chomhfhiontar nó fála, nó cruthú fochuideachtaí.

Tá sé an-tábhachtach go mbeadh Ranna scairsheilbhe ag plé le SOEnna tráchtála go bliantúil, chun a chinntiú go bhfanann pleananna gnó agus airgeadais céimneacha ailínithe le tosaíochtaí an Rialtais, lena n-áirítear beartas earnála, cuspóirí an NPF agus leasanna scairshealbhóra an Stáit.

D'eascair athchóiriú an-suntasach ar an gcaoi a mbainistíonn an Rialtas a chaidreamh le SOEnna tráchtála as tionscnamh an Údaráis um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh (NewERA). Cuirtear cuspóirí an Rialtais in iúl go foirmiúil anois do Bhord gach cuideachta gach bliain trí Litir Ionchais chuig na Scairshealbhóirí. Leagtar amach sa litir comhthéacs an bheartais agus ionchais airgeadais agus tráchtála an Rialtais. Bunaítear beartas díbhinne do gach cuideachta go háirithe sna litreacha sin.

Ba cheart na socruithe sin a úsáid níos déine agus ar bhonn níos struchtúrtha i Ranna scairsheilbhe chun a chinntiú go gcomhtháthaítear beartais infheistíochta cuideachtaí Stáit i mbeartas bonneagair níos leithne an Rialtais, go háirithe sna hearnálacha fuinnimh agus iompair.

Ina theannta sin, tá sé i gceist ag an Rialtas, i gcomhar le NewERA, Creat Prionsabal a fhorbairt trína measfar cinntí infheistíochta móra a dhéanann SOEnna tráchtála. Tógfaidh an creat beartaithe ar thaithí NewERA go dtí seo agus dea-chleachtas idirnáisiúnta. Cabhróidh sé le cinntí infheistíochta SOEnna tráchtála a

ailíniú níos mó le cuspóirí straitéiseacha an Rialtais faoin bPlean Forbartha Náisiúnta agus an NPF.

Tá na RSES atá le dréachtú faoin NPF chun deis a sholáthar na socruithe a fhorbairt tuilleadh chun pleanáil infheistíochta na gcuideachtaí Stáit tráchtála a chomhtháthú le próiseas níos leithne na pleanála don infheistíocht chaipitiúil phoiblí fhoriomlán.

## 6.9 Grúpa Oibre na hEarnála Tógála

Chun cumarsáid rialta agus oscailte idir an Rialtas agus an earnáil tógála a chinntiú, bunófar Grúpa Oibre na hEarnála Tógála. Tá tionscal tógála folláin, inbhuanaithe, iomaíoch atá ag feidhmiú go maith, a chuireann fostaíocht agus torthaí tógála maithe fadtéarmacha d'ardchaighdeán ar fáil, riachtanach chun spriocanna an NPF a bhaint amach agus na tionscadail a dtugtar breac-chuntas orthu sa Phlean Forbartha Náisiúnta a chur i gcrích. Léiríonn an méid a tharla le 15 bliana anuas an chontúirt don tsochaí agus don gheilleagar nuair a mhéadaíonn an earnáil tógála rómhór agus nuair a chrapann sé róbheag.

Cuimseofar i nGrúpa Oibre na hEarnála Tógála na príomh-Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais atá freagrach as beartas agus as bonneagar a sholáthar, chomh maith le hionadaithe ón earnáil tógála. Mar chuid de shainordú an ghrúpa, déanfaidh siad machnamh ar chúrsaí ar nós:

- sonraí/treochtaí a bhaineann leis an earnáil tógála in Éirinn;
- soláthar na scileanna riachtanacha agus acmhainn a fheabhsú;
- ról an tSamhaltaithe Faisnéis Foirgnimh agus teicneolaíochtaí agus cleachtais nuálaíochta eile a úsáid chun táirgiúlacht agus éifeachtúlacht fheabhsaithe a spreagadh;
- fochonraitheoireacht a úsáid agus an leibhéal féinfhostaithe; agus
- táirgiúlacht na hearnála tógála.

## 6.10 Comhionannas sa Bhuiséad

Baineann Comhionannas sa Bhuiséad le faisnéis níos fearr a sholáthar ar thionchair dhóchúla an chaiteachais phoiblí ar chúrsaí comhionannais a fheabhsaíonn, dá réir sin, an fhéidearthacht go n-éascófar comhtháthú cúrsaí comhionannais sa phróiseas caiteachais agus go bhfeabhsófar creat cinnteoireachta an Rialtais. De réir an tiomantais i gClár an Rialtais agus ag tógáil ar an taighde a rinne an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, d'fhógair an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Tionscnamh um Chomhionannas sa Bhuiséad i mBuiséad 2018. Tá an creat i bhfeidhm anois chun an tionscnamh a chur i bhfeidhm agus tabharfaidh sé deis réimsí iomchuí agus ábhartha den chaiteachas caipitiúil a áireamh le haghaidh promhadh ó thaobh an chomhionannais.

## 6.11 Comhlachtaí agus Gníomhaireachtaí Stáit Nua

Tugann an áit a lonnófar ceanncheathrú comhlachtaí agus gníomhaireachtaí stáit nua léargas tábhachtach ar thiomantas an Rialtais tacú le forbairt réigiúnach níos cothroime. Dá bhrí sin, má bhunaítear aon chomhlacht Stáit amach anseo, lonnófar a cheanncheathrú i gceantar uirbeach taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath, seachas má chuireann an tAire coimircíochta tuarascáil faoi bhráid an Oireachtais ina leagtar amach na cúiseanna nár cheart é sin a dhéanamh.

# Iarscríbhinn 1

| Leithdháiltí Caipitiúla Roinne 2018–2022 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Grúpa Vótaí Aireachta** | **(€ milliún)** | | | | |
| Talmhaíocht, Bia agus Muir | 248 | 255 | 258 | 265 | 275 |
| Gnó, Fiontair, agus Nuálaíocht | 555 | 620 | 630 | 640 | 715 |
| Leanaí agus Gnóthaí Óige | 28 | 32 | 31 | 32 | 33 |
| Cumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol | 209 | 256 | 297 | 317 | 400 |
| Cultúr, Oidhreacht agus Gaeltacht | 54 | 75 | 76 | 80 | 110 |
| Cosaint | 77 | 106 | 113 | 120 | 125 |
| Oideachas agus Scileanna | 745 | 941 | 942 | 1,006 | 1,100 |
| Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Shóisialach | 10 | 14 | 15 | 16 | 17 |
| Grúpa Airgeadais | 26 | 25 | 22 | 18 | 19 |
| Grúpa Gnóthaí Eachtracha agus Trádála | 13 | 17 | 13 | 13 | 14 |
| Grúpa Sláinte | 493 | 667 | 724 | 780 | 825 |
| Tithíocht, Pleanáil agus Rialtais Áitiúil * | 1,631 | 2,033 | 2,079 | 2,209 | 2,280 |
| Grúpa Dlí agus Cirt | 145 | 241 | 230 | 208 | 216 |
| Grúpa Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | 174 | 203 | 214 | 223 | 232 |
| Forbairt Tuaithe agus Pobail ** | 88 | 141 | 150 | 152 | 175 |
| Iompar, Turasóireacht agus Spórt | 1,327 | 1,643 | 2,058 | 2,526 | 2,405 |
| **Iomlán** | **5,823** | **7,269** | **7,852** | **8,605** | **8,941** |

* Tabhair faoi deara: Beidh €550m a leithdháileadh ar an DHPLG le haghaidh an Chiste Athnuachana agus Forbartha Uirbí a áirítear sna leithdháiltí seo ar fáil, ar bhonn iomaíoch, chun tacú le tionscadail ó gach Roinn/gníomhaireacht a chuireann le (hath)forbairt (hathfhorbairt) uirbeach agus ní bhainfidh sé le cláir ná tionscadail an DHPLG amháin.

* Tabhair faoi deara: Beidh €315m a leithdháileadh ar an DRCD le haghaidh an Chiste Athnuachana agus Forbartha Tuaithe a áirítear sna leithdháiltí seo ar fáil, ar bhonn iomaíoch, chun tacú le tionscadail ó gach Roinn/gníomhaireacht a chuireann le forbairt réigiúnach/tuaithe agus ní bhainfidh sé le cláir ná tionscadail an DRCD amháin.

# Liosta Giorrúchán

**BDGP** - Clár na Sonraí agus na Géanómaíochta Mhairteola

**CERN** - An Eagraíocht Eorpach um Thaighde Núicléach

**CFRAM** - Measúnú agus Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte Dobharcheantair

**CIT** - Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

**CLÁR** - Ceantair Laga Ard-Riachtanais

**CUA** -_Comhghuaillíocht Chonnacht-Uladh

**DAA** - Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath

**DAFM** - An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

**DBEI** - An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta

**DCCAE** - An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil

**DCHG** - An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

**DCU** - Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

**DCYA** - An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige

**DD** - An Roinn Cosanta

**DES** - An Roinn Oideachais agus Scileanna

**DFA** - An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

**DH** - An Roinn Sláinte

**DHPLG** - An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

**DIT** - Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

**DJE** - An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

**DPER** - An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

**DRCD** - An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

**DTI** - Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha

**DTTS** - An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

**EAFRD** - An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe

**EAR** - Tuarascáil Measúnachta Comhshaoil

**EI** - Fiontraíocht Éireann

**EIB** - An Banc Eorpach Infheistíochta

**EIS** - Ráiteas Tionchair Timpeallachta

**ESB** - Bord Soláthair an Leictreachais

**EU** - An tAontas Eorpach

**EU15** -Líon na mballstát san Aontas Eorpach sular tháinig na deich dtír is iarrthóir isteach an 1 Bealtaine 2004.

**FET** - Breisoideachas agus Oiliúint

**FSI** – Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann

**GDA** - Mórcheantar Bhaile Átha Cliath

**GDP** - Olltáirgeacht Intíre

**GFCF** - Ollfhoirmiú Caipitil Sheasta

**GLAS** - An Scéim Ghlas ar Bheagán Carbóin do Chomhshaol na Talmhaíochta

**GNI** - Ollioncam Náisiúnta

**HPC**- Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta

**ICHEC** - Ionad na hÉireann um Ríomhaireacht Ardleibhéil

**ICT** - Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

**IDA** -An tÚdarás Forbartha Tionscail

**IMF** - An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta

**IPSG** - Grúpa Stiúrtha na dTionscadal Bonneagair

**LIHAF** - An Ciste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú

**LIT** - Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh

**MTU** - Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan

**NPF** - An Creat Náisiúnta Pleanála

**NSMC** - An Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas

**NSO** - Toradh Straitéiseach Náisiúnta

**NTA** - An tÚdarás Náisiúnta Iompair

**NUIG** - Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

**NUIM** - Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

**OPW** - Oifig na nOibreacha Poiblí

**PE** - Corpoideachas

**PIMA** - Measúnú Bainistíochta Infheistíochta Poiblí **PLUTO** - Staidéar Pleanála, Úsáid Talún agus Iompair

**PPP** - Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí

**PRTLI** - Clár le haghaidh Taighde i bhForais Tríú Leibhéal

**RAPID** - Athbheochan Ceantar trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt

**RCSI** - Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn

**RDP** - An Clár um Fhorbairt Tuaithe

**RIA** - Acadamh Ríoga na hÉireann

**RSES** - Straitéisí Spásúla agus Geilleagracha na Réigiún

**SCP** - Clár Caipitil Spóirt

**SDZ** - Crios Forbartha Straitéisí

**SEAI** - Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

**SFI** - Fondúireacht Eolaíochta Éireann

**SIFLT** - Creat Straitéiseach d'Infheistíocht in Iompar Thaobh na Talún

**SIS** - Córas Faisnéise Schengen

**SMEs** - Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide

**SOEs** - Fiontair faoi Úinéireacht an Stáit

**STEM** - Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic

**TAMS** - An Scéim Spriocdhírithe um Nuachóiriú Talmhaíochta (TAMSII)

**TCD** - Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

**TII** - Bonneagair Iompair Éireann

**TIPanna** - Moil Teicneolaíochta agus Nuálaíochta

**TU4 Dublin** - Ollscoil Teicneolaíochta le haghaidh Bhaile Átha Cliath

**TUSE** - Ollscoil Teicneolaíochta le haghaidh an Oirdheiscirt

**UCC** - Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

**UCD** - An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

**UL** - Ollscoil Luimnigh

**UK** - An Ríocht Aontaithe

**WIT** - Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge

**WTP** - Ionad Cóireála Dramhuisce